

Athbhreithniú agus Athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile

Páipéar eolais: Nuatheangacha iasachta a chomhtháthú
i gcuraclam athfhorbartha bunscoile

Leis an Dr Katrina Keogh-Bryan

Clár na nÁbhar

1. Réamhrá	4
Cúlra	5
Comhthéacs agus réasúnaíocht	6
Téarmaíocht	13
2. An Bhreatain Bheag	14
Beartas agus comhthéacs	14
Teagasc agus foghlaim: An nuatheanga ar leibhéal na bunscoile	19
3. Ceanada (British Columbia (BC))	32
Beartas agus comhthéacs	32
Teagasc agus foghlaim: An nuatheanga ar leibhéal na bunscoile	37
4. An Fhionlainn	47
Beartas agus comhthéacs	47
Teagasc agus foghlaim: An nuatheanga ar leibhéal na bunscoile	57
5. An Bheilg	68
Beartas agus comhthéacs	68
Teagasc agus foghlaim: An nuatheanga ar leibhéal na bunscoile	76
6. An Nua-Shéalainn	89
Beartas agus comhthéacs	89
Teagasc agus foghlaim: An nuatheanga ar leibhéal na bunscoile	94
7. Treochtaí maidir le foghlaim teanga ar fud na ndlínsí	102
Teangacha scolaíochta	103
Beartais náisiúnta agus an spreagadh do theangacha ar leibhéal na bunscoile	104
Teagasc agus foghlaim: Comhtháthú nuatheanga	105
8. Éire: An cleachtas faoi láthair maidir le nuatheangacha iasachta a theagasc agus a fhoghlaim	111
Réamhrá	111
Nuatheangacha sna bunscoileanna: Treochtaí scoile	131

Lorg an TNTB	135
An Tionscnamh Nuatheangacha sna Bunscoileanna (TNTB): 1998-2012	137
Conclúid	138
9. An tionchar a bhíonn ag foghlaim tríú teanga (T3) ar fhoghlaim na dteangacha atá in úsáid cheana (T1 agus T2)	139
Réamhrá	139
An tionchar a bhíonn ag foghlaim nuatheanga iasachta (T3) ar T1 agus T2: Anailís bunaithe ar fhianaise	140
10. Bealaí féideartha chun cinn maidir le teagasc agus foghlaim nuatheanga i gcuraclam athfhorbartha bunscoile	147
Réamhrá	147
Céim 3: Rang 3 agus Rang 4, samhail Feasachta Teanga	149
Céim 4: Rang 5 agus Rang 6, Samhail inniúlachta teanga ag teacht le <i>Curaclam Teanga na Bunscoile</i>	154
11. Conclúid	155
12. Tagairtí	158
Aguisín 1: Línte Fiosrúcháin don Iniúchadh ar Dhlínsí	158
Aguisín 2: Samhail Dearaidh RFTanna (Rialtas na Breataine Bige, 2017a, aistriúchán)	168
Aguisín 3: Teimpléad i gcomhair Fíneid	170
Aguisín 4: Teimpléad Leasaithe i gcomhair Fíneid	173
Aguisín 5: Nótaí maidir le hAmlíne TNTB, Fíor 8.1	177

1. Réamhrá

Áirítear in *Déanann Teangacha Nasc: Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026* (ROS, 2017) obair atá déanta ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) maidir le féachaint ar conas a d'fhéadfaí nuatheangacha iasachta a chomhtháthú i gcomhair na ranganna sinsearacha sa churaclam athfhorbartha bunscoile (Gníomhaíocht 1.E.2, 13). Níl clár oifigiúil nuatheangacha ag Éirinn ar an mbunleibhéal faoi láthair, cé go ndearnadh obair ina leith sin roimhe seo trí threoirthionscnamh náisiúnta. Choimisiúnaigh CNCM an doiciméad eolais seo chun cuidiú leis an obair sin a threorú.

Déantar scrúdú sa doiciméad seo ar na nuatheangacha a bheith san áireamh ar leibhéal na bunscoile i roinnt dlínsí éagsúla. Roghnaíodh na dlínsí sin—an Bhreatain Bheag, Ceanada, an Fhionlainn, an Bheilg agus an Nua-Shéalainn—mar gurb ionann an staid teanga iontu agus staid teanga na hÉireann sa mhéid is go bhfuil breis is teanga náisiúnta nó teanga oifigiúil amháin acu. Tagraíonn an téarma 'teangacha oifigiúla' do theangacha trína bhfeidhmíonn rialtais agus nach mór seirbhísí rialtais a chur ar fáil iontu.

Sna chéad ranna den doiciméad seo, scrúdaítear gach ceann de na dlínsí ina seal, agus díritear ar roinnt gnéithe fiosrúcháin (féach Aguisín 1)—beartas agus comhthéacs teanga, teagasc agus foghlaim teangacha ina gcuraclaim bhunscoile, agus riachtanais speisialta oideachais (RSO). Tugtar achoimre i Roinn 7 ar na torthaí a fuarthas ar fud na ndlínsí. I Roinn 8, díritear ar chomhthéacs na hÉireann agus ar shamplaí den chleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le teangacha iasachta a theagasc agus a fhoghlaim. I Roinn 9, déantar scrúdú ar an tionchar a bhíonn ag foghlaim tríú teanga ar na teangacha atá in úsáid sa seomra ranga cheana (Béarla agus Gaeilge i gcás na hÉireann). Sa roinn deiridh, Roinn 10, leagtar amach bealaí féideartha chun cinn ó thaobh teangacha iasachta a áireamh i gcuraclam na bunscoile. Is éard atá i gceist leis na bealaí sin moladh tosaigh maidir le scileanna teanga inaistrithe a chur san áireamh trí fheasacht teanga ag Céim 3 (Rang 3 agus Rang 4), agus dul ar aghaidh go dtí samhail inniúlachta teanga ag Céim 4 (Rang 5 agus Rang 6).

Cúlra

Tá breis agus deich mbliana imithe tharainn ó foilsíodh *Modern Languages in the Primary School Curriculum: Feasibility and Futures* (CNCM, 2008). Sa tuarascáil sin, rinneadh scrúdú ar an Tionscnamh Nuatheangacha sna Bunscoileanna (TNTB), mar ar éirigh leis agus na dúshláin a bhí le sárú ina thaobh. Faoin tionscnamh sin, éascaíodh do nuatheangacha agus tacaíodh leo ar leibhéal na bunscoile in 545 scoil faoin mbliain 2012. I bhfianaise na dtorthaí a tháinig chun cinn as dhá chéim den Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile (CNCM, 2005; 2008a), thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil go raibh an curaclam ró-phlódaite agus nach raibh spás ann le haghaidh ábhar breise an tráth sin. Cinneadh sa tuarascáil, áfach, nár fhág sé sin nach bhféadfaí tacaíocht a thabhairt do scoileanna maidir le leanúint orthu ag múineadh nuatheanga sa chás ina raibh an obair sin ar bun cheana. Tugadh an tionscnamh sin chun críche in 2012. Rinneadh amhlaidh mar gheall ar an gcinneadh beartais a rinneadh an tráth sin tús áite a thabhairt don litearthacht (i mBéarla agus i nGaeilge) agus don uimhearthacht i measc páistí tar éis fhoilsiú an doiciméid *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun Litearthacht agus Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011- 2020* (ROS, 2011) agus mar gheall ar chiorruithe ar an mbuiséad le linn an choir chun donais eacnamaíoch.

In obair a rinneadh le déanaí ar an gcuraclam nua, *Curaclam Teanga na Bunscoile*, tiomsaíodh taighde agus fianaise ar an dea-chleachtas maidir le teagasc teanga chun bonn eolais a chur faoi chur chuige nua, níos comhtháite maidir le foghlaim agus teagasc teanga don Bhéarla agus don Ghaeilge ar an mbunleibhéal. Foilsíodh an curaclam teanga nua do pháistí ó na naíonáin shóisearacha go rang a sé i Meán Fómhair 2019. Mar chuid den obair sin agus mar fhreagra ar fhoilsiú *Déanann Teangacha Nasc: Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026* (ROS, 2017), tá iniúchadh déanta ag CNCM ar theangacha iasachta i gcuraclaim bhunscoile de chuid dlínsí oideachais eile, mar aon le hathbhreithniú ar chleachtas na hÉireann. Tá an obair sin ag éirí as an roinn in *Déanann Teangacha Nasc* ina dtugtar breac-chuntas ar an gcaoi a ndéanfar foghlaim nuatheangacha sa bhunscoil a mheas trína iarraidh

ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) cuimhneamh ar teangacha iasachta a ghlacadh san áireamh sna ranganna sinsearach mar chuid dá hathbhreithniú ar an gcuraclam bunscoile. Measfaidh an Roinn moltaí an athbhreithnithe nuair a bheidh sé críochnaithe. (ROS, 2017: 9)

Chomh maith leis an gceanglas sin, d'eisigh an tAire Oideachais agus Scileanna preasráiteas inar sonraíodh go bhfuil sé i gceist aige tús áite a thabhairt do theagasc teangacha iasachta, lena n-áirítear ar an leibhéal bunscoile. Bhí sé i gceist sa chás sin díriú ar an méid seo a leanas:

Iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le leas a bhaint as teicnící FCÁT (foghlaim chomhtháite ábhar agus teangacha) trí ghnéithe de churaclam na bunscoile a mhúineadh trí Ghaeilge agus teangacha iasachta, rud a chothóidh scileanna teanga inaistrithe i measc foghlaimoirí. Léiríonn taighde gur cur chuige ar féidir leis a bheith an-éifeachtach is ea teangacha a mhúineadh mar mhodh cumarsáide ar an gcaoi sin, seachas iad a mhúineadh mar ábhar acadúil atá le foghlaim ina aonar. (ROS, 2017a, aistriúchán)

Comhthéacs agus réasúnaíocht


Sna ranna seo a leanas, féachtar ar chomhthéacs agus réasúnaíocht na hoibre atá ar bun faoi láthair ó thaobh scrúdú a dhéanamh ar an soláthar teangacha iasachta ar leibhéal na bunscoile i ndlínsí eile, agus mionscrúdú a dhéanamh ar chomhthéacs na hÉireann faoi láthair.

Éagsúlacht teangacha na hÉireann

Is teangacha oifigiúla iad an Béarla agus an Ghaeilge in Éirinn, agus is í an Ghaeilge an chéad teanga náisiúnta. Ó dheireadh 2017, nuair a achtaíodh ina dhlí an Bille um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, tá Teanga Chomharthaíochta na hÉireann ina tríú teanga oifigiúil in Éirinn. Is teangacha oifigiúla de chuid an Aontais Eorpaigh iad an Béarla agus an Ghaeilge freisin. Tuairiscíodh i nDaonáireamh na bliana 2016 go mbíonn 72 teanga imirceach á labhairt ag níos mó ná 500 duine in aghaidh na teanga (O'Connor agus Ciribuco, 2017).

Léiríodh i nDaonáireamh 2016 go raibh 535,475 náisiúnach neamh-Éireannach ina gcónaí in Éirinn (11.6% den daonra). Bhí na náisiúnaigh neamh-Éireannacha sin ó 200 tír dhifriúil, agus a bhformhór ó 12 tír as a measc siúd. Ba iad Meiriceá, an Bhrasaíl, an Fhrainc, an Ghearmáin, an India, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Rómáin, an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe na 12 tír sin as ar tháinig an líon ba mhó daoine. Ba iad na teangacha a labhair formhór na n-imirceach, i rang-ord, Polainnis (113,225), Liotuáinis (30,502), Rómáinis (26,645) agus Portaingéilis (16,737). Ba í an tSínis an teanga ba choitianta a labhair náisiúnaigh na hÁise agus ba í an Araibis ba choitianta i measc náisiúnaigh na hAfraice (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017).

Taispeántar i bhFíor 1.1 cion na náisiúnach neamh-Éireannach sin ar scoláirí bunscoile, scoláirí meánscoile agus mic léinn tríú leibhéal iad (18% de na náisiúnaigh neamh-Éireannacha san iomlán). Ba ó thíortha Eorpacha a tháinig thart ar 66% de na scoláirí agus na mic léinn sin, tháinig 14% ó thíortha de chuid na hÁise, 10% ó stáit de chuid Mheiriceá agus 7% ó thíortha de chuid na hAfraice (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017).



Fíor 1.1 Náisiúnaigh neamh-Éireannacha sa chóras bunscoile, meánscoile agus tríú leibhéal (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017)¹

Ní raibh éagsúlacht teangacha chomh mór in Éirinn i gcónaí is atá anois. Timpeall an ama a bhí *Curaclam na Bunscoile* á thabhairt isteach in 1999, ba ó thíortha ina labhraítear Béarla a tháinig formhór inimircigh na hÉireann. Ar an gcaoi chéanna, nuair a roghnaíodh na teangacha le múineadh i scoileanna a bhí ag glacadh páirt sa Tionscnamh Nuatheangacha sna Bunscoileanna in 1998, ba iad teangacha na dtíortha in AE15 (an Bheilg, an Danmhairg, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, Lucsamburg, an Ostair, an Phortaingéil, an Spáinn, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe), gan an Béarla san áireamh, na teangacha iasachta b'ábhartha i gcás na hÉireann.

¹ Tógadh léaráidí áirithe sa tuarascáil seo as foinsí éagsúla agus mar sin, tá na léaráidí seo le léamh sa teanga ina bhfoilsíodh iad ar dtús.

Ba iad an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Iodáilis agus an Spáinnis na teangacha ar tacaíodh leo faoin tionscnamh sin.

Tugtar sonraí daonáirimh ó 1996 agus 2002 i dTábla 1.1, ina léirítear cion na ndaoine agus na dtíortha tionscnaimh i gcás na n-imirceach go hÉirinn an tráth sin. In 1996, ba ón *Ríocht Aontaithe* (Sasana, an Bhreatain Bheag agus Albain) agus na *Stáit Aontaithe* a tháinig cion ba mhó na n-imirceach sin. Is tíortha iadsan ina labhraítear Béarla. In 2002, tháinig an cion ba mhó imirceach ó *Shasana agus ón mBreatain Bheag*, mar a bhí amhlaidh roimhe sin. Ba ó réigiúin nach labhraítear Béarla iontu a tháinig an chéad chion eile ba mhó imirceach, áfach, agus bhí *an Áise, an Afraic agus tíortha Eorpacha eile* sna chéad cheithre thír bhreithe i measc na n-imirceach.

	1996	2002
Sasana agus an Bhreatain Bheag	139,330	182,624
Albain	11,751	15,963
An Fhrainc	3,593	6,794
An Ghearmáin	6,343	8,770
Tíortha eile AE15	9,296	17,237
Tíortha Eorpacha eile	3,605	26,235
Na Stáit Aontaithe	15,619	21,541
An Afraic	4,867	26,515
An Áise	8,150	28,132
Tíortha eile	9,503	16,277
	214,053	352,090
Daonra iomlán	3,626,087	3,917,203

Nótaí a ghabhann leis an tábla:

AE15: An Bheilg, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, Lucsamburg, an Ostair, an Phortaingéil, an Spáinn, an tSualainn (ní áirítear daoine a rugadh in Éirinn ná iad siúd atá liostaithe ar leithligh) agus an Ríocht Aontaithe (Sasana, an Bhreatain Bheag agus Albain).

Tábla 1.1 Daonra a chónaíonn sa stát de ghnáth de réir áit bhreithe seachas Poblacht na hÉireann (arna thiomsú ó sonraí daonáirimh 1996 agus 2002, cso.ie)

Luaigh Smyth, Darmody, McGinnity agus Byrne (2009) gur díol suntais é an t-athrú a tháinig ar an dlí inimirce timpeall na bliana 2004 nuair a tháinig na 10 Stát Aontachais isteach san Aontas Eorpach—tháinig méadú ar AE15 go dtí AE25 (agus AE28 ina dhiaidh sin). Ba iad Éire, an Ríocht Aontaithe agus an tSualainn amháin na tíortha a thug saor-rochtain ar a gcuid margaí saothair do shaoránaigh ó na Stáit Aontachais nua sin. In 2006, léiríodh sa daonáireamh go raibh méadú mór tagtha ar líon na n-imirceach ó na tíortha sin (Smyth *et al*, 2009).

An tábhacht a bhaineann le foghlaim teanga

Is é teanga ceann de na meáin lena smaoinimid, lena gcuirimid ár gcuid smaointe i bhfriotal agus lena nascaimid le daoine eile. Tá eolas ar theangacha iasachta ríthábhachtach do leas cultúrtha, leas sóisialta agus leas eacnamaíoch na hÉireann.
(ROS, 2017: 6)

Tá an fhoghlaim teanga dea-bhunaithe i scoileanna na hÉireann, áit a bhfoghlaimitear dhá theanga náisiúnta i ngach bunscoil. Trí Bhéarla agus Gaeilge a fhoghlaim, nó foghlaim trí mheán an Bhéarla nó na Gaeilge, sealbhaíonn na daltaí stór mór scileanna teanga inaistrithe, eolas ar inneachar teangacha, feasacht teanga agus feasacht mheititheangeolaíoch.

I Roinn 1, rinneadh cur síos ar an líon mór teangacha agus cultúr is bonn anois le héagsúlacht teangacha agus ilchineálacht chultúrtha na hÉireann. Mheas Smyth *et al* (2009) gur pháistí nuathagtha iad thart timpeall is 10% de na páistí bunscoile go léir in 2007. Cothaíonn eolas ar theangacha eile tuiscint *ar chultúir agus ar shochaithe eile* (ROS, 2017: 5) agus cothaíonn sé **tuiscint idirchultúrtha**. Tá sé ina aidhm leis an tuiscint idirchultúrtha, ina seal féin, *forbairt a dhéanamh i measc daoine ó chúlraí éagsúla ar an eolas, an meon agus na scileanna is gá chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile ó chúlra difriúil, agus comhoibriú leo* (Van Driel, 2008, aistriúchán). Trí aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le teangacha agus cultúir eile i scoileanna na tíre seo, cabhraítear le scoláirí atá díreach tagtha go hÉirinn meas a bheith acu ar a gcéad teanga agus a dtír dhúchais agus muinín a chothú ina bhféiniúlacht chultúrtha agus teanga. Ar an gcaoi chéanna, ó thaobh na múinteoirí de, thug Dillon (2011) ar aird *gur íogaire maidir le saincheisteanna a bhaineann le héagsúlacht a bhíonn múinteoirí a bhfuil inniúlacht sa dara teanga acu* (lch 281, aistriúchán). Thairis sin, cuidíonn eolas ar theangacha eile le daoine *na scileanna a fhorbairt atá uathu chun feidhmiú agus a bheith faoi bhláth in eacnamaíocht dhomhanda na linne seo* (ROS, 2017: 5).

Ní hionann infheistiú i bhfoghlaim teangacha iasachta agus/nó i dteangacha daoine nuathagtha agus **réimsí eile foghlama nó ábhair scoile eile a fhágáil ar an ngannchuid**. Tá infheistíocht mhór déanta ag an bhFionlainn, ceann de na dlínsí atá faoi athbhreithniú (féach Roinn 4), maidir le foghlaim teanga a mhaoiniú agus a chur chun cinn mar sheoid náisiúnta. Ní raibh an Fhionlainn thíos leis de bharr na hinfheistíochta sin i bhfoghlaim teanga, ná níor eascair easnaimh foghlama aisti; is féidir fianaise ar an rath a bhí ar chóras oideachais na Fionlainne a fheiceáil ina scóir bhreátha PISA, atá níos airde ná meáin ECFE (PISA, 2015).

I gcás dlínse eile atá faoi chaibidil, an Bhreatain Bheag (féach Roinn 2), tháinig laghdú ar líon na scoláirí a thug faoi theangacha iasachta ag scrúduithe GCSE agus A-Leibhéil. Thug Tinsley (2018) ar aird go bhféadfaí feabhas a chur ar an rannpháirtíocht sna teangacha atá á bhfoghlaim ar leibhéal na hiarbunscoile laistigh de 10 mbliana ach tús níos luaithe a chur le foghlaim teangacha iasachta ar leibhéal

na bunscoile. Tá **ganntanas mór múinteoirí nuatheangacha** in Éirinn ar leibhéal na hiar-bhunscoile (An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2017), rud atá ag cur isteach ar an raon roghanna ábhar atá ar fáil do scoláirí agus a chothaíonn dúshláin sa chóras, ar nós múinteoirí a bheith ar fáil chun scrúduithe béil stáit a dhéanamh. Tá gá le breis céimithe teanga chun na poist teagaisc sin a líonadh, agus dá bhrí sin ní mór do bhreis scoláirí staidéar a dhéanamh ar theangacha ar leibhéal na hiar-bhunscoile agus, b'fhéidir, ar leibhéal na bunscoile. An cúltionchar dearfach céanna sin a bhfuil súil ag an mBreatain Bheag leis ó thaobh teangacha, d'fhéadfadh sé a bheith ina shamhail oiriúnach fhadtéarmach chun dul i ngleic leis an nganntanas múinteoirí in Éirinn.

Tá **Béarla** ina chéad teanga ag formhór scoláirí na hÉireann, nó tá Béarla líofa acu. Is é an Béarla teanga an ghnó dhomhanda sa lá atá inniu ann agus is é an teanga iasachta is minice a fhoghlaimítear ar leibhéal na hEorpa (Eurydice, 2012). Is furasta a bheith sé teanga a fhoghlaim agus **beidh buntáistí cultúrtha agus iomaíocha againn má tá eolas againn ar theangacha eile** (ROS, 2015: 4). Tá sé tugtha ar aird ag Ibec *nach labhraíonn 75% de dhaonra an domhain Béarla, agus nach bhfuil ach 9% de dhaonra an domhan a bhfuil Béarla mar an chéad teanga acu* (Ibec, 2017, aistriúchán). Agus an tSín ag teacht chun cinn ar na Stáit Aontaithe mar an geilleagar is mó ar domhan, d'fhéadfadh sé nach bhfuil an Béarla chomh tábhachtach le teangacha de chuid na Síne, amhail Mandairínis nó Cantainis. Ar an gcaoi chéanna, fágann an neamhchinnteacht a ghabhann leis an mBreaitimeacht go bhféadfadh an nasc idir Éire agus an dara margadh onnmhairithe is mó dár gcuid a bheith i mbaol sula fada. Bíonn scileanna teangacha iasachta de dhíth chun rochtain a fháil ar mhargaí áitiúla eile san Eoraip agus ar mhargaí idirnáisiúnta, agus chun freastal ar na riachtanais a bhíonn ag cuideachtaí móra ilnáisiúnta sa tír seo ó thaobh teanga oibre.

Tá córas oideachais na hÉireann ag streachailt cheana féin chun éagsúlú a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil do scoláirí anseo ó thaobh teagasc agus foghlaim teanga. Is príomhspríoc é **éagsúlú teangacha** i straitéis teanga na hÉireann—*Déanann Teangacha Nasc* (ROS, 2017). Aithnítear sa straitéis an tábhacht a bhaineann le scileanna a chothú maidir le teangacha na ndaoine atá nuathagtha go hÉirinn agus cur le líon na scoláirí a bhíonn ag gabháil do theangacha. Ar leibhéal na hiar-bhunscoile, forbraíodh gearrchúrsaí de chuid na Sraithe Sóisearaí i dteanga agus cultúr na Síne (ó CNCM) agus i bPolainnis, Rúisis, Seapáinis agus Liotuáinis (ón Tionscnamh Teangacha Iarbhunscoile (TTI)). Forbraíodh idiraonaid i dteanga agus cultúr na Síne agus i Leánn na Seapáine. Ar an gcaoi chéanna, múintear Seapáinis, Rúisis agus Araibis mar ábhair Ardteistiméireachta, taobh leis na nuatheangacha seanbhunaithe: Francis, Gearmáinis, Iodáilis agus Spáinnis. Tá sonraíochtaí nua Ardteistiméireachta á n-ullmhú i gcomhair na Síne, na Mandairínise, na Polainnise, na Liotuáinise agus na Portaingéilise.

Spreagann **an tAontas Eorpach** a bhallstáit go léir chun díriú ar aidhm uailmhianach faoi Chuspóir Barcelona: a dteanga dhúchais féin a bheith ag na saoránaigh chomh maith le dhá theanga eile (Eurydice, 2017). I sonraí a bailíodh in 2014, léiríodh go bhfoghlaímíonn 83.8% de na daltaí bunscoile san Eoraip teanga iasachta, agus go dtosaíonn a bhformhór ag foghlaim teanga iasachta sula mbíonn siad ocht mbliana d'aois (Eurydice, 2017). In *Déanann Teangacha Nasc* (ROS, 2017), aithníodh an tábhacht a bhaineann le teangacha iasachta a fhoghlaim ar an leibhéal áitiúil, mar a mholann an tAontas Eorpach –

Cabhraíonn eolas ar theanga iasachta amháin ar a laghad eispéiris shaoil duine a shaibhriú agus sa Chreat Eorpach um Phríomhinniúlachtaí d'Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil (2007) aithnítear an cumas cumarsáide i dteanga iasachta mar cheann de na príomhinniúlachtaí atá riachtanach do shásamh agus d'fhorbairt an duine, do shaoránacht ghníomhach, do chuimsiú sóisialta agus d'fhostaíocht. Agus teanga nua á foghlaim aige ní hamháin go n-osclaíonn an foghlaimeoir deiseanna gairme nua ach faigheann sé nó sí an deis rannpháirtíú i gcultúr eile agus tuiscint a fháil air. (ROS, 2017: 6).

Bíonn tairbhe chognaíoch ag gabháil le foghlaim teangacha de bhreis ar an tairbhe atá le baint as na disciplíní teanga féin. Cuireann foghlaim teanga le scileanna cumarsáide idirphearsanta, le hinoiriúnaitheacht, le smaointeoireacht loighciúil agus leis an gcruthaitheacht. Cuireann sí le solúbthacht na hinchinne, rud a fhágann gur féidir leis an inchinn athrú le himeacht ama; is fusa a bhíonn sé faisnéis nua a ionchódú dá bharr sin. Bíonn na scileanna in-aistrithe sin ábhartha i gcás na ndisciplíní agus na n-ábhar go léir.

Athchóiriú an churaclaim: Curaclam teanga nua

Tá athruithe móra tagtha ar shochaí na hÉireann le fiche bliain anuas. Mar a luadh thuas, labhraítear go leor teangacha de chuid na n-inimirceach in Éirinn anois. In dhá chéim den Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile (CNCM, 2005; 2008a) agus i dtaighde a rinneadh le linn na tréimhse sin, díriodh aird ar láidreachtaí agus dúshláin a bhaineann le curaclam na bliana 1999 don Béarla agus don Ghaeilge. Tá sé iarrtha ag múinteoirí nach mbeadh an curaclam chomh plódaithe is atá, agus gur mhó an bhéim a leagfaí ar chleachtadh agus ar thacú le dul chun cinn na bpáistí ó thaobh foghlaim agus forbairt teanga de. Leagadh béim sna torthaí ar an ngá atá le Curaclam Teanga Bunscoile nua, lena mbainfear amach an méid seo a leanas:

- déanfar comhtháthú idir an Béarla agus an Ghaeilge agus cuirfear gach páiste san áireamh, chomh maith leis an eolas agus an taithí ar theangacha a thugann siad leo chun na scoile
- spreagfar rannpháirtíocht na múinteoirí agus na bhfoghlaimoirí agus tabharfar tacaíocht do pháistí chun meon dearfach a fhorbairt i leith teangacha agus i leith na litearthachta
- tacófar le múinteoirí agus iad ag cabhrú le páistí dul chun cinn a dhéanamh maidir le foghlaim agus forbairt teanga le linn bhlianta na bunscoile
- beidh níos mó ná feidhmiúlacht amháin i gceist leis, rud a chuirfidh ar chumas na bpáistí brí a bhunú agus a fhiosrú chomh maith le brí a ghlacadh agus a chruthú.

In *Curaclam Teanga na Bunscoile*, leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé meas a léiriú ar éagsúlacht na dteangacha atá ag na páistí agus an éagsúlacht sin a úsáid mar acmhainn sa seomra ranga. Aithnítear sa churaclam, i gcás páistí nach cainteoirí dúchais Béarla ná Gaeilge iad, go mbíonn sé ina thoradh ar theanga eile a fhoghlaim go leathnaítear a dtaithe ar theangacha agus go gcuirtear lena bhfeasacht chultúrtha. Baineann tábhacht le taithí agus eolas ar theangacha lena chur ar a gcumas do na páistí an tuiscint atá acu ar fhéiniúlacht náisiúnta agus chultúrtha a shainiú agus a chur in iúl.

Tá comhtháthú an churaclaim tábhachtach do mhúinteoirí bunscoile ionas gur féidir leo pleanáil a dhéanamh agus tacú le dul chun cinn na bpáistí in T1 agus T2, cibé acu Gaeilge nó Béarla. Aistríonn na páistí scileanna agus coincheapa áirithe ón gcéad teanga go dtí an dara teanga atá acu, agus go dtí an tríú teanga i roinnt cásanna. Nuair a fheiceann na múinteoirí deiseanna aistrithe, is féidir leo na scileanna sin a neartú agus cabhrú le páistí an méid atá foghlamtha acu a leathnú chuig teangacha eile.

A bhúí leis an gcuraclam nua, *Curaclam Teanga na Bunscoile* do naíonáin shóisearacha go rang a sé, mar aon le spreagadh na straitéise *Déanann Teangacha Nasc*, is tráthúil an deis atá le tapú chun féachaint an bhféadfaí teangacha iasachta a chur san áireamh san fhoghlaim teanga ar an leibhéal bunscoile, agus sa churaclam athfhorbartha bunscoile, agus a mhéid is féidir é sin a dhéanamh.

Téarmaíocht

I ngach ceann de na caibidlí seo a leanas, úsáidtear T1 agus muid ag trácht ar an máthairtheanga nó an chéad teanga. Baintear leas as T1 freisin chun cur síos a dhéanamh ar an meán teagaisc sna scoileanna. Úsáidtear T2/T3 agus muid ag trácht ar theangacha iasachta nó dara teangacha atá á bhfoghlaim. Ní hionann an téarmaíocht sin agus í siúd a úsáidtear ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, áit a dtagraíonn T1 don chéad teanga iasachta nó don dara teanga atá á foghlaim.


2. An Bhreatain Bheag

Beartas agus comhthéacs

Comhthéacs teanga

Is iad an Béarla agus an Bhreatnais teangacha oifigiúla na Breataine Bige. Úsáidtear an dá theanga i bhfeidhmiú laethúil Thionól na Breataine Bige. Tá stádas oifigiúil ag an mBreatnais, rud a chiallaíonn go bhfuil *reachtaíocht i bhfeidhm lena bhforáiltear go bhfuil an ceart ag cainteoirí Breatnaise seirbhísí a fháil trí mheán na Breatnaise...* (Rialtas na Breataine Bige, 2017: 6, aistriúchán). Ní teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh í an Bhreatnais ach aithnítear í mar theanga réigiúnach nó teanga mhionlaigh a bhfuil stádas oifigiúil aici (Eurydice, 2012).

In athbhreithnithe a rinneadh le déanaí ar an gcuraclam agus ar oiliúint tosaigh múinteoirí sa Bhreatain Bheag (Tabberer, 2013; Furlong, 2015), sonraíodh gur gá úsáid na Breatnaise a chur chun cinn agus a mhéadú sna scoileanna. Ina theannta sin, is é uailmhian Rialtas na Breataine é líon na gcainteoirí Breatnaise a mhéadú go 1 milliún duine faoi 2050 (Rialtas na Breataine Bige, 2017). Léiríodh sna sonraí daonáirimh is déanaí ó 2011, maidir le thart ar 10% (562,000) de dhaonra na Breataine Bige, *go raibh Breatnais acu nó go raibh níos mó ná cúpla focal Breatnaise acu* (Rialtas na Breataine Bige, 2017: 11, aistriúchán). Léirítear i bhFíor 2.1 líon agus comhchruinnithe na gcainteoirí Breatnaise a taifeadadh le linn an daonáirimh dheiridh in 2011.



Fíor 2.1: Líon na ndaoine (3 bliana nó níos sine) atá in ann Breatnais a labhairt (Rialtas na Breataine Bige, 2017: 10, aistriúchán)

Teangacha scolaíochta

Cé na teangacha iasachta a mhúintear sa churaclam bunscoile (suas go dtí 12/13 bliana d'aois)?

I gcás gach teanga, cuir in iúl cé acu T1, T2 agus T3 (teangacha na scoile).

An bhfuil na teangacha go léir éigeantach? An bhfuil rogha ann? Má tá, an dtugtar paraiméadair threoracha?

Córas Scoile na Breataine Bige

Seo a leanas struchtúr chóras scoile na Breataine Bige:

Aois na bPáistí	Céim	Bliainghrúpaí
3-7	An Bhonnchéim	Naíscoil, Réamhscoil, Blianta 1-2
7-11	Eochairchéim 2	Blianta 3-6
11-14	Eochairchéim 3	Blianta 7-9
14-16	Eochairchéim 4	Blianta 10-11

An Béarla, an Bhreatnais agus nuatheangacha

Múintear Béarla, Breatnais agus nuatheangacha roghnacha i mbunscoileanna na Breataine Bige. Tá Béarla agus Breatnais éigeantach ón mBonnchéim ar aghaidh. Tá nuatheangacha roghnach ag Eochairchéim 2 agus tá siad éigeantach ó Eochairchéim 3 ar aghaidh.

Is ar bhonn teanga theagaisc gach scoile a bheartaítear cé na teangacha a úsáidtear i scoileanna na Breataine Bige. Trí chineál scoileanna atá ag an mBreatain Bheag:

(1) scoileanna Béarla inarb é an Béarla an teanga theagaisc agus ina múintear an Bhreatnais mar dhara teanga. Ag an mBonnchéim, tá *Forbairt na Breatnaise* ar cheann de na hocht réimse foghlama. Tá foghlaim na teanga Béarla sna scoileanna sin cuimsithe sa réimse foghlama *Scileanna Teanga, Litearthachta agus Cumarsáide*. Ag Eochairchéim 2-4, úsáidtear *Curaclam na Breatnaise mar an Dara Teanga*.

I scoileanna Béarla, is mar seo a leanas a bhíonn leagan amach na dteangacha: Béarla (T1), Breatnais (T2) agus nuatheanga roghnach (T3).

(2) scoileanna Breatnaise inarb í an Bhreatnais an teanga theagaisc agus ina múintear Béarla mar dhara teanga. Ag an mBonnchéim, bíonn an fhoghlaim bunaithe ar an réimse foghlama *Scileanna Teanga, Litearthachta agus Cumarsáide* don Bhéarla agus don Bhreatnais. Seacht réimse foghlama a bhíonn i scoileanna Breatnaise. Ag Eochairchéim 2-4, úsáidtear Curaclaim T1 an Bhéarla agus na Breatnaise.

I scoileanna Breatnaise, is mar seo a leanas a bhíonn leagan amach na dteangacha: Breatnais (T1), Béarla (T2) agus nuatheanga roghnach (T3).

(3) I scoileanna déshrutha/dátheangacha, cuirtear sruth trí mheán an Bhéarla ar fáil mar aon le sruth trí mheán na Breatnaise. Leanann an sruth Béarla an curaclam céanna is a leanann scoileanna Béarla.

Sna cásanna sin, is mar seo a leanas a bhíonn leagan amach na dteangacha: Béarla (T1), Breatnais (T2) agus nuatheanga roghnach (T3).

Leanann an sruth Breatnaise an curaclam céanna is a leantar i scoileanna Breatnaise. Sna cásanna sin, is mar seo a leanas a bhíonn leagan amach na dteangacha: Breatnais (T1), Béarla (T2) agus nuatheanga roghnach (T3).

Nuatheangacha ag Eochairchéim 2

Stádas neamhreachtúil a bhíonn ag na Nuatheangacha ag Eochairchéim 2, tráth ar féidir le scoileanna nuatheanga a mhúineadh más mian leo. I bhfianaise ó shuirbhé ar scála beag ar 190 scoil, tugadh le fios gur chuir timpeall is 28% de na scoileanna nuatheanga ar fáil ag an gcéim sin (Tinsley agus Board, 2016). Tuairiscíodh gur ar bhonn neamhfhoirmiúil a mhúintear teanga sna bunscoileanna ag Eochairchéim 2 go minic, agus gur *clubanna seach-churaclaim nó ranganna neamhfhoirmiúla* a bhíonn i gceist leis an obair sin (Tinsley agus Board, 2016: 12, aistriúchán) (féach tuilleadh sonraí i Roinn 2), nó go múintear teanga i mBliain 6 mar ullmhúchán do dhaltaí a bhíonn ag bogadh ar aghaidh chuig nuatheanga a fhoghlaim ag Eochairchéim 3. Tugadh ar aird gurb í an Fhraincis an teanga ba choitianta a bhí á múineadh, agus Spáinnis agus Gearmáinis ina diaidh (Tinsley agus Board, 2016). Thuairiscigh scoileanna gur bhain siad leas as saineolas na mball foirne a bhí leo cheana chun foghlaim nuatheanga a éascú, nó uaireanta go bhfuair siad cúnamh ó shaineolaí i meánscoil sa cheantar (Tinsley agus Board, 2016).

Nuatheangacha ag Eochairchéim 3

Tá nuatheangacha ina gcuid éigeantach den Churaclam Náisiúnta ag Eochairchéim 3.

Is féidir le scoileanna a roghnú cén nuatheanga a chuirfidh siad ar fáil do na páistí. *Is féidir le scoileanna teangacha Eorpacha nó teangacha domhanda a chur ar fáil, amhail Araibis, Fraincis, Gearmáinis, Seapáinis, Mandairínis, Rúisis, Spáinnis nó Urdais. Féadfaidh scoileanna a roghnú cé na teangacha a mhúinfidh siad, agus éileamh, spéis, bealaí chun cinn agus acmhainní á gcur san áireamh acu* (Rialtas Tionóil na Breataine Bige, 2008: 11, aistriúchán).

Curaclam nua don Bhreatain Bheag

Tá Curaclam nua don Bhreatain Bheag á fhorbairt faoi láthair agus tá sé beartaithe é a chur chun feidhme sna scoileanna faoi 2022. Cuireadh dréachtleagan de ar fáil i mí Aibreáin 2019, dar teideal *Draft Curriculum for Wales 2022*, ionas go bhféadfaidh scoileanna agus páirtithe leasmhara aiseolas a thabhairt. In *Draft Curriculum for Wales 2022*, cuirtear treoir reachtúil ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus tá sé i gceist go gcuirfidh na scoileanna a gcuraclam féin le chéile ar bhonn na treorach sin (Rialtas na Breataine Bige, 2019).

Cuimseofar sa churaclam nua sé Réimse Foghlama agus Taithí (RFT) nua, mar seo a leanas:

1. Na healaíona léiritheacha
 2. Sláinte agus folláine
 3. Daonnachtaí (lena n-áirítear oideachas reiligiúnach, ar cheart é a bheith éigeantach go mbeidh na páistí 16 bliana d'aois)
 4. Teangacha, litearthacht agus cumarsáid (lena n-áirítear an Bhreatnais, ar chóir í a bheith éigeantach go mbeidh na páistí 16 bliana d'aois, agus teangacha idirnáisiúnta)
 5. Matamaitic agus uimhearthacht
 6. Eolaíocht agus teicneolaíocht.
- (Rialtas na Breataine Bige, 2018).

Faoin réimse 'Teangacha, Litearthacht agus Cumarsáide', cinnteofar go bhfuil *gach foghlaimoir i dteideal Breatnais, Béarla agus Teanga Idirnáisiúnta a fhoghlaim sa bhunscoil* (Rialtas na Breataine Bige, 2017a: 14, aistriúchán). Cuirfear de chúram ar na scoileanna foghlaimoirí a spreagadh chun teangacha eile atá thart orthu a chothú, ar nós teangacha eile a úsáidtear sa bhaile.

Beartais teanga agus an spreagadh náisiúnta i leith teangacha

Cén fáth ar roghnaigh an dlí an tríú teanga a chur san áireamh (réasúnaíocht, cuspóirí beartais)?

Cén bhliain inar tharla sé sin?

Tá nuatheangacha ina gcuid den churaclam sa Bhreatain Bheag ag Eochairchéim 3 le tamall anuas. Tugtar breac-chuntas thíos ar fhorbairtí le déanaí a spreag an t-aistriú atá beartaithe chuig tús níos luaithe i gcás *teangacha idirnáisiúnta* ag Eochairchéim 2.

Treochtaí Teanga sa Bhreatain Bheag (2015, 2016, 2017, 2018)

I sraith bhliantúil tuarascálacha a d'fhoilsigh Comhairle na Breataine ina ndéantar scrúdú ar fhoghlaim teanga i meánscoileanna sa Bhreatain Bheag, tuairiscíodh go bhfuil laghdú tagtha de réir a chéile ar líon na scoláirí atá ag tabhairt faoi theangacha i gcomhair scrúduithe GCSE agus A-Leibhéal. In 2016, faoin tsraith taighde sin, rinneadh suirbhé ar bhunscoileanna freisin chun féachaint cé mhéad duine a bhí ag tabhairt faoi nuatheangacha, agus chun féachaint cén fonn a bhí ar mhúinteoirí agus príomhoidí tabhairt faoi theangacha sna scoileanna tráth níos luaithe (Tinsley agus Board, 2016).

Thug Tinsley (2018) ar aird gur dócha go mbeadh cúltionchar i gceist de bharr foghlaim teanga a bheith á tosú tráth níos luaithe ar leibhéal na bunscoile (tríd an gCuraclam nua atá romhainn), toisc gur mhó

an líon foghlaimeoirí a leanfadh ar aghaidh ag cur spéis i nuatheangacha/teangacha idirnáisiúnta ón mbunleibhéal go dtí GCSE agus A-Leibhéal.

Global Futures: Plean chun nuatheangacha iasachta a fheabhsú agus a chur chun cinn sa Bhreatain Bheag 2015-2020 (Rialtas na Breataine Bige, 2015)

Leagtar amach sa phlean *Global Futures* na haidhmeanna atá ag Rialtas na Breataine i dtaobh *próifil na nuatheangacha iasachta a ardú sa Bhreatain Bheag...* (Rialtas na Breataine Bige, 2015: 2, aistriúchán).

Sonraítear aidhmeanna an phlean cúig bliana mar seo a leanas (Rialtas na Breataine Bige, 2015: 3, aistriúchán):

- Cur le líon na ndaoine óga a roghnóidh staidéar a dhéanamh ar nuatheangacha iasachta ar Leibhéal 2 (leibhéal GCSE nó a choibhéis), ar Leibhéal 3 (A-Leibhéal nó a choibhéis) agus ar leibhéal an ardoideachais,
- Feabhas a chur ar eispéireas teagaisc agus foghlama nuatheangacha iasachta d'fhoghlaimeoirí in aois 7-19, agus é ina aidhm leis sin córas 'dátheangach móide 1' a chothú ina dtabharfar faoi nuatheanga iasachta a mhúineadh go foirmiúil i mBliain 5 [aois 9-10] mar chuid den Réimse Foghlama agus Taithí 'Teangacha, Litearthacht agus Cumarsáid',
- Cloí leis na leibhéil ghnóthachtála atá á mbaint amach faoi láthair sna nuatheangacha iasachta agus iad a fheabhsú.

Curaclam nua don Bhreatain Bheag

Mar a luadh thuas, tabharfar isteach teangacha idirnáisiúnta do bhunscoileanna ó Bhliain 5 ar aghaidh faoin gcuraclam nua. Is é an coincheap is bun leis an Réimse Foghlama agus Taithí 'Teangacha, Litearthacht agus Cumarsáid' ná go ndéantar comhtháthú idir gach múineadh teanga, agus leagtar béim ann ar na sineirgí idir múineadh na Breatnaise, an Bhéarla, an Bhéarla mar Theanga Bhreise agus Teangacha Idirnáisiúnta (Tinsley, 2018).

Teagasc agus foghlaim: An nuatheanga ar leibhéal na bunscoile

Pléitear sonraí faoin gcuraclam scoile atá i bhfeidhm faoi láthair faoi na fo-cheannteidil seo a leanas sa roinn seo. Sa chás ina bhfuil faisnéis ar fáil, déanfar cur síos freisin ar shonraí an dréacht-Churaclaim nua.

Aidhmeanna agus struchtúr an churaclaim

Cad iad na haidhmeanna curaclaim i leith an tríú teanga?

Cén chaoi a gcuirtear an curaclam i láthair don tríú teanga seo—leibhéil sainiúlachta; struchtúr—snáitheanna; torthaí/cuspóirí foghlama?

Cuimsítear i ngach réimse curaclaim laistigh den churaclam scoile atá i bhfeidhm faoi láthair (1) Clár Staidéir, (2) Treoir agus (3) Scileanna agus Foghlaim. Cuirtear treoirlínte measúnaithe coiteanna ar fáil i leith gach réimse.

Sonraítear sa chlár staidéir na scileanna agus an raon eispéireas foghlama is féidir a úsáid chun forbairt a dhéanamh ar na scileanna atá leagtha amach. Déantar cur síos ann freisin ar spriocanna gnóthachtála do dhaltaí agus ocht leibhéal feidhmíochta daltaí de réir tuairiscí ar dheacracht atá ag dul i méid.

Tá an doiciméad treorach dírithe ar mhúinteoir agus iad ag pleanáil. Tugtar próifílí foghlama ann freisin ionas gur féidir le múinteoirí gnóthachtáil a gcuid daltaí féin a mheas i gcomparáid le próifílí samplacha. Is iad an Fhraincis, an Ghearmáinis agus an Spáinnis na teangacha a úsáidtear sna spriocanna gnóthachtála samplacha i leith nuatheangacha.

Leagtar amach sa doiciméad scileanna agus foghlama conas a thacaíonn codanna d'aon réimse curaclaim amháin le scileanna agus le foghlaim ó thaobh (1) Smaointeoireacht a fhorbairt, (2) Cumarsáid a fhorbairt, (3) TFC a fhorbairt agus (4) Uimhearthacht a fhorbairt, chomh maith leis na gnéithe seo a leanas a chur chun cinn: (i) An Curaclam Cymreig (Breatnais) agus an Bhreatain Bheag, an Eoraip agus an domhan, (ii) oideachas pearsanta agus sóisialta agus (iii) gairmeacha agus saol na hoibre.


An Curaclam Scoile mar atá faoi láthair: Creat Eochairchéim 2 (Rialtas na Breataine Bige, 2008)

Tá sé ina aidhm leis an gcreat nuatheangacha roghnach faoi Eochairchéim 2 *tacú le scoileanna a mbíonn nuatheangacha iasachta á múineadh iontu cheana ag Eochairchéim 2 agus scoileanna eile a spreagadh chun nuatheanga iasachta a chuimsiú sa churaclam* (Rialtas na Breataine Bige, 2008: 27, aistriúchán).

Léiríonn struchtúr an chreata an clár staidéir ag Eochairchéim 3 agus tugtar breac-chuntas ann ar na **scileanna**—labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta—is féidir a fhorbairt agus an **raon gníomhaíochtaí** agus suíomh inar féidir na scileanna sin a fhorbairt i gcomhthéacs na bunscoile (Rialtas na Breataine Bige, 2008: 27, aistriúchán). Leagtar amach tuilleadh cuspóirí foghlama faoi gach ceann de na scileanna. Tosaíonn siadsan le “Ba cheart deiseanna a bheith ag na daltaí chun...”. Cuimsítear leo (1) tuiscint idirchultúrtha, (2) straitéisí foghlama teanga agus (3) gníomhaíochtaí agus comhthéacsanna. Tugtar sliocht as Creat Eochairchéim 2 i bhFíor 2.2.

Skills

Oracy	Writing
<p>Pupils should have opportunities to:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. use and respond to incidental language in everyday classroom activities 2. listen carefully and respond appropriately to different types of spoken language 3. speak with correct pronunciation and intonation 4. communicate with each other and their teacher 	<p>Pupils should have opportunities to:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. copy words and phrases for a real purpose 2. write words, phrases and simple texts for consolidation and interest 3. use language creatively, including ICT as appropriate.

Fíor 2.2 Sliocht as Creat Neamhrechtúil Eochairchéim 2 (Rialtas na Breataine Bige, 2008: 28, aistriúchán)

An Curaclam Scoile mar atá faoi láthair: Eochairchéim 3 (Rialtas na Breataine Bige, 2008)
Is ionann leagan amach an churaclaim i gcomhair Eochairchéim 3 agus an fhormáid i gcomhair Eochairchéim 2. Is fairsinge iad na cuspóirí foghlama laistigh de na scileanna.

Dréacht-Churaclam i gcomhair na Breataine Bige 2022: RFT i ndáil le Teangacha, Litearthacht agus Cumarsáid (Rialtas na Breataine Bige, 2017b; 2019a)
Cuimsítear sa dréachtchuraclam i gcomhair na Breataine Bige (1) treoir maidir le curaclam na Breataine Bige, (2) treoir maidir le gach ceann de na sé réimse Foghlama agus Taithí, agus (3) treoir i ndáil le measúnú (Rialtas na Breataine Bige, 2019). I ngach réimse Foghlama agus Taithí, sonraítear conas a thacaíonn sé le ceithre chuspóir an churaclaim. Is é atá i gceist leis na cuspóirí sin *páistí agus daoine óga a bhforbairt sa chaoi is go mbeidh siad*

1. *Ina bhfoghlaimeoirí uailmhianacha, cumasacha, réidh le foghlaim ar feadh a saoil*
2. *Ina rannpháirtithe treallúsacha, cruthaitheacha, réidh le páirt iomlán a ghlacadh sa saol agus san obair*
3. *Ina saoránaigh eiticiúla, eolacha de chuid na Breataine Bige agus an domhain*

4. *Ina ndaoine sláintiúla a bhfuil muinín acu astu féin, agus atá réidh le saol fiúntach a chaitheamh ina mbeidh meas orthu sa tsochaí*

(Rialtas na Breataine Bige, 2019: 6, aistriúchán).

Tugtar ráitis faoi ‘Rudaí Tábhachtacha’ san fhoghlaim agus na prionsabail ghaolmhara i dtaobh dul chun cinn a dhéanamh agus torthaí gnóthachtála a bhaint amach, agus is iadsan is bonn leis an treoir faoin gcuraclam. Déantar cur síos mar seo a leanas ar theidil na snáitheanna i gcomhair ‘Rudaí Tábhachtacha’ sa Dréacht-Churacclam don Bhreatain Bheag 2022 (Rialtas na Breataine Bige, 2019a: 6-7, aistriúchán):

- *Ach foghlaim faoi chéannacht agus faoi chultúr trí mheán teangacha, ullmhaítear muid chun bheith inár saoránaigh de chuid na Breataine Bige agus an domhain*
- *Na foghlaimeoirí a bhíonn ag éisteacht agus ag léamh go héifeachtach, bíonn siad in ann foghlaim ar feadh a saoil*
- *Na foghlaimeoirí a bhíonn ag labhairt agus ag scríobh go héifeachtach, bíonn siad in ann páirt iomlán a ghlacadh sa saol agus san obair*
- *Spreagann an litríocht samhlaíocht agus cruthaitheacht.*

Cuirtear céimeanna forchéimnithe ar fáil ag cúig eatramh, ag freagairt do thorthaí ionchasacha na bpáistí ag aois 5, 8, 11, 14 agus 16. Úsáidtear torthaí gnóthachtála chun cur síos a dhéanamh ar thorthaí foghlama na bpáistí trí ráitis “Rinne mé...” agus “Tá mé in ann...” (Rialtas na Breataine Bige, 2019, aistriúchán). Tugtar *Eispéiris, Eolas agus Scileanna* breise sa treoir freisin, mar aon leis *an méid nach mór d’fhoghlaimeoirí a bheith in ann a dhéanamh*. Tugtar sliocht i bhFíor 2.3 as an Réimse Foghlama agus Taithí ‘Teangacha, Litearthacht agus Cumarsáid’ maidir le Rudaí Tábhachtacha i leith Céannachta agus Cultúir ag Céim Chun Cinn 3.

Progression step 3

Achievement outcomes

I can communicate in a growing range of languages (Welsh, English, an international language and, where applicable, home/community languages).

I can use my language skills and my knowledge of links between languages to understand commonalities and differences in grammatical structures, vocabulary, idiomatic language and parts of speech to help me learn.

I have an awareness of how root words work and how languages have developed.

I can recognise and understand different accents and dialects.

I can see connections between and across languages, and can show an appreciation and understanding of the diversity of languages.

I can understand why plurilingualism benefits people and society and increases employability.

I can use translanguaging skills in Welsh, English and an international language, and, where applicable, home/community languages.

Fíor 2.3 Sliocht as an RFT 'Teangacha, Litearthacht agus Cumarsáide' (Rialtas na Breataine Bige, 2019a: 21, aistriúchán)

Tugtar achoimre ar shamhail dearaidh agus leagan amach na RFTanna in Aguisín 2.

Comhtháthú teanga


Cén chaoi a bhfuil an teanga comhtháite i gcuraclam na bunscoile? (e.g., múintear í mar ábhar ar leithligh ar an tráthchlár; mar chuid de réimse leathan teangacha; FCÁT, gníomhaíocht sheachchuraclaim; teaghlaim díobhsan)?

Cá mhéad uair an chloig a chaitear léi in aghaidh na seachtaine? Agus conas a áirítear na huaireanta sin i dtráthchlár na scoile (cén t-ábhar a fhágtar ar lár sa chaoi is go mbeidh am ar fáil don teanga)?

An Curaclam Scoile mar atá faoi láthair: Eochairchéim 2 agus 3 (Rialtas na Breataine Bige, 2008)

In Eochairchéim 2 agus 3, múintear an nuatheanga mar ábhar ar leithligh. Glactar cur chuige traschuraclaim, áfach, agus tá naisc le déanamh le Breatnais agus Béarla nuair is cuí. Leagtar amach sa churaclam nuatheangacha an chaoi ar cheart féachaint le dul chun cinn ó leibhéal amháin den churaclam go leibhéal eile, agus ar fud ábhair/réimsí curaclaim.

I bhfianaise ó Tinsley agus Board (2016), tugadh le fios gur mhinic arbh é a bhí i gceist le formhór na foghlama teanga roghnaíche ag Eochairchéim 2 ná gníomhaíocht sheach-churaclaim nó gearrchlár teanga (teagasc córasach i gcás dhaltaí Bhliain 6) chun cuidiú leo aistriú go hEochairchéim 3. Tuairiscíodh, seachas sin, gur ar bhonn neamhfhoirmiúil a bhí na nuatheangacha á gcur i láthair na ndaltaí, nó gur fhoghlaim theagmhasach a bhí i gceist leo, agus í leabaithe i scéimeanna oibre. I bhFíor 2.4 thíos, tugtar cuid de na cineálacha cúrsa teanga a chuireann bunscoileanna ar fáil.



Fíor 2.4 Cineálacha cúrsaí teanga a chuireann scoileanna ar fáil (n=53) (Tinsley agus Board, 2016: 74, aistriúchán)

Ní mholtar aon am socraithe don fhoghlaim teanga roghnach laistigh de Chreat Eochairchéim 2 ach is féidir le scoileanna a bheith solúbtha ó thaobh am a úsáid de réir a n-acmhainní féin, ag brath ar an achar ama atá ar fáil in aon bhliainghrúpa (Rialtas na Breataine Bige, 2008: 27, aistriúchán). Ag Eochairchéim 3, molann Cigireacht na Breataine Bige (Estyn) dhá uair an chloig ar a laghad in aghaidh na seachtaine (Tinsley, 2018: 8).

Dréacht-Churaclam i gcomhair na Breataine Bige 2022: RFT i ndáil le Teangacha, Litearthacht agus Cumarsáid (Rialtas na Breataine Bige, 2017b; 2019a)

Curaclam comhtháite teanga is ea an Dréacht-Churaclam RFT i ndáil le Teangacha, Litearthacht agus Cumarsáid, a bhaineann leas as gach teanga atá thart timpeall ar na foghlaimeoirí. Tagraítear don Bhreatnais agus don Bhéarla i gCéimeanna Chun Cinn 1 agus 2, agus cuirtear teangacha idirnáisiúnta leo ó Chéim Chun Cinn 3 ar aghaidh. Déantar cur síos ar shraith amháin torthaí gnóthachtála i leith

scoileanna Breatnaise agus scoileanna Béarla, agus déantar tagairtí sonracha do thorthaí gnóthachtála i leith teagasc trí Bhreatnais i gcásanna áirithe (féach Fíor 2.5). Luaitear sraith torthaí gnóthachtála ar leithligh maidir le foghlaim Breatnaise i suímh, scoileanna nó sruthanna Béarla. Cuirtear Béarla, Breatnais agus Teangacha Idirnáisiúnta san áireamh ar bhealach comhtháite ar fud liostaí torthaí gnóthachtála.

Progression step 5

Achievement outcomes

Speaking

I can present ideas and issues fluently and confidently in a wide range of contexts.

[Welsh-medium statement] I can use a range of mutations correctly in context.

I can use tone, intonation and body language to enhance communication in increasingly challenging contexts.

I can organise, select and use a variety of effective methods of communication with a high level of precision.

Fíor 2.5: Cur síos ar thorthaí gnóthachtála i leith gach teanga. Leagtar amach torthaí sonracha i gcomhair scoileanna Breatnaise, agus tugtar liosta ar leithligh torthaí i ndáil le foghlaim Breatnaise i suímh, scoileanna, nó sruthanna Béarla (Rialtas na Breataine Bige, 2019a, aistriúchán)

Níor luadh aon am curaclaim i ndoiciméid a bhaineann leis an dréachtchuraclam.

An múinteoir teanga

Cé a mhúineann an teanga iasachta T3?

Cén chaoi a dtacaítear leo agus a spreagtar iad chun í a mhúineadh? (i.e. an bhfuil múinteoirí oilte sa scoil nó an dtugann an scoil múinteoirí seachtracha isteach)?

Cén cineál oiliúna a chuirtear ar fáil? An ndéantar an oiliúint trí mheán Oiliúint Tosaigh Múinteoirí nó trí Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach, nó an dá rud?

An Curaclam Scoile mar atá faoi láthair: Eochairchéim 2 (Rialtas na Breataine Bige, 2008) Thuairiscigh Tinsley agus Board (2016) gur minic gur múinteoir ag a bhfuil saineolas ar an teanga agus atá sa bhunscoil cheana é nó í an múinteoir teanga ag Eochairchéim 2, nó go mbaineann an scoil leas as saineolaí ón meánscoil sa cheantar. I bhFíor 2.6 thíos, tugtar breac-chuntas ar na cineálacha eile

múinteoirí a n-iarrtar orthu nuatheangacha a mhúineadh sna bunscoileanna, ar nós sainmhúinteoirí agus sainmhúinteoirí cuartaíochta (Tinsley agus Board, 2106: 75).

	Mainly	Occasionally
Specialist teacher based at the school	6	2
Peripatetic specialist teacher	5	1
Class teacher(s)	16	1
Teacher(s) from local secondary school	10	4
Foreign language assistant	2	1
Teacher provided by foreign cultural institute	2	3
Volunteer parent or governor	5	3
Other	4	0

Fíor 2.6 Foinsí múinteoirí teanga chun nuatheangacha a mhúineadh sna bunscoileanna (Tinsley agus Board, 2106: 75, aistriúchán)

An Curaclam Scoile mar atá faoi láthair: Eochairchéim 3 (Rialtas na Breataine Bige, 2008)
Fostaítear sainmhúinteoirí teanga chun tacú le foghlaim nuatheangacha ag Eochairchéim 3.

Dréacht-Churaclam i gcomhair na Breataine Bige 2022: RFT i ndáil le Teangacha, Litearthacht agus Cumarsáid (Rialtas na Breataine Bige, 2017b; 2019a)
Níor soláthraíodh aon sonraí faoi leith go fóill maidir le cé na daoine a chuirfear de chúram orthu nuatheangacha a mhúineadh laistigh den churaclam bunscoile nua. In athbhreithnithe ar chláir oiliúna tosaigh múinteoirí agus cláir um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach do mhúinteoirí sa Bhreatain Bheag, áfach, tugtar le fios go bhféadfadh sé go ndéanfaí earcú níos spriocdhírithé ar iarrthóirí ardchaighdeán chuig gairm na múinteoireachta (Tabberer, 2013). Tugadh ar aird freisin go mbeidh *dreasachtaí tosaíochta ar fáil do mhic léinn incháilithe nua a bheidh ag tosú ar chúrsaí iarchéime oiliúna tosaigh múinteoirí sa bhliain acadúil 2013/14 sa mhatamaitic, san fhisic, sa cheimic, i nuatheangacha iasachta, sa Bhreatain agus in TFC (Tabberer, 2013: 39, aistriúchán).*

Leanúnachas teanga ón mbunscoil chuig an meánscoil

Cén chaoi a ndéantar droichid, más ann dóibh, idir teangacha a mhúintear sa bhunscoil agus teangacha a mhúintear ar an dara leibhéal (e.g., cad a tharlaíonn mura bhfuil an teanga chéanna sin á múineadh san iar-bhunscoil áitiúil?)

Mar a luadh i Roinn 1, tá gné *ad hoc* ag baint le comhtháthú na nuatheangacha ar an mbunleibhéal faoi láthair, agus bíonn an soláthar teangacha ag brath ar mhúinteoirí a bheith ar fáil. Sa chás ina bhfaightear saineolaí teanga ó mheánscoil áitiúil, beidh leanúnachas éigin i gceist maidir leis an teanga atá á múineadh.

San am atá caite, bhunaigh CILT Cymru sraith treoirthionscadal faoinar tháinig grúpaí meánscoileanna agus bunscoileanna áitiúla le chéile chun tacú le foghlaim nuatheangacha sa bhunscoil (Tinsley and Board, 2016). Chomhroinn múinteoirí acmhainní agus saineolas maidir le teangacha coiteanna. Thuairiscigh múinteoirí go raibh *clár éifeachtach againn ar fud ár ngrúpa scoileanna* (Tinsley agus Board, 2016: 78, aistriúchán). Ar an drochuair, cuireadh srian leis an tacaíocht ó CILT Cymru de bharr ciorruithe buiséid agus níor tacaíodh le grúpaí scoileanna a thuilleadh.

Measúnú teanga

Cad a dhéantar a mheas sa churaclam teanga iasachta T3 agus conas a dhéantar é sin?

An Curaclam Scoile mar atá faoi láthair: Eochairchéim 3 (Rialtas na Breataine Bige, 2008)

*I gcás gach ábhair, i ngach ceann de na heochairchéimeanna..., leagtar amach i **gcláir staidéir** cad ba chóir a mhúineadh do na daltaí agus, i gcás Eochairchéim 2 agus Eochairchéim 3, bíonn spriocanna gnóthachtála leagtha síos ina sonraítear **na caighdeáin feidhmíochta a mbítear ag súil go mbainfidh na daltaí amach**. Ag deireadh Eochairchéim 2 agus Eochairchéim 3, leagtar amach **caighdeáin feidhmíochta na ndaltaí** in ocht gcinn de thuairiscí ar leibhéal mhéadaitheacha deacrachta, le tuairisc bhreise os cionn Leibhéal 8 chun cuidiú le múinteoirí idirdhealú a dhéanamh ar Fheidhmíocht Eisceachtúil.*

*Ag Eochairchéim 4, is iad **cáilíochtaí seachtracha** an príomh-mhodh chun gnóthachtáil sa churaclam náisiúnta a mheas. Gach bliain, foilsíonn Rialtas Tionóil na Breataine Bige an liosta cáilíochtaí atá údaraithe faoi Alt 96 den Acht Foghlama*

agus Scileanna, 2000 i leith daltaí atá in aois éigeantach scoile (Rialtas na Breataine Bige, 2008: 2, aistriúchán).


Sa Treoir i leith Nuatheangacha ag Eochairchéim 2-4 (Rialtas na Breataine Bige, 2008), tugtar breac-chuntas ar na cineálacha iomadúla measúnaithe, lenar ceart a áireamh measúnú foirmitheach leanúnach—Measúnú chun Foghlama, aiseolas foirmitheach, féinmheasúnú agus piarmheasúnú ar dhaltaí, Measúnú ar an bhFoghlaim trí thaifeadadh agus measúnú reachtúil a dhéanann an múinteoir. Tá sraith treoirlínte measúnaithe ina cuid den churaclam.

Níl aon cheanglas reachtúil ann i dtaobh measúnú a dhéanamh ar nuatheangacha iasachta ag Eochairchéim 2, ach má tá daltaí ag déanamh staidéar ar nuatheanga iasachta, beidh fonn ar mhúinteoirí bunscoile agus múinteoirí meánscoile taifead agus/nó fianaise éigin a bheith acu ar na scileanna atá foghlamtha ag na daltaí, beag beann ar an teanga. Is féidir le múinteoirí leas a bhaint as na tuairiscí i leith leibhéil ísle le haghaidh Eochairchéim 3 chun cur síos a dhéanamh ar ghnóthachtáil na ndaltaí, nó b'fhéidir gur mhaith leo iad a chur in oiriúint do dhaltaí bunscoile. (Rialtas na Breataine Bige, 2008: 30, aistriúchán)

Dréacht-Churaclam i gcomhair na Breataine Bige 2022: Moltaí measúnaithe chun bonn eolais a chur faoi threoir reachtúil a fhorbairt (Rialtas na Breataine Bige, 2019)

Mar a luadh cheana, cuimsítear sa dréachtchuraclam don Bhreatain Bheag doiciméad forbhreathnaithe, treoir i leith gach ceann de na sé réimse foghlama agus taithí agus treoir i ndáil le measúnú. Tugtar breac-chuntas sa doiciméad treorach measúnaithe ar an gcaoi nach mór úsáid a bhaint as an gcontanam dul chun cinn atá leagtha amach i ngach ceann de na sé réimse foghlama agus taithí lena léiriú cén dul chun cinn atá á dhéanamh ag na daltaí feadh an chontanaim agus chun pleanáil a dhéanamh le haghaidh tuilleadh dul chun cinn feadh an chontanaim. Tá Rialtas na Breataine Bige (2019b) ag bogadh ar shiúl ó thorthaí measúnaithe a fhoilsiú *mar chineál cuntasachta ar an leibhéal náisiúnta* (lch 4, aistriúchán) agus ag fillleadh ar an measúnú a úsáid mar bhealach chun monatóireacht agus pleanáil a dhéanamh sa seomra ranga (Rialtas na Breataine Bige, 2019b).

Leagtar amach sé phríomhphrionsabal maidir le ceapadh treorach i ndáil le measúnú sa dréachtdoiciméad treorach measúnaithe le haghaidh comhairliúcháin (Rialtas na Breataine Bige, 2019b). Tá na prionsabail bunaithe ar mheasúnú foirmitheach, atá dírithe ar an dalta féin, a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh aige nó aici, trí mheán teicnící measúnaithe éagsúla (féach Fíor 2.7 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí).



Fíor 2.7 Príomhphrionsabail maidir le treoir a leagan síos i ndáil le measúnú (Rialtas na Breataine Bige, 2019b: 5, aistriúchán)

Riachtanais Speisialta Oideachais / Riachtanais Foghlama Bhreise

Sa Bhreatain Bheag, is é Riachtanais Foghlama Bhreise (RFB) an téarma a úsáidtear i leith páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu, chomh maith le riachtanais bhreise a bhaineann le sláinte, tinreamh (e.g. tréimhsí fada neamhláithreachta nó freastal fánach), dúshlán a bhaineann leis an saol baile nó cúinsí saoil dúshlánacha (e.g. tuismitheoir óg nó toircheas; fostaíocht sna taibh-ealaíona). Cuirtear treoirínte ar fáil do chomhlachtaí rialaithe ina leagtar síos an freastal a bhfuiltear ag súil leis a dhéanfaidh siad ar pháistí ag a bhfuil RFB.

Sa doiciméad *Special Educational Needs Code of Practice for Wales* (Rialtas Tionóil na Breataine Bige, 2004), leagtar amach *na socruithe, na struchtúir agus an reachtaíocht ar leith* (Rialtas Tionóil na Breataine Bige, 2004: iii, aistriúchán) atá i bhfeidhm i gcás páistí ag a bhfuil RFB. Bíonn sé de chúram ar Údaráis Oideachais Áitiúla tacaíocht a thabhairt do pháistí ag a bhfuil RFB.

Faoin Acht Oideachais, 1996 agus Acht na Breatnaise, 1993 (i gcás páistí atá 16 bliana d'aois nó níos sine), tá sé de cheart ag gach páiste teacht ar thacaíocht i mBéarla nó sa Bhreatnais. Tugtar ar aird gur cheart a fháil amach go luath céard é teanga bhaile na bpáistí lena chinntiú gur ina rogha teanga—Breatnais nó Béarla—a bheidh gach cumarsáid agus gach tacaíocht (lch 3).

Cuirtear faisnéis ar fáil *i dteangacha agus meáin chuí éagsúla* do theaghlaigh a labhraíonn Béarla agus/nó Breatnais mar theanga bhreise (Rialtas Tionóil na Breataine Bige, 200: 16, aistriúchán). Cuirtear forálacha i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh ráitis, athbhreithnithe bliantúla agus Pleananna Oideachais Aonair ar fáil i dteanga a thuigeann na páistí agus a dtuismitheoirí. Áirítear leis na forálacha sin go n-aistreofar doiciméid chuig teanga bhaile na bpáistí, go mbainfear leas as ateangairí i gcomhair cruinnithe agus go mbeidh múinteoir tacaíochta teanga ar fáil don pháiste agus don teaghlach (Rialtas Tionóil na Breataine, 200: 124).

Sa chás nach iad Béarla ná Breatnais teanga bhaile an pháiste, tugtar treoracha in airteagal 5.15 agus airteagal 5.16 maidir lena chinntiú nár chóir go mbeadh inniúlacht an pháiste sa Bhreatnais nó sa Bhéarla ina tháscaire ar RSO, ach, chomh maith leis sin, i gcás páistí a dhéanann dul chun cinn mall maidir le foghlaim teanga, nár chóir glacadh leis gurb é a stádas teanga an t-aon chúis amháin atá leis an ráta dul chun cinn (Rialtas Tionóil na Breataine Bige, 200: 45/6). Moltar do scoileanna dul chun cinn na páistí a scrúdú i réimsí curaclaim eile lena fháil amach an dteastaíonn tacaíocht bhreise ó pháiste. Ina theannta sin, ba chóir measúnú iomlán a dhéanamh ar a mhéid a bhí le cloisteáil acu roimhe seo de gach ceann de na teangacha a labhraíonn siad, an úsáid a bhaineann siad astu faoi láthair agus a gcumas iontu (Rialtas Tionóil na Breataine Bige, 200: 46).

Moltar ***freagra céimnithe, a chuimsíonn réimse straitéisí***, i leith na bpáistí a bhfuil RFB acu, ag teacht leis na riachtanais atá acu ar réimse leathan cumas agus riachtanas (Rialtas Tionóil na Breataine Bige, 200: 47, aistriúchán). Tá an Curaclam Náisiúnta ina cheanglas reachtúil do gach páiste, agus moltar go gcabhrófaí le páistí lán a gcumais a bhaint amach agus iad ag gabháil don churaclam.

Meastar gur tosaíocht iad scileanna agus riachtanais urlabhra, teanga agus cumarsáide na bpáistí. Tugtar ar aird go bhféadfadh roinnt de na nithe seo a leanas a bheith ag teastáil ó pháistí a bhfuil dúshláin acu ina leith sin:

- socrúithe solúbtha teagaisc
- cabhair maidir le teanga a shealbhú, a thuiscint agus a úsáid
- cabhair maidir le hurlabhraíocht
- cabhair maidir le scileanna litearthachta a shealbhú
- cabhair maidir le modhanna cumarsáide breise agus cinn mhalartacha a úsáid

- cabhair maidir le húsáid chumasach a bhaint as modhanna éagsúla cumarsáide, agus muinín acu astu féin, ar mhaithe le raon cuspóirí, lena n-áirítear cásanna foirmiúla
- cabhair maidir le teanga ó bhéal agus teanga scríofa a eagrú agus a chomhordú
- tacaíocht mar chúiteamh ar an tionchar atá ag deacracht chumarsáide ar fhoghlaim sa Bhéarla nó sa Bhreatnais mar theanga bhreise
- cabhair maidir lena dteanga féin a chur in iúl, a thuiscint agus a úsáid, sa chás nach iad Béarla ná Breatnais an chéad teanga.

(Rialtas Tionóil na Breataine Bige, 200: 85)

Is féidir **Dífheidhmiú Sealadach** a chur i bhfeidhm i gcásanna nach féidir le páistí *páirt iomlán a ghlacadh sa Churaclam Náisiúnta ná leas iomlán a bhaint as*. Tugtar ar aird gur chóir dífheidhmiú *a bheith teoranta do na gnéithe sin den Churaclam Náisiúnta nach n-oireann don dalta* (Rialtas Tionóil na Breataine Bige, 200: 149, aistriúchán).

Ní dhéantar tagairt ar leith sa Chód Cleachtais d'fhoghlaim nuatheangacha iasachta (Rialtas Tionóil na Breataine Bige, 200). Faoi fhorálacha na freagartha céimnithe, an cheanglais reachtúil chun teacht a bheith ag páiste ar an gcuraclam agus an dífheidhmithe shealadaigh, glactar leis go dtacófaí le gach páiste chun teacht a bheith aige nó aici ar theagasc agus foghlaim nuatheangacha iasachta a mhéid is féidir.

3. Ceanada (British Columbia (BC))

Beartas agus comhthéacs

Comhthéacs teanga

Ceanada

Is saibhir an éagsúlacht teangacha atá i gCeanada: tuairiscítear go labhraítear breis agus 200 teanga sa bhaile sa tír sin (Staidreamh Ceanada, 2011). Ina measc siúd tá Béarla, Fraincis, teangacha bundúchasacha agus teangacha na n-inimirceach.

Dhá theanga oifigiúla atá ag Ceanada, **Béarla agus Fraincis**, agus tugtar aitheantas dóibh trí Acht na dTeangacha Oifigiúla (1969) (Rialtas Ceanada, 2019) agus sa Bhunreacht. Tá Béarla ina theanga oifigiúil ag ocht gcinn as measc na deich gcúige, lena n-áirítear British Columbia. Ní hionann sin agus cás Québec, áit arb í an Fhraincis an teanga oifigiúil, ná cás New Brunswick, áit arb iad an Béarla agus an Fhraincis na teangacha oifigiúla. Tá níos mó ná teanga oifigiúil amháin ag gach ceann de thrí chríoch Ceanada, mar a leanas:

- *Críocha an Iarthuaiscirt*: Béarla, Fraincis, Siopúáinis, Craís, Sléivis an Tuaiscirt, Sléivis an Deiscirt, Goitsinis, Ionúineactis, Ionúitis, Ionúitis Iarthar Ceanada, agus Tłı̨chǭ/Dograibis.
- *Yukon*: Béarla agus Fraincis
- *Nunavut*: Béarla, Fraincis, Ionúineactis agus Ionúitis.

Tá sé de cheart ag gach saoránach leas a bhaint as seirbhísí Béarla agus/nó seirbhísí Fraincise beag beann ar an gcúige ina gcónaíonn sé nó sí. Dá réir sin, ní mór d'Aireachtaí Oideachais éagsúla foráil a dhéanamh do T1 na scoláirí ina gcórais scoile, beag beann ar theanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an chúige nó na críche.

Tá **Teangacha Dúchasacha/Bundúchasacha** ina gcuid de shuibhreas teangacha Ceanada freisin. Tuairiscíodh sna sonraí is déanaí ó 2016 go bhfuil 70 teanga Bhundúchasach i gCeanada, lena n-áirítear an grúpa teangacha Algancacha, grúpa teangacha na nIonúiteach agus grúpa teangacha na nDéineach (Staidreamh Ceanada, 2019). Rinneadh dochar mór do leitheadúlacht na dteangacha dúchasacha san am atá caite, tríd an gcóras scoileanna cónaithe den chuid ba mhó, toisc *nach raibh cead ag páistí Bundúchasacha a máthairtheanga Bhundúchasach a labhairt iontu* (Staidreamh Ceanada, 2019: gan uimhreacha leathanaigh, aistriúchán). I sonraí a bailíodh in 2016, léiríodh go raibh méadú 3.1% tagtha

ar líon na ndaoine a raibh teanga Bhundúchasach ar a dtoil acu i gcomparáid leis na sonraí a bailíodh in 2006 (Staidreamh Cheanada, 2019).

Tá bille nua—An tAcht um Meas ar Theangacha Dúchasacha—díreach curtha i láthair i gCeanada dá chéad léamh an 15 Feabhra 2019. Is é is aidhm leis ná teangacha Dúchasacha a chur san áireamh taobh le teangacha aitheanta eile i mbunreacht Cheanada chomh maith le *tacaíocht a thabhairt do theangacha Dúchasacha, a n-úsáid a chur chun cinn, agus tacú le hiarrachtaí na bpobal Dúchasach teangacha Dúchasacha a ghlacadh chucu féin arís, beocht úr a chur iontu, iad a choinneáil beo agus iad a neartú* (Parlaimint Cheanada, 2019: 4, aistriúchán).

Snáithe eile in éagsúlacht teangacha Cheanada is ea **teangacha na n-inimirceach**. Is iad teangacha de chuid na hÁise (56%) agus de chuid na hEorpa (40%) a chuimsíonn an cion is mó teangacha a labhraíonn pobal na n-inimirceach i gCeanada (Staidreamh Cheanada, 2018). Is iad teangacha na n-inimirceach is mó a thuairiscítear, i rang-ord, ná Puinseáibis, Sínis², Spáinnis, Iodáilis agus Gearmáinis (Staidreamh Cheanada, 2018).

British Columbia

Is ar chúige British Columbia atá an plé dírithe laistigh de dhlínse Cheanada. Tá British Columbia in iarthar Cheanada agus is é Victoria a phríomhchathair. Cathair mhór eile ann is ea Vancouver. Taispeántar i bhFíor 3.1 thíos céatadán na ndaoine a labhraíonn gach ceann de na príomhtheangacha sa dlínse seo.

Official language	Population (percentage)
English only	89.8
French only	0.0
English and French	6.8
Neither English nor French	3.3

Fíor 3.1 Daonra de réir eolas ar theangacha oifigiúla, British Columbia (Staidreamh Cheanada, 2012)

In British Columbia, ní hionann go baileach an cion daoine a labhraíonn príomhtheangacha na n-inimirceach agus na figiúirí i leith Cheanada go léir. Is é an rang-ord in British Columbia ná Puinseáibis, Cantainis, Sínis, Mandairínis, Gearmáinis, Tagálaigis agus Cóiréis (Staidreamh Cheanada, 2012).

² Daoine a fhreagair ‘Sínis’ gan aon sonraí breise a chur leis an bhfreagra. Bailíodh sonraí freisin ar Mhandairínis agus Cantainis, ar leithligh ón gcatagóir ‘Sínis’.

Teangacha scolaíochta

Cé na teangacha iasachta a mhúintear ina gcuraclam bunscoile (suas go dtí 12/13 bliana d'aois)?

I gcás gach teanga, cuir in iúl cé acu T1, T2 agus T3 (teangacha na scoile).

An bhfuil na teangacha go léir éigeantach? An bhfuil rogha ann? Má tá, an dtugtar paraiméadair threoracha?

Córas Scoile British Columbia

Seo a leanas struchtúr chóras scoile British Columbia:

Aois	Grád	Céim
5	Naíscoil (N)	Naíscoil
6-11	1-6	Bunscoil
12-13	7-8	Scoil Mheánach
14-17	9-12	Ardscoil

Nóta: Ag brath ar líon na scoláirí, is féidir gráid na scoileanna meánacha a chuir san áireamh leis na bunscoileanna nó na hardscoileanna.

Béarla, Fraincis agus Dara Teangacha

Is é an Béarla teanga oifigiúil na scolaíochta do scoláirí in British Columbia. I gcás scoláirí a labhraíonn Fraincis, tá siad i dteideal teagasc a fháil trí Fhraincis. Tá tumoideachas Fraincise ar fáil freisin do chainteoirí Fraincise T2. Ní mór an dara teanga (T2) a chur ar fáil ó Ghrád 5 go Grád 8 (ó aois 10-13). Is iad na teangacha atá ar fáil: **Teanga Chomharthaíochta Mheiriceá, Bunchlár Fraincise, Gearmáinis, Iodáilis, Seapáinis, Cóiréis, Mandairínis, Puinseáibis agus Spáinnis**. *Cinneann na boird oideachais cé na dara teangacha a chuirfear ar fáil. Is é an Bunchlár Fraincise a chuirfear ar fáil mura dtairgfidh an bord rogha teanga eile (Aireacht Oideachais British Columbia, 2004).*

Ag brath ar an gcineál scoile, múintear Béarla agus Fraincis mar chéad teangacha (T1) agus múintear gach teanga eile mar dhara teangacha (T2) (Aireacht Oideachais British Columbia, 2004). Bítear ag súil go n-éireoidh scoláirí i ngach scoil líofa i mBéarla (Aireacht Oideachais British Columbia, 2004). Trí chineál scoileanna atá ann:

(1) **Scoileanna ina labhraítear Fraincis**, ar a bhfreastalaíonn scoláirí a bhfuil Fraincis ina T1 acu. Is í an Fhraincis an teanga theagaisc agus múintear Béarla mar dhara teanga. Múintear nuatheanga i nGráid 5-8.

I scoileanna ina labhraítear Fraincis, is mar seo a leanas atá seasamh na dteangacha: Fraincis T1, Béarla T2 agus, i nGráid 5-8, teanga eile seachas an Fhraincis (T3).

(2) Cuireann **scoileanna tumoideachais** Fraincis ar fáil mar theanga theagaisc i gcás chainteoirí Fraincise T2.

I suímh thumoideachais, is mar seo a leanas atá seasamh na dteangacha: Fraincis (T1), Béarla (T2) (cé gurb ionann an curaclam a úsáidtear i gcomhair Ealaíona an Bhéarla agus an ceann a úsáidtear i scoileanna Béarla) agus, i nGráid 5-8, teanga eile seachas an Fhraincis (T3).

(3) Baineann **scoileanna Béarla** leas as an mBéarla mar mheán teagaisc seachas sna ranganna teanga. Ní mór dara teanga a chur ar fáil ó Ghrád 5 go Grád 8. Caithfear Bunchlár Fraincise a chur ar fáil mar T2 mura bhfuil sé d'acmhainn ag an scoil aon teanga eile a mhúineadh.

I scoileanna Béarla, is mar seo a leanas a bhíonn leagan amach na dteangacha: Béarla (T1), agus, i nGráid 5-8, teanga eile seachas an Béarla (T2) (Aireacht Oideachais British Columbia, 2016).

Sonraítear san Acht Oideachais um Theangacha freisin nach mór *deiseanna a bheith ag gach scoláire chun teanga na mBundúchasach a fhoghlaim* (Aireacht Oideachais British Columbia, 2004, aistriúchán). Sa churaclam nua atá ag British Columbia, comhtháthaítear réimsí de theanga agus cultúr na mBundúchasach go hiomlán nuair is cuí (féach tuilleadh eolais ar an gcuraclam nua i Roinn 3).

I gcás nach bhfuil aon churaclam i bhfeidhm do theanga (teanga idirnáisiúnta nó teanga Bhundúchasach) a bhfuil éileamh uirthi laistigh de cheantar scoile, is féidir teacht ar phaca chun **teimpléad teanga** a fhorbairt ar shuíomh gréasáin Aireacht Oideachais BC. Soláthraítear sa phaca sin teimpléad chun *curaclam nua oideachais teanga a fhorbairt, agus chun sainiú a dhéanamh ar an méid a bhfuiltear ag súil leis i gclár a fhorbraítear go háitiúil agus a chuirfear faoi bhráid údaráis na gcúigí lena bhformheas* (Aireacht Oideachais British Columbia, 2019, aistriúchán). Nuair a bhíonn siad formheasta, cuirtear curaclaim nua theanga nua ar fáil ar shuíomh gréasáin na hAireachta Oideachais sa chaoi is gur féidir le ceantair eile teacht orthu.


I measc na gcuraclam breise i gcomhair teangacha idirnáisiúnta a bhí ar fáil lena n-úsáid ón bpróiseas sin bhí **Araibis, Cróitis, Iodáilis, Cóiréis agus Rúisis**. Bhí 17 dteanga dhúchasacha ar nós na Sahaipmictsinise agus na Héiltsicise ar fáil freisin.

Curaclam nua in British Columbia

Tá an curaclam in British Columbia á athbhreithniú faoi láthair. Cuireadh chun feidhme an curaclam do Náiscoileanna go Céim 9 (N-9) in 2016/17 tar éis próiseas trialach agus comhairliúcháin a mhair trí bliana. Cuireadh chun feidhme an curaclam do Ghráid 10-12 in 2018/19 agus tá an curaclam

lánroghnach fós do Ghráid 11-12—féadfar úsáid thrialach a bhaint as. Tabharfar chun críche an obair dheiridh ar an gcuraclam do Ghrád 11 agus Grád 12 faoi 2019/20 agus cuirfear chun feidhme é.

Tá an curaclam bunaithe ar shamhail churaclaim ‘Eolas-Gníomh-Tuiscint’ (féach Fíor 3.2) lena dtacaítear le *cur chuige foghlama atá bunaithe ar choincheapa agus ar inniúlacht* (Aireacht Oideachais British Columbia, 2015: 3, aistriúchán). Freagraíonn ‘Eolas’ d’ábhar an churaclaim, freagraíonn ‘Gníomh’ d’inniúlachtaí an churaclaim agus freagraíonn ‘Tuiscint’ do na Smaointe Móra a leagtar amach sa churaclam.



Fíor 3.2 Samhail Churaclaim ‘Eolas-Gníomh-Tuiscint’ (Aireacht Oideachais British Columbia, 2015: 3, aistriúchán)

Is iad seo a leanas réimsí agus ábhair an churaclaim nua:

- Dearadh, Scileanna agus Teicneolaíochtaí Feidhmeacha
- Oideachas sna hEalaíona
- Oideachas Gairme
- Ealaíona an Bhéarla
- Français Langue Premiere
- Ealaíona na Fraincise – Tumoideachas
- Teangacha
- Matamaitic
- Corpoideachas agus Oideachas Sláinte
- Eolaíocht
- Staidéar Sóisialta
- Réimsí Breise (Taithí Oibre agus Obair Óige sna Ceirdeanna)

Tá gnéithe de theanga agus de chultúr na mBundúchasach leabaithe ar fud na n-ábhar go léir sa churaclam nua agus tá siad le sonrú sna ráitis réasúnaíochta, sna spriocanna, sna caighdeáin foghlama, agus i roinnt de na mionléirithe (Aireacht Oideachais British Columbia, 2015: 8, aistriúchán). Freagraíonn tagairtí do ‘Daoine Dúchasacha’ ar fud curaclam do ghnéithe den fhoghlaim i dteanga agus i gcultúr na mBundúchasach.

I Roinn 3 thíos, déantar scrúdú ar an gcuraclam nua i gcomhair dara teangacha.

Beartais teanga agus an spreagadh náisiúnta i leith teangacha

Cén fáth ar roghnaigh an dlínse an tríú teanga a chur san áireamh (réasúnaíocht, cuspóirí beartais)?

Cén bhliain inar tharla sé sin?

Tá plé ar bun le fada an lá i gCeanada maidir le teangacha agus foghlaim teanga, i dtír ina labhraítear Béarla, Fraincis, teangacha dúchasacha agus teangacha de chuid na n-inimirceach.

Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (1969, 1988) (Rialtas Cheanada, 2019) tugadh stádas comhionann don Fhraincis agus don Bhéarla. Ainmnítear teangacha dúchasacha mar theangacha náisiúnta i gcríocha áirithe i gCeanada agus is féidir a stádas a chur chun cinn a thuilleadh faoin acht nua, an tAcht um Meas ar Theangacha Dúchasacha, a bheidh á achtú ag an rialtas sna míonna amach romhainn. Tá teangacha na n-inimirceach le feiceáil cheana féin i liosta na n-ábhar teanga a bhfuil curaclam bunaithe ina leith in British Columbia (e.g. Puinseáibis agus Mandairínis). Is ábhar éigeantach é an dara teanga (Fraincis nó nuatheanga, ag brath ar theanga theagaisc na scoile) do Ghrád 5 go Grád 8 (aois 10-13).

Teagasc agus foghlaim: An nuatheanga ar leibhéal na bunscoile

Na sonraí go léir sna ranna seo a leanas, is leis an gcuraclam nua in British Columbia a bhaineann siad. Cuireadh chun feidhme an curaclam nua do Ghrád 5 go Grád 8 in 2016/17.

Aidhmeanna agus struchtúr an churaclaim

Cad iad na haidhmeanna curaclaim i leith an tríú teanga?

Cén chaoi a gcuirtear an curaclam i láthair don tríú teanga seo—leibhéil sainiúlachta; struchtúr—snáitheanna; torthaí/cuspóirí foghlama?

Is astu féin a leagtar amach spriocanna agus réasúnaíocht gach curaclaim foghlama teanga, ach comhfhreagraíonn siad dá chéile. Baineadh leas as an gcuraclam Gearmáinise i gcomhair na sonraí thíos. Seiceáladh an curaclam i gcomhair an Bhunchláir Fraincise freisin lena chinntiú go bhfuil na sonraí sa dá churaclam ag teacht le chéile.

Seo a leanas na spriocanna a leagadh amach i leith fhoghlaim na Gearmáinise:

- foghlaimeoirí a bheith á gcur féin in iúl i nGearmáinis
- cumarsáid a dhéanamh go diongbháilte, muiníneach i nGearmáinis
- iniúchadh a dhéanamh ar théacsanna éagsúla Gearmáinise
- teacht ar an tuiscint go mbíonn teanga agus cultúr fite fuaite lena chéile
- cur le tuiscint agus meas na scoláirí ar chultúir eile
- cur le tuiscint na scoláirí ar a gcéad teanga nó a gcéad teangacha agus ar a bhféiniúlacht chultúrtha
- teacht ar thuiscint ar na deiseanna oideachais, taistil agus gairme a ghabhann le teanga bhreise a shealbhú
- na buntáistí a bhaineann le foghlaim teanga a aithint.

(Aireacht Oideachais British Columbia, 2019a).


Spreagann na curaclaim theanga **dearcadh idirnasctha** ar ghnéithe na foghlama teanga, seachas gach gné a bheith á foghlaim aisti féin. Is iad na gnéithe foghlama teanga dá dtagraítear ná (1) Léitheoireacht, scríbhneoireacht, éisteacht, labhairt, agus idirghníomhú, (2) Gramadach, (3) Cultúr agus (4) Straitéisí foghlama teanga.

Tá trí cinn **de phríomhinniúlachtaí** a bhfuil feidhm acu ar fud na ndoiciméad curaclaim go léir sa churaclam nua. Is iadsan (1) Cumarsáid, (2) Smaointeoireacht, agus (3) Gnéithe Pearsanta agus Sóisialta.

Cuimsítear sa tuairisc ar theangacha (agus réimsí ábhair eile) sa churaclam (1) Smaointe Móra, (2) Inniúlachtaí Curaclaim, (3) Ábhar, agus (4) Mionsaothruithe.

Is ionann **smaointe móra** agus *teoiricí ginearálta agus prionsabail a aimsítear trí ghabháil d'Ábhar agus Inniúlachtaí an Churaclaim...* Is iad na Smaointe Móra sa churaclam an *splanc thuisceana* nó an *splanc fiosracha* (Aireacht Oideachais British Columbia, 2018) is cúis le foghlaim níos doimhne. Téitear chun cinn leis na smaointe móra ó ghrád amháin go dtí an chéad cheann eile, de réir mar a chuirtear le tuiscint agus eolas na scoláirí.

Déantar **Inniúlachtaí Curaclaim** a ghrúpáil faoi cheanteidil na bpríomhinniúlachtaí agus déantar cur síos leo ar *an méid ba cheart do na scoláirí a bheith ábalta a dhéanamh leis an eolas atá acu ar ábhar* (Aireacht Oideachais British Columbia, 2018). Arís eile, agus na scoláirí ag dul chun cinn ó ghrád go grád, déantar dul chun cinn maidir le scóip agus doimhne na n-inniúlachtaí curaclaim, fearacht na smaointe móra. Déantar cur síos ar an eolas ar an **ábhar** taobh leis na hinniúlachtaí. I bhFíor 3.3 thíos, tugtar sliocht as curaclam dara teanga na Gearmáinise, ina léirítear liosta na n-inniúlachtaí curaclaim agus idirghníomhú na ngnéithe curaclaim a ndéantar cur síos orthu.



Area of Learning: SECOND LANGUAGES — German

Grade 7

BIG IDEAS

Listening and viewing with intent helps us understand an increasing variety of messages.

We can explore identity and place through increased understanding of a new language.

Reciprocal interactions help us understand and acquire language.

Stories help us to acquire language and **understand the world** around us.

Knowing about diverse communities helps us develop cultural awareness.

Learning Standards

Curricular Competencies	Content
<p><i>Students are expected to be able to do the following:</i></p> <p>Thinking and communicating</p> <ul style="list-style-type: none"> • Recognize the relationships between German letter patterns and pronunciation • Comprehend key information and supporting details in slow, clear speech and other texts • Comprehend meaning in stories • Use language-learning strategies to increase understanding • Use intonation and tone effectively to convey meaning • Follow instructions to complete a task and respond to questions • Seek clarification of meaning using a variety of statements and questions • Exchange ideas and information, both orally and in writing • Share information using the presentation format best suited to their own and others' diverse abilities <p>Personal and social awareness</p> <ul style="list-style-type: none"> • Identify, share, and compare linguistic and cultural information about German communities • Examine personal, shared, and others' experiences, perspectives, and worldviews through a cultural lens • Recognize First Peoples perspectives and knowledge; other ways of knowing, and local cultural knowledge 	<p><i>Students are expected to know the following:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • German letter patterns • German declension • gender, case, and number • common, high frequency vocabulary, sentence structures, and expressions, including: <ul style="list-style-type: none"> – types of questions – descriptions of people – instructions and comparisons • First Peoples perspectives connecting language and culture, including oral histories, identity, and place • cultural aspects of German communities • common elements of stories • German communities around the world • German works of art

March 2018

www.curriculum.gov.bc.ca

© Province of British Columbia • 7

Fíor 3.3 Sliocht as Curaclam Dara Teanga na Gearmáinise do Ghrád 7 (Aireacht Oideachais British Columbia, 2018, aistriúchán)

Tugtar **mionsaothruithe** chun cur le sonraí na n-inniúlachtaí agus an ábhair churaclaim trí shainmhínte agus samplaí a chur leo. Ní liosta uileghabhálach iad den ábhar go léir atá le clúdach.

Aithnítear sna curaclaim theanga go gcothaítear scileanna in-aistrithe agus cumas teanga i dtaobh na foghlama go léir, teangacha eile ina measc, de bharr foghlaim teanga. Seo a leanas an liosta scileanna sin:

- feabhas ar an bhforbairt chognaíoch fhoriomlán agus ar an smaointeoireacht chruthaitheach
- forbairt feasachta agus tuisceana cultúrtha

- tuiscint níos doimhne a bheith ag na scoláirí ar a bhféiniúlacht féin
- tuiscint níos fearr a bheith ag na scoláirí ar a gcéad teanga
- straitéisí foghlama teanga is féidir a aistriú go teangacha eile.

(Aireacht Oideachais British Columbia, 2018).

Comhtháthú teanga

Cén chaoi a bhfuil an teanga comhtháite i gcuraclam na bunscoile? (e.g., múintear í mar ábhar ar leithligh ar an tráthchlár; mar chuid de réimse leathan teangacha; FCÁT, gníomhaíocht sheach-churaclaim; teaghlaim díobhsan)?

Cá mhéad uair an chloig a chaitear léi in aghaidh na seachtaine? Agus conas a áirítear na huaireanta sin i dtráthchlár na scoile (cén t-ábhar a fhágtar ar lár sa chaoi is go mbeidh am ar fáil don teanga)?

Múintear teanga i rith an lae scoile. Is múinteoir ginearálta a mhúineann de ghnáth í, ach uaireanta is sainmhúinteoir a bhíonn i gceist. Leagtar béim sa churaclam ar an tábhacht a bhaineann leis an sprioctheanga a úsáid mar theanga theagaisc.

Tugtar ar aird i gcuraclaim theanga gur féidir le scoláirí an dara teanga a fhoghlaim ina lán comhthéacsanna scoile éagsúla. Sa churaclam i gcomhair an Bhunchláir Fraincise, déantar cur síos ar **an éagsúlacht a bheidh i gceist ó scoil go scoil** i dtaobh an mhéid ama a chaithfear ar an mbunchlár Fraincise sna comhthéacsanna éagsúla sin.

Thuairiscigh Carr (2007) gurb é 40 nóiméad in aghaidh an lae an méid ama a mholtar sa Staidéar Náisiúnta um an mBunchlár Fraincise. Ní raibh ar chumas British Columbia an méid ama sin a chur ar fáil. Ina ionad sin, thuairiscigh múinteoirí go raibh méideanna éagsúla ama á gcaitheamh ar an mBunchlár Fraincise, ó 80 nóiméad in aghaidh na seachtaine i nGrád 5 go Grád 7 agus 185 nóiméad in aghaidh na seachtaine i nGrád 8 (Carr, 2007: 10, aistriúchán). Molann Carr (2007) gurb é 100 nóiméad an méid ama is fearr i nGráid 5 go 7, agus 185 nóiméad i nGrád 8, chun inniúlacht den scoth a bhaint amach sa Bhunchlár Fraincise.

An múinteoir teanga

Cé a mhúineann an teanga iasachta T3? Cén chaoi a dtacaítear leo agus a spreagtar iad chun í a mhúineadh? (i.e. an bhfuil múinteoirí oilte sa scoil nó an dtugann an scoil múinteoirí seachtracha isteach)?

Cén cineál oiliúna a chuirtear ar fáil? An ndéantar an oiliúint trí mheán Oiliúint Tosaigh Múinteoirí nó trí Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach, nó an dá rud?

Na comhthéacsanna éagsúla a bhíonn ag na scoileanna a bhfuil cur síos orthu sa churaclam, is léargas iad ar an gcaoi ar féidir leis an múinteoir a bheith aon áit sa raon *ó mhúinteoirí ginearálta ag tús na gairme go sainmhúinteoirí a bhfuil an-taithí acu ar an ngairm* (Aireacht Oideachais British Columbia, 2018, aistriúchán). Sa roinn faoi Chomhthéacsanna Éagsúla, déantar cur síos ar an gcuraclam a bheith solúbtha go leor chun freastal ar gach leibhéal foghlama teanga, beag beann ar chumas an mhúinteora.

Thug Carr (2007) ar aird gur mhinic a bhíonn cúrsa roghnach teanga ag coláistí a chuireann oiliúint tosaigh ar mhúinteoirí. Thuairiscigh múinteoirí faoi oiliúint, áfach, go raibh an tráthchlár ró-phlódaithe i gcomhair ranganna roghnacha (Carr, 2007). D'fhág sé sin, i gcás fhormhór na múinteoirí faoi oiliúint, gur bhaineadar céim amach gan

oiliúint speisialaithe i modheolaíocht an dara teanga... mar sin, a lán de na múinteoirí faoi oiliúint, a raibh Fraincis ar leibhéal Ghrád 11 nó níos ísle acu, cháiligh siad mar mhúinteoirí ginearálta a raibh obair chúrsa i ndáil le modhanna déanta acu i ngach réimse ábhair seachas an Fhraincis. (Carr, 2007: 6, aistriúchán)

Leanúnachas teanga ón mbunscoil chuig an meánscoil

Cén chaoi a ndéantar droichid, más ann dóibh, idir teangacha a mhúintear sa bhunscoil agus teangacha a mhúintear ar an dara leibhéal (e.g., cad a tharlaíonn mura bhfuil an teanga céanna sin á mhúineadh san iar-bhunscoil áitiúil?)

Leagtar amach sa Bheartas Oideachais Teanga na Ceanglais i dtaobh Dara Teanga do Ghrád 5 go Grád 8 agus sonraítear ann *gur cheart do Bhoird Oideachais féachaint leis na dara teangacha céanna a chur*

ar fáil lena chinntiú go mbeidh leanúnachas teagaisc sa teanga chéanna ag na scoláirí i nGrád 5 go Grád 8 (Aireacht Oideachais British Columbia, 2004).

Measúnú teanga

Cad a dhéantar a mheas sa churaclam teanga iasachta T3 agus conas a dhéantar é sin?

Ós rud é go bhfuil an curaclam nua fós á fhorbairt, tá roinnt réimsí de na treoirlínte measúnaithe atá neamhiomlán go fóill. Níl sonraí sonracha le haghaidh dara teangacha ar fáil. Mar sin féin, tugtar sonraí thíos faoin gcreat measúnaithe atá ag teacht chun cinn (agus pacaí acmhainní measúnaithe le haghaidh an dara teanga fós ag teastáil), mar aon leis na caighdeáin feidhmíochta roghnacha (don Bhéarla, don Fhraincis do chainteoirí Fraincise agus don Fhraincis i gcomhthéacs Tumoideachais) a forbraíodh ar bhonn an churaclaim atá ann cheana.

Measúnú sa Seomra Ranga

Tá creat nua á fhorbairt don mheasúnú sa seomra ranga. Díritear sa chreat ar **na hInniúlachtaí Curaclaim** a úsáid mar bhonn measúnaithe. Go dtí seo, tá pacaí acmhainní don mheasúnú sa seomra ranga ullmhaithe i gcomhair Ealaíona an Bhéarla, na Matamaitice, na hEolaíochta agus Staidéar Sóisialta. Tá tuilleadh oibre le déanamh chun pacaí acmhainní measúnaithe a fhorbairt i gcomhair réimsí eile den churaclam, lena n-áirítear teangacha.

Leagtar amach sa chreat measúnaithe conas is féidir úsáid a bhaint as na hinniúlachtaí curaclaim, taobh le cúig chatagóir **critéar traschuraclaim** a roghnaíonn an múinteoir (e.g. ceistiú, anailísiú nó machnamh) agus **critéir** a bhaineann go sonracha le hábhair, chun breithiúnais a dhéanamh ar leibhéal chumais na scoláirí.

Criteria category	Criteria		
	Science: K	Science: Grades 3-4	Science: Grades 7-8
Questioning	<ul style="list-style-type: none"> Makes observations about objects and events in familiar contexts Uses observations and curiosity to form questions 	<ul style="list-style-type: none"> Makes and records observations about objects and events in familiar contexts Asks questions about observations that can be investigated Makes predictions based on prior knowledge 	<ul style="list-style-type: none"> Makes and records accurate and precise observations Asks questions about their observations that lead to a scientific inquiry Makes predictions about their scientific inquiries Formulates a hypothesis
Procedures and Evidence	<ul style="list-style-type: none"> Safely uses materials Gathers simple data 	<ul style="list-style-type: none"> Suggests ways to plan and safely conduct an investigation Collects, sorts, and classifies simple data Recognizes that data comes from multiple sources 	<ul style="list-style-type: none"> Chooses appropriate methods and materials to safely conduct their own inquiry Measures and controls variables Accurately collects and records data using a variety of tools Finds and uses data from multiple sources
Analysis	<ul style="list-style-type: none"> Represents simple data in a variety of ways Discusses observations 	<ul style="list-style-type: none"> Represents patterns and relationships in data using given methods (e.g., table, graph) Uses data to infer the relationship between predictions and results Reflects on evidence to determine whether an investigation was a fair test 	<ul style="list-style-type: none"> Identifies and represents patterns and relationships in data in a variety of ways Uses data to support conclusions Identifies possible sources of error and refines investigation methods Identifies bias and assumptions in primary and secondary sources
Ethics		<ul style="list-style-type: none"> Considers ethical responsibilities when 	<ul style="list-style-type: none"> Evaluates social, ethical, and environmental

Fíor 3.4 Critéir Shamplacha ón Eolaíocht (Aireacht Oideachais British Columbia, 2019b: 9, aistriúchán)

Nuair a bheidh na catagóirí agus na critéir churaclaim leagtha síos don ábhar, is féidir úsáid a bhaint astu chun measúnuithe éagsúla a dhéanamh.

Caighdeáin Feidhmíochta don Bhéarla, don Fhraincis i gcomhair Cainteoirí Fraincise agus don Fhraincis i gcomhthéacs Tumoideachais D'fhorbair British Columbia **Caighdeáin Feidhmíochta** roghnacha don Léitheoireacht agus don Scríbhneoireacht (i measc príomhréimsí eile) i leith an Bhéarla, na Fraincise do Chainteoirí Fraincise agus na Fraincise i gcomhthéacs Tumoideachais. Níl siadsan tugtha cothrom le dáta go fóill chun teacht leis an gcuraclam nua. Leis na caighdeáin, tugtar breac-chuntas ar an gcaoi a gcuirtear síos sa churaclam agus sna caighdeáin feidhmíochta, le chéile, ar an méid a mbítear ag súil leis a bheidh ar eolas ag na scoláirí agus na leibhéal ba chóir dóibh a bhaint amach (Aireacht Oideachais British Columbia, 2009: 10, aistriúchán).

Déantar cur síos sna Caighdeáin Feidhmíochta ar leibhéal ghnóthachtála i bpríomhréimsí foghlama (Aireacht Oideachais British Columbia, 2009: 10, aistriúchán). Leagtar amach sna treoirínte maidir le caighdeáin feidhmíochta conas is féidir iad a úsáid i Measúnú chun Foghlama (measúnú foirmitheach),

Measúnú mar Mhodh Foghlama (féinmheasúnú) agus Measúnú ar an bhFoghlaim (measúnú suimitheach), agus sa phleanáil (Aireacht Oideachais British Columbia, 2009).

Tá siad eagraithe ina gceithre leibhéal feidhmíochta ar bhonn na dtorthaí foghlama sna príomhréimsí fócais. Is iad na **ceithre leibhéal** ná (a) Níltear ag teacht leis na hionchais go fóill, (b) Ag teacht leis na hionchais (leibhéal íosta), (c) Ag teacht go hiomlán leis na hionchais agus (d) Thar barr (Aireacht Oideachais British Columbia, 2009). Tugtar liosta **gnéithe** foghlama sna sainchaighdeáin feidhmíochta (e.g. Léitheoireacht Béarla) taobh leis na ceithre leibhéal, i dtábla greille. Mar shampla, gnéithe le haghaidh na léitheoireachta Béarla is ea (a) Straitéisí, (b) Tuiscint, agus (c) Freagra agus Anailís. Taispeántar i bhFíor 3.4 thíos sliocht as Caighdeáin Feidhmíochta don Léitheoireacht Béarla i gcomhair Ghrád 7.

Aspect	Not Yet Within Expectations	Meets Expectations (Minimal Level)	Fully Meets Expectations	Exceeds Expectations
SNAPSHOT	<i>With support, the student is able to read simple, direct, and short fiction and poetry, but may be unable to finish all parts of an assigned task.</i>	<i>The student is able to read generally straight-forward fiction and poetry, but may have difficulty completing longer selections and tasks. Work may lack detail.</i>	<i>The student is able to read generally straight-forward fiction and poetry and complete assigned tasks. Work is accurate and complete.</i>	<i>The student is able to read fiction and poetry that feature complex ideas and language. The student's work is precise, thorough, and insightful, and often exceeds requirements.</i>
STRATEGIES • check understanding • word skills • knowledge of genres • figurative language	<ul style="list-style-type: none"> • unable to identify problems • tries to sound-out new words • unaware of the features of various genres • has difficulty with figurative or abstract language 	<ul style="list-style-type: none"> • may need prompting to check understanding or adjust strategies • relies on sounding-out and context for new words • with prompting, uses knowledge of familiar genres to predict or confirm meaning • may not recognize figurative language 	<ul style="list-style-type: none"> • checks for understanding; adjusts strategies • uses a variety of strategies for new words • uses knowledge of familiar genres to predict or confirm meaning • recognizes and tries to interpret figurative language 	<ul style="list-style-type: none"> • evaluates own understanding; chooses strategies effectively • uses a variety of strategies for new words; efficient • uses knowledge of a variety of genres to predict, confirm, or interpret meaning • interprets figurative language
COMPREHENSION • story elements • predictions • inferences • details • theme	<ul style="list-style-type: none"> • Identifies some main characters and events • predictions and inferences may be illogical or unsupported • may offer inaccurate or irrelevant details in responses • does not interpret themes logically 	<ul style="list-style-type: none"> • describes setting, main characters, and events • makes some simple predictions and inferences; gives evidence when asked • identifies relevant details in responses; may omit some • interprets simple themes 	<ul style="list-style-type: none"> • describes story elements in own words; explains some relationships • makes logical predictions and inferences; when asked, can provide specific evidence • identifies relevant details in responses • interprets obvious themes 	<ul style="list-style-type: none"> • describes story elements in detail; explains relationships • makes insightful predictions and inferences, supported by specific evidence • identifies precise details in responses • interprets complex or subtle themes
RESPONSE AND ANALYSIS	• makes simple, obvious connections to self	• makes obvious connections to self or	• makes and supports logical connections to	• makes and supports logical connections

Fíor 3.4 Mearscála Samplach na gCaighdeán Feidhmíochta don Léitheoireacht Béarla i gcomhair Ghrád 7 (Aireacht Oideachais British Columbia, 2009: 209, aistriúchán)

Nóta: Is leagan giorraithe de na scálaí iad na *Mearscálaí*. Déantar cur síos ar *Scála Grádúcháin* níos mionsonraithe freisin sna caighdeáin feidhmíochta.

Riachtanais Speisialta (Oideachais)

Tá treoirínte British Columbia um Riachtanais Speisialta leagtha amach ar an leibhéal cónaidhme i ndoiciméad dar teideal *Special Education Services: A Manual of Policies, Procedures and Guidelines* (Aireacht Oideachais British Columbia, 2016a). Is iad na boird scoile áitiúla atá freagrach as na treoirínte sin a úsáid ar bhealach cuí ar an leibhéal áitiúil agus as a mbeartais agus nósanna imeachta áitiúla féin a chur le chéile.

Bíonn feidhm ag seirbhísí oideachais speisialta maidir le páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, atá tréitheach, a bhfuil riachtanais iompraíochta acu, a bhíonn ag brath ar dhaoine eile ó thaobh riachtanais fhisiciúla nó atá faoi mhíchumas fisiciúil, a bhfuil lagú amhairc nó lagú éisteachta orthu, nó a bhfuil Neamhord Speictrim Uathachais orthu.

Bítear ag súil leis, i gcás scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta acu, go mbainfidh siad amach *formhór torthaí an churaclaim cúige, nó na torthaí go léir, le saintacaíocht* (Aireacht Oideachais British Columbia, 2016a: 3, aistriúchán). Sa chás ina dteastaíonn tacaíocht ó pháistí chun na torthaí foghlama sin a bhaint amach, ní mór an clár a oiriúnú agus/nó a mhodhnú (Aireacht Oideachais British Columbia, 2016a: 3/4). Leagtar síos na hoiriúnuithe agus na modhnuithe sin i bPleananna Oideachais don Scoláire Aonair.

Mar atá amhlaidh sa Bhreatain Bheag, nuair a bhíonn páistí a bhfuil cúlraí cultúrtha agus teangeolaíochta difriúla á mbreithniú acu, moltar d'údaráis machnamh a dhéanamh ar riachtanais chultúrtha agus teanga an pháiste ar dtús agus ar a dtionchar ar an bhfoghlaim, *sula nglacfaidh siad leis go bhfuil an páiste faoi mhíchumas nó go bhfuil lagú air nó uirthi* (Aireacht Oideachais British Columbia, 2016a: 21, aistriúchán). Moltar go dtabharfaí dóthain ama do pháistí chun an dara teanga a fhoghlaim agus dul in oiriúint don cheantar nua. Sa chás ina bhfuil riachtanais speisialta ag páistí a bhfuil Béarla acu mar dhara teanga, moltar do mhúinteoirí:

- *teagmháil a dhéanamh leis na tuismitheoirí maidir le dul chun cinn an scoláire agus plé a dhéanamh faoi na cúinsí a d'fhéadfadh a bheith ag dul i bhfeidhm ar an bhfoghlaim. Tá sé tábhachtach a fháil amach cén cúlra forbartha agus oideachais atá ag an scoláire, agus cé na tuiscintí agus na hionchais atá ag na tuismitheoirí maidir le scolaíocht.*
- *(nuair is bacainn í an teanga) leas a bhaint as ateangaire chun cumarsáid a dhéanamh leis an tuismitheoir nó leis an scoláire, chun cuidiú le cruinnithe, measúnuithe agus seisiúin phleanála. Ba chóir gur duine fásta é nó í an t-ateangaire, atá eolach ar theanga agus ar chultúr na dtuismitheoirí agus an scoláire.*

- *a iarraidh go ndéanfar tástáil ar amharc agus éisteacht an scoláire, agus, más cuí, go ndéanfar scrúdú dochtúra. Ba chóir scrúdaitheoirí a chur ar an airdeall maidir le cúinsí cultúrtha, teanga nó taithí.*
- *a bheith eolach ar chúinsí cultúrtha a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an ngaol idir an múinteoir agus na tuismitheoirí, ar na hionchais forbartha agus oideachais agus ar bharúlacha na dtuismitheoirí faoi riachtanais speisialta, agus a bheith tuisceanach fúthu.*

(Aireacht Oideachais British Columbia, 2016a: 21/22, aistriúchán)

Féadfar sainbhaill foirne agus múinteoirí cúnata a fhostú nuair is gá sin ionas gur féidir le páistí a bhfuil riachtanais speisialta acu fanacht sa scoil phríomhshrutha. Tá acmhainní eile ar fáil do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu de réir mar is gá, lena n-áirítear maoiniú don *Oideachas Bundúchasach agus don Bhéarla mar Dara Teanga*, nó do chlárú i gcláir Foghlama Leictreonaí Dáilte (Aireacht Oideachais British Columbia, 2016a: 139).

Ní luaitear tagairtí sonracha do nuatheangacha nó d'ábhair ar leith sna treoirlínte atá sa doiciméad faoi sheirbhísí oideachais speisialta, ach glactar leis, mar is amhlaidh i gcás na Breataine Bige, go dtabharfar tacaíocht do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an gcuraclam a mhéid is féidir leo, agus go ndéanfar oiriúnuithe agus modhnuithe chuige sin. Sa chás ina dteastaíonn cláir oideachais níos pearsanta ó pháistí, b'fhéidir nach bhféadfaidís nuatheanga a fhoghlaim.

4. An Fhionlainn

Beartas agus comhthéacs

Comhthéacs teanga

Dhá theanga oifigiúla atá ag an bhFionlainn—Fionlainnis agus Sualainnis. Déantar foráil san Acht Teanga (An Aireacht Dlí agus Chirt, 2003) do chearta teanga na saoránach. Labhraíonn thart ar 87.9% den daonra Fionlainnis mar chéad teanga agus labhraíonn 5.2% Sualainnis mar chéad teanga (Staidreamh Fhionlainne, 2018). Is teanga dhúchasach í an tSáimis a labhraítear sa Laplainn; tá sí ag thart timpeall is 0.036% den daonra (1,992 duine) (Staidreamh Fhionlainne, 2018).

Tá 19 réigiún san Fhionlainn, agus tá siadsan roinnte ina 311 bardasacht. Rialaíonn comhairle réigiúnach gach réigiún. Is ar bhonn na mbardasachtaí a sainítear limistéir theanga (An Aireacht Dlí agus Chirt, 2003). Aon teanga amháin atá i gcuid acu (Fionlainnis nó Sualainnis) agus tá cinn eile dátheangach. Déantar foráil faoin Acht Teanga maidir le seirbhísí stáit a sholáthar i bhFionlainnis agus i Sualainnis. Ní mór seirbhísí réigiúnacha dátheangacha a sholáthar freisin i mbardasachtaí dátheangacha. I gcás bardasachtaí aonteangacha, soláthraítear seirbhísí i dteanga an limistéir.

I measc na dteangacha eile a labhraítear san Fhionlainn tá Rúisis, Eastóinis, Araibis agus Somáilis. Is féidir le scoileanna iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú chun oideachas a chur ar fáil trí theanga imirceach scoláire (Gníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2017: 8).

Leagtar tábhacht mhór ar inniúlacht teanga agus ar an ilteangachas san Fhionlainn, áit a dtugtar *cúlchiste náisiúnta teanga* ar an ilteangachas (An Aireacht Oideachais agus Chultúir, 2017: 6, aistriúchán). Léirítear i bhFíor 4.1 céatadán na saoránach, de réir aoisghrúpa, a labhraíonn teanga amháin, dhá cheann, trí cinn nó ceithre cinn. Is é an cion saoránach, i ngach aoisghrúpa ar an liosta, a bhfuil dhá theanga nó níos mó acu ná 86%, 84%, 80%, 77% agus 62% faoi seach. Ar fud na n-aoisghrúpaí, tá ceithre theanga nó níos mó ag 19% de na saoránaigh ar an meán (Staidreamh Fhionlainne, 2017).

	Knows languages	Number of known languages (share of the population)				Does not know	Total	
		1 language	2 language	3 language	At least 4 languages		%	N
	%	%	%	%	%	%	N	
Age								
18–24	97	11	42	26	18	3	100	463 250
25–34	97	13	36	26	22	3	100	699 460
35–44	96	16	31	29	20	4	100	663 695
45–54	92	15	32	27	18	8	100	724 870
55–64	83	18	26	22	17	17	100	739 770

Fíor 4.1 Eolas ar theangacha iasachta agus líon na dteangacha atá ag duine in 2017 (daonra 18 go 64 bliain d'aois) (Staidreamh Fhionlainne, 2017, aistriúchán)

Teangacha scolaíochta

Cé na teangacha iasachta a mhúintear ina gcuraclam bun scoile (suas go dtí 12/13 bliana d'aois)?

I gcás gach teanga, cuir in iúl cé acu T1, T2 agus T3 (teangacha na scoile).

An bhfuil na teangacha go léir éigeantach? An bhfuil rogha ann? Má tá, an dtugtar paraiméadair threoracha?

Tá éagsúlacht éigin i measc scoileanna i gceist maidir le conas, cathain, agus a mhéid a thugtar teangacha iasachta isteach agus a mhúintear iad do dhaltaí i gcóras oideachais bhunúsach na Fionlainne. (An Aireacht Oideachais agus Chultúir, 2017, aistriúchán).

An Croíchuraclam Náisiúnta um Oideachas Bunúsach (2014)

Faoin tionscnamh um Athchóiriú an Churaclaim 2016, rinneadh athbhreithniú in 2014 ar chroíchuraclam na Fionlainne don réamhoideachas agus don oideachas bunúsach. Tagraíonn bunoidreachas do Ghráid 1-9 agus cuimsítear leis bunoidreachas agus iar-bhunoideachas sóisearach.

Tar éis 2014, cuireadh de chúram ar údarais oideachais áitiúla sna bardasachtaí curaclaim áitiúla a fhorbairt a bhí bunaithe ar an gcroíchuraclam nua (Halinen, Harmanen agus Mattila, 2015). Fágfar faoi na húdarais áitiúla agus na scoileanna féin é, cuid mhaith, conas a bhainfidh siad leas as an gcroíchuraclam mar bhunús chun curaclaim áitiúla a fhorbairt agus a shaincheapadh. *Is é feidhm is mó an churaclaim go mbíonn uirlisí ar fáil ann do mhúinteoirí agus do phobail scoile chun cleachtas oideachais a bhunú agus a athnuachan* (Vitikka, Krokfors agus Hurmerinta, 2012: 88, aistriúchán).

Cuireadh chun feidhme na curaclaim áitiúla nua i scoileanna do Ghráid 1-6 ó fhómhar na bliana 2016, agus ansin do Ghrád 7 in 2017, do Ghrád 8 in 2018 agus do Ghrád 9 in 2019.

Tá tábhacht leis an bhformáid churaclaim ag an gcéim seo den phlé mar gur féidir le húdaráis áitiúla oideachais aon T2 agus/nó teanga iasachta a chur leis an gcuraclam áitiúil chomh fada agus go leantar na treoirlínte atá leagtha amach sa chroíchuraclam bunúsach. Tugtar sonraí faoi na roghanna áitiúla maidir le teanga bhreise sna ranna ina dhiaidh seo.

Córas Scoile na Fionlainne

Seo a leanas struchtúr chóras scoile na Fionlainne:

	Grád	Aois	Fad ama (Blianta)
Oideachas agus Cúram Luath-Óige	-	0-5	0-5
Oideachas Réamh-Bhunscoile	-	6	1
Oideachas Bunúsach: Scoileanna Cuimsitheacha (Oideachas Bunscoile agus Iar-Bhunoideachas Sóisearach)	1-9	7-16	9
Bliain bhreise oideachais bhunúsaigh, agus í roghnach	-		1
Scrúdú Máithreánach – Meánscoileanna Sinsearach Ginearálta	-		3
Nó			

Gairmcháilíochtaí – Institiúidí Gairmoideachais

Tábla 4.1 Córas scoile na Fionlainne (Tiomsaithe ó Ghníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2017: 3)

Tá sé de cheart ag gach saoránach san Fhionlainn **gabháil don oideachas trí mheán na Fionlainnise, na Sualainnise, na Sáimise, na Roimise nó na teanga comharthaíochta** (Folktinget, 2019; An Aireacht Dlí agus Chirt, 2003). Tá an chuid is mó den oideachas trí mheán na Sualainnise i réigiún féinrialaitheach Åland³, ina labhraíonn níos mó ná 90% den daonra an tSualainnis mar chéad teanga. Is *i gceantair den Laplainn ina labhraítear an tSáimis* atá oideachas trí mheán na Sáimise ar fáil den chuid is mó (Gníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2017, aistriúchán). Tacaíonn an croíchuraclam freisin le deiseanna oideachais do mhionteangacha eile trí mhaoiniú breise (Gníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2017).

³ Mar gheall gur réigiún féinrialaitheach é Åland, níl feidhm ag reachtaíocht teanga an Achta Teanga.

Tá feidhm ag cearta teanga san oideachas maidir leis *an teanga theagaisc, teanga mar ábhar oideachais agus teanga na scrúduithe* (An Aireacht Dlí agus Chirt, 2003: 2, aistriúchán).

Curaclaim Theanga

Sainítear sa chroíchuraclam bunúsach 12 churaclam ‘máthairtheanga agus litríochta’ dhifriúla lena gclúdaítear Gráid 1-9, mar seo a leanas:

- | | |
|---|--|
| 1. <i>Fionlainnis agus litríocht (T1)</i> | 7. <i>Fionlainnis mar dhara teanga agus litríocht (T2)</i> |
| 2. <i>Sualainnis agus litríocht (T1)</i> | 8. <i>Sualainnis mar dhara teanga agus litríocht (T2)</i> |
| 3. <i>Sáimis agus litríocht (T1)</i> | 9. <i>Fionlainnis (T2) do chainteoirí Sáimise</i> |
| 4. <i>Roimis agus litríocht (T1)</i> | 10. <i>Sualainnis (T2) do chainteoirí Sáimise</i> |
| 5. <i>Teanga chomharthaíochta agus litríocht (T1)</i> | 11. <i>Fionlainnis (T2) d'úsáideoirí na teanga comharthaíochta</i> |
| 6. <i>Máthairtheanga eile an dalta (T1)</i> | 12. <i>Sualainnis (T2) d'úsáideoirí na teanga comharthaíochta</i> |

Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne (2016: 165) (nótaí faoi T1/T2 curtha leis)

Léiríonn ‘máthairtheanga eile an dalta’ (#6 *thuas*) a sholúbtha atá an croíchuraclam bunúsach i dtaobh aon teanga T1 a úsáid ar an leibhéal áitiúil, nuair a roghnaíonn caomhnóir an scoláire í. Sa chás seo, múintear an T1 i rith na n-uaireanta a leagtar amach do ‘máthairtheanga agus litríocht’. De bhreis ar na huaireanta sin, is féidir leas a bhaint as *teagasc arna mhaoiniú ar leithligh i máthairtheanga an dalta* (Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne (2016: 165, aistriúchán).

Tar éis na gcuraclam ‘Máthairtheanga agus litríocht’, tá ceithre churaclam éagsúla ann don teagasc teanga san Fhionlainn—A1, A2, B1 agus B2. Tá dhá cheann díobh, A1 agus B1, éigeantach ar leibhéal éagsúla gráid agus tá dhá cheann eile díobh, A2 agus B2, roghnach, mar a leagtar amach i dTábla 4.2.

Curaclam	Leibhéal	Roghanna (ag brath ar an údarás oideachais áitiúil, agus ar na roghanna teanga atá ar fáil do scoláirí)
A1	Ardleibhéal	Teanga iasachta (Béarla de ghnáth) NÓ Sualainnis/Fionlainnis (an dara teanga náisiúnta) ar leibhéal teanga dúchais
B1	Meánleibhéal	Sualainnis/Fionlainnis (an dara teanga náisiúnta) ar leibhéal teanga dúchais NÓ Teanga iasachta (má táthar ag déanamh staidéar ar theanga náisiúnta ar leibhéal A1)
A2	Ardleibhéal	Roghnach / Saor-rogha (Gearmáinis, Fraincis nó Rúisis de ghnáth)
B2	Meánleibhéal	Roghnach / Saor-rogha

Tábla 4.2 Curaclaim agus roghanna teanga i scoileanna na Fionlainne (tiomsaithe ón Aireacht Oideachais agus Chultúir, 2017)

Is iad na hábhair roghnacha ná na hábhair a roghnaíonn an scoláire féin. Cinneann an soláthraí oideachais áitiúil cé na hábhair a chuirfear ar fáil ar an mbonn sin. Déantar *naoi gceacht sheachtainiúla in aghaidh na bliana san iomlán (is ionann ceacht seachtainiúil amháin in aghaidh na bliana agus 38 ceacht), ar a laghad, a leagan amach i gcomhair ábhair roghnacha le linn Ghráid 1–9* (Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016: 154, aistriúchán). Déantar cuspóirí comhchoiteanna agus bunábhar comhchoiteann a leagan amach sa chroíchuraclam bunúsach do gach curaclam teanga iasachta a chuirtear ar fáil ar bhonn roghnach/saor-rogha.

Foghlaim teanga éigeantach agus roghnach: Máthairtheanga móide Fionlainnis nó Sualainnis agus teangacha iasachta

Faoin gcóras oideachais bhunúsaigh, bíonn teagasc agus foghlaim ar fáil do na scoláirí trína máthairtheanga, trí theanga náisiúnta agus trí theanga iasachta (An Aireacht Oideachais agus Chultúir & Gníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2018). Tá an Béarla tagtha chun cinn mar an teanga iasachta is mó úsáide (an rogha teanga iasachta i gcás 80% de mhuintir na Fionlainne (An Aireacht Oideachais agus Chultúir, 2017)), ach cuirtear cinn eile ar fáil freisin. **Is í an teanga iasachta is minice a fhoghlaimítear ná Béarla, agus ina dhiaidh sin Sualainnis/Fionlainnis, ansin Gearmáinis, Fraincis agus Rúisis** (Staidreamh Fhionlainne, 2017). Faoi thionscnaimh ar tugadh fúthu le déanaí maidir le hilteangachas san Fhionlainn, táthar ag iarraidh éagsúlú a dhéanamh ar na teangacha a fhoghlaimítear i ndiaidh an dá theanga náisiúnta (An Aireacht Oideachais agus Chultúir, 2017).

	Leibhéal	Gráid	Aois	Sonraí na Teanga Iasachta
Oideachas Bunúsach	Oideachas agus Cúram Luath-Óige	-	0-5	Cláir roghnacha um íogaireacht teanga iasachta amhail teanga-cheathanna, cluichiú, spráilacht, etc.
	Oideachas Réamh-Bhunscoile	-	6	
	Oideachas Bunscoile	1-2	7-8	Foghlaim teanga A1 ar bhonn roghnach (faoi threoir ag léamh aois-oiriúnach ar churaclam Ghráid 3-6, lena n-áirítear teanga-cheathanna)
		3-6	10-12	Teanga éigeantach A1 Teanga éigeantach B1 Teanga roghnach A2
	Iar-bhunoideachas Sóisearach	7-9	13-15	Teanga éigeantach B1 Teanga roghnach B2

Tábla 4.3 Foghlaim teanga de réir an Chroíchuraclaim Bhunúsaigh (2014)

(Tiomsaithe ó Bhord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016; An Aireacht Oideachais agus Chultúir, 2017; An Aireacht Dlí agus Chirt, 2003)

Leagtar amach sa chroíchuraclam bunúsach gur chóir an méid seo a leanas a bheith i bplean staidéir pearsanta na scoláirí:

siollabas teanga ardleibhéil amháin agus siollabas teanga idirmheánach amháin. Beidh an dara teanga náisiúnta (Sualainnis nó Fionlainnis) ar cheann díobh sin agus is teanga iasachta nó Sáimis a bheidh i gceist leis an gceann eile. I measc na siollabas ardleibhéil tá siollabais A agus siollabais teanga dúchais sa tSualainnis agus san Fhionlainnis. Is siollabais idirmheánacha iad siollabais B1. (Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016: 200, aistriúchán)

Is féidir teangacha a chur ar fáil freisin mar churaclaim roghnacha agus curaclaim shaor-rogha, de réir mar a chinnfidh an soláthraí oideachais áitiúil.

Bíonn na teangacha sin roghnach i gcás daltaí sna luathbhlianta, sna réamhscoileanna agus i nGráid 1-2 agus déantar éigeantach iad i nGrád 3 (10 mbliana d'aois). Mar sin féin, d'fhéadfadh daltaí tabhairt faoin fhoghlaim teanga níos luaithe trí phríomhthionscadail de chuid soláthraithe oideachais áitiúla agus de chuid an rialtais, mar a thuiriscítear sna ranna a leanas.

Ar leibhéal an **Oideachais agus Cúraim Luath-Óige** agus an leibhéal **Réamh-Bhunscoile**, is féidir tosú ag múineadh teanga iasachta ar bhonn roghnach. Tá cur síos déanta ar fhoghlaim teanga ar an leibhéal

sin mar *splanc i dtaobh staidéar a dhéanamh ar theangacha iasachta* (An Aireacht Oideachais agus Chultúir, 2017: 12, aistriúchán).

Faoi chláir um chleachtadh a fháil ar theanga, cuirtear blaisíní foghlama teanga ar fáil don fhoghlaim. Is ar dheiseanna le haghaidh feasacht teanga agus feasacht chultúrtha a ndírítear, seachas ar shamhlacha inniúlachta. Ar an leibhéal sin, is trí chluichí, amhráin agus spraoi a chuirtear aithne ar theanga. Baintear leas as Teanga-Cheathanna freisin agus is bealach eile iad chun cleachtadh a fháil ar theanga. *Ní bhíonn i gceist leis an Teanga-Chith ach nochtadh gearrthéarmach ar an teanga iasachta agus leagtar béim ar labhairt agus ar chumarsáid i dteanga iasachta i gcomhthéacs an tsaoil thart orainn ar feadh tréimhsí gearra, seachas díriú ar ábhar nó teanga a fhoghlaim* (Pynnönen, 2013, aistriúchán). Is féidir an bhéim a leagan ar theanga amháin nó níos mó le himeacht ama.

Ó foilsíodh an croíchuraclam bunúsach agus ó cuireadh chun feidhme é, tá roinnt príomhthionscadal tionscanta ag an rialtas. Snáithe amháin de na tionscadail sin is ea *Príomhthionscadal Teanga an Rialtais* (An Aireacht Oideachais agus Chultúir & Gníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2018). Faoin bpríomhthionscadal sin, cuirtear fóirdheontais ar fáil do 95 bardasacht agus institiúid oideachais phríobháideach chun páirt a ghlacadh i dtrialacha nó i dtreoirthionscadail náisiúnta maidir le (1) foghlaim teanga a thosú níos luaithe, (2) éagsúlú teangacha agus (3) meon dearfach a chothú i leith foghlaim teanga (An Aireacht Oideachais agus Chultúir & Gníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2018). Bíonn feidhm ag an tús níos luaithe sa teanga le linn an Oideachais Luath-Óige agus ar an leibhéal réamh-bhunscoile agus scrúdaítear *modhanna* chun foghlaim teanga a chur chun feidhme ag an gcéim foghlama sin (e.g. trí theanga-cheathanna) agus chun *cosán teanga a bhunú* lena gcuirtear tús dearfach leis an bhfoghlaim sna luathbhlianta agus lena gcuimsítear gach leibhéal oideachais (An Aireacht Oideachais agus Chultúir & Gníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2018).

Ag Gráid 1-2, féadfaidh siollabas roghnach A1 (an dara teanga náisiúnta nó teanga iasachta) a bheith ina chuid den churaclam áitiúil. Leagtar síos sa chroíchuraclam go bhféadfar *tús a chur leis an teagasc i siollabas A roimh an tríú grád*. *Sa chás sin, leanann an teagasc croíchuraclam shiollabas A, agus cuirtear san áireamh aois na ndaltaí* (Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016: 204, aistriúchán).

Is féidir cleachtadh a fháil ar theangacha cosúil le Béarla, Sáimis nó teangacha eile trí theanga-cheathanna nó is féidir tús a chur le FCÁT i nGráid 1-2 freisin. I gcás roinnt bardasachtaí, go háirithe cinn mhóra ar nós Heilsincí, tugtar isteach teanga iasachta ag Grád 1 cheana féin.

Sna hathruithe atá le fógairt ag an Aire Oideachais, tugtar le fios go gcuirfear tús le foghlaim teanga níos foirmiúla i gcuraclam 'A' ag céim níos luaithe i nGrád 1. Tá na hathruithe sin á dtriall trí 46 as na 95 príomhthionscadal agus curaclaim A1 nó A2 á dtabhairt isteach tráth níos luaithe do dhaltaí Ghrád 1 agus Ghrád 2 (ó Fhómhar na bliana 2017) (An Aireacht Oideachais agus Chultúir & Gníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2018). Le déanaí, d'fhógair an tAire Oideachais go mbeidh teangacha iasachta mar chuid den chroíchuraclam bunúsach do Ghrád 1 ó 2020 ar aghaidh (Suomi, 2018).

Ag Gráid 3-6, faoin gcroíchuraclam, tugtar isteach curaclam éigeantach amháin foghlama teanga (ardleibhéal), curaclam éigeantach amháin foghlama teanga B1 (idirmheánach) agus teanga roghnach A2 (Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016). Áirítear leis na roghanna a leagtar amach sa chroíchuraclam iad siúd atá ar an liosta thíos.

Curaclaim an dara teanga náisiúnta	Curaclaim teanga iasachta
▪ <i>Ardsiollabas (A) sa tSualainnis</i>	▪ <i>Ardsiollabas (A) sa Bhéarla</i>
▪ <i>Ardsiollabas (A) san Fhionlainnis</i>	▪ <i>Ardsiollabas (A) i dteanga iasachta</i>
▪ <i>Siollabas idirmheánach (B1) sa tSualainnis</i>	▪ <i>Ardsiollabas (A) sa tSáimis</i>
▪ <i>Siollabas idirmheánach (B1) san Fhionlainnis</i>	▪ <i>Siollabas idirmheánach (B1) i dteanga iasachta</i>
▪ <i>Sualainnis mar theanga dhúchais</i>	▪ <i>Bunsiollabas (B2) i dteanga iasachta</i>
▪ <i>Fionlainnis mar theanga dhúchais</i>	▪ <i>Bunsiollabas (B2) sa tSáimis</i>
	▪ <i>Bunsiollabas (B2) sa Laidin</i>

(Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016: 302).

Is féidir le húdaráis oideachais áitiúla curaclaim theanga eile a fhorbairt chomh maith leo siúd a chuirtear ar fáil sa chroíchuraclam. Ní mór iad a shainiú de réir an ardsiollabais chineálaigh i dteanga iasachta agus/nó an tsiollabais chineálaigh idirmheánaigh i dteanga iasachta (Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016).

Oideachas Dátheangach agus Oideachas Ilteangach

Faoin gcroíchuraclam bunúsach, tacaítear le teangacha agus cultúir na ndaltaí uile agus cuirtear chun cinn iad *chun treisiú a dhéanamh ar fheasacht teanga na ndaltaí agus a gcuid scileanna meiteatheangeolaíocha* (Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016: 138, aistriúchán). Faoin gcroíchuraclam, spreagtar go n-úsáidfeadh na teangacha uile atá ag na daltaí *trí chúinsí teagaisc ilteangacha* a spreagadh (Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016: 138, aistriúchán).

Sainítear teanga na scoile go hoifigiúil mar an teanga a úsáidtear chun an curaclam Máthairtheanga agus Litríochta a mhúineadh. Is féidir teangacha eile a úsáid freisin sa teagasc, fad is go dtuigeann na

scoláirí an méid a mhúintear sa teanga sin agus go n-úsáidtear teanga na scoile 50% den am ar a laghad (Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016). Tagraítear do na cásanna sin mar **oideachas dátheangach ar mhórsála**, áit a gcaithfear 25% ar a laghad de na curaclaim a mhúineadh sa sprioctheanga.

Ina theannta sin, is féidir **thumoideachas luath** a thabhairt ar an oideachas dátheangach más ar an leibhéal réamh-bhunscoile nó roimhe sin a chuirtear tús leis agus más ionann an teanga thumoideachais agus an dara teanga náisiúnta (Fionlainnis nó Sualainnis) nó an tSáimis. Sna cásanna sin, is iondúil nach í an teanga thumoideachais teanga dhúchais na ndaltaí.

Is féidir le hoideachas dátheangach ar mhionsála, nó **oideachas arna shaibhriú le teanga**, a bheith ina chuid de chomhdhéanamh teanga scoile. Sna cásanna sin, úsáidtear an T2 mar mheán teagaisc níos lú ná 25% den am (Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016). Is féidir saibhriú teanga a chuimsiú in aon chineál scoile.

I gcás oideachas dátheangach ar mhórsála agus oideachas arna shaibhriú le teanga, baintear leas as formáid FCÁT, *áit arb ionann go hiondúil an teanga thumoideachais/an sprioctheanga agus teanga A1 an dalta* (Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016: 145, aistriúchán).

Beartais teanga agus an spreagadh náisiúnta i leith teangacha

Cén fáth ar roghnaigh an dlí an tríú teanga a chur san áireamh (réasúnaíocht, cuspóirí beartais)?

Cén bhliain inar tharla sé sin?

Tá trí phríomhchúinse ann (cinn a bhí ann cheana agus cinn a tháinig chun cinn le déanaí) a chuaigh i bhfeidhm ar an gcultúr láidir atá ag an bhFionlainn i dtaobh foghlaim teanga:

1. Na teangacha a úsáidtear san Fhionlainn agus an Croíchuraclam don Oideachas Bunúsach (2014)
2. *Multilingualism as a Strength: Procedural recommendations for developing Finland's national language reserve* (An Aireacht Oideachais agus Chultúir, 2017)
3. Tionscnaimh Rialtais a eascraíonn as *Multilingualism as a Strength*: Príomhthionscadail

Teangacha na Fionlainne agus an Croíchuraclam don Oideachas Bunúsach

Díríodh go mór ar theangacha riamh anall san Fhionlainn, áit a bhfuil dhá theanga náisiúnta agus teangacha breise amhail Sáimis, Roimis agus an teanga chomharthaíochta ag cur le héagsúlacht teangacha na tíre. Tá teangacha iasachta ina gcomhpháirt éigeantach sa chroíchuraclam sna bardasachtaí go léir ó Ghrád 3 ar aghaidh, agus bíonn roghanna ann i dtaobh teangacha iasachta a thabhairt isteach tráth níos luaithe. Déantar é sin i roinnt bardasachtaí cheana féin.

Multilingualism as a Strength: Procedural recommendations for developing Finland's national language reserve (An Aireacht Oideachais agus Chultúir, 2017)

Leagtar amach sa doiciméad beartais maidir leis an ilteangachas an tábhacht a bhaineann le teangacha, le feasacht teanga agus le feasacht chultúrtha san Fhionlainn mar sheoid de chuid na tíre sin. Déantar cur síos ann ar shaibhreas teanga na tíre ar leibhéal éagsúla oideachais, agus ar thionscnaimh chun tuilleadh feabhais a chur ar an saibhreas sin. Leagtar béim ann ar na teangacha atá á bhfoghlaím go coitianta—an dá theanga náisiúnta agus an Béarla—agus ar an ngá atá le tús níos luaithe chun síneadh a chur leis an gcosán teanga do gach foghlaimeoir.

Beidh an doiciméad beartais maidir leis an Ilteangachas ina bhonn freisin *chun straitéis teanga náisiúnta a dhréachtú* (An Aireacht Oideachais agus Chultúir, 2017a, aistriúchán).

Príomhthionscadail de chuid an Rialtais

Faoi na Príomhthionscadail a bhfuil cur síos orthu i Roinn 4 faoin gceannteideal *Foghlaim teanga éigeantach agus roghnach*, rinneadh cur síos ar na tionscnaimh rialtais chun cur leis an bhfoghlaím teanga (trí thosú ag céim níos luaithe) agus chun na teangacha atá á bhfoghlaím a éagsúlú.

Leagadh amach sa doiciméad beartais maidir leis an Ilteangachas an treochlár i ndáil le hathruithe ar oideachas teanga san Fhionlainn. Mar fhreagra air sin, leagadh amach na príomhthionscadail seo a leanas sa chúram a cuireadh ar an Aire Oideachais dá téarma oifige. Faoi cheannteideal an Eolais agus an Oideachais, rinne sí cur síos ar na príomhthionscadail seo a leanas:

Cuirfeadh leis an soláthar léinn teanga agus déanfar éagsúlú air. Seolfar tionscnamh réigiúnach maidir le tús a chur le staidéar a dhéanamh ar an gcéad teanga iasachta i ngrád a haon agus eagrófar tionscnamh réigiúnach eile chun an raon teangacha a leathnú de réir rún arna cheadú ag an bParlaimint. (Oifig an Phríomh-Aire, An Fhionlainn, 2015: 18, aistriúchán)

Ba é toradh inmhianaithe na dtionscadal sin


luathfoghlaím teangacha a chomhtháthú in oideachas na Fionlainne agus scóip i bhfad níos mó a bheith ag an bhfoghlaím sin ná mar a bhí roimhe seo, rud a d'fhágfadh stór teanga níos fairsinge ag na daltaí, agus a chothódh meon fáilteach, spreagúil i leith foghlaim teanga. (An Aireacht Oideachais agus Chultúir & Gníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2018: 1, aistriúchán)

I bpreasráitis le déanaí a bhaineann le foghlaim teanga, luaitear torthaí dearfacha na bpríomhthionscadal sin agus an t-athrú a tharla dá mbarr—go gcuirfear tús le foghlaim éigeantach teanga iasachta laistigh den chroíchuraclam ó Ghrád 1 (seachas Grád 3) ó 2020 ar aghaidh sna bardasachtaí go léir (tá roinnt bardasachtaí móra ina bhfuil an tús luath sin i bhfeidhm cheana) (Suomi, 2018).

Teagasc agus foghlaim: An nuatheanga ar leibhéal na bunscoile

An Croíchuraclam Náisiúnta um Oideachas Bunúsach: Cúlra

Déantar cur síos sa chroíchuraclam ar an misean agus na spriocanna náisiúnta don oideachas san Fhionlainn, mar aon le hinniúlacht traschuraclaim, gné nua a cuireadh leis. Tá siadsan ar leibhéal níos airde ná na cuspóirí, an t-inneachar agus na critéir mheasúnaithe i ngach curaclam ábhair aonair. Cuirtear na curaclaim ábhair i láthair ina mbandaí grád, Gráid 1-2, Gráid 3-6 agus Gráid 7-9. Léirítear i bhFíor 4.2 pointí fócais an chroíchuraclaim san Fhionlainn.



Fíor 4.2 An Croíchuraclam Náisiúnta Nua (Gníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2019, aistriúchán)

Déantar cur síos sa chroíchuraclam ar sheacht réimse inniúlachta traschuraclaim. Forbraíodh na réimsí sin mar fhreagairt ar *athruithe ar an domhan mórthimpeall* agus ar an ngá atá le dul i ngleic le *dúshláin an ama atá le teacht* (Halinen, Harmanen agus Mattila, 2015: 139, aistriúchán). Tagraíonn inniúlacht traschuraclaim don *eolas, na scileanna, na luachanna, na meonta agus an toil* (Halinen, Harmanen agus Mattila, 2015: 140) atá ag teastáil i saol an lae inniu.

Tá na hinniúlachtaí traschuraclaim fite fuaite trí churaclaim na n-ábhar go léir, agus déantar leathnú orthu agus téitear chun cinn leo ar fud na ngrád. Tá príomhthuaisc ar gach inniúlacht san áireamh i ngach curaclam ábhair. Is iad seo a leanas na seacht n-inniúlacht traschuraclaim:

- T1: Smaointeoireacht agus foghlaim conas foghlaim
- T2: Inniúlacht chultúrtha, idirghníomhaíocht agus féinléiriú
- T3: Aire a thabhairt duit féin agus déileáil leis an saol laethúil
- T4: Il-litearthacht

T5: Inniúlacht TFC

T6: Inniúlacht i leith an tsaoil oibre, agus an fhiontraíocht

T7: Rannpháirtíocht, lámh sa saol agus todhchaí inbhuanaithe a thógáil.

Is mó agus is dearfaí an bhéim a leagtar ar theangacha sa chroíchuraclam ná mar a bhí amhlaidh sa churaclam a tháinig roimhe. Tagraítear i gcaibidlí sonracha do shaincheisteanna teanga agus cultúir agus don oideachas dátheangach. Feidhmíonn siadsan taobh leis na curaclaim theanga aonair—12 churaclam máthairtheanga agus litríochta, 6 churaclam dara teanga náisiúnta agus 7 gcuraclam teanga iasachta. Cuirtear tús le gach ceann de na sonraíochtaí curaclaim teanga, do gach banda grád, leis an réamhrá céanna faoin tábhacht a bhaineann le foghlaim teanga agus le forbairt scileanna teanga, le meas na ndaltaí ar a n-ilteangachas agus le hinniúlacht idirchultúrtha ar fud na dteangacha go léir atá á bhfoghlaim.

Leanann forbairt **na nInniúlachtaí Trascchuraclaim** trí gach banda grád sa chroíchuraclam bunúsach, rud a fhágann go bhfuil contanam foghlama ann ón oideachas réamh-bhunscoile chomh fada leis an meánscoil.

Is iad na hábhair seo a leanas a chumhdaítear sa chroíchuraclam do na daltaí go léir:

- | | |
|--|------------------------|
| ▪ máthairtheanga agus litríocht: Fionlainnis nó Sualainnis | ▪ fisic |
| ▪ an teanga náisiúnta eile: Sualainnis nó Fionlainnis | ▪ ceimic |
| ▪ teangacha iasachta | ▪ bitheolaíocht |
| ▪ eolas imshaoil | ▪ tíreolaíocht |
| ▪ oideachas sláinte | ▪ corpoideachas |
| ▪ reiligiún nó eitic | ▪ ceol |
| ▪ stair | ▪ na hamharcealaíona |
| ▪ staidéar sóisialta | ▪ ceardaíocht |
| ▪ matamaitic | ▪ eacnamaíocht bhaile. |

D'fhéadfadh sé go mbeadh an rogha ag scoláirí staidéar a dhéanamh ar ábhair eile de réir fhorálacha an churaclaim áitiúil (Eurydice, 2019c).

Aidhmeanna agus struchtúr an churaclaim

Cad iad na haidhmeanna curaclaim i leith an tríú teanga?

Cén chaoi a gcuirtear an curaclam i láthair don tríú teanga seo—leibhéal sainiúlachta; struchtúr—snáitheanna; torthaí/cuspóirí foghlama?

Seo a leanas roinnt de na príomhaidhmeanna atá leis an gcroíchuraclam:

- scoileanna a fhorbairt mar phobail foghlama
- béim a chur ar an sásamh mór atá le baint as an bhfoghlaim
- béim a chur ar atmaisféar comhoibritheach
- neamhspleáchas an scoláire a chur chun cinn sa staidéar agus i saol na scoile.

(Eurydice, 2019c).

Leagtar amach aidhmeanna an churaclaim i leith gach cineáil teanga (máthairtheanga agus litríocht, an dara teanga náisiúnta agus teangacha iasachta) mar **thascanna ábhair** agus **tascanna gráid** ag tús gach curaclaim teanga. Bíonn cinn éagsúla i gceist ag brath ar na cineálacha éagsúla curaclaim teanga sa chroíchuraclam.

I gcás curaclaim mháthairtheanga agus litríochta, bíonn na tascanna ábhair dírithe ar chuid de na príomhphointí *samlacha* seo a leanas (ón téacs, aistrithe):

- scileanna litearthachta, scileanna inniúlachta teanga agus scileanna idirghníomhaíochta na ndaltaí a fhorbairt
- treoir a thabhairt do dhaltaí maidir le suim a chothú i dteanga, i litríocht agus i gcineálacha eile cultúir agus a bheith feasach orthu féin mar lucht cumarsáide agus úsáideoirí teanga
- cabhrú le daltaí a bhféiniúlacht chultúrtha agus teanga a chothú
- daltaí a spreagadh chun idirghníomhaíocht chuiditheach, fhreagrach a dhéanamh i dtimpeallachtaí éagsúla cumarsáide
- tacú le scileanna feasachta teanga agus breathnóireachta teanga agus iad a fhorbairt.

(Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016: 168-9).

Sa chroíchuraclam,

sonraítear i leith gach ábhair na tascanna, na cuspóirí, agus na réimsí ábhair a bhaineann leis na cuspóirí. Ina theannta sin, sonraítear i leith gach ábhair cuspóirí a bhaineann leis na meonta ar leith a ghabhann le timpeallachtaí foghlama agus le modhanna oibre, treoir, difreáil agus tacaíocht, chomh maith le measúnú ar fhoghlaim. (Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016: 165, aistriúchán)

Léirítear i bhFíor 4.3 sliocht i leith an Bhéarla (teanga iasachta), do Ghráid 3-6. Léirítear leis ailíniú na gcuspóirí teagaisc, na réimsí ábhair a bhaineann leis na cuspóirí (e.g. C1, C2,...) agus na réimsí iniúilachta traschuraclaim (e.g. T1, T2,...).

Objectives of instruction in the A syllabus in English in grades 3–6		
Objectives of instruction	Content areas related to the objectives	Transversal competences
Growing into cultural diversity and language awareness		
O1 to guide the pupil to notice the linguistic and cultural richness of his or her surroundings and the world, and the status of English as a language of global communication	C1	T2
O2 to motivate the pupil to value his or her own linguistic and cultural background and the linguistic and cultural diversity of the world and to encounter people without prejudices	C1	T1, T2
O3 to guide the pupil to notice phenomena that are similar and different in languages and to support the pupil in developing his or her ability for linguistic reasoning	C1	T1, T2
O4 to guide the pupil to understand that there is plenty of material available in English and to select material with suitable content and level of difficulty that promotes his or her learning	C1	T2, T3
Language-learning skills		
O5 to explore the objectives of the instruction jointly and to create a permissive classroom atmosphere in which getting the message across and encouraging learning together have the most important role	C2	T1, T3
O6 to guide the pupil to take responsibility for his or her language learning and to encourage the pupil to practise his or her language proficiency confidently, also using ICT, and to experiment to find the ways of learning languages that are the best suited for him or her	C2	T1, T4, T5, T6
Evolving language proficiency, interaction skills		

Fíor 4.3 Sliocht as an gcróichuraclam ina léirítear cuspóirí don Bhéarla mar theanga iasachta ag Gráid 3-6 (Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016: 335, aistriúchán)

Is iad na réimsí ábhair a bhaineann leis na cuspóirí i gcás an tsleachta seo ná:

- C1 Teacht i dtír ar an ilchineálacht chultúrtha agus ar fheasacht teanga
- C2 Scileanna foghlama teanga
- C3 Dul chun cinn a dhéanamh maidir le hinniúlacht teanga, scileanna idirghníomhaíochta, scileanna maidir le téacsanna a thuiscint, scileanna maidir le téacsanna a ullmhú.

Cuirtear critéir mheasúnaithe ar fáil freisin i leith gach curaclaim, mar a léirítear i bhFíor 4.4. Na leibhéil inniúlachta sna codanna deiridh de na critéir mheasúnaithe, tá siad ailínithe leis na leibhéil a úsáidtear i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha⁴.

Assessment criteria for the A syllabus in a foreign language at the end of grade 6 for a verbal assessment describing good knowledge and skills/numerical grade eight			
Objective of instruction	Content areas	Assessment targets in the subject	Knowledge and skills for the verbal assessment good/numerical grade 8
Growing into cultural diversity and language awareness			
O1 to guide the pupil to notice the linguistic and cultural richness of their surroundings and the world and the status of the language he or she studies	C1	Perceiving the linguistic environment and the status and significance of the target language	The pupil knows that the languages of the world are divided into language groups and is able to name the language group to which the language he or she studies belongs. The pupil is able to describe the languages spoken in his or her surroundings.
O2 to motivate the pupil to value his or her own linguistic and cultural background and the linguistic and cultural diversity of the world and to encounter people without prejudices	C1		Not used as a basis for grade formulation. The pupil is guided in reflecting on his or her experiences as a part of self-assessment.
O3 to guide the pupil to observe phenomena that are common to and different in languages and to support the development of his or her linguistic curiosity and reasoning	C1	Linguistic reasoning	The pupil is able to make observations on the differences and similarities related to structures, vocabulary, and other features of the language he or she studies and his or her mother tongue or another language he or she knows.
O4 to guide the pupil in finding material in the target language	C1	Finding material in the target language	The pupil is able to explain where the language he or she studies can be seen or heard.

Fíor 4.4 Critéir mheasúnaithe i leith churaclam A i gcomhair Béarla mar theanga iasachta, aistriúchán

Comhtháthú teanga

Cén chaoi a bhfuil an teanga comhtháite i gcuraclam na bunscoile? (e.g., múinteoir í mar ábhar ar leithligh ar an tráthchlár; mar chuid de réimse leathan teangacha; FCÁT, gníomhaíocht sheachchuraclaim; teaghlaim díobhsan)?

Cá mhéad uair an chloig a chaitear léi in aghaidh na seachtaine? Agus conas a áirítear na huaireanta sin i dtráthchlár na scoile (cén t-ábhar a fhágtar ar lár sa chaoi is go mbeidh am ar fáil don teanga)?

⁴ Faoi Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha, soláthraítear tagarmharcanna maidir le leibhéil inniúlachta teanga. Sé leibhéal atá ann, mar seo a leanas: Bonnleibhéal A1 (Tús) agus Bonnleibhéal A2 (Céim chun cinn); Meánleibhéal B1 (Tairseach) agus Meánleibhéal B2 (Léargas); agus Ardleibhéal C1 (Oilteacht Éifeachtach Úsáidte) agus Ardleibhéal C2 (Máistreacht).

Tá na trí chineál teanga (máthairtheanga agus litríocht, an dara teanga náisiúnta agus teangacha iasachta) comhtháite mar ábhair ag gráid éagsúla an chroíchuraclaim. Is mar ábhair ar leithligh a mhúintear iad. Is féidir teangacha éagsúla teagaisc a úsáid freisin i gcás curaclaim ábhar nach teangacha iad, mar a leagtar amach i Roinn 4 faoi 'Oideachas dátheangach agus oideachas ilteangach'.

Is é an rialtas a chinneann an méid ama is ceart a leagan amach i gcomhair na gcuraclam go léir sa chroíchuraclaim. Ní mór cloí leis sin ar an leibhéal áitiúil. Ba in 2012 a beartaíodh le déanaí líon na nuairanta an chloig a leagtar amach i gcomhair na gceachtanna (Gníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2012). Leagtar amach sa tábla thíos an líon uaireanta an chloig a chaitear leis na teangacha in aghaidh an ghráid.

Ábhair	Gráid	1	2	3	4	5	6	7	8	9	Iomlán
Máthairtheanga agus litríocht		14		18				10			42
Teanga A1				9				7			16
Teanga B1		2						4			6
Ábhair roghnacha		9									9
(Teanga roghnach A2) ³						(12)					(12)
(Teanga roghnach B2) ³				(4)							(4)

--- = Múintear an t-ábhar sna gráid más rud é go sonraítear é sin sa churaclam áitiúil.

³ Is féidir leis an dalta, ag brath ar an teanga, staidéar a dhéanamh ar theanga A2 shaor-rogha mar ábhar roghnach nó in ionad na teanga B1.

Is féidir leis an dalta staidéar a dhéanamh ar an teanga B2 mar ábhar roghnach. De rogha air sin, is féidir teangacha saor-rogha A2 agus B2 a eagrú ina gcúrsa teagaisc a ghlacfaidh níos mó ama ná an tréimhse íosta a leagtar amach. Sa chás sin, ní féidir a dteagasc a eagrú ar bhonn an ama íosta a leagtar amach do cheachtanna i gcomhair teanga roghnach nó teanga B1, mar a shainítear san alt seo iad. Ag brath ar an teanga, múintear teanga B1 don dalta, nó múintear ábhair roghnacha dó nó di in ionad na teanga B1 sin. Bheadh 234 ceacht in aghaidh na bliana ar a laghad i gceist i gcás dalta atá ag gabháil don teanga A2 mar theagasc a ghlacann níos mó ama ná an méid íosta a leagtar amach. Is é líon comhfhreagrach na gceachtanna in aghaidh na bliana ná 226 ceacht ar a laghad i gcás dalta atá ag tabhairt faoin teanga B2. Bheadh 238 ceacht in aghaidh na bliana ar a laghad i gceist i gcás daltaí atá ag gabháil don teanga A2 agus an teanga B1 mar theagasc a ghlacann níos mó ama ná an méid íosta a leagtar amach.

Tábla 4.4 Uaireanta teagaisc a leagtar amach do churaclaim theanga (Gníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2012)

An múinteoir teanga

Cé a mhúineann an teanga iasachta T3? Cén chaoi a dtacaítear leo agus a spreagtar iad chun í a mhúineadh? (i.e. an bhfuil múinteoirí oilte sa scoil nó an dtugann an scoil múinteoirí seachtracha isteach)?

Cén cineál oiliúna a chuirtear ar fáil? An ndéantar an oiliúint trí mheán Oiliúint Tosaigh Múinteoirí nó trí Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach, nó an dá rud?

I gcás na Fionlainne, meallann gairm an teagaisc mic léinn den chéad scoth. Glactar le thart ar 10% de na hiarrthóirí ar chúrsa ollscoile chun bheith ina múinteoirí ranga. Céatadán idir 10% agus 50% a bhíonn i gceist i gcás sainmhúinteoirí, ag brath ar a n-ábhar. Tugtar an-chuid saoirse do mhúinteoirí san Fhionlainn maidir leis an gcur chuige a roghnóidh siad i dtaobh modhanna teagaisc, ábhair theagaisc agus measúnú scoláirí. Is minic a bhíonn siad páirteach i socrú an churaclaim áitiúil (Gníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2017).

Ní mór céim Baitsiléara a bheith ag múinteoirí ar leibhéal na Naíscoile. Bíonn céim Máistir bainte amach ag múinteoirí ar leibhéal an oideachais bhunúsach. Is múinteoirí ginearálta iad na múinteoirí i nGráid 1-6 agus is sainmhúinteoirí iadsan i nGráid 7-9 (agus ar leibhéal an mheánoideachais shinsearaigh). Bíonn céim Máistir ina n-ábhar féin ag na sainmhúinteoirí agus bíonn staidéar déanta acu ar an oideolaíocht.

Is cuid thábhachtach den oiliúint múinteoirí í an Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL). Is iad na múinteoirí féin, na scoileanna agus na húdaráis oideachais áitiúla a bhíonn freagrach as FGL múinteoirí.

Leanúnachas teanga ón mbunscoil chuig an meánscoil

Cén chaoi a ndéantar droichid, más ann dóibh, idir teangacha a mhúintear sa bhunscoil agus teangacha a mhúintear ar an dara leibhéal (e.g., cad a tharlaíonn mura bhfuil an teanga chéanna sin á mhúineadh san iar-bhunscoil áitiúil?)

Clúdaíonn an t-oideachas bunúsach Gráid 1-9, lena n-áirítear meánoideachas sóisearach. Leis an bhfoghlaím sna curaclaim theanga, cruthaítear contanam ar fud na ngrád a leagtar amach sa chroíchuraclam don oideachas bunúsach.

Measúnú teanga

Cad a dhéantar a mheas sa churaclam teanga iasachta T3 agus conas a dhéantar é sin?

Tugann breac-chuntas i gCaibidil 6 den chroíchuraclam ar an gcaoi ar cheart measúnú a dhéanamh sna scoileanna. Tá critéir mheasúnaithe ina gcuid den chroíchuraclam bunúsach i gcomhair na n-ábhar go léir a shonraítear (mar a leagtar amach i Roinn 4), lena n-áirítear na curaclaim theanga. *Meastar gur próiseas carnach ar feadh na mblianta a chaitheann an dalta ag gabháil don oideachas bunúsach is ea forbairt na hinniúlachta* (Gníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2017: 78, aistriúchán).

Dhá chineál measúnaithe a leagtar amach sa chroíchuraclam—Measúnú chun Foghlama agus Measúnú mar Mhodh Foghlama. Spreagtar scoláirí chun foghlaim conas measúnú a dhéanamh ar a bhfoghlaim agus ar an dul chun cinn a dhéanann siad féin (Gníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2017).

Sa chóras oideachais bhunúsaigh, déanann an múinteoir measúnú ar gach scoláire trí mheasúnú leanúnach. *Cuirtear measúnú leanúnach ar fáil chun treoir agus cúnamh a thabhairt do dhaltai ina bpróiseas foghlama. Faigheann gach scoláire tuairisc uair amháin gach bliain scoile ar a laghad* (Gníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2017: 16, aistriúchán). De réir an chroíchuraclaim, ní mór i gcónaí *measúnú a bheith bunaithe ar na cuspóirí a leagtar síos sa chroíchuraclam agus ar chuspóirí níos mionsonraithe an churaclaim áitiúil* (Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016: 75, aistriúchán). Úsáidtear critéir mheasúnaithe an churaclaim freisin chun an measúnú sin a éascú.

Is iad na múinteoirí a dhéanann an measúnú deiridh freisin, ag deireadh na tréimhse oideachais bhunúsaigh (Grád 9 de ghnáth, ach is féidir é a dhéanamh ag deireadh Ghrád 7 nó Ghrád 8). Úsáidtear toradh an mheasúnaithe sin lena chinneadh cé na roghanna atá ag an scoláire i dtaobh staidéar breise.

Riachtanais Speisialta Oideachais

Sa doiciméad *Finnish National Core Curriculum for Basic Education* (Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016), tugtar sonraí faoi sholáthairtí agus tacaí do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Cuirtear tacaíocht ar fáil don fhoghlaim agus don fhreastal ar an scoil. Soláthraítear trí leibhéal soláthair i gcomhair—(a) Tacaíocht Ghinearálta, (b) Dian-Tacaíochta agus (c) Tacaíocht

speisialta. Cuimsítear sa tacaíocht ghinearálta *teagasc difreálach, comhoibriú idir múinteoirí agus baill foirne eile, treoir agus athruithe solúbtha a dhéanamh ar ghrúpaí teagaisc* (Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016: 99, aistriúchán). Cuirtear diantacaíocht ar fáil do pháistí a dteastaíonn tacaíocht rialta uathu maidir le foghlaim nó freastal ar an scoil. Sa chás sin, bíonn an tacaíocht faoi threoir ag measúnú teagaisc agus ag plean foghlama. Cuirtear tacaíocht speisialta ar fáil *do dhaltaí nach mbeadh ar a gcumas dá huireasa na spriocanna a chomhlíonadh a leagtar síos dá bhfás, dá bhforbairt nó dá bhfoghlaim* (Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016: 105, aistriúchán).

Mura féidir le páiste tabhairt faoi réimsí áirithe curaclaim, moltar go ndéanfaí an t-ábhar a **dhifreáil** don pháiste mar an chéad chineál tacaíochta. Má sholáthraítear beart difreála agus mura féidir le páistí *na cuspóirí a ghabhann le príomhghnéithe an ábhair a bhaint amach ar bhealach sásúil ar a laghad, is féidir an curaclam don ábhar sin a chur in oiriúint don duine aonair* (Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016: 110, aistriúchán). Is éard atá i gceist le curaclam oiriúnaithe ná ceann atá ag teacht le cumas an pháiste, ach é a bheith *dúshlánach go leor* mar sin féin (Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016: 110, aistriúchán). Is ar bhonn gach ábhair as féin a ghlactar an cinneadh maidir le hoiriúnú ábhair a bheith de dhíth i gcás páiste ar leith. Ina theannta sin, is féidir páistí a **dhíolmhú** ó ábhair más rud é nach bhféadfadh teagasc difreálach nó oiriúnú go bhféadfadh an páiste teacht i dtír ar ábhar agus dea-thorthaí a bhaint amach ina leith.

Mura bhfuil páistí in ann dul i ngleic le hábhair an churaclaim, is ar bhonn topaicí a eagraítear an fhoghlaim, seachas ar bhonn ábhar. I measc na dtopaicí sin tá *scileanna luailleacha, teanga agus cumarsáid, scileanna sóisialta, scileanna i leith an tsaoil laethúil, agus scileanna cognaíocha* (Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016: 113, aistriúchán). Cabhraíonn na réimsí gníomhaíochta sin *le heolas agus scileanna a chur ar fáil do na páistí ionas gur féidir leo déileáil leis an saol agus iad chomh neamhspleách agus is féidir* (Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016: 113, aistriúchán).

Mar a luadh cheana, tá páistí i dteideal oideachas a fháil trí mheán na Fionlainnise, na Sualainnise, na Sáimise, na Roimise nó na Teanga Comharthaíochta. Más rud é gur cúlra cultúrtha nó cúlra teanga eile atá ag na páistí, cuirtear a dteanga agus a gcultúr féin san áireamh san oideachas bunúsach. Cuirtear an dátheangachas agus an t-ilteangachas chun cinn agus spreagtar iad, agus é ina aidhm cur le feasacht teanga agus scileanna teangeolaíochta gach páiste. *Tacaítear ar bhealach solúbtha le féiniúlacht teanga agus chultúrtha gach dalta. Treoraítear na daltaí ionas go mbeidh siad ar an eolas faoin gceart atá na saoránaigh go léir i leith a dteanga agus a gcultúr féin, go mbeidh tuiscint acu ar an gceart sin agus go ndéanfaidh siad é a urramú* (Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2016: 138, aistriúchán). D'fhéadfadh sé go mbeadh na teangacha go léir atá ag na páistí agus na múinteoirí san áireamh i roinnt ceachtanna, rud a chothaíonn teagasc ilteangach.

Ach oiread leis an mBreatain Bheag agus British Columbia, ní dhéantar aon tagairtí ar leith do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bheith ag dul i ngleic le nuatheangacha iasachta. Is i gcomhréir chuí le riachtanais gach páiste, áfach, a chuirfí i bhfeidhm an beart ó thaobh difreáil ábhair, oiriúnú don duine aonair nó díolúine.

5. An Bheilg

Beartas agus comhthéacs


Comhthéacs teanga

Is stát cónaidhme í Ríocht na Beilge ina bhfuil trí theanga oifigiúla stáit—Ollainnis, Fraincis agus Gearmáinis. Ní cheadaítear sonraí daonáirimh teanga a bhailiú sa Bheilg (Chohey-Paquet, 2007), ach léiríonn neasfhigiúirí go bhfuil Ollainnis ag 54% den daonra, Fraincis ag 36% agus Gearmáinis ag 1%. Rinneadh an Bheilg a roinnt ar bhonn a lán catagóirí éagsúla—de réir teangacha, de réir réigiún agus de réir pobal. Baineann tábhacht le gach catagóir ó thaobh teanga, na gné cónaidhme nó na gné reachtaí.

Tá ceithre **limistéar teanga** sa Bheilg, a labhraítear teanga amháin i dtrí cinn acu agus ar limistéar dátheangach é an ceathrú ceann. Tá na réigiúin teanga ag teacht, cuid éigin, le limistéir gheografacha, agus iad gar do na tíortha comharsanacha ina labhraítear an teanga chéanna. Léirítear i bhFíor 5.1 suíomh geografach gach limistéir teanga. Is iad na ceithre réigiún teanga agus a gcúigí/bardasachtaí ná:

- **Limistéar na hOllainnise:** Flóndras (cúigí Antuairp, Limburg, Vlaams-Brabant, Oost-Vlaanderen, West-Vlaanderen)
- **Limistéar na Fraincise:** An Vallúin (cúigí Mons, Liège, Lucsamburg, Namur agus Brabant Wallon)
- **Limistéar na Gearmáinise** (na naoi mbardasacht sna Cantúin Thoir)
- **Ceantar dátheangach Réigiún Príomhchathartha na Bruiséile** (19 mbardasacht na Bruiséile).

(Aireacht Oideachais agus Oiliúna Fhlóndras, 2010: 15-16)



Fíor 5.1: Comhdhéanamh na Beilge ó thaobh eitneachais agus teangacha

(Foinse: Encyclopaedia Britannica, <https://www.britannica.com/place/Belgium/Ethnic-groups-and-languages>)

Ina theannta sin, tá an Bheilg roinnte **ina trí réigiún** agus **ina trí phobal**, rud a fhágann gur cónaidhm dhúbailte í, agus parlaimint agus rialtas dó féin ag gach ceann (seachas an Pobal/Réigiún Pléimeannach) (Aireacht Oideachais agus Oiliúna Fhlóndras (2010)). Is é an rialtas cónaidhme a leagann síos réimse an oideachais éigeantaigh agus na riachtanais íosta cháilíochta agus is é a riarann pinsin na múinteoirí. Is ar an leibhéal pobail a phléitear le gach ábhar riaracháin eile a bhaineann leis an oideachas.

Is iad na **réigiúin** (1) Réigiún Fhlóndras, (2) Réigiún na Vallúine agus (3) Réigiún Príomhchathartha na Bruiséile. Baintear leas as na réigiúin sin chun cumhachtaí cónaidhme a shainiú i leith gnóthaí eacnamaíocha (e.g. *cúrsaí geilleagair, cúrsaí iompair agus oibreacha poiblí* (De Vries, 2010: 4, aistriúchán)).

Is iad na trí **phobal** ná (1) an Pobal Pléimeannach (2) Pobal na Fraincise agus (3) Pobail na Gearmáinise. Tá na pobail sin freagrach *as nithe a bhaineann le cultúr, oideachas agus daoine* (De Vries, 2010: 4, aistriúchán).

Tá **dhá leibhéal riaracháin** i gceist freisin a mbaineann tábhacht leo i dtaobh an oideachais: na cúigí agus na bardasachtaí (An Roinn Oideachais, Aireacht Oideachais an Phobail Phléimeannaigh 2001: 14, aistriúchán). Deich gcinn de chúigí atá ann, agus 589 bardasacht.

Aon údarás eile ó thaobh cúrsaí oideachais seachas na feidhmeanna cónaidhme a luaitear thuas, is iad na pobail atá freagrach as. Dá bhrí sin, riarann gach pobal a chóras oideachais agus a churaclam féin, agus **mar sin tá trí chóras oideachais éagsúla sa Bheilg** (a fhreagraíonn do gach ceann de na trí phobal), cé go bhfuil difríochtaí beaga eatarthu. I ngach cás, áfach, bíonn cuid mhaith saoirse ag an údarás oideachais áitiúil, eagraíocht a chinneann conas a eagraítear an t-oideachas, agus a dhréachtaíonn plean oibre scoile ina leagtar amach ábhar agus eagrú an teagaisc (An Roinn Oideachais, Aireacht Oideachais an Phobail Phléimeannaigh 2001: 27, aistriúchán).

Teangacha scolaíochta

Cé na teangacha iasachta a mhúintear ina gcuraclam bunscoile (suas go dtí 12/13 bliana d'aois)?

I gcás gach teanga, cuir in iúl cé acu T1, T2 agus T3 (teangacha na scoile).

An bhfuil na teangacha go léir éigeantach? An bhfuil rogha ann? Má tá, an dtugtar paraiméadair threoracha?

Córas Oideachais na Beilge

Tá struchtúr chóras scoile na Beilge leagtha amach sa tábla thíos. Is é an t-aon difríocht idir na trí phobal sa chás seo ná an aois ag a dtosaíonn páistí ag dul chuig an réamhscoil/naíscóil. Tugtar tuairisc air sin i dTábla 5.1. Tá ceithre bhealach fhéideartha (liostaithe faoi i-iv i dTábla 5.1) ar féidir leis na scoláirí rogha a dhéanamh as a measc nuair a bheidh Céim 1 den mheánoideachas críochnaithe acu.

	Cineál Oideachais	Céim	Grád/Bliain	Aois
Bunoideachas / Oideachas Bunúsach	<i>Pléimeannais/Fraincis</i> : Réamhscoil (2.5 bliain d'aois)		-	2.5 nó 3
	<i>Gearmáinis</i> : Naíscail (3 bliana d'aois)			-6
	Oideachas Bunscoile	Sraith 1	Gráid 1-2	6-8
		Sraith 2	Gráid 3-4	8-10
Meánoideachas		Sraith 3	Gráid 5-6	10-12
	Curaclam Coiteann do chách	Céim 1	Gráid 1-2	
	i. Oideachas Ginearálta Meánscoile	Céim 2	Gráid 3-4	
	ii. Oideachas Teicniúil Meánscoile			
	iii. Oideachas Meánscoile sna Dána	Céim 3	Gráid 5-6	
	iv. Gairmoideachas Meánscoile			

Tábla 5.1 An córas scoile sa Phobal Pléimeannach (Nóta: I roinnt foinsí, tagraítear do na 6 bliana a chaitear sa chóras bunscoile seachas do na Gráid)

An Meán Teagaisc

Is ar bhonn theanga an phobail a chinntear teanga theagaisc na scoile—Ollainnis sa Phobal Pléimeannach, Fraincis i bPobal na Fraincise agus Gearmáinis i bPobail na Gearmáinise. Sa Bhruiséil, ar limistéar dátheangach í, is féidir le scoláirí roghnú idir scoileanna Ollainnise nó scoileanna Fraincise. I roinnt de Phobail na Gearmáinise, áit arb í an Fhraincis an teanga thromlaigh, is féidir gurb í an Fhraincis teanga theagaisc na scoile. Úsáidtear an teanga theagaisc le haghaidh ábhair seachas na teangacha féin, agus, i gcás na n-ábhar teanga, is féidir teanga an ábhair a úsáid. Is féidir le scoileanna príobháideacha múineadh trí cibé teanga is mian leo.

Cineálacha cur chuige Tumoideachais/FCÁT

Go dtí le déanaí, faoin mbeartas um theanga oifigiúil sa Bheilg, ní dhearnadh freastal ach ar an oideachas aonteangach trí theanga an phobail (Buyl agus Hourso, 2014). Ó shin i leith, tá struchtúir dhlíthiúla bunaithe ag na Pobail uile chun cur chuige FCÁT/tumoideachais a cheadú sna scoileanna. Leagtar amach sa tábla seo a leanas na treoirínte maidir le FCÁT a úsáid ar fud na dtrí Phobal.

Pobal	FCÁT oifigiúil ceadaithe ó	Am nó céatadán a cheadaítear		Teanga nó teangacha a cheadaítear
		Réamh-Bhunscoil	Bunscoil	
An Pobal Pléimeannach	2014	20%	20%	Fraincis

Pobal na Fraincise	1998 Nuashonraithe 2003, 2007	50-66% (Bliain 3 na réamhscoile go bliain 2 na bunscoile)	25-66% (Bliain 3 go Bliain 6)	Teanga seachas an Fhraincis (Gearmáinis, Béarla nó Ollainnis de ghnáth), nó teanga chomharthaíochta
Pobail na Gearmáinise	2004	50-200 nóiméad gníomhaíochtaí spraoi in aghaidh na seachtaine	Le haghaidh gníomhaíochtaí oideachais, ealaíne, cruthaitheachta agus corpoideachais amháin	Fraincis

Tábla 5.2 (Tiomsaithe ó Chohey-Paquet, 2007; Eurydice, 2019, 2019a, 2019b; Hiligsmann agus Van Mensel, 2016)

Ós rud é go gcuireann gach ceann de na pobail dara teangacha difriúla nó teangacha iasachta difriúla ar fáil ina gcórais scoile agus nach ionann an tráth ná an chaoi ar féidir tosú á múineadh, féachtar sna ranna seo a leanas ar gach pobal ar a sheal.

Dara teangacha/teangacha iasachta sna bunscoileanna sa Phobal Pléimeannach

	Leibhéal	Sraith	Bliain/Grád	Aois	Teanga/teangacha a chuirtear ar fáil
Bunoideachas	Oideachas Réamhscoile		-	2.5-6	Feasacht ar an bhFraincis— roghnach Feasacht ar theanga eile— roghnach
	Oideachas Bunscoile	Sraith 1	Gráid 1-2	6-8	Feasacht ar an bhFraincis— roghnach Fraincis roghnach ó Bhliain 1 nó 2 ar aghaidh, ag brath ar an mbardasacht (e.g. an Bhruiséil)
		Sraith 2	Gráid 3-4	8-10	Fraincis roghnach ó Ghrád 3 ar aghaidh ó 2014 i leith
		Sraith 3	Gráid 5-6	10-12	Fraincis éigeantach ó Ghrád 5 ar aghaidh

Tábla 5.3 Foghlaim teangacha iasachta sa Phobal Pléimeannach (tiomsaithe ó De Vries, 2010, Eurydice, 2019; Aireacht Oideachais agus Oiliúna Fhlóndras, 2010)

Meastar gur teanga iasachta í an Fhraincis sa Phobal Pléimeannach. I dTábla 5.3 thuas, leagtar amach an fhoghlaim teanga iasachta a dhéantar mar chuid den Bhunoideachas sa Phobal Pléimeannach.

Ar an leibhéal **réamhscoile**, is féidir feasacht ar an Fhraincis a mhúineadh ar bhonn roghnach. Is féidir cláir feasachta teanga eile a mhúineadh freisin, ach clár Fraincise a bheith bunaithe cheana féin.

San **oideachas bunscoile**, is féidir cláir roghnacha feasachta ar an bhFraincis nó cláir roghnacha feasachta ar theanga eile a mhúineadh (nó leanúint ar aghaidh leo ón réamhscoil) ó Ghrád 1 ar aghaidh. Tá an rogha ag roinnt bardasachtaí feadh na réigiún teorann Fraincis a mhúineadh ó Ghrád 1 nó ó Ghrád 2. Ó 2014 ar aghaidh, bhí gach scoil in ann Fraincis a mhúineadh ó Ghrád 3 ar aghaidh. Cuirtear tús leis an bhFraincis **éigeantach** do gach dalta i nGrád 5.

Dara teangacha/teangacha iasachta i mbunscoileanna i bPobal na Fraincise

	Leibhéal	Sraith	Grád	Aois	Na Cineálacha Oideachais a Chuirtear ar Fáil
Bunoideachas	Oideachas Réamhscoile		-	2.5-6	Luathfhoghlaim teanga iasachta ar bhonn roghnach (e.g. tumoideachas teanga)
	Oideachas Bunscoile	Sraith 1	Gráid 1-2	6-8	Ollainnis roghnach *
		Sraith 2	Gráid 3-4	8-10	Ollainnis éigeantach * ó Ghrád 3 ar aghaidh
		Sraith 3	Gráid 5-6	10-12	Ollainnis éigeantach * Foghlaim éigeantach “Cumarsáid i dTeanga” (Gearmáinis, Béarla nó Ollainnis) (2 thréimhse sa tseachtain)

Tábla 5.4 Foghlaim teanga iasachta i bPobal na Fraincise (*Múintear Gearmáinis freisin i roinnt bardasachtaí (Eurydice, 2019a))

I dTábla 5.4 thuas, leagtar amach an fhoghlaim teanga iasachta a dhéantar mar chuid den Bhunoideachas i bPobal na Fraincise.

Ar an **leibhéal réamhscoile**, is féidir tús a chur le luathfhoghlaim teanga iasachta ar bhonn roghnach trí FCÁT agus trí chláir luath-thumoideachais.

Ar **leibhéal na bunscoile**, is féidir tús a chur le luathfhoghlaim teanga iasachta ar bhonn roghnach ó Ghrád 1. Bíonn teagasc an chéad teanga iasachta éigeantach ó Ghrád 3 ar aghaidh. Cuirtear le líon na n-uaireanta teagaisc sa teanga iasachta éigeantach de réir mar a théann an scoláire ar aghaidh go Gráid 5-6. Ó Ghrád 5 ar aghaidh, is féidir an chéad teanga iasachta a úsáid freisin trí FCÁT agus, ag an

bpointe sin, is féidir cleachtaí athbhreithnithe le haghaidh ábhair eile sa churaclam a bheith san áireamh sa teagasc (Eurydice, 2019a, aistriúchán).

Is í an Ollainnis an teanga a mhúintear mar an chéad teanga iasachta i bhformhór na mbardasachtaí i bPobal na Fraincise. Féadfar Ollainnis nó Gearmáinis a mhúineadh mar an chéad teanga iasachta i mbardasachtaí Malmédy, Waimes, Baelen, Plombières agus Welkenraedt (áit ar mionteanga í an Ghearmáinis nó a bhfuil an bhardasacht gar do theorainn na Gearmáine). Tá ‘scéimeanna speisialta’, faoina leagtar síos an chéad teanga iasachta, i bhfeidhm do bhardasachtaí thart timpeall na Buiséile.

Is féidir dul i dtailí ar theanga bhreise i nGráid 5-6 trí theagasc *na cumarsáide i nuatheanga seachas an Fhraincis (Gearmáinis, Béarla nó Ollainnis)* (Eurydice, 2019a). Ba chóir an nochtadh sin don teanga a bheith ar siúl ar feadh dhá thréimhse (90 nóiméad) ar a laghad in aghaidh na seachtaine.

Dara teangacha sna bunscoileanna i bPobail na Gearmáinise

	Leibhéal	Sraith	Grád	Aois	Na Cineálacha Oideachais a Chuirtear ar Fáil
Bunoideachas	Naíscoil		-	2.5-6	Gníomhaíochtaí a mhúintear trí Fhraincis (50 go 200 nóiméad in aghaidh na seachtaine) le <i>Sprachbad</i> (Teanga-chith).
	Oideachas Bunscoile	Sraith 1	Gráid 1-2	6-8	Fraincis éigeantach ó Ghrád 1 ar aghaidh
		Sraith 2	Gráid 3-4	8-10	Fraincis éigeantach
		Sraith 3	Gráid 5-6	10-12	Fraincis éigeantach

Tábla 5.5 Dara Teangacha i bPobail na Gearmáinise

I dTábla 5.5 thuas, leagtar amach an fhoghlaim teanga iasachta a dhéantar mar chuid den Bhunoideachas i bPobail na Gearmáinise.

Is í an Ghearmáinis an teanga theagaisc i scoileanna Phobail na Gearmáinise, seachas scoileanna a chaithfidh an teanga mhionlaigh (Fraincis) a chosaint, is é sin an teanga a labhraítear ar theorainneacha na tíre. Is féidir Spóirt, Ceol nó Ealaín a mhúineadh tríd an dara teanga (FCÁT) sa chás ina leagtar amach aidhmeanna daingne maidir le foghlaim teanga. Ní mór gurb í an Fhraincis an chéad teanga iasachta a mhúintear i bPobail na Gearmáinise (Ministerium der Deutschsprachigen Gemeinschaft Belgiens, 2008).

Is ar leibhéal na Náiscoileanna a thugtar isteach teangacha iasachta. Múintear Fraincis faoi chuimsiú na bpleananna gníomhaíochta lena n-áirítear *Gníomhaíochtaí teanga iasachta: (1) Éisteacht agus tuiscint agus (2) Labhairt* (Eurydice, 2019b, aistriúchán) i bhformáid “Sprachbad” nó Teanga-cheatha.

Ar an mbunleibhéal, bíonn an Fhraincis éigeantach ó Ghrád 1 ar aghaidh agus ní mór í a mhúineadh gach lá. Cuirtear leis an méid ama a leagtar síos chun teangacha iasachta a fhoghlaim de réir mar a théann an dalta chun cinn ó ghrád go grád sa bhunscoil. Leagtar amach cuid éigeantach den am sin chun staidéar a dhéanamh ar an dara teanga—ní bhíonn líon éigeantach uaireanta in aghaidh na seachtaine i gceist ach i gcúpla ábhar. Dáileann an t-údarás scoile áitiúil an t-am atá fágtha i measc na n-ábhar eile (seachas Oideachas Reiligiúnach, a mbíonn uaireanta socraithe leagtha amach ina leith freisin).

Beartais teanga agus an spreagadh náisiúnta i leith teangacha

Cén fáth ar roghnaigh an dlínse an tríú teanga a chur san áireamh (réasúnaíocht, cuspóirí beartais)?

Cén bhliain inar tharla sé sin?

Is iondúil gur ceann de na teangacha náisiúnta eile í an chéad teanga iasachta a mhúintear i ngach pobal le linn na mblianta bunoidreachais. Tá an méid sin le sonrú sna teangacha is coitianta a roghnaítear le staidéar a dhéanamh orthu ar leibhéal na bunscoile. I bPobal na Fraincise, is í an Ollainnis an teanga is mó a bhfuil tóir uirthi ó thaobh an staidéir (36% de na daltaí) (Eurydice, 2012). Sa Phobal Pléimeannach, is í an Fhraincis an teanga is mó tóir (27.4% de na daltaí) (Eurydice 2012).

Mar a leagtar amach i Roinn 5 thuas, faoi reachtaíocht de chuid na Beilge fógraíodh nach mór gurb iad teangacha nó meáin teagaisc na scoileanna teanga an Réigiúin/an Phobail (seachas cás na Bruiséile, ar réigiún dátheangach é). Le tamall maith anuas, d’fhág an reachtaíocht sin gur beag deis a bhí ann ó thaobh tumoideachais/FCÁT ná ó thaobh teangacha eile a bheith ag an scoil, go háirithe i gcás tír ina bhfuil saibhreas chomh mór teangacha. De bharr athruithe a rinneadh ní ba dhéanaí ar reachtaíocht áitiúil, ceadaíodh leas a bhaint as modhanna tumoideachais agus FCÁT, rud a chuidigh le héagsúlú éigin a dhéanamh ar na teangacha a bhí á múineadh agus a chuidigh na teangacha a chur i láthair na bpáistí ag céim níos luaithe foghlama.

Ceadaíonn gach ceann de na pobail tabhairt faoi theangacha iasachta mar ghné roghnach réamh-bhunscoile, agus is feasacht teanga, cleachtadh ar theanga nó formáidí FCÁT a bhíonn i gceist leis sin.

Teagasc agus foghlaim: An nuatheanga ar leibhéal na bunscoile

Aidhmeanna agus struchtúr an churaclaim

Cad iad na haidhmeanna curaclaim i leith an tríú teanga?

Cén chaoi a gcuirtear an curaclam i láthair don tríú teanga seo—leibhéal sainiúlachta; struchtúr—snáitheanna; torthaí/cuspóirí foghlama?

I gcás gach ceann de na pobail, sainítear croíchuraclam ar leibhéal an phobail. Úsáidtear é sin chun curaclam áitiúil a fhorbairt i gcomhair gach ceann de na réimsí foghlama nó na hábhair. Sonraítear sna ranna ina dhiaidh seo an croíchuraclam a úsáidtear i ngach ceann de na pobail. Déantar scrúdú níos mionsonraithe ar churaclam an dara teanga san fho-roinn ar Phobail na Gearmáinise.

An Pobal Pléimeannach

Tá na curaclaim réamhscoile ailínithe leis an gcuraclam bunscoile ionas go mbeidh leibhéal amháin ag leanúint ó leibhéal eile. Cuimsítear sa chroíchuraclam coiteann **Réimsí Foghlama** agus **Téamaí Traschuraclaim** (De Vries, 2010).

Tá cúig **réimse foghlama** sonraithe ar an mbunleibhéal, mar seo a leanas (Eurydice, 2019; De Vries, 2010):

- Corpoideachas: scileanna luaileacha, stíl mhaireachtála shláintiúil shábháilte, féinfheasacht agus lánpháirtiú sóisialta
- Oideachas Ealaíne: na hamharcealaíona, ceol, drámaíocht, damhsa, na meáin agus meonta
- Teanga
 - Ollainnis (T1 i gcás fhormhór na scoileanna): éisteacht, labhairt, léitheoireacht, scríbhneoireacht, straitéisí, teangeolaíocht, béim ar ghné chultúrtha nó idirchultúrtha
 - Fraincis (T2 i gcás fhormhór na scoileanna): éisteacht, léitheoireacht, labhairt, idirghníomhú ó bhéal, scríbhneoireacht
- Tús eolais ar an domhan (an dúlra, daoine, an tsochaí, teicneolaíocht, am agus an spás, agus úsáid acmhainní)
- Tús eolais ar an matamaitic (uimhreacha, tomhas, geoiméadracht, straitéisí agus scileanna maidir le fadhbanna a réiteach, meonta)

Chomh maith leis na cúig réimse foghlama, leagtar amach dhá riachtanas bhunreachtúla freisin. Ní mór dhá thréimhse theagaisc ar a laghad a bheith ann ina múintear an fhealsúnacht saoil (*levensbeschouwelijke vorming*) agus rogha a bheith idir eitic neamhchreidimh agus reiligiún (De Vries, 2010).

Is iad na **Téamaí Traschuraclaim** ná:

- Foghlaim conas foghlaim
- Scileanna sóisialta
- TFC.

Déantar an croíchuraclam coiteann a leathnú agus a mhionléiriú i gcomhair gach réimse curaclaim ar an leibhéal áitiúil.

Pobal na Fraincise

Tá croíchuraclam coiteann (*ordú faoi na cuspóirí*) i bhfeidhm freisin i bPobal na Fraincise. Forbraíonn na *pouvoirs organisateurs* (údaráis eagraithe) na curaclaim áitiúla agus ní mór dóibh a bheith ag teacht le *cuspóirí ginearálta an oideachais agus a bheith i gcomhréir le riachtanais an Ordaithe ar chuspóirí na scoile* (Eurydice, 2019a, aistriúchán). De réir an dlí, féadfaidh an t-údarás áitiúil a chuid modhanna agus aidhmeanna teagaisc féin a roghnú, agus cuirtear iadsan faoi bhráid an Aire agus an Choimisiúin Churaclaim lena gceadú. *Sa phlean scoile, aistrítear plean teagaisc an údaráis áitiúil ina ghnéithe nithiúla i bhfianaise a chomhthéacs ar leith* (Eurydice, 2019a, aistriúchán).

Is **réimsí** seachas ábhair a shainítear sa chroíchuraclam, agus ní mór **inniúlachtaí** a fhorbairt laistigh díobh siúd. Tugtar tús áite (1) *do theagasc na léitheoireachta ar mhaithe le brí a thuiscint go háirithe*, (2) *do chumarsáid i scríbhinn agus ó bhéal a dhéanamh, agus (3) do mháistreacht a fháil ar na huirlisí matamaiticiúla bunúsacha i gcomhthéacs réiteach fadhbanna*.

Tá na **réimsí** seo a leanas ina gcuid den chroíchuraclam éigeantach:

- | | |
|---|---|
| ▪ Struchtúr an ama agus an spáis | ▪ Tús eolais ar an eolaíocht |
| ▪ An fheidhm shícealuadrach agus corpoideachas | ▪ Aithne a chur ar an timpeallacht |
| ▪ Fionnachtain, tús eolais ar an stair agus an tíreolaíocht | ▪ Oideachas do na meáin chumarsáide |
| ▪ Oideachas ealaíne | ▪ Foghlaim faoi iompraíochtaí sóisialta agus saoránacht |
| ▪ Oideachas trí mheán na teicneolaíochta | ▪ Scileanna cumarsáide i dteanga seachas an Fhraincis. |

Laistigh den chreat sin, tá ocht réimse i gceist sna **Croíscileanna**:

- Fraincis (T1)
- Matamaitic
- Fionnachtain—tús eolais ar an eolaíocht (lena n-áirítear an saol sóisialta agus an saol eacnamaíoch)
- Nuatheangacha (T2)
- Corpoideachas
- Oideachas trí mheán na teicneolaíochta
- Oideachas ealaíne

(Eurydice, 2019a).

Faoi na curaclaim áitiúla, déantar leathnú ar na croí-inniúlachtaí agus na réimsí sin le hábhar cúrsa agus sonraí modheolaíochta. Ní mór gach curaclam áitiúil a fhorbairt lena chinntiú gur féidir *na Croíscileanna a fhoghlaim* (Eurydice, 2019a, aistriúchán).

Pobail na Gearmáinise

An Croíchuraclam a leagtar amach i bPobail na Gearmáinise, is laistigh de chreataí curaclaim a shainítear é (*Rahmenpläne*). Is ar na creataí curaclaim agus na croí-inniúlachtaí a bhunaítear na ceanglais i dtaobh teagasc agus foghlaim sna scoileanna. Is féidir le pobail an curaclam áitiúil a fhorbairt thart timpeall ar na creataí agus na croí-inniúlachtaí lárnacha sin chun spriocanna agus cuspóirí teagaisc dá gcuid féin a leagan síos agus a chur chun feidhme.

Bunaíodh na creataí curaclaim seo a leanas, agus na croí-inniúlachtaí a ghabhann leo, in 2008. Tá sé éigeantach iad a chuimsiú sna curaclaim áitiúla.

- Gearmáinis mar theanga theagaisc (T1)
- Fraincis mar chéad teanga iasachta (T2)
- Matamaitic
- Stair agus Tíreolaíocht
- Eolaíocht Nádúrtha and Teicneolaíocht
- Ceol agus Ealaín
- Spórt.

(Ministerium der Deutschsprachigen Gemeinschaft Belgiens, 2008: 30).

Ní mór reiligiún nó eitic neamh-shainchreidmheach a chuimsiú sa teagasc agus san fhoghlaim i ngach scoil, in dhá rang (50 nóiméad) ar a laghad in aghaidh na seachtaine (Ministerium der Deutschsprachigen Gemeinschaft Belgiens, 2008: 33).

Curaclam na Fraincise mar theanga iasachta

Is í an Fhraincis an chéad teanga iasachta a mhúintear sna scoileanna i bPobail na Gearmáinise. Sna ranna seo a leanas sonraítear ábhar an Chreata Curaclaim don Fhraincis mar theanga iasachta.

Cuimsíonn an curaclam Fraincise (T2) na trí leibhéal oideachais bunscoile (Gráid/Blianta 1-6) agus an chéad leibhéal (Gráid 1-2) den oideachas meánscoile. Leis sin, féachtar chuige go mbeidh leanúnachas ann, ó thaobh foghlaim teanga, ó leibhéal amháin oideachais go leibhéal eile agus le linn na hidirthréimhse idir an bhunscoil agus an mheánscoil. Ina theannta sin, is pointe tosaigh é chun tabhairt faoin Fhraincis a fhoghlaim mar theanga iasachta i nGráid 3-6. Ar an gcéad leibhéal meánoideachais, is é an curaclam tosaigh céanna a bhíonn ag na scoláirí go léir sula dtabharfaidh siad faoi cheann de na ceithre rogha meánoideachais.

Sa churaclam, sainítear go gcuireann inniúlachtaí ar a gcumas do scoláirí fadhbanna a réiteach go freagrach agus i gceart. Tugtar sonraí faoi chineálacha éagsúla inniúlachtaí laistigh de na chéad rannóga den churaclam— (1) Inniúlachtaí bunaithe ar ábhar a bhaineann le heolas a shealbhú faoi ábhar ar leith (2) Inniúlachtaí traschuraclaim lena gcuimsítear modh, inniúlachtaí sóisialta agus inniúlachtaí pearsanta, (3) croí-inniúlachtaí arb iad na hinniúlachtaí lárnacha iad don fhoghlaim go léir agus (4) *Torthaí Inniúlachta (Kompetenzerwartungen)* lena ndéantar cur síos ar na torthaí foghlama atá bainte amach ag scoláire.

Is iad na croí-inniúlachtaí atá i gceist i gcás na Fraincise mar theanga iasachta ná:

- Éisteacht
- Labhairt
- Léitheoireacht
- Scríbhneoireacht
- Teacht ar thuiscint ar thimpeallachtaí maireachtála ár gcomharsan (Feasacht idirchultúrtha)
- Tuiscint a chothú ar dhifríochtaí idir cultúir.

(Ministerium der Deutschsprachigen Gemeinschaft Belgiens, 2008a).

Sonraítear sa churaclam leaganacha achomair de **na hlonchais Inniúlachta (torthaí foghlama/gnóthachtálacha)** lena sainítear an leibhéal cumais ar chóir é a bheith bainte amach ag an scoláire ag dhá thráth ar leith: (1) ag deireadh na mblianta bunscoile (tar éis sé bliana den oideachas

bunscoile) agus (2) ag deireadh na chéad chéime den oideachas meánscoile (Gráid 1-2). Déantar iadsan a fho-roinnt ina dtrí chuid de réir inniúlachtaí éagsúla.

- CUID I: Inniúlacht Chumarsáideach (éisteacht, labhairt, léitheoireacht, scríbhneoireacht)
- CUID II: Meán labhartha (stór focal, gramadach, litriú agus fóineolaíocht)
- CUID III: Inniúlacht Idirchultúrtha (Tuiscint ar thimpeallachtaí maireachtála na gcomharsan, Tuiscint ar dhifríochtaí idir cultúir)

Tá *na hionchais inniúlachta* (torthaí foghlama) ag teacht leis na leibhéil a leagtar amach i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha. Taispeántar i bhFíor 5.2 sliocht as *na hionchais inniúlachta* sin, ón gcroíchuraclam.

3. KOMPETENZERWARTUNGEN	
Ende des sechsten Primarschuljahres	Ende des zweiten Sekundarschuljahres
TEIL I - DIE KOMMUNIKATIONSKOMPETENZEN	
Mündlich	
Zuhören: aktiv zuhören und verstehen	
<ul style="list-style-type: none"> • Die Schüler verstehen Ausdrücke und einen Wortschatz, die sehr häufig vorkommen in den sie unmittelbar betreffenden Dingen, wie ihre Person, ihre Familie, Einkauf, nahes Umfeld. Sie erfassen das Wesentliche von einfachen und klaren Aussagen und Mitteilungen. (A2) • Ihr Verständnis reicht für ihren konkreten Bedarf aus, wenn die Sprachschnelligkeit und der Wortschatz angepasst sind und die Aussprache deutlich ist. (A2) 	<ul style="list-style-type: none"> • Die Schüler verstehen die Hauptpunkte, wenn klare Standardsprache verwendet wird und es um vertraute Dinge aus Schule, Freizeit, usw. geht. Sie verstehen Kurzgeschichten. (B1) • Die Schüler verstehen Informationen zu Alltagsthemen und begreifen die globale Aussage sowie wichtige Einzelheiten, wenn die Sprachschnelligkeit angepasst und der Akzent vertraut sind und wenn es eine deutlich artikuliert Standardsprache ist. (B1)

Fíor 5.2 Sliocht as croíchuraclam Phobail na Gearmáinise: Ionchais Inniúlachta (Torthaí Foghlama) (Aireium der Deutschsprachigen Gemeinschaft Belgiens, 2008a: 49)

Is iad **Inniúlachtaí agus Inneachar** Mionsonraithe an chomhpháirt deiridh den churaclam. Sonraítear sa churaclam gurb iadsan na céimeanna tábhachtacha ó thaobh inniúlacht teanga a fhorbairt agus gurb iad an bealach is fearr chun na scoláirí a ullmhú ionas go mbainfidh siad amach na torthaí foghlama atá leagtha amach i leith dheireadh gach leibhéal oideachais. Tugtar breac-chuntas sna ranna deiridh ar an inneachar i gcomhair na gcéimeanna go léir. Tá an **forléargas** ar na hinniúlachtaí agus ar an inneachar leagtha amach de réir na dtrí leibhéal bunscoile agus an chéad leibhéal

meánscoile. Léirítear an chaoi a mbíonn foghlaim na scileanna go léir fite fuaite ar fud na leibhéal sin. Luaitear **inneachar iomlán** na gceachtanna teanga ina dhiaidh sin agus sonraítear sa churaclam na torthaí foghlama le samplaí/stór focal Fraincise i leith gach toraidh. Taispeántar i bhFíor 5.3 sliocht as roinn na n-inniúlachtaí agus an inneachair den churaclam.

Lesen und verstehen, das Leseverstehen nachweisen	
Erkennen (global)	
• erkennen in einem Text bereits gelesene oder gehörte Wörter.	mündlich angeeignete Wörter
Lesen und verstehen, das Leseverstehen nachweisen	
• verbinden Bilder mit dem Schrifttext.	Texte mit bekanntem Inhalt
• stellen die chronologische Reihenfolge wieder her.	Geschichten mit bekanntem Inhalt
Lesen zur Entwicklung der Sprachmittel	
Phonologie	
• lesen einfache Wörter.	mündlich angeeignete Wörter
Vokabular	
• lesen einfache Wörter im Kontext	einfache Wörter, die bekannten Wörtern ähneln
Grammatik: siehe Sprachmittel	
Schreiben	
Abschreiben	
• schreiben Wörter oder Sätze, die vorher mündlich angeeignet wurden, zu einem funktionalen Zweck ab.	Dateien, Gedichte, Lieder, Kurztex te ...
B. SPRACHMITTEL	
Wortschatz	
• begrüßen jemanden.	bonjour, au revoir, salut ...
• stellen sich vor, stellen jemanden vor;	Je m'appelle, je suis, j'ai ... ans, voilà ..., voici ...
• stellen Fragen und beantworten sie bejahend oder verneinend;	Qui est-ce ? qu'est-ce que c'est ? c'est ? ce n'est pas ? ce sont les ...,

Fíor 5.3 Sliocht as croíchuraclam Phobail na Gearmáinise: Inniúlachtaí agus inneachar (Ministerium der Deutschsprachigen Gemeinschaft Belgiens, 2008a: 58)

Nóta: Tá leagan Fraincise den churaclam ar fáil freisin.

Comhtháthú teanga

Cén chaoi a bhfuil an teanga comhtháite i gcuraclam na bunscoile? (e.g., múintear í mar ábhar ar leithligh ar an tráthchlár; mar chuid de réimse leathan teangacha; FCÁT, gníomhaíocht sheachchuraclaim; teaghlaim díobhsan)?

Cá mhéad uair an chloig a chaitear léi in aghaidh na seachtaine? Agus conas a áirítear na huaireanta sin i dtráthchlár na scoile (cén t-ábhar a fhágtar ar lár sa chaoi is go mbeidh am ar fáil don teanga)?

Nóta: Ar fud gach ceann de na tuairiscí Pobail, úsáideadh idir ‘tréimhsí’ (50 nóiméad i ngach pobal) agus ‘uaireanta an chloig’ chun cur síos a dhéanamh ar an leithdháileadh ama don teanga. Sa phlé thíos, glactar leis gurbh ionann brí a bhí le ‘uair (an chloig)’ agus ‘tréimhse’ (i.e. iad araon ag tagairt do thréimhsí 50 nóiméad) mar, murach sin, b’fhaide é an méid iomlán ama a leithdháileadh i gcás uair an chloig (60 nóiméad) ná an leithdháileadh ama seachtainiúil. D’fhéadfadh sé gur botúin aistriúcháin ba chúis leis an dá théarma sin a bheith in úsáid sa chomhthéacs céanna; mar shampla, ciallaíonn an focal Gearmáinise ‘Stunde’ tréimhsí ranga nó uaireanta an lae.

Rinneadh plé achomair i Roinn 5 ar an soláthar do shuímh FCÁT agus suímh thumoideachais ar fud na dtrí phobal. Cuirtear deiseanna ar fáil ar fud na dtrí phobal.

I ngach pobal, múintear an chéad teanga iasachta/an dara teanga **mar ábhar ar leithligh ar an tráthchlár** (seachas na teanga-cheathanna ar an leibhéal réamh-bhunscoile agus leibhéal na luathbhunscolaíochta). Bíonn seansanna breise foghlama teanga ar fáil faoi dheiseanna FCÁT/tumoideachais, de bhreis ar na croídheiseanna.

Leagtar amach thíos na huaireanta teagaisc sa chéad teanga iasachta/dara teanga i gcás gach ceann de na trí phobal.

An Pobal Pléimeannach

Cuimsítear sa tseachtain iomlán scoile sa phobal seo 28-29 tréimhse theagaisc, a mhaireann 50 nóiméad (Eurydice, 2019). Bíonn cead ag an scoil áitiúil a chinneadh cé mhéad ama a chaithefear ag foghlaim na Fraincise; níl aon cheanglais tráthchláir ann ar an leibhéal pobail (De Vriers, 2010; An Roinn Oideachais, Aireacht Oideachais an Phobail Phléimeannaigh 2001).

Pobal na Fraincise

Is ionann an tráthchlár seachtainiúil i bPobal na Fraincise agus an tráthchlár sa Phobal Pléimeannach. Cuimsítear sa tseachtain 28 tréimhse, agus fad 50 nóiméad i ngach ceann acu. I gcás ábhair áirithe, sainíonn an pobal na tréimhsí a leagtar amach ina leith. Tá teanga ar cheann de na hábhair sin—

déantar *idir náid agus cúig thréimhse* a leagan amach do chúrsaí nuatheanga (*ag brath ar an ngrád agus an limistéar geografach*) (Eurydice, 2019a, aistriúchán).

Tar éis luathfhoghlaim teanga ar bhonn roghnach (tumoideachas/FCÁT) ar an leibhéal réamh-bhunscoile, ní féidir dul thar dhá thréimhse (50 nóiméad) in aghaidh na seachtaine leis an bhfoghlaim roghnach Ollainnise i nGráid bhunscoile 1-2. I nGráid Bhunscoile 3-4, ní mór Ollainnis éigeantach a bheith ar an tráthchlár ar feadh trí thréimhse sa tseachtain. I nGráid Bhunscoile 5-6, ceanglaítear cúig thréimhse sa tseachtain a chaitheamh ag foghlaim Ollainnise. Is féidir a áireamh leis na cúig thréimhse sin úsáid na hOllainnise trí FCÁT in ábhair eile.

Is féidir thréimhse amháin in aghaidh na seachtaine a chur leis an tráthchlár i nGráid 5-6 *sna bardasachtaí sin de chuid na Vallúine nach bhfuil stádas speisialta teanga acu* (Eurydice, 2019a, aistriúchán).

Pobail na Gearmáinise

Cuimsítear sa tseachtain scoile i bPobail na Gearmáinise freisin 28 thréimhse, a mhaireann 50 nóiméad.

Ar leibhéal náischoile nó ar an leibhéal réamh-bhunscoile, is féidir 50 nóiméad ar a laghad agus 200 nóiméad ar a mhéad in aghaidh na seachtaine a chaitheamh ar an bhFraincis (Ministerium der Deutschsprachigen Gemeinschaft Belgiens, 2008).

I nGráid Bhunscoile 1-2, déantar dhá thréimhse ar a laghad, agus suas le trí thréimhse, a leagan amach don dara teanga. I nGráid Bhunscoile 3-4, déantar trí thréimhse ar a laghad in aghaidh na seachtaine a leagan amach, agus suas le ceithre thréimhse. I nGráid Bhunscoile 5-6, déantar cúig thréimhse ar a laghad in aghaidh na seachtaine a leagan amach, agus suas le sé thréimhse. Dáileann an t-údarás scoile áitiúil an t-am atá fágtha i measc na n-ábhar eile (seachas Oideachas Reiligiúnach, a bhfuil uaireanta leagtha síos ina leith freisin) (Eurydice, 2019b; Ministerium der Deutschsprachigen Gemeinschaft Belgiens, 2008).

An múinteoir teanga

Cé a mhúineann an teanga iasachta T3? Cén chaoi a dtacaítear leo agus a spreagtar iad chun í a mhúineadh? (i.e. an bhfuil múinteoirí oilte sa scoil nó an dtugann an scoil múinteoirí seachtracha isteach)?

Cén cineál oiliúna a chuirtear ar fáil? An ndéantar an oiliúint trí mheán Oiliúint Tosaigh Múinteoirí nó trí Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach, nó an dá rud?

An Pobal Pléimeannach

Is iad na múinteoirí ginearálta a mhúineann an teanga iasachta sna scoileanna sa Phobal Pléimeannach. Ní mór sainmhúinteoirí a bheith ag múineadh roinnt ábhar cosúil le corpoideachas agus ceol, ach ní cheanglaítear sainmhúinteoirí i gcomhair teangacha iasachta a mhúineadh (De Vries, 2010).

Faoi chláir chomhtháite um oiliúint múinteoirí, lena gclúdaítear eolas ar an inneachar agus oideolaíocht, cáilítear múinteoirí chun gach ábhar a mhúineadh, ach amháin iad siúd a shonraítear mar chinn a dteastaíonn sainmhúinteoir ina leith.

Pobal na Fraincise

Is iad na múinteoirí ginearálta a mhúineann an teanga iasachta i bPobal na Fraincise freisin. Foghlaimíonn múinteoirí inneachar agus teagasc na teanga iasachta mar chuid de na cláir ghinearálta um oiliúint tosaigh múinteoirí.

Pobail na Gearmáinise

Is iad na múinteoirí ginearálta a mhúineann an teanga iasachta sna scoileanna i bPobail na Gearmáinise. Leis an oiliúint tosaigh múinteoirí, éascaítear don fhoghlaim faoi inneachar agus teagasc na n-ábhar curaclaim go léir. I roinnt institiúidí, is féidir *Fraincis mar an chéad teanga iasachta agus teagasc na Fraincise* a chur ar fáil mar chúrsa roghnach.

Leanúnachas teanga ón mbunscoil chuig an meánscoil

Cén chaoi a ndéantar droichid, más ann dóibh, idir teangacha a mhúintear sa bhunscoil agus teangacha a mhúintear ar an dara leibhéal (e.g., cad a tharlaíonn mura bhfuil an teanga chéanna sin á mhúineadh san iar-bhunscoil áitiúil?)

Is iondúil gur teanga iasachta amháin a bhíonn i gceist i ngach ceann de na trí phobal sna socrúithe maidir le teangacha a theagasc. Bíonn deiseanna breise le tapú chun teangacha eile (Gearmáinis, Béarla nó Ollainnis) a fhoghlaim sa bhunscoil trí mheán FCÁT/tumoideachas teoranta, Feasacht Teanga nó an t-ábhar ‘Cumarsáid i dTeanga’.

I Roinn 5, leagadh béim ar an gcaoi arbh í an teanga iasachta ba choitianta a mhúintear in aon phobal ar an leibhéal bunscoile ná ceann de na teangacha náisiúnta eile nó teanga na dtíortha teorann i gcás na mbardasachtaí gar don teorainn. Sa Phobal Pléimeannach, is í an Fhraincis an teanga iasachta a mhúintear de ghnáth. I bPobal na Fraincise, is í an Ollainnis a mhúintear. I bPobail na Gearmáinise, is

í an Fhraincis a mhúintear. Toisc éagsúlacht chomh beag a bheith i gceist leis na teangacha a mhúintear, níor mhór an dúshlán é leanúint leis an teanga chéanna ar an dara leibhéal.

I bPobail na Gearmáinise, tá beart eile i bhfeidhm chun leanúnachas a chinntiú ón mbunscoil chomh fada leis an meánscoil, is é sin an croíchuraclam teanga atá acu i gcomhair na Fraincise. Mar a luadh i Roinn 5, clúdaíonn curaclam na Fraincise (T2) na trí leibhéal (Gráid 1-6) oideachais bunscoile agus an chéad leibhéal (Gráid 1-2) oideachais meánscoile. Leis an leanúnachas sin in inneachar an chroíchuraclaim ó leibhéal go leibhéal, féachtar chuige go mbíonn an fhoghlaim teanga líneach, comhtháite agus leanúnach ó leibhéal na bunscoile go leibhéal na meánscoile.

Measúnú teanga

Cad a dhéantar a mheas sa churaclam teanga iasachta T3 agus conas a dhéantar é sin?

I ngach ceann de na trí phobal, bíonn sairse ag an múinteoir scoile áitiúil ó thaobh an mheasúnaithe. Spreagtar measúnú foirmitheach a dhéanamh go rialta agus bíonn sé de chúram ar na múinteoirí tuairiscí a thabhairt do na tuismitheoirí. I ngach pobal, leagtar síos sa chroíchuraclam teanga sraith cuspóirí foghlama mionsonraithe, réamhshocraithe a mbítear ag súil leis a bhainfidh na scoláirí amach. Úsáidtear iad mar thagarmharc do na múinteoirí chun measúnú a dhéanamh ar a gcuid scoláirí agus chun pleanáil a dhéanamh don teagasc atá rompu. Sna ranna seo a leanas, tugtar breac-chuntas ar chuid de na riachtanais struchtúracha ó thaobh measúnaithe. Tá feidhm acusan maidir le teangacha ós rud é gur cuid den chroíchuraclam iad i gcás na bpobal uile.

An Pobal Pléimeannach

Ar leibhéal na bunscoile, spreagtar na múinteoirí chun straitéisí measúnaithe a cheapadh *a bheidh bunaithe ar theagasc a spreagfaidh na scoláirí agus a chuideoidh leo dea-thorthaí a bhaint amach* (Aireacht Oideachais agus Oiliúna Fhlóndras, 2010: 162, aistriúchán) ina straitéisí measúnaithe. Taobh leis an measúnú foirmitheach, déantar trialacha measúnaithe shuimithigh i mí na Nollag agus i mí an Mheithimh (Aireacht Oideachais agus Oiliúna Fhlóndras, 2010).

Is féidir an Teastas Bunoideachais a bhronnadh ag deireadh bhlianta an oideachais bunscoile. Má chomhlíontar cuspóirí deiridh (*Eindtermen*) an churaclaim, is féidir leis an gComhairle Ranga a ordú go mbronnfar an teastas. *Na caighdeáin agus an nós imeachta i dtaobh teastas bunscoile a bhronnadh, is faoi réir an údarais oideachais láir* a bhíonn siad (Eurydice, 2019, aistriúchán).

Pobal na Fraincise

Na croiscileanna atá leagtha amach i gcroíchuraclam Phobal na Fraincise, is orthu a mbunaítear an measúnú foirmitheach éigeantach. Déantar measúnuithe teastais ag deireadh na tréimhse bunscoile (Eurydice, 2019a).

Tá Coiste um Uirlisí Measúnaithe a bhaineann leis na Croiscileanna freagrach as trialacha measúnaithe a ullmhú, ar trialacha iad a bhíonn bunaithe ar na Croiscileanna (Eurydice, 2019a, aistriúchán). Cabhraíonn na measúnuithe sin le múinteoirí leibhéal na foghlama atá déanta ag na scoláirí a mheas i gcomhréir le croiscileanna an churaclaim.

Eagraíonn ‘Aonad Stiúrtha Riaracháin’ measúnuithe seachtracha, nach mbronntar teastas ina leith, ag tús Ghrád 3 agus Ghrád 5 ar an mbunleibhéal. Baineann múinteoirí úsáid astu chun féachaint cén ghnóthachtáil agus cén dul chun cinn atá déanta ag na scoláirí agus chun cineálacha cur chuige teagaisc a cheapadh dá réir (Eurydice, 2019a).

Déantar deimhniú seachtrach ar an oideachas bunscoile (‘certificat d’études de base’) maidir leis na scoláirí go léir i nGrád 6. Sa mheasúnú teastais, scrúdaítear gnóthachtáil na scoláirí sna croiscileanna atá leagtha amach sa chroíchuraclam (Eurydice, 2019a).

Pobail na Gearmáinise

Déanann an múinteoir measúnú foirmitheach neamhspleách ar an scoláire sa seomra ranga lena chinntiú go bhfuil scileanna agus inniúlachtaí á gcomhlíonadh. Leagtar amach i gcuraclam teanga iasachta na Fraincise na torthaí foghlama ba chóir a bhaint amach ag deireadh na mblianta oideachais bunscoile agus tar éis na chéad chéime (Grád 1-2) den mheánoideachas, agus cuidíonn na torthaí sin leis an tástáil shuimitheach a threorú.

Is é an Bord Rialaithe (ar a mbíonn múinteoir nó múinteoirí an scoláire, an príomhoide agus an múinteoir a rinne an measúnú) a bhronnann an teastas um fhágáil na bunscoile. Bronntar é má éiríonn leis an scoláire sealbhú a dhéanamh ar na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chroíchuraclam (Eurydice, 2019b).

Riachtanais Speisialta Oideachais

Mar is amhlaidh i ndlínsí eile atá faoi scrúdú, cuireann gach ceann de na trí phobal cur chuige céimnithe ar fáil chun tacú le foghlaim dhifreálach a bheartaítear i gcomhréir le riachtanais agus cumas an pháiste aonair.

An Pobal Pléimeannach

Soláthraíonn an Pobal Pléimeannach contanam cúraim ina bhfuil trí chéim thacaíochta. Tugtar **Bunchúram Leathan** (Eurydice, 2019, aistriúchán) ar an gcéad chéim, lena soláthraítear tacaíocht bhreise do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu trí choigeartuithe réasúnacha agus tacaíocht amhail bearta difreála, bearta cúitimh nó bearta díolúine. Sa chás sin, cuireann an scoil áitiúil timpeallacht foghlama ar fáil a oireann do gach páiste.

Cúram Méadaithe a thugtar ar an dara céim (Eurydice, 2019, aistriúchán). Tacaítear le páistí trí thuirisc ar an bhfáil atá ar oideachas a fhreastalaíonn ar riachtanais speisialta oideachais, nó ar churaclam atá curtha in oiriúint don duine aonair, i scoil príomhshrutha (Eurydice, 2019: gan uimhreacha leathanaigh, aistriúchán).

Tugtar **Leathnú Cúraim** (Eurydice, 2019, aistriúchán) ar an gcéim dheiridh ar an gcontanam cúraim. Faoin gcéim sin, tacaítear le páistí i scoileanna príomhshrutha leis an gcúnamh atá leagtha amach i dtuirisc aonair a bhfuil bunús cuí léi (Eurydice, 2019: gan uimhreacha leathanaigh, aistriúchán) a thiomsaítear ó dhiagnóisic atá dírithe ar ghníomhaíocht, nó tacaítear leo lasmuigh de na scoileanna príomhshrutha leis an gcúnamh a leagtar amach i dtuirisc ar an bhfáil atá ar oideachas a fhreastalaíonn ar riachtanais speisialta oideachais, ina gcuirtear síos ar churaclam atá curtha in oiriúint don duine aonair (Eurydice, 2019: gan uimhreacha leathanaigh, aistriúchán). Tá sé ina aidhm ag curaclaim arna gcur in oiriúint don duine aonair tacú le páistí i ndáil leis an fhéinmhuinín, na féidearthachtaí cumarsáide, na scileanna luailéacha céadfacha agus an t-oideachas sóisialta atá ag na daltaí a fhorbairt i gcomhthéacs na maireachtála, na hoibre agus na fóillíochta (Eurydice, 2019: gan uimhreacha leathanaigh, aistriúchán).

Pobal na Fraincise

San am atá thart, ba sna scoileanna speisialta a tacaíodh le hoideachas na bpáistí go léir ag a raibh riachtanais speisialta oideachais. Rinneadh an cleachtas sin a oiriúnú le déanaí sa chaoi is gur féidir freastal sna scoileanna príomhshrutha, nuair is féidir é, ar pháistí a bhfuil riachtanais foghlama éadroma, measartha nó troma acu, agus tacú leo sna scoileanna sin (Eurydice, 2019a). Tá an méid sin á dhéanamh trí neartú a dhéanamh ar an tacaíocht atá ar fáil sna scoileanna príomhshrutha do scoláirí atá faoi mhíchumas foghlama (Eurydice, 2019a: gan uimhreacha leathanaigh, aistriúchán). Cuirtear

soláthar ar leith ar fáil freisin do pháistí ó chúlraí teanga agus cúlraí cultúrtha eile, ach amháin más riachtanais speisialta oideachais atá acu seachas riachtanais teanga amháin. Sa chás sin, tacaítear leo mar atá leagtha amach thuas.

Pobail na Gearmáinise

Trí leibhéal tacaíochta a chuirtear ar fáil i bPobail na Gearmáinise freisin, **trína dtacaíocht don duine aonair** (Eurydice, 2019b: gan uimhreacha leathanaigh). Scrúdaítear *cumas na bpáistí agus an méid nach bhfuil ar a gcumas a dhéanamh* agus cuirtear tacaíochtaí cuí i bhfeidhm chun cuidiú le gach páiste foghlaim. Má fhreastalaíonn páistí ar scoileanna príomhshrutha, tacaítear leo ina gcuid foghlama trí theagasc difreálach agus trí chúrsaí tacaíochta.

I gcás páistí ó chúlraí teanga agus cúlraí cultúrtha eile,

*déantar tacaíocht a chomhtháthú i dtimpeallacht nádúrtha an dalta, chomh gar agus is féidir dá áit féin nó dá háit féin, i rang ginearálta más féidir, agus más gá, le cúnamh ó bhearta oideachais a chuirtear ar bun **trí dheonú tionscadail lánpháirtithe nó trí scolaíocht i scoil speisialta.** (Eurydice, 2019b: gan uimhreacha leathanaigh, aistriúchán)*

I gcás gach ceann de **na trí phobal**, tá treoirínte éagsúla in úsáid chun tacú le páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. I ngach cás, déantar soláthar do na páistí sin laistigh den suíomh príomhshrutha nuair is féidir, nó i scoileanna speisialta más rud é go bhfuil gá le tuilleadh tacaíochta. I ngach cás, ní dhearnadh aon tagairt ar leith do nuatheangacha iasachta, ach is féidir gach ábhar a dhifreáil nó a oiriúnú i gcomhréir le riachtanais agus cumas na bpáistí.

6. An Nua-Shéalainn

Beartas agus comhthéacs

Comhthéacs teanga

Roinnt eolas ginearálta ar chomhthéacs teanga na dlínse

Tá trí theanga oifigiúla ag an Nua-Shéalainn—Béarla, Maorais agus teanga chomharthaíochta na Nua-Shéalainne. Is í an Mhaorais teanga mhionlaigh an phobail dúchais sa Nua-Shéalainn. Cé gur céad teanga *de facto* é an Béarla, ní teanga náisiúnta oifigiúil é go fóill. Rinneadh teanga náisiúnta oifigiúil den Mhaorais in 1987 agus de theanga chomharthaíochta na Nua-Shéalainne in 2006.

Labhraítear Teangacha de chuid an Aigéin Chiúin sa Nua-Shéalainn freisin; tá Samóis, Tongais agus Maorais Oileáin Cook san fhine teangacha sin sa Nua-Shéalainn.

Seo a leanas na teangacha is coitianta a labhraítear sa Nua-Shéalainn mar a tuairiscíodh i ndaonáireamh na bliana 2013:

- Béarla – 96.1%
- Maorais Te reo – 3.7%
- Samóis – 2.2%
- Hiondúis – 1.7%
- Sínis an Tuaiscirt (Mandairínis san áireamh) – 1.3%
- Fraincis – 1.2%.

(StatsNZ, 2014).

Teangacha scolaíochta

Cé na teangacha iasachta a mhúintear ina gcuraclam bunscoile (suas go dtí 12/13 bliana d'aois)?

I gcás gach teanga, cuir in iúl cé acu T1, T2 agus T3 (teangacha na scoile).

An bhfuil na teangacha go léir éigeantach? An bhfuil rogha ann? Má tá, an dtugtar paraiméadair threoracha?

Córas Oideachais na Nua-Shéalainne

Seo a leanas struchtúr chóras scoile na Nua-Shéalainne:

	Bliain	Aois	Fad ama (Blianta)
Oideachas agus Cúram Luath-Óige	-	3/4	1-2
Oideachas Bunscoile	1-8	5-12	8
Meánscoil	9-13	13-17	5

Seo thíos forléargas gairid ar churaclam na Nua-Shéalainne, a mhéid a bhaineann sé leis an bplé faoi fhoghlaim teanga agus faoi theangacha mar ábhair. Soláthrófar sonraí breise maidir leis an réimse foghlama *Foghlaim Teanga* den churaclam i Roinn 6, ina bpléitear aidhmeanna agus struchtúr an churaclaim.

Curaclam na Nua-Shéalainne do Scoileanna Béarla, 2007

Tá dhá churaclam bunscoile sa Nua-Shéalainn. Forbraíodh ceann acu go sonrath le haghaidh oideachas trí mheán na Maoraise (ar a dtugtar *Te Marautanga O Aotearoa*) agus baintear leas as sna scoileanna ina ndéantar níos mó ná 51% den teagasc trí Mhaorais. Sa dara curaclam, *Curaclam na Nua-Shéalainne do theagasc agus d'fhoghlaim trí mheán an Bhéarla i mblianta 1–13* (An Aireacht Oideachais, 2007), leagtar amach an creat foghlama do scoileanna Béarla sna bunscoileanna agus sna meánscoileanna.

Forbraítear Curaclam na Nua-Shéalainne thart ar **ocht réimse foghlama**, mar a leanas:

- Béarla
- Na hEalaíona
- Sláinte agus Corpoideachas
- Foghlaim Teangacha
- Matamaitic agus Staitisticí

- Eolaíocht
- Eolaíochtaí Sóisialta
- Teicneolaíocht.


(An Aireacht Oideachais, 2007).

Soláthraíonn réimse na dTeangacha creat chun curaclam teanga a fhorbairt d'aon leibhéal foghlama sna bunscoileanna (Bliain 1-8) agus sna meánscoileanna (Blianta 9-13). Is féidir Maorais (Te Reo Māori) a mhúineadh mar ábhar teanga i scoileanna Béarla freisin, sa réimse foghlama *Foghlaim Teangacha*.

Tá cur síos sa churaclam ar an gcaoi a dtugann sé *solúbthacht do mhúinteoirí maidir lena gcuid eolais ghairmiúil a chur i bhfeidhm. Is féidir leo an fhoghlaim a chur in oiriúint do riachtanais a gcuid scoláirí agus a bpobal* (An Aireacht Oideachais, 2019: 21, aistriúchán). Dá bhrí sin, is **creatchuraclam** é curaclam na Nua-Shéalainne ar féidir le scoileanna agus múinteoirí é **a chur in oiriúint ina gceantair féin** chun curaclaim dá gcuid féin a fhorbairt.

Déantar cur síos sa churaclam ar an gcaoi *ar chóir do gach scoil ina bhfuil scoláirí i mblianta 7–10 a bheith ag obair chun deiseanna a thabhairt do na scoláirí an dara teanga nó teanga eile fós a fhoghlaim* (An Aireacht Oideachais, 2007: 44, aistriúchán). Fágann sé sin go bhfuil **foghlaim teanga (T2) seachas Béarla (T1) roghnach i mblianta 7-10**, ina mbíonn scoláirí idir 11 agus 14 bliana d'aois. Clúdaíonn an tréimhse sin an leibhéal bunscoile sinsearach agus an leibhéal meánscoile sóisearach.

Mar gheall ar an tsolúbthacht a bhíonn ag scoileanna agus múinteoirí i dtaobh curaclam (nó curaclaim) teanga áitiúil a fhorbairt ón gcreatchuraclam, **bíonn an tsaoirse ag scoileanna aonair teanga a roghnú**. Léirítear i bhFíor 6.1 na teangacha is coitianta a roghnaítear ar an mbunleibhéal (seachas an Mhaorais). I rang-ord i leith na bliana atá imithe tharainn, ba iad an Fhraincis, an Spáinnis, an tSínis, an tSeapáinis agus an Ghearmáinis na teangacha ba mhinice a roghnaíodh.



Fíor 6.1 Teangacha T2 a roghnaítear ar an mbunleibhéal

Foinse na híomhá: https://www.nzherald.co.nz/nz/news/article.cfm?c_id=1&objectid=11438943

I measc na gcúinsí ar féidir leo dul i bhfeidhm ar an teanga a roghnaítear tá *rogha phearsanta na scoláirí agus a dteaghlach, an fháil atá ar mhúinteoirí, agus cinntí a dhéanann boird scoile* (Oifig na bPobal Eitneach, 2014: gan uimhreacha leathanaigh).

Chomh maith le foghlaim teanga trí mheán an Bhéarla, is féidir le scoileanna oideachas trí mheán na Maoraise agus trí mheán teangacha de chuid an Aigéin Chiúin a chur ar fáil freisin. In 2018, d'fhreastail 2.5% den daonra scoile ar **scoil Mhaoraise** (An Aireacht Oideachais agus Rialtas na Nua-Shéalainne, 2019). Rinne **21.1% den daonra scoile staidéar ar an Maorais i scoileanna Béarla** in 2018 (An Aireacht Oideachais agus Rialtas na Nua-Shéalainne, 2019). Os a choinne sin, in 2018, ní raibh 76.4% den daonra scoile ag foghlaim trí mheán na Maoraise ná ag foghlaim Maoraise mar ábhar teanga i scoil Bhéarla.

Freastalaíonn **Oideachas i dTeangacha an Aigéin Chiúin** ar scoláirí a bhíonn ag foghlaim trí theanga de chuid an Aigéin Chiúin ar feadh trí uair an chloig in aghaidh na seachtaine (12% den ghnáthmhéid ama a chaitear sa seomra ranga). Tuairiscíodh gurb iad Samóis, Tongais, Maorais Oileáin Cook, Níobhais agus Tócaláis na teangacha de chuid an Aigéin Chiúin is minice a roghnaítear le haghaidh oideachas trí mheán Theangacha an Aigéin Chiúin (An Aireacht Oideachais agus Rialtas na Nua-Shéalainne, 2019a). Mar is amhlaidh i gcás na Maoraise, is féidir teanga de chuid an Aigéin Chiúin a fhoghlaim mar ábhar teanga ar leithligh i scoileanna Béarla (15-20 uair an chloig sa bhliain ar a laghad, ag brath ar an scoilbhliain bhunscoile). Léirítear cuid de na teangacha sin i bhFíor 6.1 thuas (An Aireacht Oideachais agus Rialtas na Nua-Shéalainne, 2019a).

Beartais teanga agus an spreagadh náisiúnta i leith teangacha

Cén fáth ar roghnaigh an dlínse an tríú teanga a chur san áireamh (réasúnaíocht, cuspóirí beartais)?

Cén bhliain inar tharla sé sin?

Rialachas Scoile

Tá ardleibhéal féinrialaithe ag scoileanna sa Nua-Shéalainne mar gheall ar an athchóiriú dar teideal *Tomorrow's Schools* agus an Acht Oideachais (1998) (An Aireacht Oideachais, 2019: 17 agus 43). Faoin gcóras féinrialaithe is iad na Boird lontaobhaithe a bhíonn i bhfeighil ar riarachán agus bainistíocht na scoileanna aonair. Tuismitheoirí a bhíonn ar Bhoird lontaobhaithe na scoileanna den chuid is mó. *Bhíothas ag súil leis, i gcás scoileanna féinrialaithe, féinbhainistithe, arb iad na tuismitheoirí a rialaíonn go príomha iad agus a bhíonn in iomaíocht le chéile ó thaobh scoláirí a mhealladh, gur fearr an teagasc agus an fhoghlaim a chothóidís, agus gur fearr a bheadh feidhmíocht an chórais oideachais* (An Aireacht Oideachais, 2019: 17, aistriúchán). Faoin gcóras féinrialaithe, is iad na scoileanna áitiúla féin a roghnaíonn an chéim, an leibhéal agus an teanga atá le múineadh (más teanga ar bith) ar an leibhéal áitiúil, agus creatchuraclam na Nua-Shéalainne á úsáid mar bhonn forbartha acu.

Curaclam na Nua-Shéalainne, 2007

Rinneadh athbhreithniú ar churaclam Béarla na Nua-Shéalainne in 2007. Mar a luadh thuas, faoin gcuraclam sin féadfar cinntí maidir le ham, leibhéal agus blianta na foghlama teanga ar bhonn roghnach a chinneadh ar an leibhéal áitiúil.

Straitéis i leith Teangacha san Oideachas in Aotearoa/sa Nua-Shéalainn 2019-2033

Sa straitéis a foilsíodh le déanaí maidir le teangacha sa Nua-Shéalainn (Meitheal Straitéis Teangacha Auckland, 2018), leagtar amach *moladh chun an t-oideachas i réimse na dteangacha a neartú sa Nua-*

Shéalainn (lch 1, aistriúchán). Déantar cur síos sa straitéis ar na dúshláin atá i gceist sa chóras teangacha atá i bhfeidhm faoi láthair. Mar gheall ar leithne an chreatchuraclaim (*dhá thaobh d'aon leathanach amháin* (Meitheal Straitéis Teangacha Auckland, 2018: 8, aistriúchán)) agus de cheal treoirlínte chun tacú le pobail scoile áitiúla i dtaobh a gcuraclaim féin a fhorbairt, cuireadh bac ar an dul chun cinn ó thaobh cur le comhtháthú teangacha.

Leagtar amach i dtrí chéim 4 bliana bearta straitéiseacha chun cur le líon na ndaoine a thugann faoi theangacha. Ar an mbunleibhéal, áirítear leo sin foghlaim na Maoraise a leathnú chuig gach scoláire i mBliain 1-4 faoi 2020, chucu siúd i mBliain 1-8 faoi 2028 agus chuig na scoláirí i mBliain 1-10 faoi 2033. Tugtar cuntas freisin ar shonraí maidir le feabhsúcháin chéimnithe ar oiliúint múinteoirí chun cuidiú cur le líon na ndaoine a fhoghlaimíonn teangacha (Meitheal Straitéis Teangacha Auckland, 2018).

Bille teangacha nua

Tá an chéad léamh déanta sa pharlaimint ar bhille comhalta nua maidir le foghlaim teanga a neartú ar an mbunleibhéal agus ar an meánleibhéal, *Education (Strengthening Second Language Learning in Primary and Intermediate Schools) Amendment Bill*. Tá sé ina aidhm leis an mbille neartú a dhéanamh ar an bhfáil atá ag bunscoileanna agus meánscoileanna, lena n-áirítear Pobail Foghlama, ar fhoghlaim teanga trí acmhainní breise arna soláthar ag an rialtas chun forbairt ghairmiúil, speisialtóirí teanga agus acmhainní ar líne a mhaoiniú (Parlaimint na Nua-Shéalainne, 2019: 1, aistriúchán). Is é is cuspóir don bhille feabhas a chur ar an bhfáil atá ar theangacha sna scoileanna go léir trí acmhainní breise a sholáthar dóibh. Beidh 10 dteanga thosaíochta ann, lena n-áirítear an Mhaorais agus Teanga Chomharthaíochta na Nua-Shéalainne. Ansin beidh ar scoileanna a gClár Teangacha Tosaíochta féin a fhorbairt, ar féidir é a chur i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil (Parlaimint na Nua-Shéalainne, 2019).

Teagasc agus foghlaim: An nuatheanga ar leibhéal na bunscoile

Aidhmeanna agus struchtúr an churaclaim

Cad iad na haidhmeanna curaclaim i leith an tríú teanga?

Cén chaoi a gcuirtear an curaclaim i láthair don tríú teanga seo—leibhéal sainiúlachta; struchtúr—snáitheanna; torthaí/cuspóirí foghlama?

Gach scoil ina bhfuil scoláirí i mblianta 7–10, ba cheart di a bheith ag obair chun deiseanna a thabhairt do na scoláirí an dara teanga nó teanga eile fós a fhoghlaim.

Ba cheart cláir theagaisc a bheith bunaithe ar an ráiteas faoi fhoghlaim teangacha ar leathanaigh 24-25 agus ar na cuspóirí gnóthachtála i leith an réimse foghlama seo. Ba cheart cláir theagaisc do scoláirí i mblianta 11–13 a bheith bunaithe, ar an gcéad dul síos, ar an ráiteas cuí ón gcuraclam náisiúnta (An Aireacht Oideachais, 2007: 44, aistriúchán).

Tugadh forléargas i Roinn 6 ar churaclam Béarla na Nua-Shéalainne (2007). Dírítear sa roinn seo ar an réimse curaclaim um Foghlaim Teanga.

Sa réimse curaclaim um Foghlaim Teanga, déantar cur síos ar fhoghlaim teanga faoi na ceanteidil seo a leanas: (1) *Cad atá i gceist le foghlaim teangacha?*, (2) *Cén fáth a ndéanfá staidéar ar theanga?* agus (3) *Cén struchtúr atá ar an réimse foghlama?* (An Aireacht Oideachais, 2007, aistriúchán). Déantar cur síos ann ar na trí shnáithe foghlama—is é **an Snáithe Cumarsáide** an snáithe lárnach agus tá dhá shnáithe eile lena dtacaítear leis—**Eolas ar Theanga** agus **Eolas Cultúrtha** (An Aireacht Oideachais, 2007).

Tacaítear le forbairt curaclaim foghlama teanga áitiúil ar líne trí Shuíomh Gréasáin na Nua-Shéalainne um Churaclam Ar Líne.⁵ Déantar cur síos ann ar fhoghlaim teanga faoi na ceanteidil chéanna a mbaintear leas astu i Réimse Foghlama Teanga an churaclaim féin, agus **Cuspóirí Gnóthachtála** ag gabháil leo. Sonraítear sa churaclam *gur cuspóirí cineálacha iad na cuspóirí gnóthachtála ionas gur féidir a chuimsiú fúthu na teangacha go léir a d'fhéadfaí a theagasc sna scoileanna. Tugtar tuilleadh faisnéise [ar líne] i dtreoirínte a bhaineann go sonracha le teanga ar leith* (An Aireacht Oideachais, 2007: 25, aistriúchán). Leagtar amach cuspóirí gnóthachtála ar fud leibhéal 1-6, agus clúdaíonn gach leibhéal dhá bhliain den churaclam. Mar shampla, freagraíonn Leibhéal a hAon don fhoghlaim ba chóir a dhéanamh i mBliain 1 agus i mBliain 2 den oideachas bunscoile. *Is é Leibhéal 1 den churaclam an leibhéal iontrála do scoláirí nach bhfuil aon eolas acu roimh ré ar an teanga atá á foghlaim, beag beann ar an scoilbhliain ina bhfuil siad* (An Aireacht Oideachais, 2007: 24, aistriúchán). Moltar go bhféadfar na cuspóirí gnóthachtála don Snáithe Cumarsáide i gcomhair gach leibhéal a úsáid mar bhonn measúnaithe. Úsáidtear Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha mar phointe tagartha don tuairisceoir inniúlachta. I bhFíor 6.2 thíos, tugtar sliocht as Cuspóirí Gnóthachtála Leibhéal 1.

⁵ <http://nzcurriculum.tki.org.nz/The-New-Zealand-Curriculum/Learning-languages/Learning-area-structure>

Level 1
—

Communication

Proficiency descriptor

Students can understand and use familiar expressions and everyday vocabulary. Students can interact in a simple way in supported situations. (Adapted from *Common European Framework for Languages*, Global Scale Level A1: Basic User; Council of Europe, 2001.)

In selected linguistic and sociocultural contexts, students will:

Selecting and using language, symbols, and texts to communicate

- Receive and produce information.

Managing self and relating to others

- Produce and respond to questions and requests.

Participating and contributing in communities

- Show social awareness when interacting with others.

Language knowledge

Students will:

- Recognise that the target language is organised in particular ways.
- Make connections with their own language(s).

Cultural knowledge

Students will:

Fíor 6.2 Sliocht as na Cuspóirí Gnóthachtála i leith Shnáithe Cumarsáide Leibhéal 1 (aistriúchán)

I rannóg eile de shuíomh gréasáin an churaclaim ar líne, tugtar na **Treoirínite i leith Teangacha Sonracha**, chun curaclaim teanga áitiúla a fhorbairt. Baintear leas astu chun an té atá ag forbairt curaclaim a threorú trí na cuspóirí gnóthachtála de réir bandaí leibhéil (Leibhéil 1-4 agus Leibhéil 5-8) i gcás teangacha áirithe. Is iad **Sínis, Fraincis, Gearmáinis, Seapáinis, Laidin agus Spáinnis** na teangacha atá ar fáil. Is iad na cuspóirí gnóthachtála a leagtar amach i leith gach teanga sa rannóg sin na treoirínite *ar dhá thaobh d’aon leathanach amháin* (Meitheal Oibre Straitéis Teangacha Auckland, 2018, aistriúchán) dá dtagraítear sa straitéis teanga. Soláthraítear Ábhar Tacaíochta ag an bpointe seo freisin chun gníomhaíochtaí teanga a léiriú ar leibhéil dhifriúla, chomh maith leis an fhoghlaim teanga a bheadh ag gabháil leo. Léirítear i bhFíor 6.3 thíos Cuspóirí Gnóthachtála Leibhéal 1-4 i leith na Gearmáinise, taobh le liosta ábhar tacaíochta, mar shampla.

Levels 1 and 2

Achievement Objectives and Examples

At these levels, students can understand and use familiar expressions and everyday vocabulary. They can interact in a simple way in supported situations.

Communication at these levels means that, in selected linguistic and sociocultural contexts, students will:

- receive and produce information;
- produce and respond to questions and requests;
- show social awareness when interacting with others.

Language knowledge and cultural knowledge at these levels means that, in selected linguistic and sociocultural contexts, students will:

- recognise that German is organised in particular ways;
- make connections with their own language(s);
- recognise that German culture is organised in particular ways;
- make connections with known culture(s).

Examples

Select from the links below to view examples and possible learning experiences.

[Example 1: Survey form and description of car](#)

[Example 2: Personal information for a social networking site](#)

[Example 3: Dialogue](#)

[Possible learning experiences](#)

Fíor 6.3 Cuspóirí Gnóthachtála Leibhéal 1-4 i leith na Gearmáinise, aistriúchán

Comhtháthú teanga

Cén chaoi a bhfuil an teanga comhtháite i gcuraclam na bunscoile? (e.g., múintear í mar ábhar ar leithligh ar an tráthchlár; mar chuid de réimse leathan teangacha; FCÁT, gníomhaíocht sheachchuraclaim; teaghlaim díobhsan)?

Cá mhéad uair an chloig a chaitear léi in aghaidh na seachtaine? Agus conas a áirítear na huaireanta sin i dtráthchlár na scoile (cén t-ábhar a fhágtar ar lár sa chaoi is go mbeidh am ar fáil don teanga)?

Na cúinsí a bhainfeadh le conas agus cén uair a mhúiní an teanga dá dtabharfaí fúithi, ba faoi shainchúram na scoile áitiúla a bheidís.

An múinteoir teanga

Cé a mhúineann an teanga iasachta T3? Cén chaoi a dtacaítear leo agus a spreagtar iad chun í a mhúineadh? (i.e. an bhfuil múinteoirí oilte sa scoil nó an dtugann an scoil múinteoirí seachtracha isteach)?

Cén cineál oiliúna a chuirtear ar fáil? An ndéantar an oiliúint trí mheán Oiliúint Tosaigh Múinteoirí nó trí Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach, nó an dá rud?

Mar gheall ar fhéinrialú na scoileanna, níl aon chaighdeán leagtha síos maidir le cé a mhúineadh teanga T2 dá gcuirfí leis an gcuraclam í. I sonraí a luaitear sa Straitéis Teanga, tugtar le fios go meallfar cainteoirí líofa teanga, daoine a bhfuil teanga eile ó dhúchas acu agus céimithe teanga chuig gairm na múinteoireachta faoi na bearta straitéiseacha chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le foghlaim teanga (Meitheal Oibre Straitéis Teangacha Auckland, 2018).

I gcás na Maoraise, iarrtar ar chainteoirí dúchais áitiúla an teanga a mhúineadh uaireanta mura bhfuil ball foirne de chuid na scoile ar fáil. Mar a luadh i Roinn 6, bíonn an rogha teanga T2 faoi láthair ag brath ar mhúinteoir a bheith ar fáil, i measc cúinsí eile.

Faoi bhearta straitéiseacha chun cur leis an soláthar ó thaobh fhoghlaim teanga de, rinneadh scrúdú ar bhealaí chun tuilleadh oiliúna a chur ar mhúinteoirí trí mheán forbairt ghairmiúil, agus trí theacht ar thuilleadh múinteoirí a bhfuil inniúlacht teanga acu (Meitheal Oibre Straitéis Teangacha Auckland, 2018). Sa chéad bhealach a luadh, forbairt ghairmiúil múinteoirí, tugadh breac-chuntas ar chlár bliana tumoideachais sa Mhaorais. Tá deiseanna den sórt céanna le tapú cheana i gcás teangacha idirnáisiúnta. An dara bealach a moladh, tuilleadh múinteoirí a aimsiú a bhfuil inniúlacht teanga acu, áiríodh ann tionscnaimh ar nós

Comhairleoirí Teanga Náisiúnta agus clár cúntóirí teanga a bhunú (mar atá ann faoi láthair i gcás comhairleoirí agus cúntóirí i gcomhair teangacha Eorpacha agus teangacha Áiseacha), múinteoirí cuartaíochta, foghlaim ar líne agus saineolas a chomhroinnt trí Kāhui Ako (Pobail Foghlama) chomh maith le líonraí eile (Meitheal Oibre Straitéis Teangacha Auckland, 2018: 20, aistriúchán).

I Scoil Chomhfhreagrais na Nua-Shéalainne (ar a dtugtar *Te Aho o Te Kura Pounamu* anois), múintear pháistí nach féidir leo freastal ar scoil áitiúil. *Soláthraíonn sí seirbhísí cianfhoghlama trí fhoghlaim ilmheán agus foghlaim ar líne a chur ar fáil do pháistí sa chóras oideachais luath-óige, daltaí bunscoile, scoláirí meánscoile agus scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta acu (An Aireacht Oideachais, 2019: 11,*

aistriúchán). Ina theannta sin, freastalaíonn an scoil chomhfhreagrais ar scoláirí i gceantair iargúlta agus ar pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus nach bhfuil in ann freastal ar fhoirgneamh scoile. Soláthraíonn sí cláir freisin do scoláirí nach bhfuil fáil acu ar ábhair áirithe ina scoil stáit áitiúil.

Tá áiseanna ar líne den sórt sin, mar aon le forbairt ghairmiúil múinteoirí agus soláthar speisialtóirí teanga, á moladh mar bhealaí chun cur leis an soláthar teanga ar leibhéal na bunscoile agus na meánscoile (Parlaimint na Nua-Shéalainne, 2019).

Leanúnachas teanga ón mbunscoil chuig an meánscoil

Cén chaoi a ndéantar droichid, más ann dóibh, idir teangacha a mhúintear sa bhunscoil agus teangacha a mhúintear ar an dara leibhéal (e.g., cad a tharlaíonn mura bhfuil an teanga chéanna sin á múineadh san iar-bhunscoil áitiúil?)

Clúdaíonn curaclam na Nua-Shéalainne Blianta 1-13 (aois 5-17) den oideachas, idir bhlianta bunscoile agus bhlianta meánscoile. Agus curaclaim áitiúla á bhforbairt ar bhonn chreachuraclam na Nua-Shéalainne, bheadh an deis ag forbróirí curaclaim an teanga nó a teangacha atá ar fáil sa bhunscoil agus sa mheánscoil áitiúil a chur san áireamh agus curaclam na mblianta sin á fhorbairt acu.

Measúnú teanga

Cad a dhéantar a mheas sa churaclam teanga iasachta T3 agus conas a dhéantar é sin?

*Áirítear le sainchúram an mhúinteora áitiúil an measúnú foirmitheach chun gnóthachtáil an scoláire a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh uirthi (An Aireacht Oideachais, 2019: 21, aistriúchán). Is éard atá i gceist leis sin faisnéis a bhailiú, a anailísiú, a léirmhíniú agus a úsáid, go spriocdhírthe agus go tráthúil, ar faisnéis í ar féidir leas a bhaint aisti chun fianaise a thabhairt ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an scoláire (An Aireacht Oideachais, 2017: 39, aistriúchán). Úsáidtear **an Snáithe Cumarsáide laistigh de na cuspóirí gnóthachtála** i leith gach leibhéil mar threoir chun tagarmharcáil a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an scoláire maidir le foghlaim teanga.*

Tá **sraith uirlisí measúnaithe agus acmhainní de chuid an Churaclaim Náisiúnta** ar fáil lena n-úsáid sa seomra ranga.⁶

Riachtanais Speisialta Oideachais

Sa Nua-Shéalainn, is ar Churaclam na Nua-Shéalainne (An Aireacht Oideachais, 2007) agus *Te Arotanga o Aotearoa* (An Aireacht Oideachais, 2008) a bhíonn an teagasc agus an fhoghlaim go léir bunaithe. I gcomhthéacs riachtanais speisialta oideachais, tacaítear leis an bhfoghlaim faoi chuimsiú na gcuraclam bunaithe trí mheán Pleananna Oideachais Aonair, de réir mar is gá, i gcás páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. *Is bealach iad na Pleananna Oideachais Aonair chun an clár scoile a oiriúnú don scoláire seachas a bheith ag súil go rachaidh an scoláire in oiriúint don chlár scoile* (An Aireacht Oideachais, 2011: 4, aistriúchán).

Is é an chéad chur chuige tacaíochta a mholtar ná **straitéisí sa seomra ranga agus straitéisí ar fud na scoile uile** a úsáid. Má tá tacaíocht bhreise ag teastáil, ba chóir an tacaíocht sin a leagan amach de réir Plean Oideachais Aonair. Is iad **Pleananna Oideachais Aonair** an dara chur chuige tacaíochta agus bíonn siad bunaithe ar mheasúnuithe cuí. Cuirtear an tríú cur chuige tacaíochta ar fáil trí **oiriúnuithe** agus **bearta difreálacha** a chur i bhfeidhm ar churaclaim scoile agus curaclaim ranga.

Sainmhínítear oiriúnuithe mar *athruithe ar thimpeallacht na scoile agus ar an seomra ranga, ar ábhair theagaisc agus foghlama, agus ar straitéisí teagaisc gaolmhara...* (An Aireacht Oideachais, 2011: 12, aistriúchán). Ar an lámh eile, is éard atá i gceist le bearta difreálacha ná *athruithe ar ábhar churaclam na scoile agus an tseomra ranga agus ar na freagraí a mbítear ag súil leo ar an ábhar sin* (An Aireacht Oideachais, 2011: 11, aistriúchán). Samplaí de bhearta difreálacha is ea ábhar deacair a fhágáil ar lár ón gcuraclam agus *méid nó fairsinge churaclam na scoile agus churaclam an tseomra ranga a laghdú* (An Aireacht Oideachais, 2011: 12, aistriúchán).

Déantar tagairt sna treoirínte maidir le Pleananna Oideachais Aonair don tábhacht atá le teangacha agus cultúir eile sa seomra ranga agus sa scoil—*Baineann fiúntas mór le teanga, féiniúlacht agus cultúr. Ní mór a fhios a bheith againn cé as d'fhoghlaimoírí, agus ní mór dúinn tógáil ar an méid a dtugann siad leo* (An Aireacht Oideachais, 2011: 4, aistriúchán)—ag teacht le beartais na Nua-Shéalainne maidir le cuimsiú.

⁶ <http://assessment.tki.org.nz/Assessment-tools-resources>

Agus an Plean Oideachais Aonair á úsáid mar threoir, is féidir le páistí tabhairt faoi nuatheanga iasachta nó gan tabhairt fúithi, ag brath ar a gcumas agus ar an riachtanas speisialta atá acu.

7. Treochtaí maidir le foghlaim teanga ar fud na ndlínsí

Labhraítear teanga náisiúnta amháin nó níos mó i ngach ceann de na cúig dhlínse a roghnaíodh agus bíonn an dara teanga ar fáil iontu ar leibhéal éagsúla sna bunscoileanna. Sna ranna seo a leanas, déantar scrúdú ar na treochtaí a thagann chun cinn ar fud na gcúig dhlínse—an Bhreatain Bheag, Ceanada (BC), an Fhionlainn, an Bheilg agus an Nua-Shéalainn.

Teangacha scolaíochta

Dlíne	Comhthéacs teangacha	Teanga nó Teangacha Iasachta/Idirnáisiúnta	Curaclam
An Bhreatain Bheag	Béarla agus Breatnais	Teidlíocht roghnach ag Eochairchéim 2 (aois 7) Éigeantach ag Eochairchéim 3 (aois 11) <i>Teanga: Rogha áitiúil as measc teangacha Eorpacha nó teangacha domhanda</i>	Curaclam náisiúnta; Curaclam nua á fhorbairt
Ceanada (British Columbia)	Béarla agus Fraincis; Teangacha Bundúchasacha; Teangacha de chuid Chríocha an Iarthuaiscirt	Éigeantach ó Ghrád 5 ar aghaidh (aois 10) <i>Teangacha: Teanga Chomharthaíochta Mheiriceá, Bunchlár Fraincise, Gearmáinis, Iodáilis, Seapáinis, Cóiréis, Mandairínis, Puinseáibis agus Spáinnis.</i>	Croíchuraclam Nua (2017), leaganacha áitiúla
An Fhionlainn	Fionlainnis agus Sualainnis; Sáimis, Roimis agus Teanga Chomharthaíochta	Éigeantach ó Ghrád 1 ar aghaidh (aois 7) Teangacha éigeantacha A1 agus B1 ó Ghrád 3 (aois 10) <i>Teanga: Teanga náisiúnta amháin agus teanga iasachta amháin nó Sáimis.</i>	Croíchuraclam bunúsach (2014), leaganacha áitiúla
An Bheilg <i>An Pobal Pléimeannach</i>	Ollainnis, Fraincis agus Gearmáinis	Éigeantach ó Ghrád 1 ar aghaidh (aois 6) Éigeantach ó Ghrád 5 ar aghaidh (aois 10) <i>Teanga: Fraincis</i>	Croíchuraclam coiteann, leaganacha áitiúla
<i>Pobal na Fraincise</i>		Éigeantach ó Ghrád 1 ar aghaidh (aois 6) Éigeantach ó Ghrád 5 ar aghaidh (aois 10) <i>Teanga: Ollainnis</i>	Croíchuraclam coiteann, leaganacha áitiúla
<i>Pobail na Gearmáinise</i>		Éigeantach ó Ghrád 1 ar aghaidh (aois 6) <i>Teanga: Fraincis</i>	Croíchuraclam, leaganacha áitiúla
An Nua-Shéalainn	Béarla, Maorais, Teanga Chomharthaíochta na Nua-Shéalainne, Teangacha de chuid an Aigéin Chiúin	Roghnach i mBliain 7 (aois 10) <i>Teanga a roghnaítear go háitiúil; Maorais ina rogha i scoileanna Béarla</i>	Creatchuraclam (2007), leaganacha áitiúla
Éire	Béarla agus Gaeilge	<i>Foghlaimítear Gaeilge éigeantach ó na Naíonáin Shóisearacha ar aghaidh, ach meastar gur teanga náisiúnta í seachas teanga iasachta.</i>	An Curaclam Náisiúnta (1999, athbhreithnithe céimnithe)

Tábla 7.1 Achoimre ar na dlínsí: Teangacha dúchais agus teangacha múinte, agus cineál curaclaim

I dTábla 7.1 thuas, tugtar achoimre ar na teangacha náisiúnta i ngach ceann de na dlínsí a scrúdaíodh, agus an chéim ag a dtosaítear ag foghlaim teanga iasachta nó dara teanga i ngach cás. Tá an cineál curaclaim atá i bhfeidhm san áireamh freisin. Is **léargas simplithe** é, mar is féidir teangacha eile a theagasc taobh leis an dara teanga thosaigh, agus is féidir teanga roghnach a fhoghlaim ón gcéim réamh-bhunscoile ar aghaidh trí theanga-cheathanna nó trí chineálacha eile clár trína bhfaightear cleachtadh ar theanga.

I gceithre cinn de na cúig dhlínse, is cuid éigeantach den oideachas bunscoile í an dara teanga. I gcás leath na ndlínsí sin (an Fhionlainn agus an Bheilg), tosaítear ar fhoghlaim éigeantach dara teanga sna luathbhlianta bunscoile (aois 6/7), agus, sa leath eile (an Bhreatain Bheag agus Ceanada BC), tosaítear ar leibhéal na bunscoile sinsearaí (aois 10-11). Is í an Nua-Shéalainn an t-aon dlínse a scrúdaíodh ina bhfuil an dara teanga ina comhpháirt roghnach den oideachas bunscoile. Tá soláthar breise agus acmhainní méadaithe á bpleanáil don dara teanga sa Nua-Shéalainn (Parlaimint na Nua-Shéalainne, 2019) agus tá straitéisí á gcur i bhfeidhm freisin chun cur leis an éileamh ar an dara teanga (Meitheal Oibre Straitéis Teangacha Auckland, 2018).

As na ceithre dhlínse a bhfuil dara teanga éigeantach acu ar an mbunleibhéal, **is í an Bheilg an t-aon tír inar teanga náisiúnta eile í an dara teanga a fhoghlaimítear.** Laistigh de thrí phobal oideachais na Beilge, áfach, caitear leis an dara teanga mar theanga iasachta. Tagraítear don dara teanga mar theanga iasachta ar leibhéal na hEorpa freisin sa tuairisciú oideachais (e.g. Eurydice). In British Columbia i gCeanada, féadfar a lán teangacha a theagasc ar an mbunleibhéal ach is í an Fhraincis (an dara teanga náisiúnta) an dara teanga is coitianta sna scoileanna Béarla (Carr, 2007).

San Eoraip, tosaíonn luathfhoghlaim dara teanga go luath i gcás fhormhór na bpáistí agus is níos luaithe atáthar á foghlaim de réir a chéile (Eurydice, 2017). **I dtromlach na gcóras scoile, tosaítear ag foghlaim dara teanga ag aois 6-7** (Eurydice, 2017). Tá thart ar **83.8% de na daltaí bunscoile ar fad san Aontas Eorpach ag foghlaim dara teanga** (Eurydice, 2017). Is é an **Béarla** an dara teanga is mó a bhfuil tóir uirthi ar an mbunleibhéal san Eoraip, agus ansin teanga nó teangacha náisiúnta na dtíortha (Eurydice, 2017).

Beartais náisiúnta agus an spreagadh do theangacha ar leibhéal na bunscoile

I gcás straitéisí chun athrú a threorú sna scoileanna agus chun tacú leis an athrú sin, ní mór iad a bheith fadbhreathnaitheach agus nuálaíoch, comhleanúnach agus

bunaithe ar threochlár agus ar phleanáil mhionsonraithe, ní mór clocha míle tábhachtacha a shainiúint atá le comhaontú agus le baint amach, agus ní mór cinntí a bheith bunaithe ar fhianaise agus ar mheastóireacht. Ach na tréithe sin a bheith ag straitéisí, is ea is mó an seans go dtacóidh na scoileanna leis an athrú. (CNCM, 2008: 21, aistriúchán)

I gcás fhormhór na ndlínsí, tháinig athrú éigin ar a mbeartas foghlama i leith na mbunscoileanna mar thoradh ar straitéis nó plean teanga. Mar thoradh ar na hathruithe sin:

- cuireadh teangacha leis an gcuraclam trí theidlíocht teanga (e.g. an Bhreatain Bheag),
- cuireadh foghlaim teanga chun cinn trí fhorbairt ghairmiúil agus acmhainní breise (an Nua-Shéalainn),
- athraíodh an reachtaíocht maidir le foghlaim teanga chun breis solúbthachta a cheadú i dtaobh na dteangacha a mhúintear (e.g. an Bheilg),
- leagadh luach breise ar theangacha agus ar an ilteangachas mar sheoid náisiúnta, rud as ar eascair infheistíocht níos mó i dtionscadail foghlama teanga (Príomhthionscadail san Fhionlainn)
- d'fhéadfadh sé go leathnófar stádas teanga náisiúnta tíre chun níos mó teangacha dúchasacha a chur san áireamh (Ceanada).

Sa chás ina n-aithnítear fiúntas na foghlama i straitéisí nua teanga, bíonn sé ina thoradh orthu (1) go ndéantar athruithe ar an gcuraclam (má tá an curaclam á athbhreithniú ag an bpointe sin) nó (2) go gcuirtear tionscadail agus tionscnaimh ar bun chun aghaidh a thabhairt ar staideanna teanga a shainiúintear mar chinn nach mór aird bhreise a dhíriú orthu.

Ionas gur ar leibhéal an chórais a tharlóidh aon athrú ar chúrsaí oideachais, tá gá le beartas nó spreagadh faoi stiúir an rialtais (CNCM, 2008).

Teagasc agus foghlaim: Comhtháthú nuatheanga

Sna ranna roimhe seo, rinneadh scrúdú ar an dara teanga nó na dara teangacha ar an leibhéal bunscoile sna cúig dhlínse a ndearnadh athbhreithniú orthu agus ar an uair a dhéantae gné éigeantach den churaclam díobh. Leagadh béim éigin ar na cúiseanna polaitiúla leis na dara teangacha sin a áireamh sa churaclam agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag straitéisí náisiúnta ar na córais oideachais. Sna chéad ranna eile, déantar scrúdú ar chuid de na gnéithe níos praiticiúla a bhaineann le comhtháthú a dhéanamh ar an dara teanga nó dara teangacha ar an leibhéal áitiúil.

Conas a dhéantar an teanga a chomhtháthú?

I ngach dlínse, bhí a curaclam féin ag an dara teanga inar leagadh amach na cuspóirí foghlama, an t-inneachar agus na torthaí foghlama a bhí le baint amach. I bhformhór na gcásanna, bhí *croíchuraclam*, *bunchuraclam* nó *creatchuraclam* náisiúnta nó cónaidhme ann inar leagadh síos na réimsí foghlama a bhí le cur i bhfeidhm ag gach córas áitiúil. Ansin bhí ar chórais oideachais réigiúnacha agus áitiúla a gcuraclam teanga féin (nó cúpla ceann) a fhorbairt ar bhonn an chroíchuraclaim náisiúnta sin.

I bhformhór na ndlíní, bíonn an dara teanga á múineadh go stuama ar an leibhéal bunscoile. Mar sin, bíonn na próisis agus na hacmhainní (múinteoirí san áireamh) ann chun foghlaim teanga a éascú. Is beag córas atá i gcéim idirthréimhseach as a bhféadfaimis foghlaim conas atá an t-athrú á chur i bhfeidhm. Mar sin féin, is féidir léargas air sin a fháil ó thionscnaimh agus straitéisí a cheaptar chun feabhas leanúnach a dhéanamh ar an soláthar teanga sna dlíní sin.

I ngach cás, múineadh an dara teanga mar ábhar ar leithligh, agus a cuid ama féin leagtha amach di (féach Roinn 7 thíos). Bhí tumchlár teanga agus FCÁT ina gcuid den soláthar teanga freisin. I roinnt dlíní, spreagadh cur chuige traschuraclaim i leith foghlaim teanga (e.g. an Bhreatain Bheag).


Am curaclaim

Bhí an méid ama curaclaim a leagtar amach i gcomhair teagasc éigeantach dara teanga idir dhá uair an chloig sa tseachtain agus naoi n-uair an chloig sa tseachtain ar ardleibhéal teanga (e.g. A1 san Fhionlainn). De réir mar a théann na scoláirí ar aghaidh ó ghrád go grád, is ea is mó ama a leagtar amach dóibh chun teanga a fhoghlaim.

I gcásanna eile, d'fhéadfaí an méid ama a chaitear le foghlaim teanga a chinneadh ar an leibhéal áitiúil (an Nua-Shéalainn, Ceanada agus an Pobal Pléimeannach sa Bheilg).

Léirítear i bhFíor 7.1 thíos an t-am teagaisc in aghaidh an ábhair ar leibhéal na bunscoile i dtíortha na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE). Léiríonn na codanna buí de na barraí foghlaim dara teanga agus foghlaim teangacha iasachta eile.

Figure 2. **Compulsory instruction time per subject in primary education, in hours per school day (2015)**



Fíor 7.1 An t-am a leagtar amach i gcomhair ábhar ar fud thíortha ECFE (ECFE, 2015, aistriúchán)

An múinteoir teanga agus oiliúint múinteoirí

I bhformhór na ndlínsí, is múinteoirí ginearálta iad na múinteoirí teanga (an Fhionlainn, an Bheilg agus an Nua-Shéalainn). I gCeanada, is múinteoirí ginearálta nó sainmhúinteoirí iad na múinteoirí teanga, agus is sainmhúinteoirí iad sa Bhreatain Bheag. I ndlínsí áirithe, fágann easpa múinteoirí teanga go mbaintear leas as daoine líofa ón bpobal mar mhúinteoirí teanga (e.g. sa Nua-Shéalainn chun Maorais a mhúineadh).

Molann an Nua-Shéalainn réitigh eile ar an easpa múinteoirí teanga, amhail cúrsaí tumoideachais aon bhliana sa sprioctheanga/sna sprioctheangacha, leas a bhaint as Comhairleoirí Teanga Náisiúnta agus clár cúntóirí teanga, múinteoirí cuartaíochta, foghlaim ar líne agus saineolas a chomhroinnt trí Phobail Foghlama agus líonraí eile (Meitheal Oibre Straitéis Teangacha Auckland, 2018). Tá scoileanna comhfhreagrais á rith sa Nua-Shéalainn le fada an lá, agus mhol an tír sin cúrsaí ar líne agus foghlaim ar líne mar bhealach chun cabhrú le múinteoirí lena n-inniúlacht teanga (Meitheal Oibre Straitéis Teangacha Auckland, 2018).

I bhformhór na gcásanna, tá teangacha san áireamh sa chóras bunscóile le hachar chomh fada go gcuirtear oiliúint ar mhúinteoirí ginearálta mar chuid den oiliúint tosaigh múinteoirí. Díríonn roinnt tíortha go sonracha ar mhúinteoirí ardoilte (e.g. an Fhionlainn).

Leanúnachas teanga

I gcás gach ceann de na dlínsí ag a bhfuil creatchuraclam, bunchuraclam nó croíchuraclam, is ar an leibhéal áitiúil a chinntear cúinsí oideachais áitiúla. Clúdaíonn cuid de na curaclaim sin an leibhéal bunoidreachais agus an leibhéal iar-bhunoideachais shóisearaigh e (e.g. an Fhionlainn agus an Nua-Shéalainn), agus, más amhlaidh atá, is féidir cuid den phleanáil a dhéanamh chun féachaint chuige go mbeidh leanúnachas sa soláthar teanga idir na leibhéil scoile. In British Columbia Cheanada, leagtar an méid sin síos sa Bheartas Oideachais um Theangacha (Aireacht Oideachais British Columbia, 2004).

I ngach ceann de na trí phobal sa Bheilg, is iondúil gurb í an dara teanga an teanga náisiúnta eile. Fágann sin go mbíonn leanúnachas ann idir an bhunscoil agus an mheánscoil.

Measúnú teanga

I ngach dlínse, leagtar síos sa chroíchuraclam, sa bhunchuraclam, sa chreachuraclam nó sa churaclam náisiúnta cuspóirí nó torthaí foghlama, bunscileanna nó caighdeáin feidhmíochta a úsáidtear mar bhonn don mheasúnú foirmitheach a dhéanann an múinteoir sa seomra ranga. Bíonn saoirse ag na múinteoirí maidir le gach ní a bhaineann le measúnú. I ndlínsí éagsúla, déantar tagairt do Mheasúnú chun Foghlama, do Mheasúnú mar Mhodh Foghlama agus do Mheasúnú ar an bhFoghlaim (féinmheasúnú).

I roinnt dlínsí, cuirtear uirlisí measúnaithe (an Nua-Shéalainn) nó creataí measúnaithe (British Columbia Cheanada) ar fáil chun cabhrú le múinteoirí measúnú a dhéanamh.

Riachtanais Speisialta Oideachais

Rinneadh athscrúdú ar gach ceann de na dlínsí i ndáil le nuatheangacha iasachta agus an cur chuige ina leith i gcás páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu. Bhí difríochtaí beaga idir na haicmithe RSO sna dlínsí éagsúla ó thaobh lipéadú agus ó thaobh spriocghrúpaí éagsúla a bheith san áireamh iontu. I roinnt dlínsí áiríodh leo siúd a bhfuil RSO acu páistí tréitheacha nó páistí a bhíonn as láthair de bharr breoiteachta nó iad siúd a bhíonn ag gabháil do na taibh-ealaíona.

Bhí cur chuige trí chéim i bhfeidhm i ngach dlínse maidir le tacaíocht, agus Pleananna Oideachais Aonair ina mbonn leo.

1. Ba ar leibhéal na scoile agus sa seomra ranga a cuireadh tús leis an tacaíocht agus an soláthar go léir do pháistí a bhfuil RSO acu, agus cuireadh bearta tacaíochta i bhfeidhm chun cabhrú le páistí teacht i dtír ar an gcuraclam iomlán.
2. Más rud go raibh gá le bearta tacaíochta breise, cuireadh curaclam difreáilte/oiriúnaithe/saincheaptha in oiriúint do riachtanais aonair na bpáistí.
3. Ina theannta sin, d'fhéadfaí páistí a dhíolmhú ó ábhair dá mba rud é nach mbeidís in ann teacht i dtír ar an gcuraclam. I gcásanna áirithe (e.g. san Fhionlainn), cuireadh an curaclam in oiriúint sa chaoi is go raibh sé bunaithe ar thopaic agus díródh ann ar scileanna amhail scileanna luaileacha, teanga agus cumarsáid, scileanna sóisialta, gníomhaíochtaí a bhaineann leis an saol laethúil agus scileanna cognaíocha.

Rinneadh soláthar i roinnt dlínsí do dhoiciméid aistrithe, d'aistritheoirí agus d'ateangairí ionas go bhféadfadh teaghlaigh ó chúlráí teanga nó cultúrtha eile teacht a bheith acu ar an bhfaisnéis go léir a bhaineann lena bpáiste.

Bhí feidhm ag an soláthar sin maidir le gach ábhar curaclaim, lena n-áirítear aon churaclam nuatheanga iasachta a bhí ann.

Conclúid

Go dtí seo bhí an plé dírithe ar dhlínsí idirnáisiúnta, ar a mbeartais agus ar na cleachtais atá acu faoi láthair ó thaobh nuatheangacha iasachta a theagasc agus a fhoghlaim. Thug Ceanada, an Fhionlainn agus an Bheilg léargas éigin ar fhormaid na gclár seanbhunaithe i ndáil le nuatheangacha iasachta a theagasc agus a fhoghlaim agus ar an gcaoi a mbítear seasta á gcur in oiriúint chun freastal níos fearr a dhéanamh ar líon níos mó teangacha agus/nó chun tosú ag foghlaim nuatheangacha iasachta tráth níos luaithe. Sampla is ea an Bhreatain Bheag de thír a bhfuil clár seanbhunaithe teagasc agus foghlama teanga aici ar an leibhéal bunoidreachais shinsearaigh mar aon le tograí i ndáil le teidlíocht teanga níos luaithe faoi stiúir straitéis náisiúnta. Ba í an Nua-Shéalainn an t-aon dlínse amháin a scrúdaíodh ina bhfuil nuatheanga iasachta ina comhpháirt roghnach ar an leibhéal bunscoile. Ina theannta sin, bhí straitéis náisiúnta i bhfeidhm aici mar aon le plan forfheidhmithe céimnithe chun feabhas a chur ar theagasc na Maoraise agus ar an bhforbairt ghairmiúil do mhúinteoirí. Bhí bille ag gabháil leis an straitéis lena treisíodh í leis na hacmhainní cuí chun na hathruithe sin a mhaoiniú agus chun tacú leo.

Déantar iniúchadh sa roinn seo ar na treochtaí a tháinig chun cinn ar fud na ndlínsí. Is féidir an-chuid a fhoghlaim ó na dlínsí:

- Mar is féidir le straitéisí náisiúnta próisis nua agus pointí fócais nua a aithint chun feabhas a chur ar theagasc agus foghlaim nuatheangacha iasachta agus mar is féidir leo tionchar a imirt ar leibhéal éagsúla athraithe.
- Mar is féidir le cúinsí áitiúla tionchar a bheith acu ar an éileamh ar nuatheangacha iasachta, ar a bhformáid agus ar an teanga a roghnaítear.
- Mar is féidir cineálacha éagsúla acmhainní a chur ar fáil chun an t-éileamh ar nuatheangacha iasachta agus teagasc na dteangacha sin a chur chun cinn, a éagsúlú agus a fheabhsú.
- Mar is féidir nuatheangacha iasachta a fhoghlaim in áiteanna eile ar an leibhéal bunscoile (Ceanada, an Fhionlainn agus an Bheilg).
- Mar is féidir le dúshláin a bheith le sárú i gcásanna le déanaí inar tugadh isteach teagasc agus foghlaim nuatheangacha iasachta ar leibhéal na bunscoile (an Bhreatain Bheag agus an Nua-Shéalainn).
- Mar a cuireadh san áireamh i ndlínsí eile na dúshláin phraiticiúla a bhaineann le saineolas múinteoirí, am curaclaim, leanúnachas foghlama agus rogha teanga.

Go deimhin, bhí na dúshláin phraiticiúla ina mbacainní móra i leith soláthar teangacha iasachta ar leibhéal na bunscoile in Éirinn, agus sin mar atá go fóill. Rinneadh roinnt iarrachtaí san am atá thart dul i ngleic le cuid de na dúshláin sin agus a bheith ag obair i dtreo soláthar náisiúnta tríd an TNTB. Anois, tráth a bhfuil ***Curaclam Teanga na Bunscoile***—ina dtacaítear le teangacha eile— tugtha chun críche agus á chur chun feidhme, agus tráth a bhfuil **straitéis chomhtháite teanga** againn lena gcuirtear éagsúlacht teangacha chun cinn agus a bhfuil éileamh níos mó ar theangacha a fhoghlaim, is mithid scrúdú a dhéanamh arís ar sholáthar teangacha iasachta ar leibhéal na bunscoile.

Sa chéad roinn eile, díritear ar chás na hÉireann arís agus déantar scrúdú ar shamplaí de sholáthar teangacha iasachta ar bhonn neamhspleách i líon beag scoileanna ina ndéantar nuatheangacha iasachta a chomhtháthú sa lá scoile. Tá an ceann is fearr faighte ag na scoileanna sin ar roinnt de na dúshláin phraiticiúla a bhíonn i gceist. Tá tionchar an TNTB le sonrú ar fud na samplaí nó na fínéad seo agus déantar iniúchadh achomair ar a shaolré ó 1997 go 2012.

8. Éire: An cleachtas faoi láthair maidir le nuatheangacha iasachta a theagasc agus a fhoghlaim

Réamhrá

I roinnt scoileanna Éireannacha, déantar nuatheangacha a theagasc agus a fhoghlaim le linn an lae scoile. I gcuid mhór eile acu, múintear ranganna nuatheanga mar ghníomhaíocht iarscoile. Is ar an gcéad chatagóir thuas a ndírítear sa roinn seo—na scoileanna nó na cláir ina mbíonn nuatheanga comhtháite i rith an lae sa bhunscoil.

D'fhonn léargas a fháil ar shamhlacha difriúla i dtaobh nuatheangacha a theagasc agus a fhoghlaim, chuathas i dteagmháil le scoileanna agus le daoine aonair a bhfuil aithne ag baill foirne de chuid CNCM orthu agus iarradh orthu sonraí a thabhairt faoin gcaoi a ndéantar nuatheanga a theagasc agus a fhoghlaim sa scoil. Ullmhaíodh teimpléad fínéid (féach Aguisín 3 agus Aguisín 4) chun comhsheasmhacht a chinntiú ar fud na sonraí a bailíodh ó gach scoil. Aon ghrianghraif a úsáideadh, is ó Twitter nó ó shuíomh gréasáin na scoile a fuarthas iad agus úsáideadh iad le cead na múinteoirí nó na bpríomhoidí. Déantar cur síos sna ranna seo a leanas ar chúlraí na scoile agus ar bhunús agus formáid an teagaisc agus na foghlama teanga a bhíonn ar siúl i ngach scoil aonair.

Fínéad 1: *Scoil Náisiúnta Phobail Leamhcáin, Baile Átha Cliath – Mandairínis*

Cúlra na scoile

Bunaíodh Scoil Náisiúnta Phobail Leamhcáin in 2013 agus bhí sí ar an gcúigiú scoil náisiúnta pobail a osclaíodh i gceantar Bhaile Átha Cliath. Ceithre cinn déag de scoileanna náisiúnta pobail atá ann anois. Is scoil mheasctha Bhéarla í SNP Leamhcáin ina múintear ranganna ó na náionáin shóisearacha go rang a ceathair. Tá rang beag riachtanas speisialta oideachais ag an scoil freisin do pháistí a bhfuil neamhord de chuid speictream an uathachais orthu. Labhraíonn thart ar 55% de na páistí sa scoil Béarla mar theanga bhreise. Is iad teangacha baile na bpáistí sin teangacha de chuid Oirthear na hEorpa, chomh maith leis an Urdúis, a labhraítear san India agus sa Phacastáin.

Foghlaim nuatheanga agus an múinteoir teanga

Freastalaíonn SNP Leamhcáin ar cheachtanna Mandairínise ar gach leibhéal ranga. Tá éiteas na scoile dírithe ar an am atá le teacht, agus soláthraíonn sí samhail oideachais bunscoile a léiríonn saol an 21ú haois. Is í Mandairínis an teanga dhúchais atá ag 1.2 billiún duine. Is í an teanga a labhraíonn an cohórt cainteoirí dúchais is mó ar domhan. Cúis eile gurb í an Mhandairínis an nuatheanga a roghnaíodh le múineadh ná go raibh an príomhoide páirteach i gclár foghlama Mandairínise i nGaillimh sular thosaigh sí ina post i Leamhcán.

Cuireadh tús le tionscadal na Gaillimhe in 2008. Babhta comhair atá i gceist leis idir Institiúid Confucious, Institiúid Han Ban, Nangjing na Síne agus OÉ Gaillimh. Gach bliain, tagann mic léinn Bhéarla tríú leibhéal ón tSín agus bíonn siad ag múineadh teanga i ngrúpa ocht scoil i nGaillimh. Maoiníonn an dá institiúid de chuid na Síne an tionscadal i nGaillimh. Íocann an grúpa scoileanna táille ainmniúil eatarthu chun tacú le costais lóistín agus costais taistil mic léinn amháin, a thaistealaíonn ó Chorcaigh gach seachtain.

Tugann cainteoir dúchais Mandairínise amháin cuairt ar an scoil uair sa tseachtain chun Mandairínis a mhúineadh do pháistí rang a 5 agus a 6 i ngach ceann de na scoileanna ar feadh bliana, agus ansin fillleann an té sin ar an tSín. An mac léinn atá ag dul abhaile agus an té atá ag teacht go hÉirinn, téann

siad i gcomhairle lena chéile maidir leis an teagasc agus foghlaim teanga a rinneadh sna scoileanna le linn na bliana roimhe sin.

Sular cuireadh tús leis an tionscadal, tugadh an deis do mhúinteoirí scoile Mandairínis a foghlaim ionas go bhféadfaí an teanga a chomhtháthú i ngnáthaimh laethúla an tseomra ranga, mar a bhí amhlaidh cheana féin i gcás an Bhéarla agus na Gaeilge. **Múintear Mandairínis freisin i gcuid de na hiar-bhunscoileanna áitiúla** i nGaillimh, mar sin d'fhéadfaí leanúnachas na foghlama teanga a chur chun cinn.

Is í an tsamhail chéanna teagaisc Mandairínise ar tugadh fúithi i Leamhcán. I Leamhcán, foghlaimíonn na páistí go léir Mandairínis, **ó na naíonáin shóisearacha go rang a ceathair** (agus beidh rang a cúig san áireamh ó mhí Mheán Fómhair 2019). Tá páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i bhformhór na ranganna. Leath na bpáistí sa rang dóibh siúd ar a bhfuil neamhord de chuid speictream an uathachais, glacann siad páirt sa rang príomhshrutha i gcomhair na gceachtanna sin le tacaíocht óna gcuid cúntóirí riachtanas speisialta. Tá díolúine ón nGaeilge ag beirt pháistí ach tá siad fós ag foghlaim na teanga, in éineacht le Mandairínis. Freastalaíonn gach páiste ar na ranganna Mandairínise.

Is ionann na bearta difreálacha i gcás na bpáistí go léir, beag beann ar a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu nó nach bhfuil. Cuidítear leis na páistí Mandairínis a foghlaim trí úsáid a bhaint as pictiúir agus leideanna agus dul siar ar fhocail a foghlaimíodh sa cheacht roimhe sin sula dtagann an múinteoir Mandairínise chun an chéad cheacht eile a thabhairt. Sa Phlean Oideachais Aonair do na páistí sin, ní leagtar mórán béime ar Mhandairínis. Sna tréimhsí tacaíochta teagaisc, ní dhírítear ach ar aon teanga amháin.

Leagtar amach méideanna difriúla ama i gcomhair na gceachtanna Mandairínise, agus cuirtear leis an am sin de réir mar a théann na ceachtanna ar aghaidh. Roinntear an t-am curaclaim do theangacha, Béarla agus don Ghaeilge, le Mandairínis.

Ranganna	Leithdháileadh ama in aghaidh na seachtaine
Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha	20 nóiméad in aghaidh na seachtaine
Rang 1 agus Rang 2	35 nóiméad in aghaidh na seachtaine
Rang 3 agus Rang 4	40 nóiméad in aghaidh na seachtaine
Rang 5 agus Rang 6 (ó Mheán Fómhair 2019 ar aghaidh)	45 nóiméad in aghaidh na seachtaine

Tábla 8.1 An méid am a leagtar amach chun Mandairínis a foghlaim ar gach leibhéal ranga

Soláthraíonn an múinteoir Mandairínise na hacmhainní teagaisc teanga go léir agus baineann sí leas as an gclár bán idirghníomhach, spleách-chártaí, cluichí, amhráin, dánta agus rabhlóga. Comhlánaíonn

an cur chuige teagasc agus foghlama teanga Cur Chuige na Cumarsáide atá in *Curaclam Teanga na Bunscoile* agus an cur chuige bunaithe ar shúgradh atá luaite ansin agus in *Aistear*. Bíonn an phleanáil ailínithe le foghlaim na Gaeilge, ina bhfoghlaimíonn páistí ar bhonn téamaí.

Thuairiscigh príomhoide na scoile go bhfuil an Mhandairínis, ar teanga thonúil í, an-cheolmhar. Úsáideann an múinteoir Mandairínise labhairt, gluaiseacht agus damhsa agus í ag múineadh. Baintear leas as miotais agus finscéalta chun cuidiú leis na páistí foghlaim faoin stair agus faoin mbrí atá leis an teanga, agus chun cur lena stór focal. An cur chuige a ghlacann an múinteoir Mandairínise, tá sé cosúil le teagasc ar bhonn scéalaíochta⁷, agus cuireann na páistí an-spéis san ábhar. Is ar an teanga labhartha a dhírítear go dtí rang a haon. Tugtar léitheoireacht agus scríbhneoireacht isteach ó rang a dó ar aghaidh.

Tá nasc bunaithe idir SNP Leamhcáin agus bunscoil nua in Nangjing na Síne. Insíonn na páistí dá chéile faoi fhéilte áitiúla agus faoin teanga a úsáideann siad ina saol laethúil. Tá meon an-dearfach ag na páistí agus a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí i dtaobh theagasc agus foghlaim na Mandairínise sa scoil.

LucanCNS @LucanCNS · 02 Oct 18
Junior Infants are really enjoying their first ever Chinese lesson! 🇨🇳

Múintear Mandairínis ar gach leibhéal ranga i Scoil Phobail Leamhcáin. Taispeántar sna pictiúir an chéad cheacht Mandairínise a bhí ag na Naíonáin Shóisearacha in 2018.

⁷ Is modh foghlama gníomhaí é an teagasc ar bhonn scéalaíochta trína mbaineann na scoláirí leas as an méid atá ar eolas acu cheana féin chun eolas nua a chur ar an ábhar atá á fhoghlaim trí fhreagraí a thabhairt ar eochaircheisteanna ón múinteoir agus iad a phlé. Bíonn na heochaircheisteanna ina gceat scéil. Leis an gcur chuige scéalaíochta, téann an múinteoir agus na foghlaimeoirí i gcomhpháirt lena chéile: leagann an múinteoir síos an snáithe scéil, nó na caibidlí, agus forbraíonn na foghlaimeoirí an scéal. Bíonn sé ina aidhm leis an snáithe scéil nó leis an bplean scéil cleachtadh a fháil ar ábhar curaclaim (**eolas**) agus ar **scileanna** agus is é an scéal an comhthéacs lena mbraitheann na scoláirí go bhfuil a gcuid féin á déanamh den teanga acu. Is iadsan a chumann na carachtair a thugann beocht don scéal.. Leagtar amach an snáithe scéil ina shraith eochaircheisteanna (*Foinse: <http://www.storyline-scotland.com/what-is-storyline-2/>*).



Páistí ag cleachtadh a gcarachtair Mhandairínise

Foinse: Fotha Twitter le haghaidh SNP Leamhcáin: <https://twitter.com/LucanCNS/>

Fínéad 2: *Gaelscoil de hÍde, Ros Comáin – Gearmáinis*

Feicim go bhfuil tionchar dearfach ag an bhfoghlaim ar na daltaí, ní hamháin ó thaobh teanga agus dul chun cinn acadúil (is fusa teanga a fhoghlaim) ach freisin ó thaobh na gné sóisialta: cothaítear féinmheas agus muinín agus is cuidiú í ó thaobh na páistí a ullmhú don mheánscoil. (Múinteoir scoile agus múinteoir Gearmáinise, Coláiste de hÍde)

Cúlra na scoile

Tá Gaelscoil de hÍde i mbaile Ros Comáin. Freastalaíonn buachaillí agus cailíní ar an scoil, agus múintear ranganna ó na Naíonáin Shóisearacha go Rang 6. Tá rang naíonán amháin sa scoil do na Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha, tá Rang 2, Rang 3 agus Rang 4 ina n-aonair, tá Rang 4 le cuid de pháistí Rang 5 agus tá Rang 6 le cuid de pháistí Rang 5. Tá 250 páiste sa scoil. Labhraíonn formhór na bpáistí sa scoil Gaeilge nó Béarla sa bhaile. Is í an Ghaeilge teanga na scoile agus tá cúpla páiste a labhraíonn Béarla mar theanga bhreise.

Foghlaim nuatheanga agus an múinteoir teanga

Is í an Ghearmáinis an nuatheanga iasachta a mhúintear i nGaelscoil de hÍde. Roghnaíodh an teanga mar go bhfuil bunchéim sa Ghearmáinis ag duine de na múinteoirí—múinteoir oideachais speisialta sa scoil faoi láthair—agus go bhfuil Gearmáinis líofa aici. Roimhe sin, ghlac an scoil páirt sa *Tionscnamh Nuatheangacha sna Bunscoileanna* (TNTB) agus tacaíodh leo chun Gearmáinis a mhúineadh faoin tionscnamh sin. Bhí an múinteoir tar éis páirt a ghlacadh freisin in oiliúint ionghairme leis an TNTB ag an tráth sin agus bhí fonn uirthi féin leanúint ar aghaidh ag múineadh Gearmáinise sa scoil.

Foghlaimíonn **Rang 5 agus Rang 6** Gearmáinis i nGaelscoil de hÍde. Tá sé sin ag teacht leis na ranganna a ghlac páirt i dteagasc agus foghlaim teanga tríd an TNTB. Faoi láthair, más rud é go bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag páistí, glacann siad páirt sa cheacht Gearmáinise leis na daltaí eile, díreach mar a dhéanann siad i gcás na Gaeilge. Má tá siad ag freastal ar scoil lán-Ghaeilge, ní bhíonn díolúine ón nGaeilge ag páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Éiríonn go hiontach leo agus iad ag foghlaim Gearmáinise agus thug a múinteoir ar aird go bhfuil siad i measc na bpáistí is fearr sa rang. Díritear sna ceachtanna Gearmáinise ar scileanna éisteachta agus labhartha, agus is iad na bearta

difreálacha a bhíonn i gceist ná ceisteanna spriocdhírthe, torthaí foghlama agus tascanna. Tugtar tacaíocht do gach páiste ó thaobh foghlaim teanga agus labhairt teanga.

Múintear Gearmáinis in iar-bhunscoileanna sa cheantar freisin, rud a chuidíonn leis an **leanúnachas i ndáil le foghlaim teanga**. Chuir an TNTB deontas acmhainne dhá bhliain ar fáil le linn thréimhse rannpháirtíochta na scoile. Na hacmhainní Gearmáinise a ceannaíodh an tráth sin, tá siad fós in úsáid sa scoil. Úsáideann an scoil Buntús Gearmáinise (*Early Start German*) 1 agus 2, a mbíonn measúnú teanga san áireamh leis. Úsáidtear acmhainní Gearmáinise ón Goethe Institut freisin.

Ranganna	Leithdháileadh ama in aghaidh na seachtaine
Rang 5	40 nóiméad in aghaidh na seachtaine
Rang 6	40 nóiméad in aghaidh na seachtaine

Tábla 8.2 An méid ama a leagtar amach chun Gearmáinis a fhoghlaim i Rang 5 agus Rang 6


Múintear Gearmáinis mar ábhar ar leithligh. Leanann an teagasc an modh Cumarsáide de chuid an Churaclaim Teanga Bunscoile agus an dréachtchuraclam seanbhunaithe a d'fhorbair CNCM do scoileanna a bhí páirteach sa TNTB. Díritear go príomha ar scileanna labhartha agus is beag scríbhneoireachta a dhéanann na páistí ag an bpointe seo. Measadh go mbaineann na páistí amach leibhéal A1 de chuid Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (Tús nó Bunleibhéal) faoin am go mbíonn dhá bhliain caite acu ag foghlaim teanga. Mar shampla, is é an sainmhíniú a thugtar i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha ar Leibhéal A1 *Idirghníomhaíocht ó Bhéal: Comhrá* ná

Tuigeann an foghlaimeoir nathanna coitianta agus frásaí an-bhunúsach chun freastal ar riachtanais phraiticiúla, agus baineann sé nó sí leas astu. Tá an foghlaimeoir in ann é nó í féin a chun in aithne do dhaoine eile agus tá sé nó sí in ann ceisteanna a chur agus a fhreagairt faoi shonraí pearsanta, mar shampla, an áit a bhfuil cónaí air nó uirthi, daoine dá lucht aithne agus rudaí atá aige nó aici. Tá sé nó sí in ann idirghníomhú ar bhealach simplí más rud é go labhraíonn an duine eile go mall, soiléir agus go bhfuil an duine eile sásta cabhrú leis nó léi. (Comhairle na hEorpa, 2002, aistriúchán)

Tá glactha ag an scoil go fonnmhar le foghlaim na Gearmáinise agus bíonn an Ghearmáinis le feiceáil nó le cloisteáil ar fud na scoile. Tá baint mhór ag an scoil freisin leis an gclár Ríomhnasctha agus tá sí péireáilte le scoileanna Gearmánacha tríd an tairseach sin. Glacann an scoil páirt ina lán tionscadal tríd an tairseach.

Ina theannta sin, ghlac an múinteoir Gearmáinise (duine d'fhoireann na scoile) páirt i gclár Erasmus+ faoinar éascaíodh don chuairt a thug sí ar scoil sa Ghearmáin chun seal a chaitheamh ag múineadh

ansin. Ansin chaith múinteoir Béarla a tháinig ar cuairt ó Sulzbach am Main na Gearmáine tréimhse i nGaelscoil de hÍde. Chaith sí tréimhse ama le gach rang agus chuir Rang 5/6 glao Skype ar a rang Béarla sa Ghearmáin. Cothaíodh dlúthnasc idir an scoil Éireannach agus an scoil Ghearmánach tríd an gclár Erasmus+ agus bíonn siad fós i dteagmháil le chéile go rialta. Bíonn an múinteoir i nGaelscoil de hÍde ag obair i ndlúthchomhar le Léargas freisin, agus is Ambasadóir í ar son an chláir Ríomhnasctha. Bhuaigh sí an Séala Eorpach Teanga de chuid an chláir Ríomhnasctha as an obair a rinne sí tríd an gclár sin.



Úsáidtear Gaeilge, Béarla agus Gearmáinis sa seomra ranga chun páirt a ghlacadh i dtionscadal Ríomhnasctha ar an Athrú Aeráide.



Beart a seoladh ón scoil chomhpháirtíochta san Iodáil



Páistí ina seasamh os comhair obair Ghearmáinise a rinne siad agus Lá Eorpach na dTeangacha—
an 26 Meán Fómhair gach bliain—á cheiliúradh acu.

Foinse: Suíomh gréasáin na scoile <http://www.gaelscoildehide.ie/> agus an múinteoir Gearmáinise

Fínéad 3: *Bunscoil Naomh Comán na Coille (agus Bunscoile Chlochair Mhuire), Co. Ros Comáin – Fraincis*

Cúlra na scoile

Is scoil do bhuachaillí agus cailíní í Bunscoil Naomh Comán na Coille, agus is i gceantar uirbeach atá sí. Níl sé i bhfad ó nascadh dhá scoil le chéile agus is aon scoil amháin anois í, in dhá shuíomh ar leithligh. Agus an dá scoile nasctha le chéile, 645 páiste atá sa scoil nua. Bíonn Rang na Naíonán Sóisearach go Rang 3 ag an gcéad suíomh, agus Rang 4 go Rang 6 ag an suíomh eile, míle ar shiúl. Tá a foireann riachtanas speisialta féin ag gach scoil agus a cuid cúntóirí riachtanas speisialta féin.

Labhraítear teangacha éagsúla i measc pháistí Scoil Naomh Comán na Coille. Is iad Polainnis, Portaingéilis, Rúisis, Urdúis, Spáinnis, Slóvaicis, Laitvis, Liotuáinis, Seicis, Iodáilis agus Rómáinis na teangacha baile atá ag cuid de na páistí. Tá meas mór ar theangacha baile na bpáistí sa scoil agus tugtar an-aitheantas dóibh.

Foghlaim nuatheanga agus an múinteoir teanga

Tá foghlaim nuatheangacha á cuimsiú i saol na scoile ag Scoil Naomh Comán na Coille ar bhealaí éagsúla le tamall de bhlianta anuas. Ar dtús, ghlac an scoil páirt sa TNTB. Tuismitheoirí ar mhúinteoirí Fraincise iad, chuireadar a gcuid seirbhísí ar fáil chun Fraincis a mhúineadh do pháistí Rang 5 agus Rang 6. Nuair a d'imigh na múinteoirí sin agus nuair a tháinig deireadh leis an TNTB, tháinig deireadh leis an gclár Fraincise sa scoil. Baineadh leas as am lánroghnach i gcomhair teagasc agus foghlaim teanga ag an bpointe sin. Cuirtear Spáinnis ar fáil faoi láthair mar ghníomhaíocht iarscoile do Rang 4, Rang 5 agus Rang 6, agus cuireadh Mandairínis ar fáil san am atá caite.

Le linn na scoilbhliana 2017/18, ghlac **scoláirí áitiúla ón 5ú Bliain** páirt i gclár chun Fraincis a mhúineadh i mBunscoil Naomh Comán na Coille. Bhí siad ag obair le Rang 2 i rith an tríú téarma scoile. Rinne a múinteoir Fraincise grádú ar scoláirí an 5ú Bliain maidir lena n-inniúlacht sa Fhraincis agus a gcuid modhanna múinte, agus thug múinteoir an ranga bunscoile aiseolas freisin.

Le linn 2017/18, i gcás ina raibh riachtanais speisialta oideachais ag páistí, fostaíodh cúntóirí riachtanas speisialta chun cabhrú agus tacú leo agus iad ag foghlaim. Tugadh an-tacaíocht do na páistí le linn a gceachtanna Fraincise. Toisc go raibh formhór an teagaisc agus na foghlama dírithe ar acmhainní

closamhairc, chuidigh na hacmhainní amhairc leis na páistí focail nua Fraincise a thuiscint. An múinteoir a bhí i mbun an ranga sin, bhíodh sí páirteach roimhe sin sa TNTB sa scoil. Thug sí ar aird nárbh aon dúshlán é ag an gcéim sin Fraincis a fhoghlaim i gcás na bpáistí a raibh riachtanais speisialta oideachais acu nó acusan a raibh tacaíocht foghlama ar fáil dóibh.

D'éirigh chomh maith leis an tionscadal gur tháinig na scoláirí atá sa 5ú Bliain faoi láthair chun na scoile arís chun an rang céanna a mhúineadh is a múineadh anuraidh—na páistí atá i Rang 3 anois. Mhúin na scoláirí ón 5ú Bliain bunstór focal agus frásaí bunúsacha don rang, agus cur chuige spraoi á úsáid acu. Baineadh leas as cluichí, pictiúir, feidhmchláir TF agus aipeanna ar líne amhail Duolingo sa seomra ranga.

Múintear Fraincis i ngach ceann de na trí iar-bhunscoil sa cheantar agus múintear Spáinnis i gceann acu, agus mar sin rinneadh **leanúnachas ó thaobh foghlaim teanga** a mheas. Tá leanúnachas ó thaobh teagasc teanga curtha san áireamh sa chlár teagasc agus foghlama nuatheangacha sna bunscoileanna, toisc na scoláirí a bheith ag teacht ó iar-bhunscoil áitiúil.

Idir am teagasc teanga agus am lánroghnach a úsáidtear i gcomhair na tréimhse 30 nóiméad sa tseachtain ina ndéantar Fraincis a theagasc.

Ranganna	Leithdháileadh ama in aghaidh na seachtaine
Rang 3 sa tríú téarma 2018/19	30 nóiméad in aghaidh na seachtaine

Tábla 8.3 An méid am a leagtar amach chun Fraincis a fhoghlaim tríd an gclár Fraincise

Bhí meon an-dearfach ag príomhoide na scoile i leith an TNTB, agus dúirt *gur bhain na páistí an-taitneamh as teanga eile a fhoghlaim* chomh maith leis an nGaeilge.

In 2010, bhuaigh an scoil an Séala Eorpach Teanga mar aitheantas ar an obair a rinne sí ar thionscadal faoinar ullmhaíodh leabhair dhátheangacha. Scríobh roinnt páistí leabhair dhátheangacha ina dteanga bhaile agus i mBéarla. Scríobh páistí eile leabhair i nGaeilge agus i mBéarla. Bhí tuismitheoirí na páistí a raibh Béarla mar theanga bhreise acu in ann breathnú ar na leabhair agus foghlaim ón méid a bhí scríofa ag an bpáiste.



Múineann scoláirí ó iar-bhunscoil áitiúil Fraincis i mBunscoil Naomh Comán na Coille



Bíonn na páistí ag obair le chéile chun frásaí agus focail a mheaitseáil leis na híomhánna a ghabhann leo.

Tacaíonn scoláirí ón 5ú Bliain leis an obair a dhéanann na páistí sa seomra ranga.

Fínead 4: *Scoil Náisiúnta na hEaglaise, Gaillimh*

Cúlra na scoile

Is scoil Ceanróidaithe (*Changemaker*) í Scoil Náisiúnta na hEaglaise. Is scoil Bhéarla í atá lonnaithe faoin tuath i mBéal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe. Tá stádas DEIS ag an scoil. Is scoil ilghráid í Scoil Náisiúnta na hEaglaise agus tá 44 páiste cláraithe inti. A lán de na páistí, is den Lucht Siúil iad agus labhraíonn siad Caintis agus Béarla. Tá riachtanais speisialta oideachais ag thart ar aon trian de na páistí.

Foghlaim nuatheanga agus an múinteoir teanga

Múineadh Fraincis i Scoil Náisiúnta na hEaglaise go dtí 2014. Nuair a tháinig deireadh leis an TNTB in 2012, braitheadh go raibh béim níos lú á cur ar fhoghlaim nuatheangacha. Mar thoradh air sin, agus toisc na baill foirne a bheith ag athrú, chuir an scoil deireadh lena soláthar Fraincise. Sna freagraí ar cheistneoir do thuismitheoirí le déanaí, tugadh le fios gur mhaith le thuismitheoirí go bhfoghlaimedh a bpáistí nuatheanga iasachta sa bhunscoil. Tá sé i gceist ag an scoil Fraincis a mhúineadh arís i Meán Fómhair 2019. Tá cáilíochtaí tríú leibhéal sa Fhraincis ag beirt de na múinteoirí scoile agus tá beirt mhúinteoirí eile ann a bhfuil muinín acu as a gcumas sa Fhraincis agus ar maith leo Fraincis a mhúineadh.

Bhí príomhoide na scoile agus múinteoir eile páirteach sa TNTB i scoileanna eile sa cheantar. Tá fáil acu ar acmhainní a ceannaíodh leis an deontas acmhainní dhá bhliain ón TNTB. Bainfear leas as na hacmhainní sin arís i Scoil Náisiúnta na hEaglaise i mí Mheán Fómhair. Is dlúthdhioscaí, spleách-chártaí, póstaer agus cluichí foghlama teanga atá i gceist.

Múintear Fraincis sna hiar-bhunscoileanna áitiúla, mar sin is féidir leanúnachas a bheith ann i dtaobh foghlaim teanga.

Tráth a mbíodh Fraincis á múineadh roimhe seo i Scoil Náisiúnta na hEaglaise, d'fhoghlaim na ranganna go léir Fraincis—Rang 4, Rang 5 agus Rang 6 sa seomra sinsearach, Rang 1, Rang 2 agus Rang 3 sa seomra meánach agus na Naíonáin Shóisearacha agus na Naíonáin Shinsearacha sa seomra sóisearach.

Cuirtear leis an méid ama a leagtar amach i gcomhair na Fraincise de réir mar a théann na páistí ar aghaidh ó rang go rang.


Ranganna	Leithdháileadh ama in aghaidh na seachtaine
Ranganna 4/5/6 (Seomra Sinsearach)	1-1½ uair an chloig sa tseachtain
Ranganna 1/2/3 (Seomra Meánach)	30 nóiméad in aghaidh na seachtaine
Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearach (An Seomra Sóisearach)	30 nóiméad in aghaidh na seachtaine

Tábla 8.4 An méid am a leagtar amach do gach leibhéal ranga chun Fraincis a fhoghlaim

Glacadh Cur Chuige na Cumarsáide chun Fraincis a mhúineadh sa scoil, ag teacht leis an dréachtchuraclam don treoirthionscadal ar nuatheangacha (CNCM, 1999), le Curaclam an Bhéarla agus le Curaclam na Gaeilge (1999). Leagadh béim go príomha ar scileanna labhartha agus cluastuisceana, agus ar fhéachaint chuige go mbainfeadh na páistí spraoi agus spórt as an bhFraincis agus iad ag tabhairt fúithi den chéad uair. Baineadh leas as amhráin, cluichí agus drámaíocht chun an teanga a fhiosrú agus a threisiú. Bhí teagasc agus foghlaim na teanga dírithe ar fheidhmeanna teanga, rud atá ag teacht le Curaclam na Gaeilge (1999). Ina measc siúd bhí comhráite bunúsacha ar thopaicí amhail tú féin a chur in aithne, uimhreacha, laethanta na seachtaine, bia, caitheamh aimsire agus éadaí.

In 2013/14, fuair an scoil Cúntóir **Comenius** ó cheantar na Normainne sa Fhrainc, tríd an gClár Comenius, faoinar cuireadh múinteoir Fraincise ar fáil don scoil. Múineadh Fraincis do gach rang, agus comhtháthaíodh foghlaim teanga le ceol agus le scileanna sóisialta, litearthacht, OSIE agus na healaíona. Bhí Clár Comenius ar bun ó 2007 go 2013 ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ba chláir oideachais agus oiliúna a bhí i gceist leis. Ar na haidhmeanna a bhí leis bhí foghlaim nuatheangacha a spreagadh agus cur le soghluaisteacht foghlaimeoirí agus múinteoirí teanga. Cuireadh Erasmus+ in áit an chláir in 2014.

Tá Scoil Náisiúnta na hEaglaise páirteach i gCláir **Erasmus+** faoi láthair. Na príomhghníomhaíochtaí a bhfuil an scoil páirteach iontu, baineann siad le leas a bhaint as oiliúint i dtíortha eile agus an tionscadal comhpháirtíochta scoile. Tá an scoil ag obair i gcomhpháirtíocht le scoileanna san Fhionlainn, sa Ríocht Aontaithe, sa Pholainn, san Iodáil, sa Rómáin agus sa Spáinn. Téann daltaí an tseomra shinsearaigh leis na múinteoirí chuig na tíortha sin chun tionscadail chomhoibríocha a fhiosrú. Roimh aon cheann de na turais sin, tugann páistí an tseomra shinsearaigh faoi ranganna comhrá i dteanga na tíre comhpháirtíochta.



Obair thionscadail ar chomhthionscadal Erasmus+, "Invaders, how they shaped the Europe of today"



In May 2016, 6 students, 2 teachers and 2 parents travelled to spend a week of collaborating and sharing with our partner school in Romania. We even had a chance to be on Romanian TV while we were there.



Páistí an tseomra shinsearaigh in éineacht lena gcuid múinteoirí ar thuras Erasmus+ go dtí an Spáinn, chuig ceann dá scoileanna comhpháirtíochta

Fínéad 5: Scoil Bhríde (Cailíní), Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath – Fraincis

Cúlra na scoile

Is scoil Bhéarla do chailíní í Scoil Bhríde, atá lonnaithe i mBaile Bhlainséir, Baile Átha Cliath. Tá os cionn 320 páiste ar rolla na scoile. Labhraíonn thart ar 80% de na páistí Béarla mar theanga bhreise, agus tá 50 teanga bhaile eile san iomlán ag na páistí chomh maith le Béarla agus Gaeilge. I measc na dteangacha a labhraítear i measc pháistí Scoil Bhríde tá Polainnis, Urdais, Hiondúis, Araibis, Rómáinis, Portaingéilis agus Mailéalaimis. *Tá cur chuige comhtháite glactha ag an scoil maidir le hoideachas teanga, lena gcuimsítear teanga na scolaíochta, Béarla, agus teanga an churaclaim, Gaeilge* (Kirwan, 2018: 30, aistriúchán). Cuirtear fáilte roimh na teangacha baile go léir sa seomra ranga, agus baintear úsáid astu chun an curaclam a mhúineadh.

Foghlaim teanga chomhtháite agus na múinteoirí ranga

Ghlac Scoil Bhríde páirt sa TNTB agus múineadh Fraincis do pháistí Rang 5 agus Rang 6. Ós rud é go raibh sé ar an gcumas ag cuid de na múinteoirí leanúint ag múineadh Fraincise agus ag tacú le foghlaim Fraincise, coinníodh leis an nuatheanga i Rang 5 agus Rang 6 nuair a bhí deireadh tagtha leis an TNTB. Tugann na páistí go léir sna ranganna sin faoi na ceachtanna Fraincise de réir a leibhéal cumais. Tá riachtanais speisialta oideachais ag cuid de na páistí agus tugann siad faoin Fhraincis agus faoi ghníomhaíochtaí feasachta teanga in éineacht leis na daltaí eile sa rang.

Bíonn an príomhoide agus múinteoirí scoile eile ag múineadh Fraincise i Scoil Bhríde. Bhí nuatheanga foghlamtha ag cuid de na múinteoirí sin mar chuid dá gcúrsa céime. D'fhoghlaim cuid eile acu Fraincis don Ardteistiméireacht. Ba le linn am lánroghnach a múineadh Fraincis. Trí chur chuige comhtháite a ghlacadh i leith an teagaisc agus na foghlama, bhí am ar fáil don Fhraincis freisin trí ghníomhaíochtaí feasachta teanga.

Ranganna	Leithdháileadh ama in aghaidh na seachtaine
Rang 5 agus Rang 6 (Seomra Sinsearach)	30 nóiméad – 1 uair an chloig sa tseachtain

Tábla 8.5 An méid am a leagtar amach chun Fraincis a fhoghlaim

Glacadh cur chuige na cumarsáide chun Fraincis a mhúineadh, rud a chomhlánaigh an cur chuige a úsáidtear i leith gach teanga curaclaim agus gach teanga scoile. Bhí na páistí ag foghlaim trí chluichí, rímeanna, amhráin agus comhrá. B'ionann na feidhmeanna teanga agus iadsan a úsáidtear i gcomhair na Gaeilge, agus bhí siad faoi stiúir na bpáistí féin de réir na n-ábhar suime agus na smaointe a bhí acu. Mar chuid den chur chuige sin i dtaobh an fhoghlaime a bheith faoi stiúir na bpáistí, chuir Rang 6 seó faisin ar siúl ag deireadh an téarma. Baineadh úsáid as Fraincis, Béarla, Gaeilge agus teangacha baile na bpáistí agus é á léiriú agus á chur ar an ardán.

Múintear Fraincis sna hiar-bhunscoileanna áitiúla, rud a fhágann go bhfuil leanúnachas ann maidir le foghlaim teanga. Tuairiscíodh gur mhór ag na páistí an deis a bheith acu Fraincis a fhoghlaim sa bhunscoil roimh dhul ar aghaidh chuig an iar-bhunscoil, áit nach mór nuatheanga iasachta a fhoghlaim.

Chomh maith le cuspóir na foghlama Fraincise, bhí príomhoide na scoile ag iarraidh a chinntiú go dtuigfí an fiúntas a bhaineann le héagsúlacht teangacha na scoile. Glactar go fonnmhar le teangacha baile na bpáistí sa scoil agus baintear úsáid as na teangacha sin le linn an teagaisc agus na foghlama. Ós rud é nach labhraíonn na múinteoirí na teangacha sin, is iad na páistí féin a thugann isteach sa seomra ranga iad, agus cúnamh faighte roimh ré acu uaireanta óna dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí. Chuir sé sin le spreagadh na ndaltaí agus leis an gcumas a bhí acu a bheith ag obair go neamhspleách. Samplaí d'úsáid teangacha is ea páistí ag ullmhú téacsanna dátheangacha ina dteanga féin le Béarla nó Gaeilge mar dhara teanga, lipéadú éadaí i dteangacha uile an tseomra ranga agus dul trí laethanta na seachtaine i dteangacha uile an tseomra ranga. Tá feasacht teanga tagtha chun cinn mar chuid dhílis den teagasc agus den fhoghlaim laethúil. Chomh maith leis sin, spreagtar tuismitheoirí agus caomhnóirí lena gcuid teangacha baile a úsáid chun coincheapa nua a mhíniú dá bpáistí sa chaoi is gur fearr a thuigfidh siad iad.

I gcás na bpáistí arb é an Béarla a dteanga dhúchais, is mó an bhraistint atá acu anois gur teanga dá gcuid féin í an Ghaeilge, agus iad á cur i gcomparáid leis na teangacha eile atá ag na páistí sa seomra ranga. Mar gheall ar a bhfeasacht ar theangacha eile, tá feabhas tagtha ar an meon atá acu i leith na Gaeilge agus is mó an méid Gaeilge a labhraíonn siad. Thuig na páistí nach díreach ábhar atá le foghlaim í an Ghaeilge, ach *go bhféadfaí í a úsáid chun cumarsáid lánbhí a dhéanamh* (Kirwan, 2019: 45, aistriúchán). Rinne Kirwan (2015) cur síos ar an gcaoi ar fheabhsaigh próifíl na Gaeilge de bharr cur chuige comhtháite teanga a bheith á úsáid:

Ní tharlaíonn sé in aon chor go lagaítear an Ghaeilge toisc teangacha eile a bheith á n-úsáid. Ceann de na buntáistí a bhaineann le timpeallacht dá leithéid is ea go gcuirtear le stádas na Gaeilge, agus na daltaí ag tosú ag teacht ar thuiscint ar céard is teanga ann agus ar an tuiscint gur modh cumarsáide í an Ghaeilge (lch 62, aistriúchán).

Tá glactha go fonnmhar leis an nGaeilge freisin i measc na bpáistí nach iad an Béarla ná an Ghaeilge a dteanga bhaile. Chomh maith le téacsanna dátheangacha a scríobh ina dteanga bhaile agus i mBéarla, scríobhann roinnt páistí téacsanna i nGaeilge amháin freisin. Mar shampla amháin, i gcás páiste i Rang 3 a labhraíonn Filipínis sa bhaile, scríobh sí dialann i nGaeilge faoi eachtraí a tharla dá madra (Kirwan, 2019).

Léiríonn Scoil Bhríde mar is féidir leas a bhaint as cur chuige comhtháite i leith teangacha chun teangacha uile na scoile, an churaclaim agus na bpáistí a mhúineadh agus a fhoghlaim ar shlí atá chun tairbhe na dteangacha sin go léir.



Cur síos a rinne páistí ar a mbaile ina dteangacha baile



Scrúdú á dhéanamh ar an bhfocal 'Winter' i dteangacha an tseomra ranga agus dánta acrastacha á scríobh le litreacha an fhocail sin	Iris faisin dhátheangach
--	--------------------------

Foinse: Suíomh Gréasáin Scoil Bhríde <http://scoilbhridec.ie/language-events/>

Fínéad 6: Scoil Phádraig Dobhar, Dún na nGall – Fraincis

Is bónas é teanga eile a fhoghlaim. (Príomhoide scoile/múinteoir Fraincise).

Cúlra na scoile

Scoil lán-Ghaelach í Scoil Phádraig Dobhar i nGaeltacht Dhún na nGall. Scoil bheag í le 81 páiste, idir bhuachaillí agus chailíní, agus cúigear múinteoirí. Labhraíonn na páistí Gaeilge agus Béarla. Faoi láthair, níl aon riachtanais bhreise oideachais ag aon duine de na páistí.

Foghlaim nuatheangacha agus an múinteoir teanga

Bhí Scoil Phádraig Dobhar páirteach i dTionscnamh Nuatheangacha sna Bunscoileanna (TNTB) idir blianta 2000-2002. Múineadh Fraincis do rang 5 agus rang 6 sa scoil. Ghlac an scoil páirt i dtionscnamh cara pinn as Fraincis agus ceanglaíodh iad le bunscoil in Vron na Fraince. Bhí na páistí i dteagmháil lena chéile trí Skype agus tríd an bpost.

Ba í an príomhoide atá ann faoi láthair an múinteoir Fraincise (agus múinteoir ranga sa scoil) le linn don scoil a bheith páirteach sa TNTB. Bhain sí amach cáilíocht i dteagasc nuatheangacha in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn. Bhí na hInstitiúidí Teicneolaíochta ar fud na tíre ag cur cúrsaí teastais agus dioplóma i dteagasc nuatheangacha ar fáil do mhúinteoirí cáilithe ar bhonn páirtmhaoinithe ag an am sin.

Tá an príomhoide fós ag múineadh Fraincise do Rang 5/6 gach bliain ar feadh tréimhse 6 seachtaine. Bíonn na páistí i Rang 5/6 á múineadh le chéile. Mar sin, bíonn athdhéanamh agus breis foghlama ar siúl ag páistí Rang 6 agus bíonn Rang 5 ag foghlaim Fraincise den chéad uair.

Ranganna	Am in aghaidh na seachtaine
Rang 5 agus Rang 6 (le chéile in aon seomra amháin)	1-2 uair an chloig in aghaidh na seachtaine ar feadh 6 seachtaine

Tábla 8.6 An méid ama a chaitear ar fhoghlaim na Fraincise le linn na tréimhse 6 seachtaine

Úsáidtear na háiseanna a fuarthas leis an deontas TNTB sa scoil go fóill. Is éard atá iontu ná téacsleabhair, leabhair scéalta, dlúthdhioscaí agus cluichí foghlaim teanga.

Múintear an Fhraincis san iar-bhunscoil áitiúil, rud a chinntíonn go mbíonn leanúnachas ann maidir le foghlaim teanga. Deir na scoláirí a chuaigh go dtí an scoil seo gur chuidigh a gcuid eolais faoin bhFraincis leo aistriú go héasca go dtí foghlaim na Fraincise ar an leibhéal iar-bhunscoile.

Múintear Fraincis mar ábhar faoi leith le linn na tréimhse 6 seachtaine. Déantar comparáid áirithe idir Fraincis agus Gaeilge (mar shampla, ord na n-ainmfhocal agus na n-aidiachtaí sa Ghaeilge agus sa Fhraincis de ghnáth) le gur féidir leis na páistí úsáid a bhaint as a gcuid eolais faoi theangacha. Úsáidtear am lánroghnach curaclaim chun Fraincis a mhúineadh.

Baintear leas as cur chuige na cumarsáide chun Fraincis a mhúineadh, rud a dhéanann comhlánú ar an gcur chuige sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Déantar na bunfhrásaí agus bunstór focal a theagasc trí chluichí, trí amhráin agus trí scéalta. Mar sin, bíonn an bhéim ar thaitneamh a bhaint as an bhfoghlaim nuair atá siad ag sealbhú na teanga.

Ceapann an múinteoir Fraincise gur bónas é do na páistí teanga eile a fhoghlaim agus thug sí faoi deara go raibh tionchar dearfach ag an bhFraincis ar fhoghlaim na Gaeilge. Faoi mar a dúradh, rinneadh comparáid idir foghlaim na Fraincise agus na Gaeilge le linn na gceachtanna Fraincise.

Nuatheangacha sna bunscoileanna: Treochtaí scoile

Leis na fínéid a chuirtear i láthair anseo, tugtar léargas ar theagasc na nuatheangacha sna bunscoileanna. Níl iontu ach sampla beag bídeach de scoileanna na hÉireann agus ní féidir conclúidí ginearálta a bhunú orthu. Mar sin féin, is cúnamh iad ó thaobh aird a dhíriú ar roinnt réitigh fhéideartha ar na dúshláin a thagann chun cinn maidir le plé na nuatheangacha sa churaclam bunscoile. Ar an gcaoi chéanna is ar tháinig roinnt treochtaí chun cinn as an sampla beag dlínsí a scrúdaíodh i ranna níos luaithe, tá treochtaí comhchosúla le sonrú sa sampla scoileanna Éireannacha.

Is féidir athrú a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil

Is díol suntais i ngach ceann de na sé fhínéad an chaoi ar féidir clár nua, cosúil le foghlaim nuatheanga, a fhréamhú ar an leibhéal áitiúil trí thionscnamh cláir aonair nó cláir áitiúil. I gcás foghlaim teanga, is

féidir dea-thionchar a imirt ar an iomaí cohórt páistí a bhúí le ambasadóirí teanga (príomhoide agus/nó múinteoir) a mbíonn na páistí faoina gcúram agus a chreideann sa tairbhe atá le baint as eispéireas leathan foghlama teanga agus/nó ar spéis leo eispéireas leathan foghlama teanga a chur chun cinn ar bhonn sult a bheith bainte acu féin as teangacha. Ní mór tacaíocht an phríomhoide scoile a bheith ann freisin ionas go n-éireoidh go geal le haon athrú áitiúil. Agus muid ag breathnú trí na gradaim a bhronnann eagraíochtaí teanga ar nós Léargas (e.g. an Séala Eorpach Teanga) agus an chlár Ríomhnasccha, is léir go bhfuil go leor ambasadóirí teanga i mbunscoileanna na hÉireann.

Ar an gcaoi chéanna, bhí an clár Mandairínise agus an clár Fraincise 5ú Bliain a luadh sna fínéid ina mbonn don athrú ar an leibhéal áitiúil. I gcás an chlár Mandairínise, bhí grúpaí scoileanna ag obair le hinstitiúid Confucius agus Institiúid Han Ban agus chuaigh an saineolas a chomhroinn speisialtóir teanga amháin chun tairbhe go leor scoileanna agus páistí. Sampla amháin a bhí i gclár Fraincise an 5ú bliain den chaoi a bhféadfaí saineolas teanga a chomhroinnt i measc pobail. Tá sampla eile dá shamhail le feiceáil i ndlínse na Nua-Shéalainne, áit a mbaintear leas as saineolas teanga atá ag cainteoirí áitiúla Maoraise sna scoileanna. In Éirinn, moladh samhail nua faoina mbeidh múinteoirí teanga iar-bhunscoile á roinnt idir scoileanna, chun dul i ngleic le roinnt de na dúshláin a bhaineann leis an easpa múinteoirí teanga. Déanfar tuilleadh plé faoin múinteoir teanga i Roinn 8 thíos.

Is díol suntais é ar fud na bhfínéad ó Éirinn go raibh cúig cinn as na sé scoil a ndearnadh cur síos orthu páirteach sa TNTB. I roinnt cásanna, bhí acmhainní a fuarthas le maoiniú TNTB fós in úsáid sna seomraí ranga.

Tugadh ar aird i Roinn 7 nach mór beartas rialtais ón mbarr anuas a bheith i bhfeidhm chun athrú córasach a bhrú chun cinn i réimse an oideachais. Léirítear sna fínéid ó Éirinn gur féidir le cur chuige ón mbun aníos a bheith éifeachtach freisin ar an leibhéal áitiúil.

Bhí an brú agus an tarraingt sin idir cláir náisiúnta agus cláir áitiúla le sonrú freisin sna dlínsí idirnáisiúnta. Bhí go leor de na hathruithe ar bheartais náisiúnta bunaithe ar na treoirthionscadail ar éirigh go geal leo i scoileanna. Ansin cuireadh roghanna áitiúla san áireamh trí chreat nó bunchuraclam a ullmhú ar an leibhéal náisiúnta, a bhféadfadh na boird nó na córais áitiúla scoile a gcuraclam nó a samhail shaincheaptha féin a bhunú air. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfadh scoileanna áitiúla na roghanna teanga a chur in oiriúint do na páistí a bhí ag freastal orthu.

Am le haghaidh nuatheanga a mhúineadh

I ngach ceann de na fínéid, fuarthas am i rith an lae scoile chun nuatheanga a theagasc agus a fhoghlaim. Idir 30 nóiméad agus 120 nóiméad in aghaidh na seachtaine a bhí i gceist.

Sa chéad fínéad, ó Scoil Náisiúnta Pobail Leamhcáin, comhroinneadh am teanga an Bhéarla agus na Gaeilge leis an Mandairínis. Sa dara fínéad, ó Ghaelscoil de hÍde, luadh gur roinneadh an t-am teanga sin leis an nGearmáinis. I gcás an tríú fínéad, ó Bhunscoil Naomh Comán na Coille, úsáideadh idir am teanga agus am lánroghnach i gcomhair na Fraincise. Baineadh leas as am lánroghnach i Scoil Bhríde mar aon le cur chuige comhtháite chun Fraincise a fhoghlaim trí ghníomhaíochtaí a bhí dírithe ar fheasacht ar theangacha eile. D'úsáid Scoil Phádraig Dobhar am lánroghnach freisin chun an cúrsa 6 seachtaine Fraincise a mhúineadh gach bliain. I ngach cás, tugadh faoi deara go raibh sé chun tairbhe theagasc agus foghlaim an Bhéarla agus na Gaeilge an tríú teanga a bheith san áireamh, teanga a d'fhéadfaí a úsáid mar bhonn breise do na scileanna teanga inaistrithe a bhfuil cur síos orthu sa churaclam nua, *Curaclam Teanga na Bunscoile* (2019). Bhí an nuatheanga ina cur chuige féideartha maidir le *teangacha eile* dá dtagraítear sa churaclam.

I ngach ceann de na fínéid, de bharr am a leagan amach i gcomhair nuatheangacha, léiríodh an chaoi ar chuidigh an nuatheanga sin le réimsí eile teagaisc agus foghlama. Mar shampla, léirigh íomhánna a cuireadh san áireamh san fhínéad ó Ghaelscoil de hÍde an chaoi a raibh sé ina thoradh ar thionscadal teangabhunaithe ar an athrú aeráide gur leathnaíodh an fhoghlaim ón réimse teanga go OSIE. Rinneadh OSIE, foghlaim chultúrtha agus feasacht idirchultúrtha a chothú sa scoil chéanna freisin trí naisc faoi thionscnamh Ríomhnasctha agus cuairt seachtaine a thug múinteoir Béarla ón nGearmáin ar an scoil. Ar an gcaoi chéanna, léirigh na naisc Erasmus+ le scoileanna Eorpacha a luadh sa cheathrú fínéad mar is féidir leas a bhaint as tionscadal staire chun teanga a chomhroinnt agus a fhoghlaim. Sampla a bhí sa chúigiú fínéad de scoil ilteangach a ghlac go fonnmhar le teangacha uile na bpáistí scoile. Chonacthas go raibh na teangacha sin san áireamh sa teagasc agus san fhoghlaim ar fud an churaclaim.

Cén teanga?

I ngach ceann de na sé fhínéad, bhí an rogha teanga ag brath ar mhúinteoir le saineolas teanga (Mandairínis, Gearmáinis nó Fraincise) a bheith ar fáil.

Tugadh faoin Mandairínis tríd an tionscnamh a bhfuil cur síos air sa chéad fhínéad, ó Scoil Náisiúnta Pobail Leamhcáin. Roghnaíodh an teanga agus príomhoide na scoile ag leanúint ar aghaidh le clár Mandairínise ina raibh sí páirteach i nGaillimh roimhe sin. Mar gheall ar an nasc a bhí ann idir i féin

agus Institiúid Confucius agus Institiúid Han Ban, bhí an scoil in ann teacht ar chainteoir dúchais Mandairínise.

Sa dara fínéad, ó Ghaelscoil de hÍde, rinneadh cur síos ar an gcaoi ar baineadh leas as an saineolas a bhí ag an múinteoir ar an nGearmáinis agus ar comhroinneadh ar fud na scoile é. A bhuí lena cúlra teanga agus leis an meon dearfach a bhí aici i leith foghlaim teanga, treisíodh an fhoghlaim teanga le feacht agus tuiscint idirchultúrtha trí naisc Eorpacha le scoileanna eile. Sa cheathrú fínéad, ó Scoil Náisiúnta na hEaglaise, léiríodh freisin an chaoi ar fhág an cúlra oideachais a bhí ag beirt mhúinteoirí sa Fhraincis agus an fonn a bhí ar bheirt mhúinteoirí eile Fraincis a mhúineadh go raibh fonn orthu foghlaim teanga agus foghlaim idirchultúrtha na bpáistí a chur chun cinn trí dhá thionscadal de chuid an Aontais Eorpaigh—Comenius agus an tionscadal a cuireadh ina áit, Erasmus+. Ar an gcaoi chéanna, mar gheall ar an saineolas a bhí ag múinteoirí i Scoil Bhríde (Fínéad 5) agus i Scoil Phádraig Dobhar (Fínéad 6), bhíodas in ann leanúint ar aghaidh ag múineadh Fraincise tar éis deireadh a bheith curtha go hoifigiúil leis an TNTB, faoina rabhthas á múineadh roimhe sin.

Sa tríú fínéad, ó Bhunscoil Naomh Comán na Coille, leagadh béim ar an gcaoi ar baineadh leas as saineolas teanga ón iar-bhunscoil áitiúil chun Fraincis a mhúineadh sa scoil.

Taispeánann an éagsúlacht roghanna mar is féidir le cinnteoireacht ar an leibhéal áitiúil, ach éascú di, cuidiú an ceann is fearr a fháil ar dhúshláin maidir le teacht ar na saineolaithe teanga a mbíonn gá leo agus cuidiú le héagsúlú a dhéanamh ar na teangacha atá á dteagasc agus á bhfoghlaim, rud atá ar cheann de na príomhspríocanna a luaitear i straitéis teanga na hÉireann (ROS, 2017).

I ngach cás a bhfuil cur síos air, bhí an teanga a bhí á foghlaim sa bhunscoil ar fáil freisin i roinnt de na hiar-bhunscoileanna áitiúla, nó iontu uile, rud a chuidigh le **leanúnachas teanga** éigin a chinntiú idir leibhéil scoile.

An múinteoir teanga

Sa phlé thuas (Roinn 8) ar cén teanga a bhí á teagasc i ngach suíomh, léiríodh na foinsí éagsúla saineolais teanga a bhí i gceist sa sampla beag scoileanna. Meascán cineálacha múinteoirí teanga a bhí i gceist: cainteoir dúchais (ag a raibh saineolas ar theagasc teanga), múinteoir sa scoil féin (le cúlra Gearmáinise nó Fraincise) agus scoláirí teanga a bhí fós ar a gconair foghlama teanga (scoláirí ón 5ú Bliain sa mheánscoil áitiúil). Ceann de na príomhdhúshláin phraiticiúla a bhaineann le nuatheanga a

chuirsiú i gcuraclam athfhorbartha bunscoile is ea teacht ar mhúinteoirí a bhfuil saineolas teanga cuí acu agus/nó forbairt ghairmiúil a chur ar fáil do mhúinteoirí bunscoile.

Bíonn an dúshlán céanna i gceist maidir le haon rud nua a chuirtear leis an gcuraclam bunscoile. Rinne Millwood, Bresnihan, Walsh agus Hooper (2018) cur síos ar conas a d'fhéadfaí *Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil* a chomhtháthú sa churaclam trí chur chuige céimnithe a chur i bhfeidhm maidir le leabú na teicníce sin agus cur leis an eolas atá ag múinteoirí ar an réimse sin de réir a chéile.

Ar leibhéal na hiar-bhunscoile, tá spriocanna na straitéise teanga náisiúnta (ROS, 2017) á mbaint amach maidir le foghlaim teanga a éagsúlú agus a leathnú in ainneoin easpa múinteoirí teanga a bheith ann. Fostaíodh múinteoirí cuartaíochta chun Seapáinis agus Rúisis a mhúineadh agus cuireadh uaireanta teagasc lamhátais ar fáil chun tacú le níos mó daltaí tabhairt faoin Spáinnis agus an Iodáilis. Cuireadh ranganna Sathairn ar fáil do mhúinteoirí sa tSeapáinis agus sa Rúisis freisin. Forbraíodh acmhainní breise chun tacú leis na ceithre theanga sin—Seapáinis, Rúisis, Iodáilis agus Spáinnis (ROS, 2017). Tugadh ar aird sa straitéis teanga go mbeadh gá le céimithe teanga iasachta a mhealladh chun tabhairt faoi oiliúint múinteoirí ar mhaithe le héagsúlacht níos mó a bhaint amach i dtaobh na dteangacha a mbíonn scoláirí ag gabháil dóibh ar leibhéal na hiar-bhunscoile, agus aghaidh a thabhairt ar a choitianta atá an Fhraincis mar rogha teanga (ROS, 2017). I straitéis eile, déantar tagairt do roghanna foghlama cumaisc (ROS, 2007), rud atá ag teacht le rogha fhéideartha ó thaobh acmhainní (Roinn 7) a bhunú ar an taithí atá ag dlínsí idirnáisiúnta maidir le scoileanna comhfhreagrais agus uirlisí ar líne a úsáid chun teagasc agus foghlaim sa Nua-Shéalainn a éascú. D'fhéadfaí straitéisí cosúil leis sin a mheas ar an leibhéal bunscoile.

Lorg an TNTB


I gcás cúig cinn de na sé scoil a bhfuil cur síos orthu sa roinn seo, bhídís ag plé le foghlaim nuatheangacha san am atá thart tríd an TNTB agus na seirbhísí a cuireadh ar fáil faoin tionscnamh sin. Bhí sé ina thoradh ar ré an TNTB sna scoileanna sin go raibh siad toilteanach nuatheangacha a mhúineadh, agus báúil dó sin, ón taithí a bhí acu roimhe sin. An oiliúint múinteoirí agus na hacmhainní a cuireadh ar fáil, bítear fós ag baint leas astu i nGaelscoil de hÍde, i mBunscoil Naomh Comán na Coille, i Scoil Bhríde agus i Scoil Phádraig Dobhar, agus bhí socrú déanta go gcuirfí i bhfeidhm arís iad i Scoil Náisiúnta na hEaglaise i Meán Fómhair 2019.

Thairis sin, d'fhág an TNTB a lorg ar churaclaim agus ar acmhainní chun nuatheangacha a theagasc ar leibhéal na bunscoile in Éirinn. D'fhorbair CNCM dréachtchuraclam agus treoirlínte gaolmhara do

mhúinteoirí le húsáid laistigh de scoileanna TNTB. Chomh maith leis sin, d'fhorbair foireann an TNTB Punann Teangacha Eorpacha creidiúnaithe, *My ELP*, a bhí bunaithe ar an dréachtchuraclam nuatheangacha agus a bhí ag teacht le leagan amach agus riachtanais Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha i leith Punann Teangacha Eorpacha. An méid a foghlaimíodh ó reáchtáil threoirthionscadal agus tionscnamh an TNTB ó 1998 go 2012, chuir sé bonn eolais faoi an-chuid taighde ar theagasc nuatheangacha i scoileanna na hÉireann.


Tugtar achoimre ghairid ar an TNTB i bhFíor 8.11.

An Tionscnamh Nuatheangacha sna Bunscoileanna (TNTB): 1998-2012



Languages
French,
German, Italian
& Spanish

Children
>200k
1998-2012



Fíor 8.1 Achoimre ar an TNTB

(Tiomsaithe ó Harris & Conway, 2002; Harris & O'Leary, 2006; CNCM, 2008; ROS agus Ionad Oideachais Chill Dara, 2012)

Conclúid

Mar a luadh ag tús na roinne seo, ní samplaí ionadaíocha ar chor ar bith atá i gceist leo siúd a cuireadh i láthair anseo don chleachtas i scoileanna na hÉireann i ndáil le nuatheangacha a mhúineadh. É sin ráite, tugann siad léargas dúinn ar an gcaoi a bhfuil nuatheangacha á gcomhtháthú sa lá scoile ar bhealaí éagsúla. Sa roinn seo, cuireadh tús le cuid den chomhrá faoi dhúshláin phraiticiúla a bhaineann le nuatheangacha i gcuraclam na bunscoile, amhail am, rogha teanga, leanúnachas agus an saineolas a bhíonn ag múinteoirí. Rinneadh breithniú níos grinne orthu i ndoiciméid eile amhail an tuarascáil *Feasibility and Futures Report* in 2008 (CNM). Ag an bpointe seo, tá cúpla cor sa scéal ó scrúdaíodh an topaic seo an uair dheireanach in 2008:

- forbairt agus feidhmiú céimnithe an churaclaim nua, *Curaclam Teanga na Bunscoile*
- an chaoi a ndírítear sa churaclam teanga nua ar theangacha eile atá ag páistí Éireannacha agus an tacaíocht i leith na dteangacha sin
- straitéis chomhtháite teangacha náisiúnta ina gcuirtear chun cinn éagsúlacht na dteangacha a mhúinteair agus a fhoghlaimítear agus lena spreagtar níos mó daoine chun teangacha a fhoghlaim.

Tá tuilleadh comhrá le déanamh fós faoi na dúshláin phraiticiúla, ach is fiú an méid atá ráite go dtí seo a mheas. Má tá nuatheangacha le bheith *faoi thrácht sa scéal curaclaim a bheartóidh an ghlúin seo a insint don chéad ghlúin eile* (Ó Ruairc, 2013, agus Looney á lua), tá roghanna féideartha maidir le bealaí chun cinn don churaclam le sonrú sa phlé i Roinn 10.

Sula leanfar ag aghaidh leis an bplé faoi roghanna féideartha maidir le bealaí chun cinn, díreofar sa chéad roinn eile ar cheann de na hábhair imní a bhaineann le tríú teanga (T3) a fhoghlaim i dtimpeallacht oideachais ina bhfuil dhá theanga (T1 agus T2) san áireamh cheana féin. Déantar scrúdú i Roinn 9 ar an tionchar a bhíonn ag foghlaim tríú teanga ar an timpeallacht foghlama teanga T1/T2 atá ann cheana féin. Déantar iniúchadh ar fhianaise ó thrí fhoinsé—(1) taighde maidir le foghlaim teanga, (2) comhthéacs Éireannach an TNTB agus (3) seomra ranga ilteangach in Éirinn.

9. An tionchar a bhíonn ag foghlaim tríú teanga (T3) ar fhoghlaim na dteangacha atá in úsáid cheana (T1 agus T2)

Réamhrá

Tá traidisiún seanbhunaithe in Éirinn ó thaobh teagasc agus foghlaim teanga: bíonn Béarla, Gaeilge agus teangacha eile á dteagasc, á bhfoghlaim agus á mbreithniú inár gcuid seomraí ranga. Tá fianaise ann a léiríonn gur chun tairbhe na dteangacha go léir é teangacha a fhoghlaim ar bhealach comhtháite (e.g. Kirwan, 2015, 2018; Ó Duibhir & Cummins, 2012; Groseva, 1998; Cummins, 2000). Go deimhin, ina gcuid taighde cúlra ar churaclam comhtháite teanga, thiomsaigh Ó Duibhir agus Cummins (2012) fianaise ar an dea-thionchar a imrítear de bharr teangacha a mhúineadh ar bhealach comhtháite, aontaithe. Breithníodh agus cuimsíodh an dea-thionchar sin ar fud *Curaclam Teanga na Bunscoile* (2019), áit a ndéantar éagsúlacht an Bhéarla, na Gaeilge agus teangacha eile a cheiliúradh agus a mbaintear leas as gach teanga mar acmhainn shaibhir chun tacú le teagasc agus foghlaim teangacha.

I gcás an staid ina bhfuil Éire maidir le

- teagasc agus foghlaim Béarla agus Gaeilge
- teangacha dúchais de chuid páistí atá nuathagtha go hÉirinn agus a dteaghlaigh, agus
- nuatheanga fhéideartha

is saibhir an timpeallacht teanga é inar féidir le teangacha agus teagasc agus foghlaim na dteangacha sin dul i bhfeidhm ar a chéile ar bhealach dearfach.

Sna fo-ranna seo a leanas, déantar scrúdú níos mine ar chuid den fhianaise. Cé go bhfuil an plé dírithe ar fhoghlaim chomhtháite teangacha ar leibhéal níos ginearálta, agus ar an tionchar a bhíonn ag foghlaim teanga ina dhiaidh sin ar an nGaeilge go háirithe, tá an dá rud sin ábhartha don phlé ar an dara téama sin. Ní fhéadfaí plé níos críochnúla a dhéanamh ar an ábhar sin sa doiciméad eolais seo.

An tionchar a bhíonn ag foghlaim nuatheanga iasachta (T3) ar T1 agus T2: Anailís bunaithe ar fhianaise

Tá cuid mhór taighde eimpíreach ann a thugann le tuiscint go gcuireann foghlaim conas léamh agus scríobh in aon teanga le 'inniúlacht chomónta teanga' a fhorbairt i bpáistí, go bhfuil teangacha spleách ar a chéile agus gur féidir scileanna litearthachta agus straitéisí foghlama a shealbhaítear i dteanga amháin a aistriú go teangacha eile. (Harris & O'Leary, 2012: 48, agus Ó Duibhir & Cummins, 2012 á lua acu)

Fianaise ó thaighde faoi fhoghlaim teanga

Rinne Ó Duibhir agus Cummins (2012) cur síos ar na príomhphrionsabail agus an taighde a bhaineann le foghlaim chomhtháite teangacha. Thug siad ar aird na buntáistí a léiríodh atá le baint as teangacha éagsúla a mhúineadh ar bhealach comhordaithe.

Thug Ó Duibhir agus Cummins (2012) ar aird gur féidir éifeachtúlacht foghlama a bhaint amach nuair a bhaineann páistí leas as eolas ar a gcéad teanga nó as teanga eile agus teanga nó teangacha eile á bhfoghlaim acu ina dhiaidh sin. Déanann páistí naisc idir teangacha agus iad ag tabhairt faoi theangacha eile ina dhiaidh sin. Ach a n-aird a dhíriú ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí sin idir teangacha, chomh maith le difríochtaí struchtúracha, gníomhaítear an t-eolas intuigthe atá acu ionas gur eolas follasach é. Is féidir le réimsí áirithe eolais sa chéad teanga cur isteach ar shealbhú dara teanga, mar shampla *fuaimniú agus comhréir* (Ó Duibhir agus Cummins, 2012: 29, aistriúchán). Is mó i bhfad, áfach, an tairbhe atá le baint as na scileanna foriomlán a aistrítear ná an cur isteach sin.

Tagann feabhas ar fheasacht chognaíoch agus teanga na páistí (Cummins, 2001) agus ar a bhfeasacht mheititheangeolaíoch (e.g. Bialystok, 1987; Cummins, 1978) nuair a fhorbraítear an inniúlacht atá acu in dhá theanga nó níos mó (Ó Duibhir agus Cummins, 2012: 30).

Shainnithin Ó Duibhir agus Cummins (2012: 32) ceithre chineál aistrithe thrasteangeolaíoch:

- Eolas coincheapúil
- Sainghnéithe teanga (moirféimí atá i dteangacha éagsúla, e.g. teil (ó *tele*) san fhocal 'teilifís')
- Feasacht fóineolaíochta (eolas ar fhuaimneanna teangacha agus díchódú orthu)
- Straitéisí meiteachognaíocha agus meititheangeolaíocha (scileanna foghlama teanga).

Is iad na cineálacha éagsúla aistrithe sin is cúis leis na gnóthachain is féidir a dhéanamh agus teangacha atá cosúil le chéile á bhfoghlaím, nó teangacha nach bhfuil cosúil le chéile.

Fianaise ó chomhthéacs na hÉireann—an TNTB

Rinneadh go leor taighde le linn an treoirthionscadail ar nuatheangacha sna bunscoileanna, nó an Tionscnamh Nuatheangacha sna Bunscoileanna (TNTB), mar a tugadh air ina dhiaidh sin, ó 1998 go 2012. Bhí an taighde dírithe ar an dul chun cinn a rinne na páistí rannpháirteacha ó thaobh inniúlacht teanga, ar aiseolas ó na páistí féin, ar thuairimí an mhúinteora teanga (cibé acu múinteoir cuartaíochta nó múinteoir scoile), ar thuairimí phríomhoide na scoile agus tuairimí na múinteoirí ranga sna scoileanna rannpháirteacha (iad siúd nach múineann nuatheanga).

Bhraith thart ar 99% de **na príomhoidí** gur bhain na daltaí tairbhe as nuatheanga iasachta a fhoghlaim (Harris agus O’Leary, 2012: 42). I measc na dtairbhí a luadh, dúirt 36% acu gur tugadh faoi deara *feabhas ar fhoghlaim, feasacht agus úsáid teangacha éagsúla i measc na ndaltaí* (Harris & O’Leary, 2012: 42, aistriúchán).

Léiríodh an meon dearfach céanna sna sonraí a bailíodh ó **mhúinteoirí ranga** (iad siúd nár mhúin an nuatheanga), agus bhí tromlach mór múinteoirí ann, 89% acu, a raibh meon *an-dearfach/dearfach* acu faoin tionchar a bhíonn ag foghlaim nuatheanga ar pháistí (Harris & O’Leary, 2012: 42). Thagair múinteoirí do na buntáistí breise a bhaineann le nuatheanga a bheith san áireamh san oideachas a chuirtear ar pháistí:

- Feasacht níos mó ar theangacha (87%)
- Feasacht chultúrtha mhéadaithe (84%)
- Ullmhúchán chun teanga a fhoghlaim ar an dara leibhéal (84%)
- Meon níos dearfaí i leith foghlaim teanga i gcoitinne (66%)
- Feasacht mhéadaithe ar theanga mar uirlis chumarsáide (55%)
- Muinín níos mó ag na páistí astu féin (51%)
- Feabhas ar an bhfoghlaím in ábhair eile (26%).

(Harris & O’Leary, 2012: 42).

I scrúdú ní ba mhine a rinneadh ar an dea-thionchar agus an drochthionchar a bhíonn ag foghlaim nuatheangacha ar ábhair eile sa churaclam, léiríodh gur bhraith 75% de na múinteoirí ranga dea-thionchar ar ábhair eile mar Thíreolaíocht, Ceol, Amharcealaíona agus Stair, agus gur bhraith an 25% eile de na múinteoirí gur imríodh drochthionchar ar Chorpoidéachas, Matamaitic, Oideachas

Reiligiúnach agus Eolaíocht. As measc na múinteoirí sin a thuiriscigh drochthionchar, níor bhraith ach 8% acu nár imríodh ach drochthionchar, agus bhraith 16% acu idir dhea-thionchar agus drochthionchar (Harris & O'Leary, 2006: 76).

Luaigh 31% de na múinteoirí go raibh dea-thionchar ag foghlaim nuatheanga **ar an nGaeilge** agus bhraith 18.3% de na múinteoirí gur drochthionchar a bhí i gceist (Harris & O'Leary, 2012). An dea-thionchar a tuairiscíodh ar an nGaeilge, bhain sé le feasacht fheabhsaithe ar theanga (e.g. cosúlachtaí agus difríochtaí idir teangacha, difríochtaí ó thaobh briathra agus focail ghaolmhara), meon níos dearfaí i leith Gaeilge a fhoghlaim, mórtas níos mó as an nGaeilge, an dearcadh a bheith á chothú gur uirlis chumarsáide í an Ghaeilge agus modhanna teagaisc a mbaineann na páistí spraoi astu a bheith á n-aistriú ón nuatheanga go dtí an Ghaeilge (Harris & O'Leary, 2006). Léirigh tuilleadh sonraí ó na múinteoirí an dea-thionchar a bhíonn ag nuatheanga ar an nGaeilge:

- *Meon feabhsaithe i leith Gaeilge a fhoghlaim agus mórtas níos mó as an teanga*
- *Tugtar le fios nach bhfuil aon teanga simplí; tá briathra neamhrialta, nathanna difriúla, etc. iontu uile.*
- *Béim ar Spáinnis ó bhéal a bheith ag cabhrú le páistí tábhacht na teanga mar uirlis chumarsáide a thuiscint i gcás na Gaeilge...*
- *Cuirtear na teangacha i gcomparáid agus pléitear na cosúlachtaí/difríochtaí.*

(Harris & O'Leary, 2006: 78, aistriúchán)

Ba iad na cúiseanna a thug múinteoirí (thart ar 24% acu) leis an drochthionchar a tuairiscíodh ná *an laghdú ama* i gcomhair ábhair eile, *spéis níos lú á cur sa Ghaeilge ná mar a chuirtear sa nuatheanga* agus *mearbhall teanga* i measc scoláirí laga (Harris & O'Leary, 2012: 43, aistriúchán). I sonraí breise ar an aiseolas ó mhúinteoirí, léiríodh difríochtaí ó thaobh tuiscint na bpáistí ar a úsáidí atá an Ghaeilge agus ó thaobh an fonn a bhíonn orthu Gaeilge a fhoghlaim i gcomparáid le nuatheangacha:

- *Tá an dearcadh ann gur teanga oibre í an nuatheanga, ach nach teanga oibre í an Ghaeilge*
- *Cuirtear i gcoinne fhoghlaim na Gaeilge toisc nach teanga labhartha í an Ghaeilge*
- *Cuireadh leis an deacracht ó thaobh theagasc agus fhoghlaim na Gaeilge—níl tromlach na ndaltaí báúil don Ghaeilge*
- *Ní maith leo an Ghaeilge i gcomparáid leis an bhFraincis.*

(Harris & O'Leary, 2006: 80, aistriúchán)

Tá an meon céanna sin i leith theagasc agus foghlaim na Gaeilge le sonrú i bhfoinsí eile freisin (e.g. Comhairle na hEorpa & ROS, 2007; ROS, 2007; Smyth, Dunne, McCoy & Darmody, 2006), agus is meon é a chonacthas cheana i ndáil le foghlaim nuatheangacha. Os a choinne sin, mar chuid den

athbhreithniú ar Churaclam na Gaeilge, thuairiscigh CNCM ina dhiaidh sin gur tháinig feabhas ar mheon na scoláirí i leith Gaeilge a fhoghlaim agus gur mó an sult a bhain siad aisti mar gheall gur cuireadh leis an mbéim a leagtar ar an nGaeilge a úsáid mar uirlis chumarsáide trí chluichí, amhráin agus rímeanna (2008a).

Mheas 23% de na múinteoirí go raibh dea-thionchar ag an nuatheanga ar an mBéarla, agus ba dhrochthionchar a luaigh 14% de na múinteoirí (Harris & O'Leary, 2006). An dea-thionchar ar an mBéarla a tuairiscíodh, bhain sé le deiseanna breise chun scileanna teanga a chleachtadh (e.g. teanga labhartha agus scileanna cumarsáide) agus réimsí feasachta teanga a phlé (na cosúlachtaí idir an Béarla agus an nuatheanga, a bheith *níos airdealláí ar struchtúr focal agus ord focal, bunús focal a rianú*) (Harris & O'Leary, 2006: 79, aistriúchán). I measc na gcúiseanna a luadh i ndáil le drochthionchar a bheith ag nuatheangacha ar an mBéarla, luadh laghdú ar an am teagaisc a bhí ar fáil don Bhéarla, íslíú caighdeáin sa Bhéarla agus na riachtanais litearthachta a bhí ag na páistí cheana (Harris & O'Leary, 2006).

Nuair a fiafraíodh díobh faoi aon athrú a thug siad faoi deara *ar mheon na bpáistí i leith éagsúlacht chultúrtha agus éagsúlacht teangacha*, luaigh 54% de na múinteoirí gur tháinig athrú chun feabhais ar mheon na bpáistí, go háirithe ó thaobh suim níos mó a bheith acu i dteangacha eile agus feasacht níos fearr a bheith acu ina leith (Harris & O'Leary, 2012: 42, aistriúchán). I gcás 35% de na múinteoirí, níor tugadh aon athrú faoi deara agus bhí 11% acu neamhchinnte (Harris & O'Leary, 2012: 42).

Luaigh 49% de na múinteoirí an dea-thionchar a bhíonn ag foghlaim na Gaeilge ar fhoghlaim nuatheangacha. As na múinteoirí sin, thuairiscigh 93% díobh siúd i scoileanna lán-Ghaeilge go raibh buntáistí ag gabháil le nuatheanga a fhoghlaim (Harris & O'Leary, 2012: 43). I measc na mbuntáistí a luaigh na múinteoirí go léir a thug freagra dearfach, bhí *feasacht teanga agus aistriú scileanna* (69%) agus *na páistí a bheith níos oscailte do theangacha nua a fhoghlaim* (12%) (Harris & O'Leary, 2012: 43, aistriúchán).

I ngach ceann de na sé fhínéad a ndearnadh iniúchadh orthu i Roinn 8, léiríodh dea-thionchar na nuatheangacha iasachta sa seomra ranga agus, i gcásanna áirithe, an dea-thionchar ar ábhair áirithe cosúil le Béarla agus Gaeilge. Sa chéad roinn eile, déantar scrúdú níos mine ar na torthaí ó scoil amháin, trí thaighde scoilbhunaithe a rinne Kirwan (2015, 2018, 2019).

Fianaise ó shuíomh ilteangach

Is cúis bhróin é nuair nach gceadaíonn scoileanna do dhaltáí teangacha eile a fhoghlaim... “tá sé amhail is go bhfuil doras ollmhór á bhlocáil acu... baintear de na páistí an buntáiste a ghabhann le hiniúchadh a dhéanamh.” (Kirwan, 2019: 42, agus an méid a dúirt páiste a labhair Coirdis mar theanga bhaile á lua, aistriúchán)

I Roinn 8, tagraíodh do na héachtaí a bhain le teangacha uile an tseomra ranga, an churaclaim agus na scoile a áireamh sa teagasc laethúil a dhéantar ar bhonn *Curaclam na Bunscoile*.

I bhfianaise a bhailigh Kirwan (2015, 2018, 2019), leagadh béim ar an gcaoi arbh amhlaidh, nuair a chuala páistí dúchasacha Éireannacha go leor teangacha eile timpeall orthu, gur mhó an tseilbh a ghlac siad ar an nGaeilge mar *a dteanga féin*. De réir mar a d’úsáid a gcomhscoláirí a dteangacha baile ar scoil agus a ndearna siad machnamh faoi na difríochtaí idir na teangacha thart timpeall orthu (teangeolaíocht chodarsnach), tháinig an Ghaeilge chun cinn mar ghné níos tábhachtaí le háireamh sna díospóireachtaí sin. Phléigh Kirwan (2019) an chaoi arb amhlaidh, ach cuidiú leis an eolas intuigthe atá ag páistí ar theanga a athrú ina eolas follasach, gur mhó an tsaoirse a bhí ag na páistí chun iad féin a spreagadh i dtaobh *teangacha a iniúchadh, rud a ghéaraigh a gcuid scileanna breathnóireachta, machnaimh agus anailíseacha. Ach na scileanna sin a chur i ngníomh, is féidir iad a aistriú chuig réimsí eile foghlama freisin* (lch 41, aistriúchán).

Thug Kirwan (2018) ar aird go raibh páistí ag baint úsáid ní ba mhinice as a gcuid Gaeilge le haghaidh idirghníomhaíochtaí laethúla, *agus go deimhin go raibh páistí ag teacht chuig an rúnaí ar maidin chun cóipleabhair nó pinn luaidhe a cheannach agus á n-iarraidh siúd i nGaeilge* (lch 32, aistriúchán). Thosaigh páistí ag úsáid Gaeilge mar bhealach chun cumarsáid lánbhrí a dhéanamh, sa seomra ranga agus lasmuigh de. Thuig siad go raibh níos mó i gceist léi ná *ábhar le foghlaim ó théacsleabhar* (Kirwan, 2018: 31, aistriúchán). Tugann Kirwan (2018) ar aird *gur trí úsáid a bhaint as teanga a fhoghlaimimid an teanga sin i ndáiríre* (lch 32, aistriúchán).

Bhí tionchar ag úsáid mhéadaithe na Gaeilge mar dhara teanga thart timpeall na scoile ar úsáid na teanga sa scoil agus sa bhaile. Bhí múinteoirí in ann níos mó Gaeilge a úsáid, seachas cloí le hidirghníomhaíocht laethúil amháin. Thug rúnaí na scoile faoi chlár foghlama Gaeilge chun dul siar ar a cuid Gaeilge ionas go mbeadh sí níos líofa agus í ag labhairt leis na páistí. Bhí cúntóir riachtanas speisialta ann nár labhair Béarla mar theanga dhúchais, agus a d’fhoghlaim Gaeilge trí bheith ag labhairt leis na páistí. D’iarr na tuismitheoirí ar an scoil rang Gaeilge a chur ar bun ionas go bhféadfaidís a gcuid Gaeilge a fheabhsú chun cabhrú lena bpáistí leis an obair bhaile (Kirwan, 2019).

Conclúid

Sa roinn seo, rinneadh scrúdú ar chuid den fhianaise a bhaineann le foghlaim tríú teanga i gcomhthéacs oideachais ina bhfuil dhá theanga á múineadh cheana—Béarla, Gaeilge agus teangacha eile. Tugann an fhianaise le tuiscint go mbíonn foghlaim teanga breise in aon chomhthéacs teanga chun leasa gach teanga sa chomhthéacs sin. Tá an méid sin fíor maidir le teangacha oidhreachta a choinneáil beo agus maidir le tionchar an eolais teanga sin ar fhoghlaim teangacha ina dhiaidh sin, nó ar an bhfoghlaim a chuirtear i láthair le teangacha nua amhail nuatheangacha iasachta, a mbíonn an dea-thionchar céanna acu ar na teangacha atá sa timpeallacht foghlama sin cheana. Níl in éifeachtúlacht foghlama, naisc thrasteangacha, feasacht mheititheangeolaíoch, feidhmiú cognaíoch agus feidhmiú teanga ach cuid den ghnóthachan atá le déanamh ach teangacha a fhoghlaim ar bhealach comhtháite sa chaoi is go gcuidíonn siad lena chéile.

I Roinn 1, díriodh go hachomair ar chuid de na feidhmeanna cognaíocha agus na feidhmeanna teanga sin a ghabhann le teanga a fhoghlaim, amhail feabhas ar smaointeoireacht loighciúil, ar chruthaitheacht agus ar scileanna cumarsáide idirphearsanta. Tá na scileanna inaistrithe sin ábhartha i gcás teangacha eile, chomh maith le réimsí curaclaim eile.

Bhí an TNTB ina fhoinsé fianaise Éireannaí ar an tionchar a bhíonn ag foghlaim nuatheangacha iasachta ar theangacha agus ábhair atá in *Curaclam na Bunscoile* cheana. In dhá mheastóireacht neamhspleácha ar an TNTB, fuarthas fianaise lenar treisíodh cuid de na torthaí a thiomsaigh Ó Duibhir agus Cummins (2012), a bhaineann le dea-thionchar na foghlama teanga. Bhí feasacht fheabhsaithe teanga, feasacht idirchultúrtha fheabhsaithe agus foghlaim fheabhsaithe in ábhair eile ar chuid den dea-thionchar a tuairiscíodh a bhí ann de bharr nuatheangacha iasachta a fhoghlaim. Thug múinteoirí ranga tuairisc ar an dea-thionchar a bhí ag nuatheangacha iasachta ar ábhair eile amhail Tíreolaíocht, Stair agus Gaeilge, agus ar an drochthionchar bhí acu ar Chorpoidéachas, Oideachas Reiligiúnach agus Eolaíocht. Cé gur fhág tabhairt isteach nuatheanga iasachta sa lá scoile gur lú an méid ama a bhí ann d'ábhair eile, chonacthas gur chuir sé feabhas ar fhoghlaim teanga agus ar an bhfoghlaim i roinnt ábhar eile.

Sa taighde de chuid Kirwan ó scoil ilteangach, tugadh fianaise thaighde-bhunaithe eile ó fhoinsé Éireannach. Thug Kirwan tuairisc ar an dea-thionchar a bhaineann le glacadh go fonnmhar le teangacha oidhreachta iomadúla scoile i dteagasc agus foghlaim na n-ábhar go léir sa churaclam bunscoile. An comhtháthú méadaithe sin ar theangacha agus an bhéim ar theangeolaíocht

chodarsnach sa seomra ranga, bhí dea-thionchar acu ar theangacha a bhí sa scoil cheana agus ar theangacha an churaclaim. Tháinig feabhas ar stádas na Gaeilge i measc páistí a rugadh in Éirinn. Breathnaíodh ar an nGaeilge mar mhodh cumarsáide úsáideach, agus ní díreach mar ábhar scoile a chaithfí a fhoghlaim. Mar gheall air sin, mhéadaigh úsáid na Gaeilge ó lá go lá sa scoil, agus bhí níos mó Gaeilge á húsáid le haghaidh idirghníomhaíocht idir na páistí agus foireann na scoile.

Sa churaclam nua, *Curaclam Teanga na Bunscoile*, déantar éagsúlacht na dteangacha sna seomraí ranga bunscoile a cheiliúradh agus baintear leas as an acmhainn shaibhir sin chun tacú le teagasc agus foghlaim teangacha. D'fhéadfadh an méid sin, in éineacht le comhtháthú nuatheanga iasachta, dea-thionchar a imirt ar gach foghlaim teanga ar leibhéal na bunscoile agus ar fhoghlaim teanga ina dhiaidh sin ar an leibhéal iar-bhunscoile.

Sa chéad roinn eile den pháipéar seo, déantar scrúdú ar bhealaí féideartha chun cinn maidir le teagasc agus foghlaim nuatheanga i gcuraclam athfhorbartha bunscoile. Is mar smaointe amháin a chuirtear i láthair iad agus is ábhar plé atá i gceist leo.

10. Bealaí féideartha chun cinn maidir le teagasc agus foghlaim nuatheanga i gcuraclam athfhorbartha bunscoile

Réamhrá

Sa roinn seo, luaitear roinnt bealaí féideartha chun cinn i ndáil le nuatheangacha iasachta a áireamh in athfhorbairt an churaclaim bunscoile. Is ar mhaithe le **breithniú agus plé** a luaitear iad.

Céim 3: Rang 3 agus Rang 4

I bhfianaise ó na dlínsí a scrúdaíodh i Ranna 2-6, leagadh béim ar an gcaoi a bhfáiltíonn córais oideachais eile roimh na scileanna teanga inaistrithe agus an cumas teanga feabhsaithe a bhíonn i gceist le foghlaim teanga. I ndáil leis na scileanna atá liostaithe, mar shampla, laistigh de churaclam dara teanga Cheanada, aithnítear go gcuireann foghlaim teanga le forbairt chognaíoch agus smaointeoireacht chruthaitheach, le forbairt feasachta agus tuisceana cultúrtha, leis an tuiscint ar fhéiniúlacht phearsanta, leis an tuiscint ar chéad teangacha agus le scileanna a aistríonn chuig foghlaim teanga eile. I gcuraclam na Fionlainne, tagraítear do *shuímh theagaisc ilteangacha* ina gcuimsítear gach teanga curaclaim agus gach teanga atá ag na páistí sa seomra ranga. Baineann an Fhionlainn leas iomlán as a héagsúlacht teanga, agus is seod náisiúnta í an éagsúlacht sin, a bhíonn á cothú sa tír. I nDréacht-Churaclam na Breataine Bige 2022, tugtar aitheantas do Bhéarla, Breatnais agus teangacha eile an tseomra ranga agus sonraítear torthaí gnóthachtála lena mbaintear leas as na hacmhainní teanga go léir.

Cé nach féidir conclúid ghinearálta a bhaint as na fínéid a bailíodh ó scoileanna in Éirinn, léirítear leo an líon mór teangacha a labhraítear i seomraí ranga na hÉireann taobh leis na teangacha curaclaim, Gaeilge agus Béarla. Léirítear i bhfínead 5 ar Scoil Bhríde, mar shampla, an chaoi ar féidir deiseanna breise a bheith le tapú chun teangacha an churaclaim a theagasc agus a foghlaim ach na hacmhainní teanga go léir sa scoil a bheith á gcur san áireamh ag seomraí ranga ilteangacha. De bharr gur

spreagadh páistí chun eolas follasach a dhéanamh den eolas intuigthe a bhí acu ar theangacha, is ea is neamhspleáiche a bhí siad maidir le hiniúchadh, staidéar agus machnamh a dhéanamh ar na teangacha a bhí ar a dtoil acu agus ar na teangacha a bhí á bhfoghlaim acu (Kirwan 2019). Thairis sin, treisíonn seomraí ranga ilteangacha féiniúlacht chultúrtha i gcás páistí a thagann ó chúlraí cultúrtha agus cúlraí teanga eile.

Leagadh béim air i Roinn 9 gur féidir le teangacha go léir an churaclaim agus an tseomra ranga cuidiú le chéile ach dul ar shiúl ó theangacha a theagasc ar leithligh óna chéile.

I bhfianaise na ndúshlán atá ann cheana maidir le nuatheangacha a mhúineadh ar an leibhéal bunscoile in Éirinn (féach Roinn 8), dúshlán nach bhfuil sáraithe go fóill, **moltar cur chuige Feasachta Teanga i gCéim 3 i gcomhair Rang 3 agus Rang 4**. Leis an gcur chuige sin, bíonn gach scoil in ann leas a bhaint láithreach as teangacha an churaclaim agus an tseomra ranga, agus an tairbhe is fearr a bhaint as an acmhainn teanga agus foghlama a ghabhann le Gaeilge, Béarla agus teangacha. Chomh maith leis sin, d'fhágfadh cur chuige Feasachta Teanga go gcuirfí feabhas ar na scileanna inaistrithe a leagtar amach in *Curaclam Teanga na Bunscoile* faoi phróiseas comhtháite na foghlama teanga agus ar fud ghnéithe éagsúla na foghlama teanga. Leis an bhFeasacht Teanga, cuirtear ar a gcumas do na páistí naisc a dhéanamh idir teangacha éagsúla, agus feasacht a fhorbairt ar an gcaoi a bhfeidhmíonn teanga agus ar an gcaoi is féidir teanga a fhoghlaim.

Céim 4: Rang 5 agus Rang 6

Tá curaclam éigeantach i gcomhair nuatheanga iasachta ar leibhéal na bunscoile ag ceithre cinn as measc na gcúig dhlínse a scrúdaíodh (an Bhreatain Bheag, Ceanada (BC), an Fhionlainn agus an Bheilg). Iontu sin, tosaíonn gach duine ar nuatheanga iasachta a fhoghlaim ar bhonn éigeantach ar an mbunleibhéal sinsearach⁸, idir 10 mbliain agus 11 bliana d'aois. Is féidir nuatheanga a fhoghlaim ar bhonn roghnach ar fud na ndlíní go léir ó chéim níos luaithe ar aghaidh. I gcásanna áirithe, is ag an gcéim réamhscoile a thosaítear air sin.

Ar an leibhéal Eorpach, foghlaimíonn 83.8% de na páistí bunscoile nuatheanga iasachta, agus tosaítear air sin sula mbíonn siad ocht mbliana d'aois i bhformhór na gcásanna (Eurydice, 2017).

⁸ I gceann de na trí phobal sa Bheilg, an Pobal Gearmáinise, tosaítear ag múineadh nuatheanga iasachta ar bhonn éigeantach i nGrád 1, tráth a mbíonn na páistí 6 bliana d'aois.

Rinneadh rianú i Roinn 1 ar an riachtanas oideachasúil agus eacnamaíoch atá ann in Éirinn nuatheanga iasachta a fhoghlaim.

Moltar samhail inniúlachta teanga ag Céim 4 do Rang 5 agus Rang 6. Tá sé ina aidhm leis an gcur chuige comhlánú a dhéanamh ar *Curaclam Teanga na Bunscoile agus Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí* ionas go bhfuil leanúnachas ann ó thaobh foghlaim teanga ó ábhar go hábhar, ó leibhéal go leibhéal agus ó earnáil go hearnáil. I samhail inniúlachta teanga, cuirtear i láthair ábhar i nuatheanga iasachta lena theagasc agus lena fhoghlaim.

Leis an straitéis náisiúnta teangacha (ROS, 2017), tacaítear le teangacha na bpobal inimirceach agus lena n-áireamh i gcóras oideachais na hÉireann. Aithnítear sa straitéis gur chóir go gcuirfí tús leis an gcur chuige sin ar leibhéal na bunscoile agus gur cúnamh í an inniúlacht sa teanga bhaile maidir le haghaidh a thabhairt ar theanga theagaisc na scoile, agus go gcothaíonn an inniúlacht sin feasacht teanga agus meon dearfach i leith cultúir eile (ROS, 2017). Aithnítear sa straitéis freisin an gá atá ann éagsúlú a dhéanamh ar raon na dteangacha a mhúintear i scoileanna na hÉireann agus cur léis an líon páistí a thugann fúthu. Ach tabhairt faoi nuatheanga a fhoghlaim ag céim níos luaithe, d'fhéadfaí, le himeacht ama, cur leis an éileamh a bhíonn ar fhoghlaim teanga ar an leibhéal iar-bhunscoile agus ar an tríú leibhéal.

Céim 3: Rang 3 agus Rang 4, samhail Feasachta Teanga

Cad is Feasacht Teanga ann?

Is éard atá i gceist le Feasacht Teanga ná an páiste a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfoghlaimítear teangacha, ar chosúlachtaí agus difríochtaí idir teangacha atá aige nó aici agus cinn nach bhfuil (struchtúr abairte, litriú, fuaimeanna) agus gnásanna teanga. (CNCM, 2008: 28, aistriúchán)

Moladh Feasacht Teanga, nó eolas faoi theanga, mar *nasc-ábhar* idir teanga dhúchais an pháiste agus nuatheanga a bhfuil sé nó sí ag tabhairt fúithi (Hawkins, 1999, aistriúchán). Agus an bhearna idir teangacha atá ag an bpáiste agus cinn nach bhfuil á líonadh, is cur chuige oideolaíoch é Feasacht Teanga faoina dtugtar aird spreagtha ar an teanga a úsáidtear, rud a fhágann go bhfaightear léargas ar an gcaoi a bhfeidhmíonn teangacha agus go bhfoghlaimítear scileanna foghlama teanga. Cuidíonn Feasacht Teanga le teangacha a theagasc ar bhealach níos comhtháite, seachas iad a theagasc ar leithligh óna chéile (Candelier, 2004; Hawkins, 1999). Leis an gcur chuige sin, spreagtar scileanna an

pháiste i dtaobh píosaí eolais a chur le chéile, chun patrúin agus comhsheasmhacht nó neamhréireacht sa teanga nó idir teangacha ina réimse féin a aithint (Bolitho et al, 2003). Leis an gcur chuige sin i leith teangacha a theagasc, déantar comhlánú agus treisiú ar an gcur chuige a luaitear sa churaclam nua, *Curaclam Teanga na Bunscoile* (2019).

Mar gheall ar an gcur chuige comhtháite a mbaintear leas as in *Curaclam Teanga na Bunscoile*, ina soláthraítear struchtúr coiteann don Ghaeilge agus don Bhéarla, tá feasacht teanga á cur chun cinn cheana féin trí theangacha eile a chur san áireamh agus trí réimsí aistrithe idir an Ghaeilge agus an Béarla a thaispeáint. De réir a sainmhínte, tá feasacht teanga i gceist sa chur síos a dhéantar sa churaclam ar fhoghlaim teanga mar phróiseas comhtháite. Aithnítear an méid seo a leanas in *Curaclam Teanga na Bunscoile: má dhírítear go follasach ar chomhtháthú idir teangacha beidh páistí ábalta naisc thrasteanga a dhéanamh agus feasacht a fhorbairt faoi mhodh oibre teanga* (CNCM, 2019: 8). Tagairtí do *scileanna agus coincheapa áirithe a bheith á n-aistriú* idir teangacha atá ag an bpáiste agus cinn nach bhfuil, chomh maithe leis na *difríochtaí* idir teangacha, agus tógann an méid sin go léir ar choincheap na feasachta teanga.

Ní mór béim a leagan arís ar an bpointe go bhfuil feasacht teanga ina comhpháirt thábhachtach cheana féin in *Curaclam Teanga na Bunscoile* agus go bhfuil feasacht teanga le sonrú i gcuid de na hábhair tacaíochta tosaigh dar teideal “*Language Awareness,*” “*Exploring Linguistic Diversity*” agus “*The Place of Irish in a Multilingual Environment.*”

Samhail Feasachta Teanga a bheartaítear do Chéim 3: Rang 3 agus Rang 4

Scaití nuair a bhíonn teanga amháin á foghlaim againn is furasta teangacha eile a fhoghlaim; ní hé díreach go bhfuil teanga á foghlaim agat, ach go bhfuil tú ag foghlaim conas teanga a fhoghlaim. (An méid a deir páiste bunscoile á lua in Kirwan, 2019: 45, aistriúchán)

Tá Feasacht Teanga ar cheann de na thrí shnáithe curaclaim in *Nuatheangacha lasachta na Sraithe Sóisearaí* (ROS, 2015), in éineacht le hInniúlacht Chumarsáideach, Eolas Soch-chultúrtha agus Feasacht Idirchultúrtha. Cuimsítear trí ghné sa Snáithe Feasachta Teanga:

- Ag machnamh ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an sprioctheanga
- An sprioctheanga a chur i gcomparáid le teangacha eile atá ar eolas ag na páistí

- Machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfoghlaímítear teangacha.

Leis na trí ghné sin, leagtar béim ar na príomhréimsí den Fheasacht Teanga a d'fhéadfaí a neadú i struchtúr agus ábhar reatha *Curaclam Teanga na Bunscoile*. Agus é sin á dhéanamh, ní chuirfí as d'iomláine an churaclaim agus d'fhéadfaí foghlaim bhreise agus scileanna a bhaineann le Feasacht Teanga a leabú chun an teagasc agus an fhoghlaim ar fud teangacha a fheabhsú. Is cosúil é sin leis an gcur chuige a glacadh i gCeanada nuair a rinneadh gnéithe teanga agus gnéithe cultúrtha de chuid *na nDaoine Dúchasacha* a chomhtháthú i ngach réimse curaclaim. I dTábla 10.1 thíos, tugtar tuairiscí ar gach ceann de na gnéithe Feasacht Teanga i gcleachtas, agus samplaí díobh.

Nuathangacha lasachta na Sraithe Sóisearaí: Gnéithe den Snáithe Feasachta Teanga	Tuairiscí ar Fheasacht Teanga (ó ROS, 2015; Keogh, 2015)	Samplaí
Ag machnamh ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an sprioctheanga	Comparáid dhíreach idir teangacha: Cosúlachtaí agus difríochtaí a scrúdú idir teanga nó teangacha nua agus cinn atá ag an scoláire cheana (Gnéithe foclóireachta, gramadaí, foghraíochta, fóineolaíochta, moirfeolaíochta agus comhréire)	Fuaimniú, tuin chainte, rím, stór focal gramadach, ord na bhfocal, ranna cainte, litriú, inscne na n-ainmfhocal
An sprioctheanga a chur i gcomparáid le teangacha eile atá ar eolas ag na páistí		
Machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfoghlaímítear teangacha	Foghlaim conas foghlaim: Díriú ar dheiseanna chun scileanna a mhúineadh i réimsí foghlama teanga	Focail ghaolmhara, cairde bréige, straitéisí foghlama teanga, Measúnú chun Foghlama

Tábla 10.1 Bunphrionsabail na Feasachta Teanga (tiomsaithe ó ROS, 2015 agus Keogh, 2015)

Is féidir go leor scileanna a lua le bheith ag díriú ar Fheasacht Teanga, amhail comparáid, codarsnacht, patrúin a aithint, rialacha a cheapadh agus hipitéis a dhéanamh, agus tá cuid acu siúd ábhartha i gcás ábhair eile cosúil le matamaitic agus eolaíocht. Sin cuid de na scileanna foghlama teanga inaistrithe dá dtagraítear go hachomair i Roinn 1. I dTábla 10.2, déantar cur síos ar chuid de na scileanna inaistrithe Feasachta Teanga atá ábhartha don eolaíocht agus don mhatamaitic.

	Scileanna		Sampla nó samplaí Feasachta Teanga
Eolaíocht	Anailís a dhéanamh > Patrúin a aithint	<ul style="list-style-type: none"> breathnuithe oiriúnacha a roghnú, atá ag teacht le patrún 	Scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar uimhir iolra i ngach teanga
	Anailís > Léirmhíniú	<ul style="list-style-type: none"> faisnéis a léirmhíniú agus mínithe a thabhairt teacht ar chonclúidí ó ghnéithe oiriúnacha den fhianaise a bailíodh 	Cairde bréige agus focail ghaolmhara a scrúdú i dteangacha éagsúla
Matamaitic	Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhanna	<ul style="list-style-type: none"> anailís a dhéanamh ar fhadhbanna agus cur chuige a phleanáil chun iad a réiteach 	Féachaint ar an difríocht idir ord na bhfocal i dteangacha éagsúla (Béarla: ABC ⁹ Gaeilge: BAC)
	Comhtháthú agus ceangal	<ul style="list-style-type: none"> smaointe agus próisis mhatamaitice a aithint agus a chur i bhfeidhm i réimsí eile den churaclam 	Comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir úsáid na n-uimhreacha i dteangacha éagsúla (e.g. comhaireamh, praghas, aois, dátaí agus na séasúir)
	Réasúnaíocht	<ul style="list-style-type: none"> smaoineamh ar hipitéisí agus turgnaimh a dhéanamh chun iad a thástáil asbhaintí neamhfhoirmiúla a dhéanamh lena mbaineann líon beag céimeanna patrúin agus gaoil mhatamaitice a iniúchadh agus a scrúdú 	

Tábla 10.2 Samplaí de scileanna Feasachta Teanga inaistrithe

I dTábla 10.3 thíos, tógtar snáithe agus gné amháin de *Curaclam Teanga na Bunscoile* (do scoileanna Béarla, agus iad aistrithe go Gaeilge) agus tugtar samplaí de na torthaí foghlama comhlántacha ó thaobh feasacht teanga a d'fhéadfadh a bheith taobh leis na cinn atá ann cheana. Na torthaí foghlama sin, ní hé gur cinn bhreise iad seachas na cinn a luadh cheana, ach is bealaí breise iad chun na buntorthaí foghlama a threisiú. Ar an gcéad dul síos (struchtúr abairte agus gramadach), baineann toradh foghlama atá ann cheana le feasacht teanga freisin.

⁹ S: Ainmní; B: Briathar; C: Cuspóir.

CÉIM 3: Rang 3 agus Rang 4			
TEANGA Ó BHÉAL			
	Toradh foghlama	Samplaí Feasachta Teanga	
Tuiscint ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint	4. Struchtúr abairte agus gramadach	Fad agus struchtúr éagsúil a bheith in abairtí, aistriú réidh a dhéanamh idir cineálacha éagsúla abairtí, abairtí simplí, comhabairtí agus abairtí casta, de réir mar is cúí don lucht léitheoireachta, don chuspóir agus don teanga atá á labhairt	
		Úsáid chuí na gramadaí a léiriú agus difríochtaí idir struchtúr abairte agus gramadach a aithint i dteangacha agus i gcanúintí éagsúla [TF, R4]	
	5. Foclóir	Straitéisí éagsúla a roghnú agus a chur i bhfeidhm chun raon leathan focal agus frásaí a shealbhu ó fhoinsí éagsúla amhail litríocht, téacsanna a bhaineann le hábhar ar leith, agus teangacha eile [TF5, R3+4]	Stór focal teangacha nua a chur i gcomparáid le stór focal teanga atá ag duine cheana, agus comparáid agus codarsnacht chuí á ndéanamh eatarthu Straitéisí a aithint chun stór focal nua a fhoghlaim as teangacha éagsúla, lena n-áirítear inscne, focail ghaolmhara agus cairde bréige, nuair is cúí
6. Tuiscint a léiriú	Tuiscint a léiriú trí éisteacht go gníomhach le comhráite agus téacsanna i raon seánraí agus i dteangacha eile agus iad a thuiscint, anailís a dhéanamh orthu agus freagairt go cúí dóibh [TF6, R3+4]	Feasacht ar fhuaimneanna teanga a léiriú, idir iadsan atá i dteanga amháin agus iadsan a bhíonn le cloisteáil i dteangacha éagsúla Tuiscint a léiriú ar fhocail agus frásaí a úsáidtear go minic, ar cinn iad as réimsí ábhartha a bhaineann le saol na bpáistí féin, lena n-áirítear teanga na ngnáthghníomhaíochtaí sa seomra ranga	

Tábla 10.3 Torthaí samplacha foghlama maidir le Feasacht Teanga taobh le hábhar atá i gCuraclam Teanga na Bunscoile (an t-ábhar atá ann cheana ar chúlra liath)

Céim 4: Rang 5 agus Rang 6, Samhail inniúlachta teanga ag teacht le *Curaclam Teanga na Bunscoile*

I gCéim 4, d'fhéadfaí dul ar aghaidh ón gcur chuige Feasachta Teanga i gCéim 3 chuig samhail inniúlachta teanga atá bunaithe ar fhoghlaim teanga. Ach cur chuige creata a ghlacadh amhail ceann na Sraithe Sóisearaí, d'fhéadfadh an scoil a rogha teanga féin a mhúineadh. Dá mbainfí leas as formáid *Curaclam Teanga na Bunscoile* don nuatheanga, b'fhurasta a bheadh sé comhtháthú agus aistriú a dhéanamh ar eolas agus scileanna teanga i measc na dteangacha go léir.

Toisc go mbeadh an fhoghlaim teanga ag tosú ó leibhéal *ab initio*, ní bheadh leibhéal na foghlama sa nuatheanga g teacht le leibhéal na foghlama don Ghaeilge agus don Bhéarla ag Céim 4. Mar sin féin, d'fhéadfaí gach teanga atá á foghlaim a áireamh sa Snáithe Feasachta Teanga a thosaíonn ag Céim 3. Bheadh na feidhmeanna teanga ag teacht leis na feidhmeanna a leagtar amach don Ghaeilge agus bheadh deiseanna le tapú ina leith chun dul siar ar na feidhmeanna sin agus iad a threisiú sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus i dteangacha eile.

D'fhéadfadh sé go mbeadh ailíniú ábhar an dréachtchuraclaim a forbraíodh don Treoirthionscadal ar Nuatheangacha sa Bhunscoil le *Curaclam Teanga na Bunscoile* ina phointe tosaigh chun curaclam nuatheangacha nua a cheapadh. Ba cheart an t-ábhar a bheith ailínithe freisin le Creat Nuatheangacha lasachta na Sraithe Sóisearaí chun leanúnachas foghlama ó leibhéal go leibhéal a chinntiú. Bheifí ag súil leis go mbeadh an leibhéal inniúlachta a bhaineann páistí amach ag deireadh Chéim 4 ag teacht le Leibhéal A1 de chuid Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (Tús).

11. Conclúid

Sa chéad chuid den pháipéar seo, tugadh réasúnaíocht agus cúlra na hoibre seo agus a bunús i straitéis teanga na hÉireann (ROS, 2017), rinneadh cur síos ar mar a fheastalaíonn *Curaclam Teanga na Bunscoile* ar Bhéarla, Gaeilge agus teangacha eile, agus ar obair a rinne CNCM roimhe seo chun scrúdú a dhéanamh ar nuatheangacha sa churaclam bunscoile (CNCM, 2008). Tá tírdhreach teangacha na hÉireann athraithe le himeacht na mblianta de réir mar a tháinig athrú ar phatrúin imirce go hÉirinn. Is náisiúnaigh neamh-Éireannacha iad 11.6% de dhaonra na hÉireann. I measc na dteangacha atá acu tá Polainnis, Liotuáinis, Rómáinis agus Portaingéilis. Bíonn an tSínis agus an Araibis le cloisteáil go forleathan in Éirinn freisin, toisc méadú a bheith tagtha ar líon na n-imirceach ón Áise agus ón Afraic.

Ansin rinneadh cur síos ar chúig dhlínse idirnáisiúnta, an Bhreatain Bheag, Ceanada (BC), an Fhionlainn, an Bheilg agus an Nua-Shéalainn, i ndáil lena mbeartas teanga agus a gcomhthéacs teanga, teagasc agus foghlaim teangacha ina gcórais oideachais agus a gcuid riachtanas speisialta oideachais. Sna treochtaí a tháinig chun cinn, léiríodh go bhfuil cláir bhunscoile sheanbhunaithe i bhfeidhm i bhformhór na dlínsí. Sa Nua-Shéalainn, is gné roghnach é fós nuatheanga iasachta a fhoghlaim ar leibhéal na bunscoile. Ar an leibhéal Eorpach, foghlaimíonn 83.8% de na páistí go léir nuatheanga ar leibhéal na bunscoile. Bíonn éagsúlacht múinteoirí teanga i gceist: múinteoirí ginearálta san Fhionlainn, sa Bheilg agus sa Nua-Shéalainn agus múinteoirí ginearálta nó sainmhúinteoirí i gCeanada agus sainmhúinteoirí sa Bhreatain Bheag. Bíonn idir 2 uair an chloig agus 9 n-uair an chloig sa tseachtain—ar leibhéal níos airde den fhoghlaim teanga—leagtha amach sa churaclam do nuatheangacha. Luaigh gach ceann de na dlínsí ‘smaointe móra’ ar dhíol spéise iad i gcomhthéacs na hÉireann.

Sa Bhreatain Bheag, faoin mbeartas náisiúnta *Global Futures*, tá plean ceaptha chun nuatheangacha iasachta a fheabhsú agus a chur chun cinn sa tír sin sa tréimhse 2015-2020. Tá sé ina aidhm leis cur le líon na scoláirí a bhíonn ag gabháil do nuatheangacha iasachta, chun dul i dtreo staid sa Bhreatain Bheag ina mbeidh daoine dátheangach agus an tríú teanga acu freisin. Tá an beartas sin i bhfeidhm an tráth céanna leis an straitéis atá ag Rialtas na Breataine Bige ó thaobh líon na gcainteoirí Breatnaise a dhúbailt go 1 mhiliún duine faoi 2050.

I **gCeanada**, déantar freastal ar theangacha bundúchasacha, teangacha na n-imirceach agus na teangacha náisiúnta, Fraincis agus Béarla, sa chóras oideachais. Sa chroíchuraclam nua, déantar *teanga agus cultúr na mBundúchasach* a chomhtháthú ar fud gach réimse den churaclam. Is ar an leibhéal áitiúil a shocraítear cén nuatheanga a mhúinfear. Mura bhfuil curaclam ann do theanga

cheana féin, is féidir creatchuraclam a úsáid chun curaclam a bhunú ar an leibhéal áitiúil. Ansin déantar é sin a cheadú ar an leibhéal náisiúnta agus cuirtear ar fáil ar líne é do bhoird oideachais áitiúla eile.

I súile mhuintir **na Fionlainne**, is cúlchiste nó seod náisiúnta iad scileanna teanga a cuid saoránach. Faoina croíchuraclam bunúsach, tá fáil ar 12 churaclam T1, 7 gcuraclam T2 (teanga iasachta) agus 6 churaclam T2 (teanga náisiúnta). Tá príomhthionscadail san Fhionlainn dírithe ar éagsúlú a dhéanamh ar na teangacha atá á dteagasc agus á bhfoghlaim, tús níos luaithe a chur le foghlaim teanga trí theanga-cheathanna ar an leibhéal réamhscoile, mar aon le tús níos luaithe ar leibhéal na bunscoile, chomh maith le meon níos dearfaí a chothú i leith foghlaim teanga. Nuair a éiríonn leo, eascraíonn athruithe ar an leibhéal náisiúnta, i gcomhair na scoileanna go léir, as na príomhthionscadail.

Tá trí phobal teanga **sa Bheilg**—an Pobal Pléimeannach, Pobal na Fraincise agus Pobail na Gearmáinise. I ngach ceann de na pobail, cuirtear cláir theanga réamhscoile ar fáil lena n-áirítear feasacht teanga, cleachtadh ar theanga nó formáidí FCÁT. Sonraítear i mbeartas oifigiúil na Beilge nach mór gurb í teanga náisiúnta an phobail an teanga theagaisc i scoileanna an phobail sin. De réir a chéile, baineadh leas as an reachtaíocht áitiúil i ngach ceann de na pobail chun teacht timpeall ar an gceanglas sin sa chaoi is go bhféadfaí cineálacha cur chuige FCÁT a úsáid ina gcuid scoileanna áitiúla.

Tá foghlaim nuatheanga ar leibhéal na bunscoile fós roghnach **sa Nua-Shéalainn**. Tá sé ina aidhm leis an straitéis nua i gcomhair teangacha sa Nua-Shéalainn (2019-2033) foghlaim teanga a neartú ar fud na bpobal áitiúil. Tá an chéad chéim den straitéis sin dírithe ar fhoghlaim na Maoraise a leathnú chuig gach scoláire i mBliain 1-4 faoi 2020, agus feabhsuithe a chur i bhfeidhm an tráth céanna ar oiliúint múinteoirí (e.g. cláir bhliana thumoideachais). Tá bille nua ag gabháil leis an straitéis sin, a bhfuil sé ina aidhm leis acmhainní foghlama teanga a fheabhsú trí fhorbairt ghairmiúil múinteoirí, speisialtóirí teanga agus acmhainní ar líne a fhorbairt. Bhí acmhainní ar líne á n-úsáid le tamall anuas i scoileanna comhfhreagrais, a chuireann oideachas ar líne ar fáil dóibh siúd nach féidir leo freastal ar fhoirgneamh scoile nó ar mian leo tabhairt faoi ábhair churaclaim nach bhfuil ar fáil ina scoil áitiúil. Sa Nua-Shéalainn, baintear leas as saineolaithe teanga áitiúla uaireanta chun teanga a mhúineadh i scoileanna áitiúla.

I Roinn 8, rinneadh cur síos ar an gcaoi a ndéanann sé scoil in Éirinn foghlaim nuatheangacha iasachta a chomhtháthú sa lá bunscoile. Áiríodh na tuairiscí nó na fínéid sin chun sampla a thabhairt den chaoi ar oibrigh cúpla scoil timpeall ar chuid de na dúshláin phraiticiúla a bhaineann le nuatheanga iasachta a bheith sa churaclam bunscoile. Sa sampla beag neamhionadaíoch scoileanna sin, léiríodh an chaoi ar chuidigh rogha áitiúil maidir le teacht ar shaineolas teanga le samhla éagsúla foghlama teanga a chur i bhfeidhm i rith an lae scoile.

I Roinn 9, tugadh fianaise faoin dea-thionchar a bhíonn ag foghlaim tríú teanga (T3) ar theangacha atá in úsáid sa chóras oideachais cheana (T1 agus T2). Breithníodh an dea-thionchar sin san obair ar fhorbairt an churaclaim nua, *Curaclam Teanga na Bunscoile*, agus cuireadh san áireamh ann í. Léiríonn an fhianaise sin gurb amhlaidh, ach teanga bhreise a fhoghlaim in aon chomhthéacs teangacha, gur chun tairbhe gach teanga sa réimse oideachais sin é.

I Roinn 10, tugadh dréacht-tuairisc ar bhealaí féideartha chun cinn do nuatheangacha iasachta má tá siad le cur san áireamh mar chuid d'athfhorbairt an churaclaim bunscoile. Moladh feasacht teanga mar rogha amháin ag Céim 3: Rang 3 agus Rang 4 chun díriú níos mó ar scileanna foghlama teanga. Moladh samhail inniúlachta teanga mar rogha eile ag Céim 4: Rang 5 agus Rang 6. Is **mar smaointe amháin** a chuirtear na bealaí chun cinn sin i láthair, agus is ábhar plé atá i gceist leo.

12. Tagairtí

Aireacht Oideachais agus Oiliúna Fhlóndras (2010). *Flemish Eurydice report 2010. Organisation of the Education System in the Flemish Community of Belgium*. Aireacht Oideachais agus Oiliúna Fhlóndras: An Bhruiséil.

Aireacht Oideachais British Columbia (2004). *Language Education Policy*. Fuarthas ó: <https://www2.gov.bc.ca/gov/content/education-training/k-12/administration/legislation-policy/public-schools/language-education-policy?keyword=language&keyword=education&keyword=policy> [Léite: 01/02/19].

Aireacht Oideachais British Columbia (2009). *BC Performance Standards: Reading*. Fuarthas ó: https://www2.gov.bc.ca/assets/gov/education/administration/kindergarten-to-grade-12/performance-standards/reading/reading_intro.pdf [Léite: 01/02/19].

Aireacht Oideachais British Columbia (2015). *Introduction to British Columbia's Redesigned Curriculum*. Fuarthas ó: https://curriculum.gov.bc.ca/sites/curriculum.gov.bc.ca/files/pdf/curriculum_intro.pdf [Léite: 02/01/19].

Aireacht Oideachais British Columbia (2016). Required areas of Study in an Educational Program Order. Fuarthas ó: <http://www.bced.gov.bc.ca/legislation/schoollaw/e/m295-95.pdf> [Léite: 01/02/19].

Aireacht Oideachais British Columbia (2016). *Special Education Services: A Manual of Policies, Procedures and Guidelines*. Fuarthas ó: https://www2.gov.bc.ca/assets/gov/education/administration/kindergarten-to-grade-12/inclusive/special_ed_policy_manual.pdf [Léite: 09/07/19].

Aireacht Oideachais British Columbia (2018). *Second Language: German Curriculum*. Fuarthas ó: <https://curriculum.gov.bc.ca/curriculum/second-languages/5/german> [Léite: 01/02/19].

Aireacht Oideachais British Columbia (2019). *Languages Template. Suíomh Gréasáin na hAireachta Oideachais*. Fuarthas ó: <https://www2.gov.bc.ca/gov/content/education-training/k-12/teach/curriculum/languages-template> [Léite: 01/02/19].

Aireacht Oideachais British Columbia (2019a). German Curriculum: Rationale and Goals. *Suíomh Gréasáin na hAireachta Oideachais*. Fuarthas ó: <https://curriculum.gov.bc.ca/curriculum/second-languages/german/goals-and-rationale> [Léite: 01/02/19].

Aireacht Oideachais British Columbia (2019b). *A Framework for Classroom Assessment*. Fuarthas ó: <https://curriculum.gov.bc.ca/sites/curriculum.gov.bc.ca/files/pdf/assessment/a-framework-for-classroom-assessment.pdf> [Léite: 01/02/19].

Aireacht Oideachais British Columbia (2019c). B.C.'s K-12 Assessment System. *Suíomh Gréasáin na hAireachta Oideachais*. Fuarthas ó: <https://curriculum.gov.bc.ca/assessment> [Léite: 05/02/19].

An Aireacht Dlí agus Chirt (1998). An tAcht um Oideachas Bunúsach. *Suíomh Gréasáin Bhunachar Sonraí Finlex*. Fuarthas ó: <https://www.finlex.fi/en/laki/kaannokset/1998/en19980628.pdf> [Léite: 04/02/19].

An Aireacht Dlí agus Chirt (2003). Acht Teanga. *Suíomh Gréasáin Bhunachar Sonraí Finlex*. Fuarthas ó:

<https://www.finlex.fi/en/laki/kaannokset/2003/en20030423.pdf> [Léite: 10/02/19].

An Aireacht Oideachais (2007). *The New Zealand Curriculum for English-medium teaching and learning in years 1–13*. Fuarthas ó: <http://nzcurriculum.tki.org.nz/> [Léite: 17/02/19].

An Aireacht Oideachais (2008). *Te Arautanga o Aotearoa*. Wellington: Learning Media Limited.

An Aireacht Oideachais (2011) *Collaboration for Success: Individual Education Plans*. Wellington: Learning Media Limited. Fuarthas ó: <http://seonline.tki.org.nz/content/download/303/1782/file/CfS-IEP-web-low-res-F.pdf> [Léite: 13/05/19].

An Aireacht Oideachais (2019). *New Zealand Education System: Overview*. Fuarthas ó: <https://www.education.govt.nz/assets/Uploads/NZ-Education-System-Overview-publication-web-format.pdf> [Léite: 17/02/19].

An Aireacht Oideachais agus Chultúir (2017). *Multilingualism as a Strength: Procedural recommendations for developing Finland's national language reserve*. Fuarthas ó: <https://ei-ie.org/en/detail/15618/finland-enhancing-national-language-skills> [Léite: 04/02/19].

An Aireacht Oideachais agus Chultúir (2017a). Development of Finland's language reserve – making multilingualism Finland's strength. Fuarthas ó: www.minedu.fi/en/multilingualism [Léite: 10/02/19].

An Aireacht Oideachais agus Chultúir agus Gníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Fionlainne (2018). *Finland invests in early language learning*. Fuarthas ó: https://www.oph.fi/.../187642_Finland_invests_in_early_language_learning.pdf [Léite: 10/02/19].

An Aireacht Oideachais agus Rialtas na Nua-Shéalainne (2019) *Maori Education*. Fuarthas ón suíomh gréasáin *Education Counts*: <https://www.educationcounts.govt.nz/statistics/schooling/student-numbers/6040> [Léite: 17/02/19].

An Aireacht Oideachais agus Rialtas na Nua-Shéalainne (2019a). *Pacific Language in Education*. Fuarthas ó: <https://www.educationcounts.govt.nz/statistics/schooling/student-numbers/6044> [Léite: 17/02/19].

An Chomhairle Mhúinteoireachta (2017). *Striking the balance: Teacher Supply in Ireland*: Tuarascáil ón Meitheal Oibre Theicniúil. Fuarthas ó: <http://www.teachingcouncil.ie/en/Publications/Teacher-Education/Teacher-Supply-in-Ireland.pdf> [Léite: 20/02/19].

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2005). *Primary Curriculum Review Phase One: Summary of Findings and Recommendations*. CNCM: Baile Átha Cliath.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2008a). *Primary Curriculum Review Phase Two*. CNCM: Baile Átha Cliath.

An Phríomh-Oifig Staidrimh (2017). *Daonáireamh 2016: Próifil 7 – Imirce agus Éagsúlacht*. Fuarthas ó: <https://www.cso.ie/en/baile/nuachtagusimeachtaí/lghpreasa/lch2017/daon16proifil7/> [Leagan Béarla léite: 20/02/19].

An Roinn Oideachais, Aireacht Oideachais an Phobail Phléimeannaigh (2001). *The Development of Education*. Micheline Scheys: An Bhruiséil. Fuarthas ó: <https://www.vlaanderen.be/en/publications/detail/the-development-of-education> [Léite: 12/02/19].

An Roinn Páistí, Oideachais, Foghlama ar Feadh an tSaoil agus Scileanna, Rialtas Tionóil na Breataine Bige (2008), *Modern foreign languages in the National Curriculum for Wales: Key Stages 2-3*. Fuarthas ó: <http://learning.gov.wales/resources/collections/key-stages-2-4?lang=en> [Léite: 25/01/19].

Bialystok, E. (1987). Influences of bilingualism on metalinguistic development. *Second Language Research*, 3, lgh 112-125.

Bialystok, E. agus Cummins, J. (1991). Language, cognition, and education of bilingual children. In E. Bialystok (Eagarthóir) *Language processing in bilingual children*, (lgh 222-232). Cambridge: Cambridge University Press.

Bolitho, R., Carter, R., Hughes, R., Ivanic, R., Masuhara, H. & Tomlinson, B. (2003). Ten questions about language awareness. *ELT Journal* 57(3), lgh 251-259. An Ríocht Aontaithe: Oxford University Press.

Bord Oideachais Náisiúnta na Fionlainne (2016). *National Core Curriculum for Basic Education 2014*. Next Print Oy, Heilsincí.

Buyl, A. agus Hourso, A. (2014). Factors, Processes and Outcomes of Early Immersion Education in the Francophone Community in Belgium. In *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 17(2), lgh 178-196.

Candelier, M. (Eagarthóir) (2004). *Janua Linguarum. The gateway to languages. The introduction of language awareness into the curriculum: awakening to languages*. Strasbourg Cedex: An Lárionad Eorpach um Nuatheangacha, Foilsitheoireacht Chomhairle na hEorpa.

Carr, W. (2007). *Teaching Core French in British Columbia: Teachers' Perspectives*. Tuarascáil Taighde de chuid BCATML/BCTT.

Chopey-Paquet, M. (2007). Belgium (French-Speaking). In *Diverse Contexts – Converging Goals: CLIL in Europe*. D. Marsh agus D. Wolff (Eagarthóirí), lgh 25-32. Peter Lang: Frankfurt.

CNCM (2008). *Modern Languages in the Primary School Curriculum: Feasibility and Futures*. CNCM: Baile Átha Cliath.

CNCM (2008b). *Leading and Supporting Change in Schools. A Discussion Paper*. CNCM: Baile Átha Cliath. Fuarthas ó: https://www.cncm.ie/en/resources/leading_and_supporting_change_in_schools_a_discussion_paper [Léite: 02/02/19].

Comhairle na hEorpa (2002). *Common European Framework of Reference for Languages: Learning, teaching, assessment. Guide for users*. Strasbourg: Comhairle na hEorpa. Fuarthas ó: [http://culture2.coe.int/portfolio/inc.asp?L=E&M=\\$t/208-1-0-1/main_pages/..&L=E&M=\\$t/208-1-0-1/main_pages/documents.html](http://culture2.coe.int/portfolio/inc.asp?L=E&M=$t/208-1-0-1/main_pages/..&L=E&M=$t/208-1-0-1/main_pages/documents.html) [Léite: 02/03/19].

Comhairle na hEorpa agus ROS (2007). *Language Education Policy Profile: Country Report: Ireland* Fuarthas ó: http://www.coe.int/t/dg4/linguistic/Source/IrelandCountry_report_EN.pdf [Léite: 03/03/19].

Cumann Múinteoirí Éireann (1991). *Foreign Language Teaching in Primary Schools: Issues and Research*. Baile Átha Cliath: Údar.

Cummins, J. (1978). Bilingualism and the development of metalinguistic awareness. *Journal of Cross-Cultural Psychology*, 9, lgh 131-149.

Cummins, J. (2000). *Language, power and pedagogy: Bilingual children in the crossfire*. Clevedon: Multilingual Matters.

De Vries, R. (2010). Structures of Education and Training Systems in Europe. Belgium – Flemish Community 2009/10.

Dillon, A. (2011) *Teachers and Language Learning in Primary Schools: the Acquisition of Additional Languages in the Early Years*. Tráchtas PhD nár foilsíodh. Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

ECFE (2015). *Education at a Glance 2015: Táscairí ECFE, Foilsitheoireacht ECFE, Páras*, <http://dx.doi.org/10.1787/eag-2015-en>, Indicator D1. [Léite: 21/01/19].

Eurydice (2012). *Key Data on Teaching Languages at School in Europe 2012*.

Eurydice (2017). *Eurydice Brief. Key Data on Teaching Languages at School in Europe*. An Coimisiún Eorpach: An Bhruiséil. Fuarthas ó: https://eacea.ec.europa.eu/national-policies/eurydice/content/eurydice-briefkey-data-teaching-languages-school-europe_en [Léite: 02/02/19].

Eurydice (2019). *National Education Systems. Belgium – Flemish Community Overview*. Fuarthas ó: https://eacea.ec.europa.eu/national-policies/eurydice/content/belgium-flemish-community_en [Léite: 12/02/19].

Eurydice (2019a). *National Education Systems. Belgium – French Community Overview*. Fuarthas ó: https://eacea.ec.europa.eu/national-policies/eurydice/content/belgium-french-community_en [Léite: 12/02/19]

Eurydice (2019b). *National Education Systems. Belgium – German Speaking Community Overview*. Fuarthas ó: https://eacea.ec.europa.eu/national-policies/eurydice/content/belgium-german-speaking-community_en [Léite: 12/02/19]

Eurydice (2019c). *Finland: Single Structure Education* (Oideachas Comhtháite ar an Leibhéal Bunscoile agus an Leibhéal Iar-Bhunoideachais Shóisearaigh) Fuarthas ó: https://eacea.ec.europa.eu/national-policies/eurydice/finland/single-structure-education-integrated-primary-and-lower-secondary-education_en [Léite: 09/02/19].

Folktinget (Tionól na Sualainnise san Fhionlainn) (2019). *Swedish in Finland. Suíomh Gréasáin Folktinget*. Fuarthas ó: <https://www.folktinget.fi/eng/about/> [Léite: 08/02/19].

Furlong, J. (2015). *Teaching Tomorrow's Teachers*. Fuarthas ó: <https://beta.gov.wales/review-initial-teacher-training-2015-teaching-tomorrows-teachers> [Léite: 24/01/19].

Gníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Fionlainne (2012). *Distribution of lesson hours in basic education*. Fuarthas ó: https://www.oph.fi/download/179422_distribution_of_lesson_hours_in_basic_education_2012.pdf [Léite: 08/02/19].

Gníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Fionlainne (2017). *Finnish Education in a Nutshell*. Fuarthas ó: https://www.oph.fi/download/171176_finnish_education_in_a_nutshell.pdf [Léite: 08/02/19].

Gníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Fionlainne (2019). *New National Core Curriculum for Basic Education*. Fuarthas ó shuíomh gréasáin Gníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Fionlainne https://www.oph.fi/english/curricula_and_qualifications/basic_education/curricula_2014 [Léite: 08/02/19].

- Groseva, M. (1998). Dient das T2-System als ein Fremdsprachenlernmodell? In B. Hufeirso & B. Lindemann (eagarthóirí). *Tertiärsprachen: Theorien, Modelle, Methoden*. Tübingen: Stauffenburg.
- Halinen, I., Harmanen, M. agus Mattila, P. (2015). Making Sense of Complexity of the World Today: why Finland is Introducing Multiliteracy in Teaching and Learning. In V. Bozsik (Eagarthóir) *Improving Literacy Skills across Learning*. CIDREE Yearbook 2015 (lgh 136-153). Búdaipeist: HIERD.
- Harris, J. agus Conway, M. (2002). *Modern Languages in Primary Schools: An Evaluation of the National Pilot Project*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Harris, J. agus O'Leary, D. (2006). *Modern Languages in Irish Primary Schools: Views and Practices of Principals and Class Teachers*. Tuarascáil neamhfhoilsithe ar Chéim 2 de mheastóireacht neamhspleách ar an Tionscnamh Nuatheangacha sna Bunscoileanna a cuireadh faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta an 18 Lúnasa 2006.
- Harris, J. agus O'Leary, D. (2012). A Third Language at Primary Level in Ireland: An Independent evaluation of the Modern Languages in Primary Schools Initiative. In *Final Report on the Modern Languages in Primary Schools Initiative, 1998-2012*. Baile Átha Cliath: ROS agus Ionad Oideachais Chill Dara, lgh 39-49.
- Hawkins, E.W. (1999). Foreign Language Study and Language Awareness. *Language Awareness*, 8(3-4), lgh 124-142..
- Hilgsmann, P. agus Van Mensel, L. (2016). *Assessing Dutch and English Immersion Education in French-Speaking Belgium: Linguistic, Cognitive and Educational Perspectives*. American Association for Applied Linguistics. Fuarthas ó: <http://hdl.handle.net/2078.1/173500> [Léite: 17/02/19].
- IBEC (2017). *Ibec welcomes strategy for foreign languages in education*. Fuarthas ó: <https://www.ibec.ie/IBEC/Press/PressPublicationsdoclib3.nsf/vPages/Newsroom~ibec-welcomes-strategy-for-foreign-languages-in-education-04-12-2017?OpenDocument> [Léite: 20/02/19].
- Keogh, K.A. (2015). *Towards the development of localised and reusable teaching and learning content and resources for languages: From one content database to many teaching and learning resource outputs*. Tráchtas PhD, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Fuarthas ó: <http://doras.dcu.ie/20724/> [Léite: 01/04/19].
- Kirwan, D. (2015) Cultivating Plurilingual Environments: Opportunities in Pre-school, Primary School and Beyond. *ETBI Spring 2015 edition* (lgh 60-62). Fuarthas ó: http://www.etbi.ie/wp-content/uploads/2015/02/ETBI_Spring15_final_low-res.pdf [Léite: 09/04/19].
- Kirwan, D. (2018) Creating a plurilingual whole-school environment to support pupils' learning. In (eagarthóirí) B. Skinner agus B. O'Toole *Minority Language Pupils and the Curriculum: Closing the Achievement Gap* (lgh 28-33).
- Kirwan, D. (2019) Multilingual environments: benefits for early language Learning. *Teanga Special Issue 10*, lgh 38-57.
- Meitheal Oibre Straitéis Teangacha Auckland (2018). *Strategy for Languages in Education in Aotearoa New Zealand 2019-2033*. Fuarthas ó: <https://ilep.ac.nz/> [Léite: 17/2/19].
- Millwood, R., Bresnihan, N., Walsh, D. agus Hooper, J. (2018). *Review of Literature on Computational Thinking*. Tuarascáil arna coimisiúnú ag CNCM mar chuid den athfhorbairt ar an gCuraclam Bunscoile. CNCM: Millwood et al. Fuarthas ó: https://www.cncm.ie/en/resources/primary-coding_review-of-literature-on-computational-thinking [Léite: 01/04/19].

Ministerium der Deutschsprachigen Gemeinschaft Belgiens (2008). *Unterricht und Ausbildung in der Deutschsprachigen Gemeinschaft Belgiens*. Ministerium der Deutschsprachigen Gemeinschaft: Eupen. Fuarthas ó: http://www.ostbelgienbildung.be/desktopdefault.aspx/tabid-2209/5222_page-2/ [Léite: 17/02/19].

Ministerium der Deutschsprachigen Gemeinschaft Belgiens (2008a). *ANHANG II. Rahmenplan Fach Französisch 1. Fremdsprache*. Fuarthas ó: http://www.ostbelgienbildung.be/desktopdefault.aspx/tabid-2209/5222_page-2/ [Léite: 17/02/19].

Ó Duibhir, P. agus Cummins, J. (2012). *Literacy in Early Childhood and Primary Education (3–12 years)*. Tuarascáil Taighde Uimh. 16. Baile Átha Cliath: CNCM. Fuarthas ó: https://www.cncm.ie/en/resources/towards_an_integrated_language_curriculum_in_early_childhood_and_primary_education [Léite: 03/03/19].

Ó Ruairc, T. (2013, Feabhra). *Current directions in teacher education and curriculum reform in Ireland*. Páipéar a cuireadh i láthair ag an Siompóisiam ar threochtaí reatha maidir le hoiliúint múinteoirí agus athchóiriú curaclaim in Éirinn, COC, an 22 Feabhra 2013. Fuarthas ó: <https://www.teachingcouncil.ie/.../teacher-education/prersotations/teacher-education-and-curriculum-reform-in-ireland-ucc-22feb2013.pdf> [Léite: 01/04/19].

O'Connor, A. agus Ciribuco, A. (2017). *Language and Migration in Ireland*. An Chomhairle um Inimircigh in Éirinn: Baile Átha Cliath. Fuarthas ó: <https://www.immigrantcouncil.ie/sites/default/files/files/Language%20and%20Migration%20in%20ireland.pdf> [Léite: 20/02/19].

Oifig an Phríomh-Aire, an Fhionlainn (2015). *Finland, a land of solutions. Strategic Programme of Prime Minister Juha Sipilä's Government. 29 May 2015*. Fuarthas ó: https://valtioneuvosto.fi/documents/10184/1427398/Ratkaisujen+Suomi_EN_YHDISTETTY_netti.pdf/8d2e1a66-e24a-4073-8303-ee3127fbfcac/Ratkaisujen+Suomi_EN_YHDISTETTY_netti.pdf.pdf [Léite: 09/02/19].

Oifig na bPobal Eitneach (2014). *Language Learning*. Fuarthas ó: <https://ethniccommunities.govt.nz/story/language-learning> [Léite: 17/02/19].

Parlaimint Cheanada (2019). *BILLE C-91. An Act respecting Indigenous languages*. Fuarthas ó: <http://www.parl.ca/DocumentViewer/en/42-1/bill/C-91/first-reading> [Léite: 08/02/19].

Parlaimint na Nua-Shéalainne (2019). An Bille Leasaithe um Oideachas (Foghlaim Dara Teanga i mBunscoileanna agus Idirmheánacha a Neartú). Bille Comhalta. Fuarthas ó: https://www.parliament.nz/en/pb/bills-and-laws/bills-proposed-laws/document/BILL_80226/education-strengthening-second-language-learning-in-primary [Léite: 17/02/19].

PISA (2015). *Finland Student performance*. Fuarthas ó: Education GPS, ECFE <http://gpseducation.oecd.org> [Léite: 20/02/19].

Pynnönen, J. (2013). *Finnish preschool children's experiences of an English language shower*. Tráchtas Máistreachta nár foilsíodh. Roinn na dTeangacha, Ollscoil Jyväskylä: An Fhionlainn.

Rialtas na Breataine Bige (2015) *Global Futures. A plan to improve and promote modern foreign languages in Wales, 2015–2020*

Rialtas na Breataine Bige (2017). *Cymraeg 2050*. Fuarthas ó: <https://gov.wales/about/open-government/freedom-of-information/responses/20171/Sep17/atn11499/?lang=en> [Léite: 25/01/19].

- Rialtas na Breataine Bige (2017a). *A new curriculum for Wales: The story so far....* Fuarthas ó: <https://beta.gov.wales/areas-learning-and-experience-aole-update> [Léite: 25/01/19].
- Rialtas na Breataine Bige (2017b). *Languages, Literacy and Communication AoLE. Submission to Curriculum and Assessment Group: December 2017.* Fuarthas ó: <https://beta.gov.wales/areas-learning-and-experience-aole-update> [Léite: 25/01/19].
- Rialtas na Breataine Bige (2018). *Curriculum Update: Developments to May 2018.* Fuarthas ó: <https://beta.gov.wales/new-curriculum-update-may-2018> [Léite: 28/01/19].
- Rialtas na Breataine Bige (2019). *Draft Curriculum for Wales 2022: A guide to Curriculum for Wales 2022.* Fuarthas ó: <https://hwb.gov.wales/draft-curriculum-for-wales-2022/a-guide-to-curriculum-for-wales-2022/> [Léite: 13/08/19].
- Rialtas na Breataine Bige (2019a). *Draft Curriculum for Wales 2022: Languages, Literacy and Communication.* Fuarthas ó: <https://hwb.gov.wales/draft-curriculum-for-wales-2022/languages-literacy-and-communication/> [Léite: 13/08/19].
- Rialtas na Breataine Bige (2019b). *Draft Curriculum for Wales 2022: Assessment proposals to inform the development of statutory guidance.* Fuarthas ó: <https://hwb.gov.wales/draft-curriculum-for-wales-2022/a-guide-to-curriculum-for-wales-2022/> Léite: 13/08/19].
- Rialtas Tionóil na Breataine Bige (2004). *Special Educational Needs Code of Practice for Wales.* Fuarthas ó: <https://gov.wales/special-educational-needs-code-practice> [Léite: 09/05/19].
- Rialtas Tionóil na Breataine Bige (2008). *Modern foreign languages in the National Curriculum for Wales: Key Stages 2-3.* Fuarthas ó: <http://learning.gov.wales/resources/browse-all/foreign-languages-in-the-curriculum/?lang=en> [Léite: 28/01/19].
- ROS (2007). *An Ghaeilge sa Bhunscoil, Staidéir Mheastóireachta na Cigireachta.* Baile Átha Cliath: ROS.
- ROS (2011). *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020.* Baile Átha Cliath: ROS.
- ROS (2015). *Nuatheangacha lasachta na Sraithe Sóisearaí* Fuarthas ó: https://curriculumonline.ie/getmedia/88d2d685-7f73-4772-952c-fdd72f297471/MFLGaeilge_Jan2017.pdf [Leagan Béarla léite: 26/03/19].
- ROS (2016). *Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019.* ROS: Baile Átha Cliath. Fuarthas ó: <https://www.education.ie/ga/An-Roinn/Plean-Gnionmhaiochta-don-Oideachas-2016-2019/2019.html> [Leagan Béarla léite: 20/02/19].
- ROS (2017). *Déanann Teanga Nasc. Straitéis do Theangacha lasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026.* Fuarthas ó: <https://www.education.ie/ga/Foilseach%3%A1in/Tuarasc%3%A1lacha-Corpar%3%A1ideacha/R%3%A1iteas-Strait%3%A9ise/An-Roinn-Oideachais-agus-Scileanna-Raiteas-Straiteise-2016-2019.pdf> [Leagan Béarla léite: 20/02/19].
- ROS (2017a). *Preaseisiúint de chuid ROS, 19 Aibreán, 2017 – Minister Bruton to Prioritise Teaching of Foreign Languages.* Fuarthas ó: <https://beta.gov.wales/new-school-curriculum> [Léite: 10/02/19]

- ROS agus Ionad Oideachais Chill Dara (2012). *Final Report on the Modern Languages in Primary Schools Initiative, 1998-2012*. Fuarthas ó: http://www.mlpsi.ie/images/TNTB_Final_Report_July_2012.pdf [Léite: 05/04/19].
- Smyth, E., Darmody, M., McGinnity, F. agus Byrne, D. (2009). *Adapting to Diversity: Irish Schools and Newcomer Students*. Sraith Taighde Uimhir 8, Meitheamh 2009. An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta: Baile Átha Cliath.
- Smyth, E., Dunne, A., McCoy, S., agus Darmody, M. (2006). *Pathways through the Junior Cycle: The Experience of Second Year Students*. An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta: Tuarascáil taighde arna maoiniú ag CNCM agus ag an Aonad Comhionannais Inscne. Baile Átha Cliath: The Liffey Press i gcomhar leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.
- Staidreamh Cheanada (2012). *Visual Census – Language, British Columbia*. Fuarthas ó: https://www12.statcan.gc.ca/census-recensement/2011/dp-pd/vc-rv/index.cfm?LANG=ENG&VIEW=D&TOPIC_ID=4&GEOCODE=59&CFORMAT=html [Léite: 01/02/19].
- Staidreamh Cheanada (2018). *Immigrant languages in Canada*. Fuarthas ó: https://www12.statcan.gc.ca/census-recensement/2011/as-sa/98-314-x/98-314-x2011003_2-eng.cfm [Léite: 01/02/19].
- Staidreamh Cheanada (2019). *The Aboriginal languages of First Nations people, Métis and Inuit*. Fuarthas ó: <https://www12.statcan.gc.ca/census-recensement/2016/as-sa/98-200-x/2016022/98-200-x2016022-eng.cfm> [Léite: 01/02/19].
- Staidreamh Fhionlainne (2017). *Participation in adult education: Language skills 2017*. Fuarthas ó: http://www.stat.fi/til/aku/2017/04/aku_2017_04_2018-12-12_tau_001_en.html [Léite: 05/02/19].
- Staidreamh Fhionlainne (2018). *Population Structure*. Fuarthas ó: https://www.tilastokeskus.fi/tup/suoluk/suoluk_vaesto_en.html [Léite: 08/02/19].
- StatsNZ (2014). *2013 Census QuickStats about culture and identity: Languages Spoken*. Fuarthas ó: <http://archive.stats.govt.nz/Census/2013-census/profile-and-summary-reports/quickstats-culture-identity/languages.aspx> [Léite: 17/02/19].
- Suíomh Gréasáin Rialtas Cheanada (2019). *Official Languages Act*. Fuarthas ó: <https://laws-lois.justice.gc.ca/eng/acts/O%2D3.01/> [Léite: 01/02/19].
- Suomi, U. (2018, an 13 Aibreán). Finland's first-graders to start learning foreign language in spring 2020. *Helsinki Times*, an 13 Aibreán | 2018. Fuarthas ó: <http://www.helsinkitimes.fi/finland/finland-news/domestic/15462-finland-s-first-graders-to-start-learning-foreign-language-in-spring-2020.html> [Léite: 10/02/19].
- Tabberer, R. (2013). *A Review of Initial Teacher Training in Wales*. Fuarthas ó: <https://beta.gov.wales/review-initial-teacher-training-itt-2013-professor-ralph-tabberer> [Léite: 24/01/19].
- Tinsley, T. (2018). *Language Trends Wales 2018. The state of language learning in secondary schools in Wales*. Fuarthas ó: <https://wales.britishcouncil.org/en/language-trends-wales> [Léite: 24/01/19].
- Tinsley, T. agus Board, K. (2016). *Language Trends Wales 2015/16: The state of language learning in primary and secondary schools in Wales*. Fuarthas ó: <https://wales.britishcouncil.org/en/language-trends-wales> [Léite: 24/01/19].

Van Driel, B. (2008). Intercultural Education- Preparing Europe's young of today for the challenges of tomorrow, *Equal Voices*, an 23 Bealtaine 2008, lgh 15-17.

Vitikka, E., Krokfors, L. agus Hurmerinta, E. (2012). The Finnish National Core Curriculum. In H. Niemi, A. Toom agus A. Kallioniemi (Eagarthóirí), *The Miracle of Education. The Principles and Practices of Teaching and Learning in Finnish Schools* (lgh 83-94). Sense Publishers: Rotterdam, Bostún, Taipei.

Aguisín 1: Línte Fiosrúcháin don Iniúchadh ar Dhlínsí

1.1 BEARTAS AGUS COMHTHÉACS


- Roinnt faisnéis ghinearálta ar chomhthéacs teanga na dlínse.
- Cé na teangacha iasachta a mhúintear ina gcuraclam bunscoile (suas go dtí 12/13 bliana d'aois)? I gcás gach teanga, cuir in iúl cé acu T1, T2 agus T3 (teangacha na scoile). An bhfuil na teangacha go léir éigeantach? An bhfuil rogha ann? Má tá, an dtugtar paraiméadair threoracha?
- Cén fáth ar roghnaigh an dlínse an tríú teanga a chur san áireamh (réasúnaíocht, cuspóirí beartais)? Cén bhliain inar tharla sé sin?

1.2. TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Cad iad na haidhmeanna curaclaim i leith an tríú teanga?
- Cén chaoi a gcuirtear an curaclam i láthair don tríú teanga seo—leibhéal sainiúlachta; struchtúr—snáitheanna; torthaí/cuspóirí foghlama? Cén chaoi a bhfuil an teanga comhtháite i gcuraclam na bunscoile? (e.g., múintear í mar ábhar ar leithligh ar an tráthchlár; mar chuid de réimse leathan teangacha; FCÁT, gníomhaíocht sheach-churaclaim; teaghlaim díobhsan)?
- Cá mhéad uair an chloig a chaitear léi in aghaidh na seachtaine? Agus conas a áirítear na huaireanta sin i dtráthchlár na scoile (cén t-ábhar a fhágtar ar lár sa chaoi is go mbeidh am ar fáil don teanga)?
- Cé a mhúineann an teanga iasachta T3? Cén chaoi a dtacaítear leo agus a spreagtar iad chun í a mhúineadh? (i.e. an bhfuil múinteoirí oilte sa scoil nó an dtugann an scoil múinteoirí seachtracha isteach)?
- Cén cineál oiliúna a chuirtear ar fáil? An ndéantar an oiliúint trí mheán Oiliúint Tosaigh Múinteoirí nó trí Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach, nó an dá rud?
- Cén chaoi a ndéantar droichid, más ann dóibh, idir teangacha a mhúintear sa bhunscoil agus teangacha a mhúintear ar an dara leibhéal (e.g., cad a tharlaíonn mura bhfuil an teanga chéanna sin á mhúineadh san iar-bhunscoil áitiúil?)
- Cad a dhéantar a mheas sa churaclam teanga iasachta T3 agus conas a dhéantar é sin?

Aguisín 2: Samhail Dearaidh RFTanna (Rialtas na Breataine Bige, 2017a, aistriúchán)

AoLE Design Model



Aguisín 3: Teimpléad i gcomhair Fíneid:

Teimpléad a úsáideadh chun sonraí a bhailiú faoi theagasc agus foghlaim nuatheangacha i scoileanna na hÉireann (aistriúchán)

Teimpléad i gcomhair Fíneid

Cuspóir

Is é is cuspóir do na fíneid seo a bhailiú ná samplaí a thaispeáint den chaoi ar comhtháthaíodh nuatheangacha sa lá scoile i mbunscoileanna na hÉireann.

Cur síos ar an scoil agus ar an bhfoghlaim teanga

1. Déan cur síos ar do scoil le do thoil

Scoil Bhéarla/Scoil lán-Ghaeilge; scoil uirbeach/tuaithe; scoil ilghrád/aon ghrád; méid na scoile

2. An labhraíonn páistí i do scoil teangacha nach iad an Béarla ná an Ghaeilge iad sa bhaile?

Labhraíonn Ní labhraíonn

Má labhraíonn, breac síos teanga nó teangacha an bhaile thíos.

3. Cén nuatheanga (nó cé na nuatheangacha) a mhúintear i gcaitheamh an lae scoile i do scoil?

4. Cén chaoi ar roghnaíodh an teanga/na teangacha?

5. Cén fáth ar roghnaigh do scoil nuatheanga a chur isteach sa churaclam?

6. Cé na ranganna a fhoghlaimíonn an nuatheanga?

(Naíonáin bheaga, naíonáin mhóra, rang 1, 2, 3, 4, 5, 6)

7. Maidir leis na ranganna a luaigh tú i gceist 6, an bhfoghlaimíonn gach páiste sna ranganna sin an nuatheanga?

8. Cé a mhúineann an nuatheanga?

(e.g. an múinteoir ranga/múinteoir sa scoil a bhfuil inniúlacht teanga aige nó aici/múinteoir teanga ón taobh amuigh/speisialtóir teanga ón taobh amuigh/eile)

9. Cén fáth ar roghnaíodh an duine áirithe seo chun an nuatheanga a mhúineadh?

(e.g. inniúlacht sa teanga nó sna teangacha ar leith sin, saineolas teanga i gcoitinne, suim i múineadh na teanga, cáilíocht ar leith a bheith aige nó aici, eile)

10. Cén cineál acmhainní a úsáidtear chun tacú le teagasc agus múineadh na teanga?

11. An múintear an teanga chéanna san iar-bhunscoil áitiúil/sna hiar-bhunscoileanna áitiúla?

12. An bhfuil aon chomhpháirtíochtaí ar bun a thacaíonn le foghlaim na teanga nó a éascaíonn í? Má tá, déan cur síos orthu le do thoil.

(e.g. comhpháirtíochtaí le hinstiúidí teanga, ollscoileanna, iar-bhunscoileanna nó speisialtóirí teanga áitiúla)

13. Cé mhéad ama a chaitear ar theagasc agus ar fhoghlaim na nuatheanga gach seachtain?

14. An múintear an nuatheanga mar ábhar ar leith?

15. Céard a fhoghlaimíonn na páistí sna ranganna nuatheanga?

(e.g. feasacht teanga a fhorbairt/nasc le Gaeilge, Béarla nó teangacha eile an tseomra ranga/feasacht idirchultúrtha, inniúlacht sa nuatheanga/gach ceann díobh sin/eile [sonraigh le do thoil])

16. Aon rud eile le rá nó aon eolas eile le tabhairt?

Aguisín 4: Teimpléad Leasaithe i gcomhair

Fíneid: Teimpléad a úsáideadh chun sonraí

faoi theagasc agus foghlaim nuatheangacha a

bhailiú i scoileanna na hÉireann, ina ndírítear

go háirithe ar riachtanais speisialta oideachais

agus ar an tionchar a bhíonn ag tríú teanga ar

an mBéarla agus ar an nGaeilge

Teimpléad i gcomhair Fínéid

Cuspóir

Is é is cuspóir do na fínéid seo a bhailiú ná samplaí a thaispeáint den chaoi ar comhthátháíodh nuatheangacha sa lá scoile i mbunscoileanna na hÉireann.

Cur síos ar an scoil agus ar an bhfoghlaim teanga

1. Déan cur síos ar do scoil le do thoil

Scoil Ghaeltacha/scoil lán-Ghaeilge/scoil Bhéarla; scoil uirbeach/tuaithe; scoil ilghrád/aon ghráid; méid na scoile

2. An labhraíonn páistí i do scoil teangacha nach iad an Béarla ná an Ghaeilge iad sa bhaile?

Labhraíonn Ní labhraíonn

Má labhraíonn, breac síos teanga(cha) an bhaile thíos.

3. Cén nuatheanga (nó cé na nuatheangacha) a mhúintear i gcaitheamh an lae scoile i do scoil?

4. Cén chaoi ar roghnaíodh an teanga/na teangacha?

5. Cén fáth ar roghnaigh do scoil nuatheanga a chur isteach sa churaclam?

6. Cé na ranganna a fhoghlaimíonn an nuatheanga?

(Naíonáin bheaga, naíonáin mhóra, rang 1, 2, 3, 4, 5, 6)

7. Maidir leis na ranganna a luaigh tú i gceist 6, an bhfoghlaimíonn gach páiste sna ranganna sin an nuatheanga?

8. An bhfuil aon pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu ag foghlaim nuatheanga?

a. Má tá, cén raon cumais atá acu?

(e.g. fáil a bheith acu ar chúntóir riachtanas speisialta, an mbeadh díolúine ón nGaeilge ag aon duine acu?)

b. Cén chaoi a ndéanann an múinteoir nuatheanga idirdhealú idir aon pháistí sa rang a bhfuil RSO acu agus na páistí eile?

c. Cén chaoi a n-éiríonn leis na páistí a bhfuil RSO acu sna ranganna nuatheanga?

9. Cé a mhúineann an nuatheanga?

(e.g. an múinteoir ranga/múinteoir sa scoil a bhfuil inniúlacht teanga aige nó aici/múinteoir teanga ón taobh amuigh/speisialtóir teanga ón taobh amuigh/eile)

10. Cén fáth ar roghnaíodh an duine áirithe seo chun an nuatheanga a mhúineadh?

(e.g. inniúlacht sa teanga nó sna teangacha ar leith sin, saineolas teanga i gcoitinne, suim i múineadh na teanga, cáilíocht ar leith a bheith aige nó aici, eile)

11. Cén cineál acmhainní a úsáidtear chun tacú le teagasc agus múineadh na teanga?

12. An múintear an teanga chéanna san iar-bhunscoil áitiúil/sna hiar-bhunscoileanna áitiúla?

13. An bhfuil aon chomhpháirtíochtaí ar bun a thacaíonn le foghlaim na teanga nó a éascaíonn í? Má tá, déan cur síos orthu le do thoil.

(e.g. comhpháirtíochtaí le hinstiúidí teanga, ollscoileanna, iar-bhunscoileanna nó speisialtóirí teanga áitiúla)

14. Cé mhéad ama a chaitear ar theagasc agus ar fhoghlaim na nuatheanga gach seachtain?

15. Cé as a dtagann an t-am a chaitear ar an nuatheanga?

(e.g. am lánroghnach, am teanga, etc.)

16. An múintear an nuatheanga mar ábhar ar leith?

17. Céard a fhoghlaimíonn na páistí sna ranganna nuatheanga?

(e.g. feasacht teanga a fhorbairt/nasc le Gaeilge, Béarla nó teangacha eile an tseomra ranga/feasacht idirchultúrtha, inniúlacht sa nuatheanga/gach ceann díobh sin/eile [sonraigh le do thoil])

18. Cén tionchar atá ag an nuatheanga ar an nGaeilge?

Tionchar dearfach Gan aon tionchar Tionchar diúltach

Mínigh an freagra a thug tú le do thoil

19. Aon rud eile le rá nó aon eolas eile le tabhairt?

Aguisín 5: Nótaí maidir le hAmlíne TNTB, Fíor

8.1

Nótaí maidir le hamlíne TNTB

1991: Tuairiscíodh go raibh nuatheanga á múineadh ag 24% de scoileanna na hÉireann (INTO, 1991). B'iondúil gur múineadh na nuatheangacha mar ghníomhaíocht iarscoile ar bhonn íoc táillí. Ba í an Fhraincis an phríomhtheanga a múineadh (in 75% de na scoileanna) agus níor tuairiscíodh go raibh an Iodáilis á múineadh in aon scoil (INTO, 1991). Ba dhóichí go múinfí nuatheanga i scoileanna lán-Ghaeilge, i scoileanna ilchreidmheacha agus i scoileanna móra (INTO, 1991). Tuairiscíodh gur bhail foirne iad 46% de na mhúinteoirí foirne agus gur mhúinteoirí cuartaíochta iad 54% acu.

1997: Fógraíodh an treoirthionscadal ar nuatheangacha sna bunscoileanna. Bhí deis á tabhairt do pháistí rang 5 agus rang 6 nuatheanga a fhoghlaim sna scoileanna rannpháirteacha ar feadh 90 nóiméad sa tseachtain. Chuir 1,300 scoil iarratas isteach chun páirt a ghlacadh sa tionscnamh agus roghnaíodh 270 scoil as a measc. Cineálacha éagsúla scoileanna a bhí i gceist, lena n-áirítear scoileanna riachtanas speisialta, agus ar an gcaoi sin cinntíodh gur sampla ionadaíoch scoileanna a bhí páirteach sa treoirthionscadal.

Ceapadh seachtar ceannairí tionscadail i leith teangacha éagsúla chun tacú le scoileanna an tionscadail agus forbairt ghairmiúil a chur ar fáil do mhúinteoirí. Cuireadh deontas acmhainní bliantúil idir €254–€635 ar fáil do na scoileanna, ag brath ar líon na ndaltaí.¹⁰ Cuireadh maoiniú breise ar fáil do mhúinteoirí cuartaíochta, nuair ba ghá.

Cuireadh pacáiste tosaigh ábhar agus acmhainní ar fáil do na scoileanna. Thacaigh ceannairí tionscadail le scoileanna ar an ríomhphost, ar an bhfón agus trí chuairt a thabhairt orthu, chun cuidiú leo tosú ag múineadh nuatheanga. Cuireadh dhá lá inseirbhíse ar fáil in aghaidh na bliana do mhúinteoirí nuatheanga, agus lá eile ag tús na bliana do mhúinteoirí nua nó do scoileanna nua. Ina theannta sin, spreagadh múinteoirí chun dul faoi oiliúint sna hinstiúidí teanga agus cultúrtha ábhartha. Ba mhúinteoirí cuartaíochta iad formhór na mhúinteoirí nuatheanga ag an bpointe sin.

1998-2001: De réir a chéile, tháinig méadú ar líon na scoileanna a bhí rannpháirteach sa tionscnamh le linn na tréimhse sin. Sa bhliain 2001, rinneadh Tionscnamh den treoirthionscadal agus ceapadh comhordaitheoir náisiúnta. Ag an bpointe sin, cuireadh tús le cúrsaí teastais agus cúrsaí dioplóma in Institiúidí Teicneolaíochta chun forbairt ghairmiúil i nuatheanga a sholáthar do mhúinteoirí bunscoile. Rinne ROS páirtmhaoiniú ar na cúrsaí sin. Bronnadh teastais tar éis bliana i leith na Spáinnise agus na

¹⁰ Ina dhiaidh sin, laghdaíodh an deontas acmhainní sin sa chaoi is nár clúdaíodh leis ach an chéad dá bhliain ina raibh an scoil páirteach sa Tionscnamh.

hlodáilise *ab initio*. Bronnadh dioplómaí tar éis dhá bhliain i leith na Fraincise agus na Gearmáinise (ag tosú ó leibhéal na hArdteistiméireachta).

2002-2007: Le linn na tréimhse sin, cuireadh teorainn le líon na scoileanna a bhí páirteach sa Tionscnamh. Ní fhéadfadh scoileanna nua páirt a ghlacadh ann ach amháin nuair a bhí siad ag tógáil áit scoile a bhí ag imeacht as an Tionscnamh. B'éigean do scoileanna nua Spáinnis nó Iodáilis—na teangacha b'annaimhe a múineadh faoin Tionscnamh—a mhúineadh chun páirt a ghlacadh ann. In 2002, foilsíodh an chéad tuarascáil mheastóireachta neamhspleách ar an Tionscnamh (Harris agus Conway, 2002). Idir 60-90 nóiméad sa tseachtain a bhí leagtha amach don nuatheanga ag an bpointe sin.

In 2005, d'fhorbair foireann an Tionscnamh Punann Teanga Eorpaí, *My ELP*, ar deonaíodh creidiúnú Eorpach ina leith. In 2006, seoladh suíomh gréasáin neamhspleách TNTB (roimhe sin bhíodh faisnéis faoi TNTB ar shuíomh gréasáin Ionad Oideachais Chill Dara).

In 2006, cuireadh an dara tuarascáil mheastóireachta ar an Tionscnamh faoi bhráid ROS (Harris agus O'Leary, 2006).

In 2007, ceadaíodh maolú éigin ar an teorainn ionas go bhféadfadh scoileanna nua páirt a ghlacadh sa tionscnamh dá mbeadh sé ar chumas bhail foirne na scoile féin nuatheanga a mhúineadh. Rinneadh athchothromú ar phróifíl an mhúinteora teanga ag an bpointe sin: 56% múinteoirí foirne agus 44% múinteoirí cuartaíochta a bhí i gceist. Aistríodh an tacaíocht ó shamhail theanga-shonrach go samhail réigiúnach faoinar tugadh tacaíocht chineálach do na scoileanna le hacmhainní teanga-shonracha agus forbairt ghairmiúil.

2008-2011: Tháinig méadú de réir a chéile ar líon na scoileanna le linn na tréimhse seo. Faoi dheireadh na scoilbhliana 2011/2012, bhí 545 scoil ag glacadh páirt sa TNTB.

2012: Cuireadh deireadh le TNTB in 2012 mar gheall ar chiorruithe ar an mbuiséad le linn an choir chun donais eacnamaíoch.

